AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
SWD(2025) 207 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

Tuarascáil tíre 2025 - Éire

a ghabhann leis an doiciméad

Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÉireann

{COM(2025) 207 final}

European Commission

Ireland

2025 Country Report



NUÁLAÍOCHT, TIMPEALLACHT AN GHNÓ AGUS TÁIRGIÚLACHT

Cothromaíocht a bhaint amach idir bunphrionsabail láidre agus éiginnteacht maidir le fiontair ilnáisiúnta

Léiríonn na príomhfhigiúirí fás atá láidir agus geilleagar intíre atá athléimneach. Tháinig méadú 1,2 % ar fhíor-OTI na hÉireann in 2024. Ba é ba chúis leis sin téarnamh in onnmhairí fiontar ilnáisiúnta, go háirithe sa réimse cógaisíochta, agus lean an earnáil seirbhísí ríomhaireachta de bheith ag fás go seasta. Chun gníomhaíocht eacnamaíoch intíre in Éirinn a thomhas, is fearr é a thomhas leis an éileamh intíre modhnaithe. Tháinig méadú 2,7 % air sin in 2024, le tacaíocht ó mhargadh saothair láidir agus maolú ar bhrúnna boilscitheacha. Ag féachaint chun cinn, meastar go méadóidh OTI faoi 3,4 % in 2025 agus 2,5 % in 2026, arna spreagadh ag fáis onnmhairiúcháin leanúnach agus geilleagar láidir intíre.

Tá ganntanais i margadh an tsaothair go fóill. Shroich an fhostaíocht an leibhéal is airde riamh in 2024, le tacaíocht ó sholáthar saothair atá ag dul i méid. Ba í an imirce isteach ard agus rannpháirtíocht mhéadaithe i margadh an tsaothair ba chúis leis sin den chuid is mó. Bhí an ráta dífhostaíochta fós íseal, is é sin 4,4 % sa chéad ráithe den bhliain (féach Iarscríbhinn 13), agus meastar go bhfanfaidh sé íseal sna blianta amach romhainn. Cé go bhfuil laghdú ag teacht de réir a chéile ar rátaí folúntais ó bhí 2022 ann, tá siad fós os cionn a meáin fhadtéarmaigh, agus tá deacrachtaí maidir le hoibrithe oilte a earcú sainaitheanta ag leath na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) mar an dúshlán is mó atá rompu. Tá an fhadhb sin forleathan ar fud na n-earnálacha ach tá fadhbanna ar leith ag baint léi sna tionscail tógála agus ghlasa, rud a chuireann bac ar leathnú bhonneagar na hÉireann a bhfuil géarghá leis (féach Iarscríbhinn 12).

Tá príomhfhigiúirí airgeadas poiblí na hÉireann láidir faoi láthair. In 2024 bhain comhardú rialtais na hÉireann barrachas an-ard ar bhealach neamhghnách amach, is é sin 4,3 % de OTI (rud atá measta ar 7,4 % de OIN* ([1])), arna spreagadh den chuid is mó ag aistrithe aonuaire a d'eascair as rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa 'chás Apple' (EUR 14.1 billiún). Ba iad fáltais dhíreacha ó cháin ba chúis le fás láidir in ioncam an rialtais, rud a léiríonn an téarnamh i ngníomhaíocht eacnamaíoch san earnáil intíre agus san earnáil ilnáisiúnta araon. Mar sin féin, tá comhardú an rialtais fós boilscithe mar gheall ar hioncam 'amhantair ó cháin chorparáide a bhaineann le cuideachtaí ilnáisiúnta, i.e. na hioncaim nach mínítear leis an bhfás ar ghníomhaíocht an gheilleagair intíre. Tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas buiséid go 0,7 % de OTI in 2025 agus 0.1 % de OTI in 2026, in éagmais an ioncaim aonuaire a chonacthas in 2024, rud as léiríonn ardleibhéil caiteachais réamh-mheasta. Ba é 40,9 % de OTI an t-ollfhiachas rialtais ag deireadh 2024 (comhionann le thart ar 70 % de OIN*), agus tá coinne leis go dtitfidh sé go 38,6 % in 2025, agus go 38,2 % in 2026.

Réamh-mheastar go dtiocfaidh fás mór ar an nglanchaiteachas in 2025, méid atá níos mó ná an t-uasmhéid a mholtar. In 2024, tháinig méadú 8,2 % ar

([1]) Eisiann ollioncam náisiúnta (OIN*) modhnaithe éifeachtaí an domhandaithe agus léiríonn sé ar bhealach níos cruinne ná OTI caighdeáin ioncaim chónaitheoirí na hÉireann. Féach an Phríomh-Oifig Staidrimh, 'OIN modhnaithe' chun tuilleadh sonraí a fháil.

ghlanchaiteachas ([2]) in Éirinn (féach Iarscríbhinn 1). Is é fás ar phá na hearnála poiblí, infheistíocht agus aistrithe sóisialta chun tacú le caighdeáin mhaireachtála agus soláthar earraí agus seirbhísí poiblí is cúis leis an méadú. Rinneadh an méadú ar chaiteachas rialtais a fhritháireamh go páirteach trí chinntí rialtais maidir le bearta fioscacha chun ioncam a mhéadú. In 2025, tá an Coimisiún ag tuar go dtiocfaidh fás 6,7 % ar an nglanchaiteachas, rud atá os cionn an ráta fáis atá molta ag an gComhairle ([3]). Réamh-mheastar gurb é 15,5 % ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais in 2024 agus 2025 i dteannta a chéile, rud atá os cionn an t-uasráta atá molta ag an gComhairle.

Bíonn rioscaí ann de bharr na corraíola geopholaitiúil


Tá cuideachtaí ilnáisiúnta ina bpríomhspreagadh do gheilleagar na hÉireann, ach tá éiginnteacht ann ós rud é go bhfuiltear ag brath orthu. Tá go leor cuideachtaí ilnáisiúnta tarraingthe go hÉirinn mar gheall ar thimpeallacht tharraingteach ghnó na hÉireann, an rochtain ar mhargadh an Aontais, an lucht saothair oilte agus na braislí tionscail seanbhunaithe. Thacaigh na gnólachtaí sin le fás láidir eacnamaíoch na hÉireann le 10 mbliana anuas, rud a chuir go mór le honnmhairí, le hinfheistíocht, le fostaíocht agus le hioncam cánach. Dá thoradh sin, tá méadú 50 % tagtha ar tháirgiúlacht na hÉireann le 10 mbliana anuas, ceann de na rátaí is airde san Aontas. Mar sin féin, tá seach-iarmhairtí nuálaíochta agus táirgiúlachta fós teoranta maidir leis an tionscail intíre, agus tá gnólachtaí áitiúla ag titim chun deiridh ar chuideachtaí ilnáisiúnta agus ar thíortha ardfheidhmíochta an Aontais araon (féach Roinn 2). Tá gníomhaíocht eacnamaíoch comhchruinnithe i roinnt earnálacha a bhfuil cuideachtaí ilnáisiúnta i réim iontu, rud a fhágann go bhfuil geilleagar na hÉireann íogair do shuaitheadh earnáilsonrach nó do shuaitheadh ar leibhéal gnólachta.

Fágann comhchruinniú agus oscailteacht an gheilleagair go bhfuil Éire an-íogair d'fhorbairtí sa timpeallacht idirnáisiúnta. Beidh tionchar ag forbairtí i mbeartas na Stát Aontaithe ar ionchais fáis gheilleagar na hÉireann, forbairtí a bhfuil a n-éifeachtaí an-neamhchinnte agus an-dinimiciúil i gcónaí. Dírítear aon trian d'onnmhairí marsantais na hÉireann - arb ionann é agus thart ar 14 % dá OTI - ar na Stáit Aontaithe, is é sin an ráta is airde san Aontas (féach Graf 1.1). Fágann sé sin go bhfuil Éire an-íogair d'athruithe ar bheartas trádála na Stát Aontaithe. Tá rioscaí breise ag baint le táirgí íocshláinte agus cógaisíochta, táirgí is cúis le formhór n-onnmhairí sin, mar gheall ar spriocdhíriú féideartha ar an earnáil. Tá riosca don bhreisluach, d'onnmhairí agus d'ioncam cánach ag baint le hathlonnú féideartha na sócmhainní maoine intleachtúla an-soghluaiste atá in Éirinn. D'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar mhargadh an tsaothair freisin ós rud é go bhfuil cuideachtaí ilnáisiúnta SAM ina bpríomhspreagthóir éilimh ar lucht saothair ardoilte, agus fostaíonn siad thart ar 10 % d'fhostaithe na hÉireann. D'ainneoin an ionchais amhrasaigh, is dócha go mbeidh na hinfheistíochtaí ilnáisiúnta fadtéarmacha in Éirinn ina mbonn taca faoi naisc trádála agus infheistíochta fiú sna blianta amach romhainn. Ní mór dul i ngleic le heasnaimh sa bhonneagar le go leathnófaí an táirgeadh agus go dtiocfadh infheisteoirí nua.

([2]) Sainmhínítear glanchaiteachas in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263 mar chaiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([3]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÉireann (IO C, C/2025/667, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/667/oj).

Graf 1.1: **Luach na n-onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe (% den OTI reatha, 2024)**



Foinse: Eurostat

Tá earnáil airgeadais na hÉireann cobhsaí i gcónaí, cé go bhfuil roinnt rioscaí fós ann. Tá dhá chatagóir i gceist le hinstitiúidí airgeadais na hÉireann: iad siúd a bhfuil fócas idirnáisiúnta acu agus iad siúd a fhreastalaíonn ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh na hÉireann. Tá caipiteal maolánach leordhóthanach ag bainc Éireannacha, rud a chinntíonn cumas láidir ionsúcháin caillteanais, ós rud é go bhforfheidhmíonn an Banc Ceannais rialacha dochta iasachta-ioncaim agus iasachta-luacha. Tá teorainn le neamhchosaint na mbanc infheistíochta atá dírithe go hidirnáisiúnta ar an ngeilleagar intíre, ach is ann do leochaileachtaí mar gheall an sciar ard d'iasachtaí neamhbhainc maidir le FBManna agus margadh na réadmhaoine tráchtála. Mar sin féin, tá Éire chun tosaigh maidir le creat macrastuamachta a fhorbairt chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar an earnáil neamhbhainc.

Beidh athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtach don aistriú glas

Níl Éire ar an mbóthar ceart go fóill chun a spriocanna le haghaidh 2030 a bhaint amach. Tá creat láidir gníomhaíochta ar son na haeráide achtaithe ag Éirinn ina leagtar amach an bealach chun geilleagar na hÉireann a dhícharbónú. Mar sin féin, léiríonn réamh-mheastacháin a rinneadh le déanaí nach bhfuil Éire ar an mbóthar ceart chun na spriocanna sin a bhaint amach, gan ach laghdú beag déanta acu ar astaíochtaí, mar gheall, i bpáirt, ar an méadú leanúnach ar astaíochtaí úsáide talún. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn maidir le fuinneamh in-athnuaite agus feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur in úsáid trí bhearta iarfheistithe. Mar sin féin, tá sé sin fós rómhall chun na spriocanna náisiúnta do 2030 a bhaint amach agus tá an dul chun cinn sin á choinneáil siar mar gheall ar scrogaill sa chur chun feidhme (féach Roinn 3).

Cuireann cur chun feidhme mall na n-infheistíochtaí bonneagair bac ar dhul chun cinn ar fud earnálacha éagsúla. Cuireann srianta san eangach leictreachais bac ar chur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, agus cuirtear bac ar iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh mar gheall ar luas neamhleor san iarfheistiú foirgneamh agus mar gheall ar mhéaduithe ar an éileamh foriomlán ar fhuinneamh. Tá an t-aistriú chuig iompar níos glaine níos casta fós mar gheall ar bhonneagar luchtaithe neamhleor d'fheithiclí leictreacha. Cuireann bonneagar uisce agus easnaimh infheistíochta atá as dáta an stádas comhshaoil i mbaol agus díspreagann sé sin leathnú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhíonn ag brath ar acmhainní uisce inrochtana. Anuas air sin tá an dul chun cinn sa gheilleagar ciorclach, go háirithe san fhoirgníocht, níos moille ná mar is gá (féach Roinn 3).

Tá ganntanais tithíochta ann fós

Déanann an easpa tithíochta inacmhainne difear d'iomaíochas agus do chobhsaíocht shóisialta na hÉireann. Sna 10 mbliana go dtí 2023 tháinig méadú 1.3 % ar an meán ar dhaonra na hÉireann in aghaidh na bliana – rud a sháraigh meán 0.2 % an Aontais. Níl an tógáil teaghaisí nua ag coinneáil suas leis an méadú sin, i bpáirt mar gheall ar an bpróiseas pleanála, srianta lucht saothair, costas méadaitheach ábhar, agus táirgiúlacht íseal in san earnáil tógála. Ina theannta sin, cuireann

Bosca

Spriocanna forbartha inbhuanaithe na NA (SFInna)

Tá ag éirí go maith le hÉirinn i ngach SFI a bhaineann le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus táirgiúlacht (SFInna 8 agus 16) agus cothroime (SFInna 3, 4 agus 10) ach tá sí ag imeacht ón sprioc le haghaidh cuid de na SFInna a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil (SFInna 6, 11 agus 15).

Cé go bhfuil gach cosúlacht air go bhfuil Éire ag breith suas, tá sí i bhfad faoi bhun mheán an Aontais maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide (SFI 13) mar gheall ar na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa arda per capita agus na hastaíochtaí leanúnacha ón úsáid talún agus ó earnáil na foraoiseachta (féach Iarscríbhinn 7).

príomhshrianta bonneagair, amhail easnaimh san eangach leictreachais, i mbainistiú uisce agus i seirbhísí riachtanacha eile, teorainn le luas agus scála na bhforbraíochtaí nua. Dá thoradh sin, tá an inacmhainneacht tithíochta ag dul in olcas (féach Iarscríbhinn 9). Is iad leibhéil praghsanna agus ioncaim na leibhéil is airde san Aontas faoi láthair, rud a chuireann teorainn le cumas gnólachtaí, go háirithe FBManna, oibrithe oilte a mhealladh, agus cuireann sé sin brú ar phá. Tá méadú faoi dhó tagtha ar an sciar de dhaoine fásta fostaithe idir 18 agus 34 bliana d'aois atá ina gcónaí lena dtuismitheoirí le 10 mbliana anuas go 42 % (féach Roinn 4). Ina theannta sin, tá méadú tapa tagtha ar an easpa dídine mar gheall ar inacmhainneacht laghdaithe an chíosa agus infhaighteacht laghdaithe na réadmhaoine ar cíos. (féach Roinn 4).

Tá údar le déine fhioscach i bhfianaise leochaileachtaí

Tá go leor rioscaí ag cur isteach ar a bhfuil i ndán don airgeadas poiblí. Ní fios an mbeidh an t-ioncam ard ó chánacha ann go deo i bhfianaise a chomhchruinnithe atá siad agus a neamhchosanta atá siad ar fhorbairtí geopholaitiúla. Maidir le fáltais ó cháin chorparáide, ar níos mó ná dhá oiread an méadú a tháinig orthu ó bhí 2019 ann, agus a ghineann 27 % den ioncam cánach iomlán in 2024, tá siad an-chomhchruinnithe, agus is beag an líon cuideachtaí móra ilnáisiúnta a íocann sciar mór díobh. Thairis sin, meastar go bhfuil leath na bhfáltas ina 'ioncam amhantair'. I measc na mbrúnna fioscacha foluiteacha móra tá na costais mhéadaitheacha a bhaineann le daonra atá ag dul in aois agus an infheistíocht mhór is gá chun freastal ar fhás tapa an daonra agus ar an aistriú glas.

Tá gá le smacht fioscach docht chun an fás ar an gcaiteachas reatha a shrianadh agus chun sárú ar an mbuiséid a sheachaint, lena n-áirítear feabhsuithe ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí (féach Bosca 2). Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar chaiteachas poiblí pinsin go háirithe (féach Iarscríbhinn 1). Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí foluiteacha agus chun athléimneacht a hairgeadais phoiblí in aghaidh suaití seachtracha a neartú, rachadh sé chun tairbhe na hÉireann a meascán cánach a éagsúlú agus a bonn cánach a leathnú chun ioncam cánach níos iontaofa a áirithiú (féach Roinn 2).

Tá brú ar leith ar an gcóras cúraim sláinte. D'ainneoin daonra measartha óg, tá caiteachas sláinte na hÉireann os cionn mheán an Aontais, agus sáraíonn a caiteachas iomlán ar chúram sláinte an méid a buiséadaíodh arís agus arís eile. Faoi láthair, tá an córas ag brath an iomarca ar chúram ospidéil costasach, rud atá níos measa mar gheall ar an easpa cumhdaigh cúraim phríomhúil uilíoch. Ní mór don chóras cúraim sláinte éirí níos costéifeachtaí chun a inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú, i bhfianaise na mbrúnna déimeagrafacha agus phleananna an rialtais costais othar a laghdú. Cé go bhfuil gealltanas tugtha ag Éirinn sraith beart coigilte costais agus táirgiúlachta a chur chun feidhme trí thascfhórsa tiomnaithe (féach Iarscríbhinn 1), d'fhéadfaí tuilleadh athchóirithe a dhéanamh

chun an brú ar na hospidéil a mhaolú (féach Roinn 4).

Bosca 2:

Bacainní ar infheistíocht phríobháideach agus phoiblí

Imríonn tosca struchtúracha uathúla tionchar ar thimpeallacht infheistíochta príobháidí na hÉireann. Cé gur cosúil go bhfuil na figiúirí infheistíochta comhiomlána láidir mar gheall ar na corparáidí ilnáisiúnta atá i láthair, **infheistíonn gnólachtaí intíre ar leibhéal níos ísle ná a gcontrapháirtithe Eorpacha (féach Roinn 2)**. Tá roinnt bacainní a chuireann leis an éagothromaíocht sin:

- **Easnaimh sa bhonneagar.** Is ann do bhearnaí leanúnacha, lena n-áirítear sa phleanáil agus i mbonneagar fíor-riachtanach – go háirithe i dtithíocht, iompar, leictreachas agus uisce — agus cuireann sé sin bac ar fhás eacnamaíoch agus díspreagann sé infheistíocht.
- **Ganntanais saothair agus scileanna.** Luann thart ar 80 % de chuideachtaí na hÉireann gur bac mór ar infheistíocht é an t-easnamh saothair agus scileanna.
- **Costais arda a bhaineann le gnó a dhéanamh.** Cuireann costais arda fuinnimh agus rátaí úis arda, pá ardaithe, agus tithíocht chostasach brú suntasach airgeadais ar ghnólachtaí agus cuireann siad sin isteach ar a gcumas infheistíocht a dhéanamh.

Tá próisis mhaithe curtha ar bun ag Éirinn chun infheistíochtaí poiblí a phleanáil, a chur in ord tosaíochta agus chun faireachán a dhéanamh orthu go straitéiseach, ach tá an cur chun feidhme mall. Tá fís na hÉireann maidir le forbairt fhadtéarmach na tíre comhordaithe ar fud na leibhéal rialtais agus tá cuspóirí intomhaiste laistigh de shrian fioscach mar chuid de sin. Tá feidhm fhorleathan ag ceanglais chaighdeánaithe maidir le meastóireacht agus roghnú tionscadal infheistíochta poiblí, lena n-áirítear maidir le comhlachtaí príobháideacha a fhaigheann cistiú caipitil ón státchiste. Mar sin féin, maidir le céim cur chun feidhme na dtionscadal sin - a thosaíonn le pleanáil ceadanna - tá bac mór uirthi mar gheall ar shrianta acmhainneachta ar leibhéil rialtais níos ísle (féach an roinn a bhaineann leis an nuálaíocht). Tá éascaíocht déanta ar faireachán ar thorthaí trí thrédhearcacht sonraí agus trí digitiú (féach Iarscríbhinn 12), ach is ann do roinnt bacainní ar chaiteachas poiblí éifeachtúil go fóill:

- **Easnaimh sa bhuiséadú caipitil.** Cé go bhfuil leithdháiltí caipitil 5 bliana agus uasteorainneacha caiteachais foriomlána 10 mbliana sa Phlean Forbartha Náisiúnta, is leithdháiltí táscacha iad sin agus déantar an buiséadú do mhórthionscadail ar bhonn bliantúil. Cuireann sé sin teorainn le héifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí agus leis an luach ar airgead is féidir a bhaint amach, chomh maith le hintuarthacht na leibhéal infheistíochta a bheidh ann amach anseo.
- **Is beag trédhearcacht a bhaineann le riachtanais chothabhála.** Níl aon mhodheolaíocht chaighdeánach ann chun meastachán a dhéanamh ar chostais chothabhála infheistíochtaí poiblí in Éirinn, bíodh sin ag céim na pleanála nó an bhuiséadaithe, rud atá ríthábhachtach chun seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar. Thairis sin, ní choinníonn Éire clár lárnach de shócmhainní bonneagair.

Tá cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta faoi lán seoil. Faoi láthair, tá 34 % de chlocha míle agus spriocanna a plean téarnaimh agus athléimneachta comhlíonta ag Éirinn.

Tá sé fós tábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. Leis an athbhreithniú meántéarma, cuirtear deiseanna ar fáil chun dlús a chur leis an dul chun cinn agus chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaineann le hiomaíochas, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus an t-aistriú fuinnimh.

Níor bhain Éire leas go fóill as na deiseanna atá ar fáil san tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip faoin mBeartas Comhtháthaithe agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun acmhainní a ath-leithdháileadh ar an tosaíocht sin. Mar sin féin, is féidir le hÉirinn na deiseanna sin a thapú fós chun tacú le forbairt nó monaraíocht teicneolaíochtaí criticiúla i réimsí na teicneolaíochta digití agus doimhne, na dteicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní, agus na mbith-theicneolaíochtaí.

An bhearna tháirgiúlachta i ngnólachtaí na hÉireann a laghdú

Folaíonn an táirgiúlacht cheannlíne gur ann d'fheidhmíocht eacnamaíoch éagsúil. Cé go bhfuil táirgiúlacht láidir ag Éirinn ar an iomlán - agus tá sí i measc an rangaithe is airde san Aontas - is é an líon beag cuideachtaí ilnáisiúnta is mó is cúis leis sin. I gcodarsnacht leis sin, tá gnólachtaí intíre chun deiridh ar chuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach agus ar a gcontrapháirtithe sa limistéar euro. Ós rud é gur fiontair faoi úinéireacht intíre iad 97 % de na gnólachtaí uile agus go bhfostaíonn siad thart ar 75 % den lucht saothair, cuirfidh leibhéil ísle táirgiúlachta bac ar rathúnas agus athléimneacht an gheilleagair agus na gcaighdeán maireachtála foriomlán. Is fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) iad formhór na ngnólachtaí intíre sin, a bhfuil bacainní sonracha roimh fhás rompu. Chun an bhearna tháirgiúlachta sin a dhúnadh, beidh gá le hiarrachtaí spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus, an tráth céanna, timpeallacht láidir ghnó a choinneáil ar bun, agus chun sin a dhéanamh is gá aghaidh a thabhairt ar thearcinfheistíocht agus ar easnaimh bhonneagair agus airgeadas poiblí cobhsaí a bheith ann.

Déanann an fheidhmíocht eacnamaíoch éagsúil difear don fhorbairt réigiúnach freisin. Is léir gur ann d'éagothromaíochtaí idir réigiúin ina bhfuil cuideachtaí ilnáisiúnta lonnaithe (i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus timpeall orthu) agus réigiúin ina bhfuil níos mó FBManna faoi úinéireacht Éireannach atá ag titim ar gcúl ó thaobh táirgiúlachta, nuálaíochta agus iomaíochais de (féach Iarscríbhinn 17).

Cuirtear bac ar fhás agus ar tháirgiúlacht FBManna mar gheall ar shrianta ar mhargadh an tsaothair, costais arda ghnó agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta theoranta. Déanann gnólachtaí atá faoi úinéireacht Éireannach níos lú infheistíochta i gcomparáid lena gcontrapháirtithe san Aontas, rud a chuireann teorainn lena gcumas leathnú nó a bheith nuálach. Tá dúshláin fós ag baint le ganntanais saothair agus scileanna, agus ní mór do ghnólachtaí atá faoi úinéireacht Éireannach dul in iomaíocht le cuideachtaí ilnáisiúnta móra chun tallann a mhealladh agus a choinneáil. Ós rud é go bhfuil na gnólachtaí sin níos déine ó thaobh saothair de, tá siad an-leochaileach do bhrúnna pá agus costais indíreacha atá ag dul i méid, ar nós na tithíochta. Tá costais chreidmheasa agus costais fuinnimh níos airde in Éirinn freisin i gcomparáid le meán an Aontais, rud a chruthaíonn bacainní breise ar infheistíocht. Thairis sin, níl FBManna Éireannacha chomh rannpháirteach i gcúrsaí hidirnáisiúnta ná mar atá a gcomhghleacaithe san Aontas, agus níl baint ag dhá thrian acu le honnmhairiú. Cuireann sé sin srian ar a leathnú laistigh den mhargadh aonair agus cuireann sé teorainn lena n-acmhainneacht fáis.

Tá beartais náisiúnta á bhforbairt ag Éirinn agus tá maoiniú ón Aontas á úsáid aici chun tacú le hiomaíochas agus nuálaíocht na FBManna. Léiríonn táscairí ECFE gur ann do scóip shuntasach chun feabhas a chur ar an leagan amach le haghaidh comhairliúchán poiblí, measúnuithe tionchair rialála agus meastóireacht *ex post* ar reachtaíocht (Féach Iarscríbhinn 4). Idir an dá linn, tá 'tástáil FBM' tugtha isteach ag Éirinn lena gceanglaítear ar ranna rialtais measúnú a dhéanamh ar an ualach a bhaineann le haon rialachán nua ar FBManna; beart a bhfuil an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ina tacú leis. Tacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa leis an nuálaíocht réigiúnach trí 'ollscoileanna teicneolaíochta' a neartú agus cuireann an Ciste um an Aistriú Digiteach maoiniú spriocdhírithe ar fáil chun cuidiú le FBManna teicneolaíocht nua a ghlacadh agus éifeachtúlacht an tslabhra soláthair a fheabhsú. Tá an nuálaíocht á cur chun cinn ag Éirinn freisin trí cheithre mhol nuálaíochta digití Eorpacha, arna maoiniú freisin ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag an gclár don Eoraip Dhigiteach, rud a thugann rochtain do ghnólachtaí ar shaineolas agus ar ardteicneolaíochtaí. Tá roinnt tionscnaimh thábhachtacha i gclár nua rialtais na hÉireann lena ndírítear ar FBManna agus ar iomaíochas foriomlán, lena n-áirítear foilsiú an phlean gníomhaíochta uile-rialtais maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht.

Is féidir borradh a chur faoin táirgiúlacht laistigh de ghnólachtaí áitiúla trí eolas agus nuálaíocht a scaipeadh ar bhealach níos láidre, tacaíocht airgeadais agus scileanna a sholáthar agus costais a laghdú. Ós rud é go bhfuil an chuid is mó den éagsúlacht táirgiúlachta saothair laistigh den earnáil, le beartais is féidir naisc níos láidre a spreagadh idir gnólachtaí intíre, institiúidí taighde agus cuideachtaí ilnáisiúnta. Dá neartófaí dreasachtaí le haghaidh aistriú eolais, comhpháirtíochtaí nuálaíochta agus T&F agus shoghluaisteacht an lucht saothair, d'fhéadfadh gnólachtaí intíre éirí níos táirgiúla. Dá leathnófaí rochtain ar mhaoiniú agus ar shaineolas - go háirithe dá nglacfaí le scéimeanna atá ann cheana níos mó amhail na scéimeanna sin a chuireann Fiontraíocht Éireann ar fáil - d'fhéadfaí táirgiúlacht intíre a mhéadú a thuilleadh. Trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní a bhaineann le costais, amhail táillí arda dlí agus árachais, chuideofaí le gnólachtaí beaga dul san iomaíocht ar bhealach níos éifeachtaí.

D'fhéadfaí borradh a chur faoi tháirgiúlacht FBManna trí chaiteachas T&F a mhéadú agus trí thacaíocht spriocdhírithe T&N a sholáthar. Tá caiteachas na hÉireann ar T&F fós faoi bhun mheán an Aontais. Níl sa chaiteachas poiblí ar thaighde agus forbairt ach 0,2 % de OTI (0,4 % de OIN*), agus tá sé sin ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas. Thairis sin, tá bearna shuntasach nuálaíochta teicneolaíochta ann idir FBManna Éireannacha agus a gcontrapháirtithe i dtíortha inchomparáide san Aontas ([4]). Faoi láthair, cuirtear cuid mhór den tacaíocht phoiblí ar fáil tríd an gcreidmheas cánach T&F. Cé go bhfuil ról lárnach aige sin maidir le hinfheistíocht T&F ar an leibhéal gnólachta a chur chun cinn, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé chomh héifeachtach céanna do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí óga nuálacha in earnálacha atá ag teacht chun cinn ([5]). D'fhéadfadh coigeartuithe ar rialacha seachfhoinsithe agus ar chritéir incháilitheachta FBManna a spreagadh chun úsáid a bhaint as an gcreidmheas cánach T&F. Mar sin féin, dá méadófaí an cistiú díreach le haghaidh T&N, bheadh tacaíocht níos láidre ann do FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, rud a chuirfeadh ar a gcumas cur leis an timpeallacht eacnamaíoch i gcoitinne agus tairbhe a bhaint aisti. Ina theannta sin, chuirfeadh méadú ar infheistíocht phoiblí T&F feabhas ar chumas nuálaíochta foriomlán agus athléimneacht eacnamaíoch fhoriomlán na hÉireann agus thacódh sé le barr feabhais eolaíoch.

Borradh a chur faoin soláthar tithíochta

Tá costais tithíochta fós ard do cheannaitheoirí agus do chíosaithe araon. Idir 2014 agus 2024 ba mhó an méadú a tháinig ar phraghsanna tithe ná ar an acmhainneacht iasachtaíochta, is é sin thart ar 40 %. Tá méadú tagtha ar an sciar den ioncam indiúscartha teaghlach a chaitear ar chíos ó 18,8 % in 2018 go 23,3 % in 2023, i gcomparáid le meán 22,5 % an Aontais.


Is é is cúis leis an inacmhainneacht íseal easpa mhór soláthair tithíochta le 10 mbliana anuas agus imirce ard isteach. Tar éis na géarchéime airgeadais, rinneadh féimhigh den chuid is mó de na gnólachtaí tógála. Spreag sé sin go leor oibrithe tógála eachtracha chun dul ar imirce agus d'fhág sé go raibh an tógáil ina conair ghairme mítharraingteach do go leor daoine óga. Dá bhrí sin, milleadh acmhainneacht na hearnála tógála. Ó 2014 ar aghaidh, áfach, ba iad an fheidhmíocht eacnamaíoch láidir agus cruthú post a spreag inimirce thapa. Thit an stoc tithíochta ó 434 aonad in aghaidh 1000 duine fásta in 2011 go 409 n-aonad in 2021, cuid mhaith faoi bhun fhormhór na dtíortha eala san Aontas (féach Graf 4.1). Cé go bhfuil méadú tagtha ar an líon tithe nua a cuireadh i gcrích - tá na haonaid tithíochta nua a tógadh in aghaidh an mhíle duine ar an líon is airde san Aontas anois - tá sé deacair ar an earnáil tógála méadú níos mó ná 30-33 000 aonad in aghaidh na bliana a dhéanamh le 3 bliana

([4]) Lawless, (2024), Hare or tortoise? Productivity and growth of Irish domestic firms.

([5]) An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, (2022), Straitéis náisiúnta um speisialtóireacht chliste don nuálaíocht 2022-2027.

anuas. Tá sé sin i bhfad faoi bhun an 52 000 aonad a theastaíonn gach bliain go dtí 2050 chun coinneáil suas le fás an daonra mar atá measta ag Banc Ceannais na hÉireann.

Graf 2.1: **Aonaid tithíochta in aghaidh an 1000 duine (lena n-áirítear aonaid fholmha)**



Foinse: Eurostat

Seoladh athchóirithe éagsúla chun an soláthar a mhéadú. Tugadh isteach cáin talún criosaithe cónaithe nua, arb é is aidhm di cnapaireacht talún a dhídhreasú, in 2024. Mhol ECFE an cháin sin a mhéadú, ós rud é go bhféadfadh an ráta 3 % atá aige faoi láthair a bheith ró-íseal chun tithíocht bhreise a spreagadh trí cheadanna pleanála neamhúsáidte a ghníomhachtú maidir le talamh neamhfhorbartha. Tá an tógáil á spreagadh go gníomhach ag an rialtas freisin trí dhearadh agus leagan amach caighdeánaithe agus trí mhodhanna foirgníochta nua-aimseartha chun táirgiúlacht na hearnála tógála a mhéadú. I mBuiséad 2025 mhéadaigh an rialtas an dleacht stampála ar mhaoin (cáin le híoc nuair a aistrítear maoin) le haghaidh daoine a cheannaíonn 10 dteach chónaithe nó níos mó in aon bhliain amháin ó 10 % go 15 %.

Is ábhar imní é an luach ar airgead i measc srianta acmhainneachta. Is ann d'ábhair imní bhoilscithe mar gheall ar bhearta a thacaíonn leis an éileamh ar thithíocht mar tá ganntanas lucht saothair ann san earnáil tógála (earnáil ina bhfuil an dífhostaíocht faoi bhun 1.5 %) riachtanais tógála chomhthreomhara mhóra san iarfheistiú. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach athbhreithniú agus a dhéanamh ar bhearta atá ann cheana agus chun díriú orthu sin chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire rochtain a fháil ar úinéireacht tí, ar bearta iad ar cuireadh síneadh leo le déanaí go dtí 2029. Ar an gcaoi chéanna, mar a mhol ECFE, dá gcuirfí deireadh de réir a chéile leis an bhfaoiseamh i leith ús morgáiste a tugadh isteach arís le déanaí agus leis na cineálacha faoisimh cánach agus creidmheasanna cánach do thiarnaí talún agus do thionóntaí, nach spriocdhírítear orthu agus a d'fhéadfadh a bheith cúlchéimnitheach, d'fhéadfaí acmhainní a shaoradh chun talamh a sheirbhísiú.

Tá uasteorainneacha cíosa ina gcosaint do roinnt tionóntaí atá ann cheana ach b'fhéidir gur ghá na huasteorainneacha sin a athchóiriú. Tugadh isteach criosanna brú cíosa in Éirinn ag deireadh 2016 chun teorainn a chur le méaduithe cíosa i gceantair ina bhfuil boilsciú ard cíosa, is é sin uasmhéadú 2 % nó an t-innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí. Faoi 2024 bhí 82,6 % de thionóntachtaí príobháideacha lonnaithe sna criosanna sin. Cé go léiríonn an fhianaise gur éirigh le tabhairt isteach na gcriosanna sin boilsciú praghsanna cíosa a laghdú, is dócha gur chuir siad le moilliú ar an infheistíocht phríobháideach sa stoc cíosa. Tá athbhreithniú cuimsitheach fós ar siúl ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun a mheas ar cheart na criosanna brú cíosa a choinneáil, fáil réidh leo, iad a mhodhnú nó rud eile a chur ina n-ionad.

Bosca

An féidir le hearnáil tógála na hÉireann freagairt do scóip agus scála an éilimh ar thithíocht?

Tá bacainní roimh fhorbairt tithíochta mar gheall ar thionscadail neamhspleácha agus bacainní rialála. Feidhmíonn go leor forbraíochtaí tithíochta mar thionscadail neamhspleácha, rud a laghdaíonn deiseanna don fhoghlaim trí ghníomhaíocht agus barainneachtaí scála. D'fhéadfadh ceanglais phleanála éagsúla constaicí a chruthú freisin do ghnólachtaí, go háirithe iontrálaithe nua nó eachtracha.

Chun freastal ar an éileamh ar lucht saothair san earnáil tógála, tá sé ríthábhachtach díriú ar lucht saothair oilte soghluaiste a chothú. D'fhéadfaí an soláthar saothair a fheabhsú trí phróisis deimhniúcháin lena soláthraítear uas-sciliú agus athsciliú leanúnach, cosaint spriocdhírithe ar an dífhostaíocht (shéasúrach) agus cuíchóiriú nósanna imeachta um cheadanna oibre.

Is féidir le srianta airgeadais teorainn a chur le cumas gnólachtaí beaga fás agus a bheith nuálach. Díríonn go leor micreagnólachtaí ar athchóirithe seachas ar thionscadail mhóra mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le teacht ar mhaoiniú le haghaidh scileanna, ábhar agus infheistíocht chaipitil. Trí scéimeanna ráthaíochta do thógálaithe a neartú agus trí shamhlacha comhoibritheacha a fhiosrú, d'fhéadfaí deiseanna nua fáis a chruthú.

Tá roinnt gníomhaithe ceannasacha a n-imríonn an tionchar is mó ar an earnáil sin, rud a fhágann go bhfuil dúshláin iontrála ann do nuatheachtaithe san earnáil sin. Is féidir é a bheith deacair do ghnólachtaí eachtracha láithreacht a bhunú mar gheall ar shaineolas áitiúil, castacht rialála agus struchtúr margaidh, rud a d'fhéadfadh iomaíocht agus nuálaíocht a theorannú.

An próiseas pleanála a chuíchóiriú

Ní mór an cead pleanála a fheabhsú chun go leanfaidh an timpeallacht ghnó de bheith tarraingteach don infheistíocht phríobháideach. D'fhéadfadh suas le 24-36 mhí a bheith i gceist leis an bpróiseas ceada pleanála, d'ainneoin go bhfuil próiseas mear deonaithe ceadanna pleanála curtha i bhfeidhm ag Éirinn, ar a dtugtar forbairt straitéiseach bonneagair, le haghaidh tionscadail straitéiseacha bonneagair fuinnimh. Is príomhbhacainn ar thithíocht a thógáil í an éiginnteacht sa phróiseas pleanála.

I mí Dheireadh Fómhair 2024 ritheadh príomhphíosa reachtaíochta ina leith sin, an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2024. Is acht 906 leathanach é agus is é is aidhm dó pleanáil a chuíchóiriú, nósanna imeachta dlíthiúla a shoiléiriú, acmhainneacht riaracháin a mhéadú agus an bord pleanála a athstruchtúrú. Cé nach eol go fóill tionchair dhíreacha na reachtaíochta sin, tá sé iarrtha ar an rialtas rialacháin thánaisteacha cur chun feidhme a fhoilsiú a luaithe is féidir agus a bheith réidh chun iad a oiriúnú go solúbtha.

Beidh rath an athchóirithe ag brath ar acmhainní agus saineolas leordhóthanach a chur ar fáil d'oifigí pleanála áitiúla. Cuireadh i dtábhacht le déanaí i dtuarascáil de chuid ECFE go bhféadfadh na cúirteanna léirmhínithe éagsúla a bheith acu ar an dlí mar gheall ar an gcóras dlí choitinn in Éirinn agus go bhféadfaí fasaigh a leagan síos a bheadh ina gcúis le himpleachtaí nach mbeadh tuartha ag reachtóirí ([6]). Agus na héiginnteachtaí sin ann, beidh ar oifigí pleanála áitiúla a ról geatóireachta a fheidhmiú go héifeachtach chun an gá le hathbhreithnithe breithiúnacha a laghdú, rud a atá ina scrogall arís agus arís le blianta beaga anuas i gcóras ceartais na hÉireann atá an-chostasach. Foilsíodh plean gníomhaíochta aireachta nua lena n-áirithítear píblíne inbhuanaithe don phleanáil agus do shaineolas gaolmhar i mí Dheireadh Fómhair 2024. Chuir ECFE i dtábhacht gur cheart scileanna dlíthiúla agus teicniúla a lárú mar chuid de sin - go háirithe i réimse an mheasúnaithe comhshaoil - chomh maith le modúil oiliúna leordhóthanacha. Tá deis ann freisin féachaint an bhféadfadh na húdaráis phleanála an intleacht shaorga agus uirlisí sonraí agus digitithe eile a úsáid chun iarratais

([6]) ECFE (2025) Staidéar Eacnamaíoch ar Éirinn.

a láimhseáil ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

Tá athbhreithniú ar an gcreat pleanála náisiúnta faoi lán seoil. Tá an creat pleanála náisiúnta ina threoir don pleanáil straitéiseach ardleibhéil, d'fhorbairt pleananna forbartha áitiúla agus contae agus do phleananna gníomhaithe na n-údarás áitiúil ar son na haeráide chun spriocanna náisiúnta sainordaithe a bhaint amach. A luaithe a bheadh an t-athbhreithniú curtha i gcrích, bheadh na torthaí ag brath ar an gcreat a bheith á chur i bhfeidhm ag leibhéil níos ísle rialtais agus rialtais contaetha lena soláthrófaí limistéir chriosaithe agus sheirbhísithe de réir na riachtanas éagsúil. Níl an fhís ardleibhéil léirithe go leordhóthanach i mbeartais ar leibhéal na haireachta líne, áfach, rud a chuireann bac ar a héifeachtacht.

Rioscaí fioscacha a mhaolú chun cobhsaíocht fhadtéarmach a chinntiú

Gineann cuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha sciar mór den ioncam cánach, rud a nochtann buiséad na hÉireann do rioscaí seachtracha éagsúla. Tá fáltais ó cháin chorparáide comhchruinnithe agus luaineach, agus tháinig 88 % díobh ó chuideachtaí ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach in 2024, a raibh níos mó ná leath de na fáltais sin á n-íoc ag 10 gcinn de na cuideachtaí is mó. D'fhéadfadh forbairtí idirnáisiúnta, amhail athruithe ar bheartas trádála agus cánach na Stát Aontaithe nó an timpeallacht chánach dhomhanda, tionchar mór a imirt ar ioncam cánach. In anailís ar chásanna a rinne na húdaráis, léiríodh go mbeadh easnamh EUR 15 bhilliún ar bhonn ginearálta rialtais ann faoi 2030 dá bhfillfí ar na leibhéil fáltas ó cháin chorparáide a bhí ann in 2020 ([7]). Is iad na cuideachtaí ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach a ghin níos mó ná 30 % den cháin ioncaim (lena n-áirítear fáltais ón Muirear Sóisialta Uilíoch) agus thart ar 34 % den ioncam CBL in 2023.

Tá córas cánach saothair na hÉireann an-fhorchéimnitheach, ach braitheann sé ar bhonn cánach cúng. D'íoc an 10 % is airde de cháiníocóirí thart ar 60 % den toradh cánach in 2022, agus meastar nach n-íocann aon trian de na saothraithe ioncaim aon cháin ioncaim. Léiríonn an comhchruinniú sin forchéimnitheacht ard an chórais cánach, ach léiríonn sé freisin a leochailí atá an bonn cánach sin i leith athruithe eacnamaíocha. Tá an t-ioncam ó cháin saothair i bhfad faoi bhun mheán an Aontais freisin (féach Iarscríbhinn 2). Chun dul i ngleic le costais bhuiséadacha arda réamh-mheasta, tá údar le struchtúr ioncaim phoiblí na hÉireann a éagsúlú.

Tá bearta déanta ag Éirinn chun a staid fhioscach a chosaint. In 2024 bhunaigh Éire dhá chiste nua a ceapadh chun cuid de na fáltais amhantair ó cháin chorparáide a ionsú: an Ciste um Éire sa Todhchaí agus an Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra. Cé gurb é cuspóir an Chiste um Éire sa Todhchaí rioscaí buiséadacha ó athruithe eacnamaíocha struchtúracha a mhaolú, amhail dul in aois an daonra ó 2041 ar aghaidh, is féidir leis an gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra tacú le caiteachas caipitil cheana féin ó 2026 ar aghaidh má théann staid fhioscach na hÉireann in olcas. Tugadh isteach bearta cánach éagsúla, go príomha chun athrú iompraíochta a spreagadh, lena n-áirítear trí chánacha réadmhaoine áitiúla agus méaduithe ilbhliantúla ar an gcáin charbóin go dtí 2030. Chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean, tá méaduithe incriminteacha tugtha isteach ag Éirinn ar an ráta árachais shóisialaigh phá-choibhneasa go dtí 2028, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le níos mó beart ó 2029 ar aghaidh. Thairis sin, tháinig reachtaíocht nua na hÉireann i gcoinne pleanáil ionsaitheach cánach i bhfeidhm in 2024, lenar cuireadh bearta cosanta íocaíochtaí amach chun feidhme. Tá gealltanas tugtha ag Éirinn freisin faireachán a dhéanamh ar a cur chun feidhme chun neamhchánachas a chosc (féach Iarscríbhinn 2).

([7]) An Roinn Airgeadais (2024) Plean Fioscach-Struchtúrach Meántéarmach.

Tá deis ann tuilleadh éagsúlaithe a dhéanamh sa mheascán cánach agus an bonn cánach a leathnú. Sna moltaí ó thuarascáil 2022 ón gCoimisiún um Chánachas agus Leas soláthraítear treoirlínte úsáideacha, lena n-áirítear an toradh foriomlán ó chánacha rachmais agus caipitil a mhéadú. Mar shampla, tá an fhéidearthacht ann leathnú a dhéanamh ar an gcáin mhaoine áitiúil athfhillteach, a bhfuil fáltais uaithi (1,8 % de OIN* in 2022) faoi bhun mheán an Aontais (2,1 % de OTI in 2022). Tá sé molta i dtuarascáil ó ECFE le déanaí athchóiriú a dhéanamh ar an gcáin ioncaim agus ar CBL mar dheiseanna breise chun an bonn a leathnú, sa bhreis ar an gcáin mhaoine ([8]). Go deimhin, léiríonn ionsamhlúcháin a rinneadh le déanaí go laghdódh rátaí laghdaithe CBL ioncam CBL na hÉireann faoi thart ar 15 % agus nach gcuireadh siad le hathdháileadh, rud a fhágann gur uirlis neamhéifeachtúil iad chun tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal ([9]). Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt creidmheasanna cánach sa scéim cánach ioncaim phearsanta lena laghdaítear an t-ioncam cánach ó chánachas ioncaim phearsanta agus tá tionchar athdháilte measctha ag baint leo ([10]). Cé go bhféadfadh coigeartuithe ar an gcóras creidmheasa cánach ligean d'Éirinn ioncam a chruinniú le haghaidh tacaíocht níos spriocdhírithe dóibh siúd atá i ngátar, ba cheart aon éifeacht dáileacháin a bheadh ag baint leis sin, chomh maith leis an tionchar ar dhreasachtaí oibre, a chur san áireamh in aon athchóiriú a dhéanfaí ar cháin ioncaim. Chun é sin a áirithiú, tá gá le dearcadh cuimsitheach comhtháite ar an gcóras cánach agus sochar comhcheangailte. Tá deis ann freisin cánachas comhshaoil a leathnú, cánachas a bhfuil a leibhéal faoi bhun mheán an Aontais faoi láthair (féach Iarscríbhinn 2). Baineann sé sin go háirithe le cáin ar thruailliú agus cáin ar acmhainní.

([8]) ECFE (2025) Staidéar Eacnamaíoch ar Éirinn.

([9]) An Coimisiún Eorpach (2024) Caiteachas Cánach san Aontas Eorpach:Treochtaí le Déanaí & Dúshláin Nua Bheartais.

([10]) Úsáideann Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh an tsamhail mhicrea-ionsamhlúcháin sochair cánach EUROMOD chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na gcoigeartuithe fioscacha amhail creidmheasanna cánach a bhaint agus/nó a n-innéacsú maidir leis an mboilsciú. Ar bhonn sonraí ó Éirinn, dá mbainfí creidmheasanna cánach ina n-iomláine d'fhéadfaí ioncam an rialtais ó chánacha ioncaim phearsanta agus ó ranníocaíochtaí árachais shóisialta a mhéadú suas le 19,8 %. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé ráta riosca na bochtaineachta a mhéadú suas le 4,1 pointe céatadáin. Is léir ó na hionsamhlúcháin go bhfuil gá le cur chuige atá calabraithe go cúramach i leith coigeartuithe ar chánacha agus ar shochair.

DÍCHARBÓNÚ, INACMHAINNEACHT FUINNIMH AGUS INBHUANAITHEACHT

Dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide

Tá creat beartais uaillmhianach i bhfeidhm chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú. Leis n Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, leagadh síos sprioc cheangailteach chun astaíochtaí a laghdú 51 % faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 2018) agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, rud a chuireann Éire i gcomhréir leis an Dlí Aeráide Eorpach agus le gealltanais níos leithne an Aontais astaíochtaí a laghdú. Tá buiséid charbóin tugtha isteach ag Éirinn a chuimsíonn trí thréimhse 5 bliana agus a leagann síos spriocanna laghdaithe astaíochtaí earnála. Leis na pleananna bliantúla gníomhaithe ar son na haeráide, déantar an straitéis sin a bheachtú, trí na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhbhearta atá le déanamh chun na spriocanna sin a bhaint amach a shainiú.

Mar sin féin, is mór an dúshlán go fóill an bhearna idir an uaillmhian agus an cur chun feidhme. I gcomhréir le Rialachán an Aontais maidir le Comhroinnt Díchill, tá sé d'aidhm ag Éirinn astaíochtaí a laghdú 42 % in 2030 i gcomparáid le 2005 in earnálacha amhail an earnáil iompair (gan an earnáil eitlíochta a áireamh), an earnáil foirgníochta, an earnáil talmhaíochta, an earnáil tionscail bhig agus an earnáil dramhaíola. D'ainneoin laghdú 6,8 % ar astaíochtaí foriomlána in 2023, léirítear sna réamh-mheastacháin is déanaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) go sáródh Éire a teorainneacha astaíochtaí le haghaidh 2030 faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. I dtuarascáil le déanaí ó Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann agus ón gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, tugtar rabhadh go bhféadfadh astaíochtaí a bheith 57 % níos airde ná an sprioc mura dtabharfaí beartais nua isteach, agus go bhféadfaidís a bheith 28 % os cionn na teorann fiú dá dtabharfaí beartais nua isteach ([11]).


Todhchaí inacmhainne ísealcharbóin a chumhachtú

Trí dhlús a chur le húsáid leictreachais in-athnuaite, is féidir cuidiú le brú praghsanna a mhaolú. Cuirtear bac ar iomaíochas na hÉireann mar gheall ar an easpa bonneagar foinsí in-athnuaite fuinnimh agus an easpa cur in úsáid a bhaineann leis, rud a chruthaíonn praghsanna arda luaineacha fuinnimh. Bhí praghsanna leictreachais do thomhaltóirí teaghlaigh chomh hard le 369,9 EUR/MWh sa chéad leath de 2024, i gcomparáid le meán 287,2 EUR/MWh an Aontais ([12]). Déanann sé sin difear do theaghlaigh agus cuireann sé inmharthanacht ghnó agus infheistíochtaí amach anseo i mbaol freisin. Ba é 255,2 EUR/MWh an meánphraghas miondíola in Éirinn sa dara leath de 2024 do thomhaltóirí neamhtheaghlaigh, rud a bhí i bhfad níos mó ná meán 189,9 EUR/MWh an Aontais agus atá i measc na bpraghsanna is airde san Aontas Eorpach (féach Iarscríbhinn 8). D'fhéadfadh Éire bearta a dhéanamh chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna costais chun a áirithiú nach mbeidh praghsanna leictreachais ina mbacainn ar fhás eacnamaíoch.

([11]) Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann agus an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (2025) *A colossal missed opportunity*.

([12]) Eurostat (2025) Staidreamh ar Phraghsanna Leictreachais

Graf 3.1: **Praghsanna leictreachais neamhtheaghlaigh lena n-áirítear cánacha agus tobhaigh**




H1: An chéad leath den bhliain; H2: An dara leath den bhliain. Léiríonn na léaráidí boscaí is stríoc cúig staitistic achoimre: íosmhéid, 25ú peircintíl, airmheán, 75ú peircintíl, agus uasmhéid. Tomhaltas ó 500 meigeavata-uair go 1 999 meigeavata-uair - banda IC
Foinse: Eurostat

D'ainneoin an dul chun cinn mhóir atá déanta, ní leor luas leathnaithe an fhuinnimh gréine agus gaoithe chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach. Tá sé beartaithe ag Éirinn níos mó ná 10 ngigeavata (GW) de thoilleadh suiteáilte cumhachta gaoithe a bhaint amach in 2030 (i gcomparáid le thart ar 5 GW in 2023), agus beidh níos mó ná 5 GW de sin amach ón gcósta (0 GW in 2023). Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn freisin maidir le fótavoltachas gréine a chur in úsáid agus d'achtaigh sí sprioc uaillmhianach méadú 8 GW ar thoilleadh foinsí grianfhuinnimh faoi 2030. Tháinig méadú 150 % ar thoilleadh suiteáilte gréine go dtí 738 meigeavata (MW) san iomlán in 2023, agus bhí toilleadh gaoithe suiteáilte cumhachta os cionn 4 800 MW. Mar sin féin, tá sé tuartha ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann nach mbainfidh Éire amach na spriocanna maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid (féach Graf 3.1) ([13]). Ba sa chás ab uaillmhianaí amháin a réamh-mheasfaí go mbainfeadh Éire amach na spriocanna maidir le húsáid gaoithe agus gréine ar talamh in 2030, agus 3,7 GW an réamh-mheastachán don fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta. Fágann sé sin go bhfuil gá le dlús a chur le hinfheistíocht agus le tacaíocht bheartais.

([13]) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (2025) *Decarbonised Electricity System Study.*

Graf 3.2: **Réamhaisnéisí ar rátaí inchreidte maidir le cur in úsáid teicneolaíochtaí giniúna**



Foinse: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Cuireann srianta leanúnacha toillte le haghaidh bhonneagar na heangaí leictreachais teorainn le húsáid foinsí in-athnuaite breise. In 2023, níorbh fhéidir beagnach an deichiú cuid de chumhacht na gaoithe agus na gréine a dháileadh tríd an eangach mar gheall ar shrianta toillte, agus tá méadú mór tagtha air sin le blianta beaga anuas. In 2023 ba é 1 124 ghigeavata-uair (GWh) d'fhuinneamh gaoithe a ciorraíodh, in éineacht le 39 GWh de ghrianfhuinneamh. Coinníonn sé sin praghsanna leictreachais ard (féach Graf 3.2) agus cuireann sé moill ar an aistriú ó bhreoslaí iontaise. D'fhéadfaí cuid de na srianta toillte a mhaolú le toilleadh stórála breise. Chuirfeadh sé sin tuilleadh feabhais ar chobhsaíocht na heangaí agus ar chomhtháthú an chórais fuinnimh. Tá thart ar 1 GW de stóráil ar scála eangaí in Éirinn faoi láthair. Is éard atá ann thart ar 750 MW de stóráil ceallraí agus an toilleadh atá fágtha i stáisiún hidrileictreach taisce pumpála Chnoc an Turlaigh, rud a thugann cothromú cúnta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite. Tá sé beartaithe ag Éirinn méadú 1,7 GW a dhéanamh ar stóráil fuinnimh fadtéarmaí ar scála na heangaí faoi 2030. Cé nach bhfuil glacadh suntasach feicthe go fóill le stóráil

taobh thiar den mhéadar ([14]), is mór na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann. Chun feabhas a chur ar an bhfreagairt don éileamh agus chun margadh le haghaidh réitigh sholúbthachta a chothú, d'fhéadfadh Éire stóráil fuinnimh taobh thiar den mhéadar a spreagadh a thuilleadh do thomhaltóirí deiridh agus tacú le gníomhaithe nua margaidh a bheith rannpháirteach i seirbhísí dáilte cothromúcháin fuinnimh agus solúbthachta.

Tá gá le rannpháirtíocht mhéadaithe tomhaltóirí i margaí fuinnimh. Chun an sprioc solúbthachta 20-30 % a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a bhaint amach, réamh-mheastar sa straitéis náisiúnta maidir le héileamh ar fhuinneamh go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí níos rannpháirtí sa mhargadh fuinnimh. D'fhéadfadh dreasachtaí chun pobail fuinnimh a chruthú saoránaigh a chumhachtú chun an t-aistriú fuinnimh a chur chun cinn go háitiúil agus tairbhe dhíreach a bhaint as éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe agus billí leictreachais níos ísle. Ina theannta sin, dá gceadófaí do thomhaltóirí a bheith rannpháirteach i margaí praghsanna dinimiciúla, d'fhéadfaí plódú agus ciorrú a mhaolú agus comhtháthú foinsí in-athnuaite inathraitheacha á n-éascú an tráth céanna. Chuimseodh sé sin iarrachtaí chun infhaighteacht agus glacadh taraifí ama úsáide agus dinimiciúla a mhéadú, agus glacadh méadaithe micreaghiniúna agus stórála.

Príomhscrogall is ea moilleanna pleanála agus ceadanna. Is é is aidhm do phróiseas forbartha straitéisí bonneagair na hÉireann faoi láthair dlús a chur le ceadanna le haghaidh príomhthionscadail fuinnimh, agus tá coinne le cinntí laistigh de 18 seachtaine ó dhul in éag na tréimhse chun aighneachtaí nó barúlacha a dhéanamh. Mar sin féin, mar gheall ar scála agus castacht na dtionscadal sin, is minic a sháraítear an amlíne sin. Agus an dúshlán sin á aithint aici, tá athchóirithe déanta ag Éirinn chun nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe a chuíchóiriú, go háirithe tríd an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024 (féach Roinn 2). Bheadh sé ina chuidiú dá ndéanfaí na pleananna limistéir mhuirí ainmnithe atá fágtha a fhorbairt go tapa le haghaidh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí limistéir caomhantais speisialta mhuirí (LCSanna) agus limistéir faoi chosaint speisialta a ainmniú go tráthúil faoi chreat Natura 2000, rud a chruthódh tuilleadh cinnteachta maidir leis na limistéir mhuirí atá ar fáil le haghaidh cur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Éifeachtúlacht fuinnimh na timpeallachta tógtha a mhéadú

Cuireann an earnáil chónaithe go mór le hastaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn i gcónaí. In 2023, ba í an earnáil sin ba chúis le 9,7 % de na hastaíochtaí intíre iomlána, d'ainneoin laghdú 7,1 % ón mbliain roimhe sin mar gheall ar phraghsanna arda breosla, rialáil agus geimhreadh níos cineálta. Tá an stoc foirgneamh in Éirinn fós ar cheann de na stoic is déine ó thaobh carbóin de san Eoraip, ag 9.0 g CO_2/m^2 ([15]), rud a léiríonn go bhféadfadh éifeachtaí substaintiúla a bheith ag feabhsuithe ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus ar an leictriú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Measann GCC go bhféadfadh laghdú 15 % go 27 % teacht ar astaíochtaí cónaithe faoi 2030, de réir chur chun feidhme na mbeart breise, lena n-áirítear iarfheistiú baile, tacaíocht airgeadais do theaschaidéil, agus méadú ar théamh ceantair.


Tá dul chun cinn mór déanta ag Éirinn maidir le hiarfheistiú éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú. Chun tacú le haistriú na hÉireann i dtreo fuinneamh glan, tá sé d'aidhm ag an bplean náisiúnta iarfheistithe coibhéis

([14]) Tagraíonn stóráil fuinnimh ceallraí taobh thiar den mhéadar do chórais stórála atá suite ar láthair an chustaiméara agus atá nasctha leis an gcóras dáileacháin ar thaobh an chustaiméara de mhéadar seirbhíse an fhóntais, rud a chiallaíonn go n-úsáidtear é chun teach nó gnólacht a chumhachtú go díreach, seachas cur isteach san eangach.

([15]) An Coimisiún Eorpach (2024) An Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

500 000 teach a uasghrádú go Rátáil Fuinnimh Foirgneamh (RFF) B2 nó go dtí an leibhéal is fearr costas agus 680 000 teaschaidéal (400 000 i dtithe atá ann cheana) a shuiteáil faoi 2030. Mar shampla, leis an scéim um thithe níos teo, arna cómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), tá uasghráduithe curtha ar fáil do bhreis agus 161 190 teach ó bhí 2001 ann. De bharr na méaduithe ar chistiú le blianta beaga anuas tá tacaíocht tugtha do níos mó uasghráduithe atá níos doimhne agus níos casta. Léiríonn réamh-mheastacháin ó Fhaireachlann na hÉireann um Stoc Foirgneamh go bhféadfaí an sprioc maidir le iarfheistiú RFF B2 a bhaint amach faoi 2032. Mar sin féin, ní mheastar go mbainfear amach an sprioc maidir le 400 000 teaschaidéal a shuiteáil go dtí 2042.

Graf 3.3: **Luas na ngníomhaíochtaí iarfheistithe - B2anna nó rátálacha fuinnimh foirgneamh níos fearr (TFF) uasghráduithe a baineadh amach ó bhí Plean Gníomhaithe son na hAeráide 2019 tugtha isteach**



Sonraí ón: An 30 Aibreán 2025
Foinse: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

Dá ndíreofaí tacaíocht rialtais ar chostais fuinnimh, chosnófaí ar bhealach níos fearr iad siúd is mó atá i ngátar, agus a n-ualach fioscach á laghdú an tráth céanna. I mBuiséad 2025 soláthraíodh creidmheas leictreachais neamh-spriocdhírithe EUR 250 in aghaidh an teaghlaigh i ngeimhreadh 2024. Cé go bhfuil an bhochtaineacht fuinnimh fós faoi bhun mheán an Aontais (10,6 %) tháinig méadú uirthi ó 3,6 % in 2021 go 7,2 % in 2023. Dá ndíreofaí ar thacaíochtaí nó dá ndéanfaí athbhreithniú ar an tairseach ráta agus ioncaim don liúntas breosla spriocdhírithe, thabharfaí tacaíocht níos fearr do theaghlaigh leochaileacha i gcomhréir leis na moltaí ón gCoiste um Choimirce Shóisialach.

Is dúshlán mór é an t-éileamh ar leictreachas atá ag dul i méid, rud atá spreagtha ag lárionaid sonraí. Fiú sa chás is uaillmhianaí, d'fhéadfadh Éire sprioc 2030 maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh a shárú faoi thart ar 20 %, go príomha toisc go bhfuil an t-éileamh ar fhuinneamh ag dul i méid i bhfad níos tapa ná na gnóthachain éifeachtúlachta ó na bearta atá ann cheana agus atá beartaithe ([16]). De bharr tomhaltas fuinnimh méadaithe, arna spreagadh go príomha ag lárionaid sonraí ach le leictriú an téimh agus an iompair freisin, tá gá le solúbthacht fheabhsaithe agus bainistiú éilimh feabhsaithe. In 2023 tháinig méadú 0,7 % ar an tomhaltas fuinnimh deiridh i gcomparáid le 2022, d'ainneoin laghdú mór ar thomhaltas fuinnimh an stoic foirgneamh. Ba iad na lárionaid sonraí ba chúis le 21 % de thomhaltas leictreachais méadraithe iomlán na hÉireann in 2023, sin méadú 20 % ó bhí 2022 ann.

D'fhéadfadh uas-scálú an téimh ceantair a bheith ina phríomhghné chun uasteorainn astaíochtaí earnála na hÉireann a bhaint amach. Dar le measatacháin ón gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann go bhféadfadh téamh ceantair suas le leath den éileamh ar théamh i bhfoirgnimh a sholáthar ([17]). Cé go bhfuil bearta déanta ag Éirinn chun téamh ceantair a fhorbairt, beidh creat láidir beartais agus rialála ríthábhachtach chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh agus chun dramhtheas ón tionscal agus ó lárionaid sonraí a úsáid go héifeachtach.

([16]) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (2024) Réamh-mheastacháin Fuinnimh Náisiúnta.


([17]) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (2022) Staidéar Náisiúnta ar Théamh.

D'fhéadfaí feabhas a chur ar éifeachtacht agus luas na n-iarrachtaí iarfheistithe dá ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochtaí beartais. Tá bacainní móra fós ann, lena n-áirítear ganntanais lucht saothair oilte, costais tosaigh arda, srianta ar an slabhra soláthair, agus cistiú áitiúil teoranta. Cé go dtacaíonn bearta ar nós an CBL ar shuiteálacha teaschaidéil a laghdú le téamh inbhuanaithe a chur chun cinn, d'fhéadfadh teorainneacha ar an slabhra soláthair bac a chur ar a n-infhaighteacht. Dá gcuirfí deireadh de réir a chéile le fóirdheontais neamh-spriocdhírithe do bhreoslaí iontaise - agus teaghlaigh leochaileacha á gcosaint an tráth céanna - chuideofaí le dreasachtaí margaidh a ailíniú leis na spriocanna aeráide. Ach formheasanna ar dheontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a chuíchóiriú, foireann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a mhéadú, agus uasghráduithe baile grúpabhunaithe a éascú, d'fhéadfaí dlús breise a chur leis an iarfheistiú. Beidh sé ríthábhachtach an treochlár don phlean náisiúnta athchóirithe foirgneamh a ghlacadh go tráthúil freisin chun iarrachtaí iarfheistithe a chur chun cinn.

Aghaidh a thabhairt ar na hearnálacha is mó astaíochtaí

Níl astaíochtaí ón earnáil iompair ailínithe leis an sprioc do 2030. Tá sprioc leagtha síos ag Éirinn astaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú 50 % sna buiséid charbóin earnála. Mar sin féin, léiríonn réamh-mheastacháin ó Ghníomhaireacht na hÉireann um Chaomhnú Comhshaoil nach meastar go laghdóidh astaíochtaí ón earnáil ach 26 % faoi 2030, fiú má chuirtear chun feidhme formhór na mbeart a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 ([18]).

Graf 3.4: **Sciar earnála na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn in 2023**



Foinse: GCC

Tá iarrachtaí déanta ag Éirinn glacadh feithiclí leictreacha a dhreasú. Cuireann daonra scaipthe agus ísealdlúis na hÉireann bac air sin áfach. Leis an bplean forbartha náisiúnta agus leis an gciste um ghníomhú ar son na haeráide araon, cuirtear cistiú nach beag ar fáil chun tacú le feithiclí astaíochtaí ísle, le deontais suas le EUR 3500 le haghaidh feithiclí leictreacha nua atá ceannaithe ag daoine príobháideacha. An tráth céanna, tairbhíonn feithiclí leictreacha de ráta níos ísle den cháin mhótar bhliantúil agus cáin fhabhrach clárúcháin feithiclí. Tá an sciar d'fheithiclí ceallra-leictreacha in Éirinn fós ag méadú, tá 2,8 % den flít gluaisteán paisinéirí in 2024 ina fheithicil cheallra-leictreach, rud atá os cionn mheán 2,13 % an Aontais ([19]). Mar sin féin, léiríonn sonraí a fuarthas le déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil laghdú 25 % tagtha ar chlárúcháin feithiclí leictreacha nua in 2024, rud is dócha mar gheall ar thosca amhail dreasachtaí rialtais laghdaithe agus an easpa bonneagair luchtaithe leordhóthanaigh.

Cuireann bonneagar luchtaithe teoranta bac ar leictriú an iompair. De réir na Faireachlainne Eorpaí um Breoslaí Malartacha, bhí 3588 bpointe luchtaithe ag Éirinn in 2024, nó ceann amháin in aghaidh gach 21.4 feithicil, méid atá i bhfad faoi bhun

([18]) GCC (2024) Réamh-mheastacháin astaíochtaí GCT na hÉireann 2023-2050..

([19]) An Fhaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha.

mheán an Aontais, is é sin ceann amháin in aghaidh gach seacht bhfeithicle. Tá cumhdach geografach na stáisiún luchtaithe fós láraithe i limistéir uirbeacha níos mó, rud a laghdaíonn an bonneagar luchtaithe atá ar fáil don chomaitéireacht. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach cistiú poiblí leordhóthanach a áirithiú don Phlean maidir le Líonra Náisiúnta Bóithre Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2024-2030, i gcás ina bhfuil údar cuí leis chun astaíochtaí CO_2 a laghdú ar bhealach costéifeachtach.

Tá deis ann feabhas a chur ar bhonneagar iompair phoiblí, go háirithe iarnród leictrithe. Is scála tomhais tábhachtach é infhaighteacht an iompair phoiblí chun comhtháthú idir ceantair thuaithe agus uirbeacha a fheabhsú, chun soghluaisteacht an lucht saothair a chur chun cinn agus chun tacú le forbairtí tithíochta, nithe atá comhchruinnithe den chuid is mó i líon beag limistéar inmharthana. Tá Baile Átha Cliath ar cheann de na ceantair uirbeacha is plódaithe san Eoraip, rud a chiallaíonn go bhféadfaí brú tráchta agus an t-am a chaitear sa trácht a laghdú trí iarrachtaí breise chun feabhas a chur ar sholáthar iompair phoiblí. Ó seoladh an Éire á Nascadh – An Plean Soghluaisteachta Tuaithe i mí Eanáir 2022, tá breis agus 148 seirbhís bus nua nó fheabhsaithe tugtha isteach. Thairis sin, tá gréasán iarnróid comaitéireachta Chorcaí á uasghrádú agus á leictriú mar chuid de phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann. Ós rud é nach ann ach 53 km d'iarnród leictrithe (2,6 % i gcomparáid le meán 60 % an Aontais), bheadh gá le tuilleadh infheistíochtaí.

Tá méadú ag teacht ar na astaíochtaí ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (ÚTAÚTF). Tháinig méadú ar ghlanastaíochtaí ón earnáil ÚTAÚTF ó 3,66 Mt cóibhéis CO_2 in 2022 go 3,89 Mt cóibhéis CO_2 in 2023, agus tháinig laghdú 4,6 % ar astaíochtaí ón talmhaíocht i gcoibhneas le 2022 ([20]). De réir na meastachán a chuir Gníomhaireacht na hÉireann um Chaomhnú Chomhshaoil ar fáil, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 23 % ar astaíochtaí ón earnáil ÚTAÚTF idir 2022 agus 2030, fiú agus bearta breise déanta ([21]). Cuireann sé sin bagairt ar chumas na hÉireann na spriocanna laghdaithe astaíochtaí a leagtar síos ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a bhaint amach. Is ábhar imní ar leith é sin don earnáil ÚTAÚTF, ós rud é go mbeadh gá le glanaistrithe carbóin (ionsú níos mó ná astaíochtaí coibhéise CO_2) chun spriocanna glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. D'fhéadfadh Éire tógáil ar a cláir athshlánaithe móna go fóill, agus iad sin a leathnú chun laghduithe breise ar astaíochtaí agus gnóthachain bhithéagsúlachta araon a bhaint amach.

Is é éifeachtúlacht na táirgeachta a mhéadú an rud a bhfuil iarrachtaí beartais na hearnála talmhaíochta ag díriú air. Sa phlean straitéise maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta, tá EUR 1.4 billiún leithdháilte ag Éirinn chun cleachtais níos uaillmhianaí atá dírithe ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a chur chun cinn, cuir i gcás úsáid nítrigine ceimicí a laghdú, an líon crann a chuirtear a mhéadú agus na limistéir talún ar mhórán dúlra agus bithéagsúlachta a leathnú (féach Iarscríbhinn 7). Tá Éire ag obair freisin chun tailte portaigh a athchóiriú agus an bainistiú ithreach a fheabhsú chun tionchar na talmhaíochta a laghdú. Tá Éire ag aistriú de réir a chéile chuig córas bia inbhuanaithe trí bheartais a chur i bhfeidhm chun tionchar na talmhaíochta ar an gcomhshaol a laghdú. Ó bhí 2021 ann, tá méadú faoi thrí tagtha ar an limistéar a shaothraítear go horgánach go 225 500 heicteár in 2023 ([22]).

D'fhéadfaí an meascán beartais atá ann faoi láthair a chomhlánú le hionstraimí praghsála chun ceapadh carbóin a mhéadú. Tá creat feirmeoireachta carbóin á fhorbairt ag Éirinn chun tacú le feirmeoirí san aistriú chuig cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe lena mbaineann astaíochtaí ísle,

([20]) GCC (2024) Athbhreithniú Bliantúil 2024: Talmhaíocht agus Talamhúsáid, Athrú sa Talamhúsáid agus Foraoiseacht.

([21]) GCC (2024) Réamh-mheastacháin astaíochtaí GCT na hÉireann 2023-2050.

([22]) An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (2024) – Athbhreithniú Bliantúil.

ach tá moill curtha ar fhoilsiú an chreata sin. Tá sé ríthábhachtach iarrachtaí a mhéadú ó thaobh ceapadh carbóin a dhreasú chun an sprioc maidir le hastaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach. Mar shampla, tá measúnú déanta ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus ag Climate KIC agus measann siad go bhféadfadh athfhliuchadh agus athbhunú tailte portaigh carbón a laghdú faoi 3,5 - 29 dtona de choibhéis CO_2 in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana ([23]). Ina theannta sin, dá ndéanfaí obair chun láithreáin Natura 2000 atá ainmnithe le haghaidh portaigh ardaithe nó le haghaidh bratphortach a chosaint, d'fhéadfaí athchóiriú agus leithlisiú carbóin araon a dhéanamh.

Infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí uisce na hÉireann don inbhuanaitheacht agus don iomaíochas

Tá bonneagar uisce ríthábhachtach don inbhuanaitheacht comhshaoil, ach tá sé ina phríomhspreagadh freisin don fhás eacnamaíoch, don iomaíochas agus don chuimsiú sóisialta freisin. Tá ról lárnach ag an uisce maidir le hathléimneacht eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe a áirithiú, rud a imríonn tionchar ar earnálacha ríthábhachtacha amhail tithíocht agus forbairt uirbeach, agus leathnú na dtionscal a bhíonn ag brath ar acmhainní uisce inrochtana. Tá bainistiú éifeachtach uisce ríthábhachtach chun comhlíonadh comhshaoil a fheabhsú agus chun borradh a chur faoi iomaíochas na hÉireann, rud a fhágann gur áit tharraingteach chónaithe, oibre agus infheistíochta í.

Mar sin féin, tá an bhonneagar uisce ag fulaingt mar gheall ar thearc-infheistíocht leanúnach. De réir Athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil, d'fhonn na spriocanna comhshaoil éagsúla a leagtar amach sa Treoir Réime maidir le hUisce agus sa Treoir maidir le Tuilte a bhaint amach, tá bearna infheistíochta EUR 954 mhilliún in aghaidh na bliana i ndáin d'Éirinn faoi 2027 (0,19 % de OTI). Is i gcóireáil fuíolluisce, i mbainistiú uisce agus i rialú truaillithe a shainaithnítear na riachtanais is práinní, agus tá riosca mór ag baint leo uile ó thaobh dul chun cinn níos mó a dhéanamh i bhforbairtí trasearnála.

Cuireann cóireáil fuíolluisce nach bhfuil ag éirí chomh maith agus ba cheart léi agus na rátaí arda sceite uisce iontaofacht agus inbhuanaitheacht bhonneagar uisce na hÉireann i mbaol. In 2023 níor chomhlíon níos mó ná leath de ghléasraí cóireála na tíre, mar aon le breis agus 400 forsceitheadh uisce stoirme, na caighdeáin náisiúnta a leag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil síos. Thairis sin, níor chomhlíon gléasraí cóireála fuíolluisce i ndeich mbaile mhóra, lena n-áirítear an tsaoráid sa Rinn i mBaile Átha Cliath, caighdeáin an Aontais Eorpaigh. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le limistéir nár freastalaíodh orthu roimhe seo a nascadh agus an líon bailte agus sráidbhailte a sceitheann séarachas amh a laghdú, ní leor fós an chóireáil fuíolluisce i limistéir uirbeacha mhóra, amhail an tsaoráid sa Rinn i mBaile Átha Cliath. Measann Uisce Éireann (an chuideachta fóntais uisce atá faoi úinéireacht an stáit) gurbh é 37 % an ráta sceite in 2023, ar feabhas mór é sin ó 46 % in 2018, cé go bhfuil sé fós i bhfad os cionn mheán 25 % an Aontais. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar riachtanais infheistíochta ionas nach gcuirfidh bonneagar uisce neamhleor bac ar infheistíocht ghnó mar gheall ar chostais oibríochtúla níos airde agus nach gcuirfidh sé teorainn ar fhormheas forbraíochtaí tithíochta nua.

Níl mórán athraithe ó thaobh cháilíocht an uisce agus rialú truaillithe de, rud a chruthaíonn dúshláin d'iomaíochas na n-earnálacha atá spleách ar uisce. Mar an gcéanna le táscairí cáilíochta uisce in Éirinn, is beag an t-athrú atá tagtha orthu ó bhí 2023

([23]) An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (2023) Dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le spriocanna inbhuanaitheachta: Acmhainneacht nuálaíochta na hearnála agraibhia in Éirinn.

ann ([24]), d'ainneoin faireachán fairsing ar uiscí dromchla (aibhneacha, lochanna, inbhir, agus uiscí cósta) agus screamhuisce ([25]). Cé gur tugadh roinnt feabhsuithe ar an gcáilíocht bhitheolaíoch faoi deara in aibhneacha agus lochanna, ní fiú go mór na gnóthachain sin a fhritháireamh mar gheall ar na laghduithe agus na sáruithe i réimsí eile. Is é an chúis phríomhúil leis sin an méadú ar an tiúchan cothaitheach, amhail fosfar agus nítrigin, nithe a thagann den chuid is mó ón talmhaíocht, sceitheadh fuíolluisce, agus ón bhforaoiseacht. Déanann na dúshláin sin dochar d'éiceachórais nádúrtha na hÉireann agus cuireann siad inmharthanacht fhadtéarmach na n-earnálacha bhíonn ag brath ar uisce glan, amhail an turasóireacht, an t-iascach agus an talmhaíocht, i mbaol freisin. Rinneadh bearta le déanaí maidir le trealamh a scaipeann sciodar íseal-astaíochtaí agus tá coinne leis go gcuirfidh sé sin feabhas ar cháilíocht an uisce. Leis na srianta atá beartaithe maidir le húiré ina foirm ghráinneach, chuirfí tuilleadh feabhais ar cháilíocht an uisce, chuideofaí ar deireadh le príomhthionscail a chosaint, d'áiritheofaí iomaíochas leanúnach na hÉireann maidir le hinfheistíocht inbhuanaithe a mhealladh agus thacófaí leis an bhfás in earnálacha atá spleách ar uisce.

Chuideodh sásra praghsála uisce le cistiú inbhuanaithe a áirithiú don bhonneagar uisce, agus úsáid uisce níos éifeachtúla á cur chun cinn an tráth céanna. Dá bhféadfaí an t-éileamh a laghdú agus cistí a thiomsú le haghaidh infheistíochta agus cothabhála, thacódh an cineál sin sásra le hinmharthanacht fhadtéarmach na gcóras uisce agus chuideodh sé lena iomaíochas an tráth céanna. Gan córas praghsála a léiríonn fíorchostais an uisce, is beag dreasacht atá ann chun infheistíochtaí a mhealladh chun píblínte agus bonneagar fíor-riachtanach eile a nuachóiriú. Tá sé ríthábhachtach córas den sórt sin a chur chun feidhme, agus liúntais do theaghlaigh mhóra agus do dhaoine aonair a bhfuil riachtanais shonracha sláinte acu á gcur san áireamh, chun cothromaíocht a bhaint amach maidir le hinfheistíocht agus cothromas agus chun inbhuanaitheacht na n-acmhainní uisce amach anseo a áirithiú.

([24]) De réir shonraí luatha ó GCC, tá roinnt comharthaí ann go bhfuil feabhas ag teacht ar thiúchaintí níotráití in 2024 – Tuarascáil ar thascairí luathléargas:Tiúchaintí nítrigine i móraibhneacha roghnaithe, Eanáir-Nollaig 2024..

([25]) GCC (2024) – Cáilíocht an Uisce in 2023. Tuarascáil Táscairí.

Ag aistriú chuig geilleagar ciorclach

Tá Éire fós chun deiridh ar thagarmharcanna an Aontais don gheilleagar ciorclach. In 2022, ba é 41 % ráta athchúrsála na dramhaíola cathrach, rud a bhí faoi bhun mheán 46 % an Aontais agus faoi bhun na sprice 50 %. D'ainneoin laghdú beag ar dhramhaíl chathrach in aghaidh an duine – ó 625 kg in 2021 go 615 kg in 2022 - tá Éire fós ar cheann de na tíortha giniúna dramhaíola is airde in aghaidh an duine san Aontas. Thairis sin, ba é 1,8 % an ráta úsáide ábhair chiorclaigh in 2022, ráta a bhí go mór faoi bhun mheán 11,5 % an Aontais, rud a léiríonn an gá atá le bearta níos láidre maidir le héifeachtúlacht acmhainní agus bainistiú acmhainní. Dá gcuirfí feabhas ar an gciorclaíocht, laghdófaí spleáchais, go háirithe ar amhábhair chriticiúla. Measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil gá le EUR 827 milliún in aghaidh na bliana chun cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh agus cuspóirí dramhaíola a bhaint amach.

Agus roinnt beartas i bhfeidhm, meastar go gcuirfear dlús leis an dul chun cinn i dtáscairí an gheilleagair chiorclaigh tar éis comharthaí marbhántachta. Faoi reachtaíocht uileghabhálach ar leibhéal an Aontais (lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip agus an plean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach), tá plean gníomhaithe na hÉireann ar son na haeráide ar thús cadhnaíochta sa bheartas comhshaoil, arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Leis an Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022 a achtaíodh le déanaí, leagtar síos an creat reachtach le haghaidh príomhthionscnaimh náisiúnta,

amhail an straitéis um an ngeilleagar ciorclach agus clár an gheilleagair chiorclaigh 2021-2027. Bhí ról lárnach ag Plean Gníomhaíochta Dramhaíola na hÉireann le hAghaidh Geilleagar Ciorclach 2020-2025 maidir le treo beartais na tíre a chinneadh, agus leagtar amach ann treochlár soiléir chun spriocanna an Aontais a bhaint amach agus an t-aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn.

D'fhéadfaí na straitéisí agus na pleananna gníomhaíochta sin a threisiú trí bhearta breise a thabhairt isteach chun atreorú dramhaíola a dhreasú in ord na réiteach dramhaíola. Ar na bearta sin d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist: uirlisí praghasbhunaithe a leathnú san earnáil tógála, athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar poiblí ([26]) ar mhaithe leis an íoslaghdú dramhaíola, agus tacaíocht airgeadais a mhéadú do bhonneagar bithmheatáin inbhuanaithe. Chun borradh breise a chur faoi athchúrsáil agus athúsáid dramhaíola tógála agus scartála, lena n-áirítear bailiú ar leithligh ag an bhfoinse, d'fhéadfadh Éire bearta a chur chun feidhme amhail iniúchtaí digiteacha réamhscartála, freagracht níos mó don táirgeoir, dreasachtaí eacnamaíocha, agus iarrachtaí réamhtheachtacha amhail ábhar athchúrsáilte a mhéadú agus dearadh ciorclach a ghlacadh san fhoirgníocht ([27]).

([26]) In 2024 foilsíodh beartas nua maidir le Soláthar Poiblí Glas, arb é is aidhm dó dlús a chur le cur chun feidhme cleachtas soláthair glas agus ciorclach ar fud na hearnála poiblí - Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027.

([27]) Tá sé beartaithe ag Éirinn treochlár ciorclaíochta don earnáil foirgníochta a fhoilsiú in 2025.

SCILEANNA, POIST ARDCHÁILÍOCHTA AGUS COTHROIME SHÓISIALTA

Iarmhairtí sóisialta na géarchéime tithíochta a mhaolú

Tá an easpa dídine níos airde ná riamh agus tá sí ag dul i méid i gcónaí. Tháinig méadú faoi dhó ar an easpa dídine le 3 bliana anuas agus tá níos mó ná 15 000 duine i gcóiríocht éigeandála anois. Tá 2 000 teaghlach agus 4 500 leanbh san áireamh ansin. Tagann sé sin sa cheathrú bliain de phlean 'Tithíocht do Chách' de chuid an rialtais, arb é is aidhm dó 'an easpa dídine a dhíothú', rud a thugann le fios go bhfuil easnaimh thromchúiseacha ann. Cúis mhór dhíreach leis an easpa dídine is ea fógra faoi fhoirceannadh tionóntachta san earnáil phríobháideach cíosa, inar féidir le tiarnaí talún tionóntaí a dhíshealbhú gan cúis a thabhairt le linn na chéad 6 mhí de chonradh cíosa nua. D'fhéadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh féachaint an bhféadfaí cearta tionóntaí a neartú chun cuidiú le cosc a chur ar an easpa dídine mar gheall ar dhíshealbhuithe. Molann Coimisiún Tithíochta na hÉireann go bhféadfadh sé dul chun tairbhe an tionónta, trí chead a thabhairt dóibh fanacht ina dtithe féin, agus na dtiarnaí talún, ar mian leo a maoin a dhíol, díol maoine a normalú nuair atá tionóntaí fós sa teach. D'fhéadfaí an stoc tithíochta sóisialta a mhéadú agus an easpa dídine a laghdú an tráth céanna ach an Scéim Cíos Costais do Thionóntaí in Situ a leathnú freisin, rud a chuireadh ar a gcumas do na húdaráis áitiúla réadmhaoin a cheannach nuair a bhíonn tionóntaí á ndíshealbhú mar gheall ar mhaoin a bheith á díol.

Tá liúntais chíosa ríthábhachtach chun cohóirt ar ioncam íseal a chosaint. Má dhéantar comparáid idirnáisiúnta, feictear go bhfuil liúntais chíosa in Éirinn flaithiúil go leor agus sroicheann siad líon ard teaghlach (thart ar 84 000 nó 5 % de theaghlaigh). Cé gur chuidigh liúntais chíosa le teaghlaigh ar ioncam níos ísle a chosaint ar an mbochtaineacht agus ar an easpa dídine, tháinig laghdú ar an stoc atá ar fáil le haghaidh cíosa nó le haghaidh díola do gach cohórt eile mar thoradh orthu freisin ([28]). Tá deacrachtaí maidir le teaghaisí a fháil ar cíos tuairiscithe freisin ag éilitheoirí liúntas cíosa freisin, agus deir siad gurb é an t-idirdhealú ó thiarnaí talún is cúis leis sin. Dá méadófaí sciar na tithíochta sóisialta sa stoc tithíochta foriomlán, d'fhéadfaí córas tithíochta níos cobhsaí a chruthú. (féach Iarscríbhinn 9).

Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar thithíocht shóisialta. In 2023, bhí beagnach 59 000 teaghlach ar liostaí feithimh na n-údarás áitiúil le haghaidh tithíocht shóisialta. Tá níos mó ná 30 % díobh siúd ar an liosta le 5 bliana nó níos mó cheana. Faoi láthair, ní leor an soláthar tithe atá mór go leor do theaghlaigh bheaga (duine amháin nó beirt sa teaghlach), do theaghlaigh níos mó (cúigear nó níos mó ann), agus dóibh siúd a bhfuil cúram speisialta de dhíth orthu.

Tá méadú ag teacht ar thógáil tithíochta sóisialta, ach is ga níos a dhéanamh. Tógadh 7 871 aonad tithíochta sóisialta nua in 2023 (-3 % i gcomparáid le 2023), rud a léiríonn gur ann do shrianta acmhainneachta i dtábhacht. Ar na bearta breise beartais a d'fhéadfaí a dhéanamh, d'fhéadfaí an sciar d'fhoirgnimh chónaithe nua nach mór d'fhorbróir a dhíol le húdaráis áitiúla le haghaidh tithíocht shóisialta (cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú) a mhéadú agus maoiniú ilbhliantúil a mhéadú don Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun talamh a cheannach agus a sheirbhísiú. D'fhéadfadh trédhearcacht agus sonraí níos fearr maidir le

([28]) Coimisiún Tithíochta na hÉireann (2024) Tuarascáil ón gCoimisiún Tithíochta.

talamh a sheirbhísítear le haghaidh tithíochta a bheith ag gabháil leis sin.

Cuimsiú sóisialta agus saothair a fheabhsú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste

Tá Éire ar an mbóthar ceart chun a sprioc náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sprioc a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Faoi 2030, ba cheart laghdú 90 000 a theacht ar an líon ndaoine atá ag maireachtáil ón lámh go dtí an béal nó faoi eisiamh sóisialta, lena n-áirítear 45 000 leanbh. De réir staidreamh 2024 an Aontais Eorpaigh ar ioncam agus dálaí maireachtála (SIDM-AE), is é 880 000 an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh shóisialta anois, sin laghdú 108 000 duine ar an bhfigiúr bonnlíne. I gcás leanaí, tá an figiúr laghdaithe freisin, faoi 53 000 ar an bhfigiúr bonnlíne 303 000.

Bíonn bacainní roimh ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste maidir le rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair agus ar sheirbhísí sóisialta agus, dá bhrí sin, tá rátaí bochtaineachta díréireacha arda ag baint leo siúd. D'ainneoin feabhsuithe, tá ceann de na bearnaí fostaíochta is airde san Aontas fós ag Éirinn maidir le daoine faoi mhíchumas (36,7 % i gcomparáid le 21,5 %)([29]). Fostaítear tuismitheoirí aonair ar ráta atá faoi bhun mheán an Aontais agus níl mórán deiseanna fostaíochta ag pobal na Romach agus an Lucht Siúil go fóill. Cuireann bacainní airgeadais agus neamhairgeadais bac ar rochtain grúpaí faoi mhíbhuntáiste ar phoist, amhail na nithe seo a leanas: (i) an costas a bhaineann le filleadh ar an oideachas agus ar an oiliúint; (ii) costas agus infhaighteacht cúraim leanaí; (iii) líon beag roghanna tithíochta inacmhainne, go háirithe sna cathracha móra; (iv) rochtain theoranta ar chóiríocht réasúnta ag an obair; agus (v) an-idirdhealú. D'fhéadfadh bearta uas-scilithe spriocdhírithe rannchuidiú leis na daoine sin a chuimsiú sa lucht saothair in earnálacha a ndéanann ganntanais lucht saothair, amhail foirgníocht, difear dóibh (féach Roinn 2). Tá céatadáin na dtuismitheoirí aonair (48,2 %) agus na ndaoine faoi mhíchumas (32,7 %) atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh shóisialta os cionn mheán an Aontais faoi seach (41,3 % agus 28,8 %). Tháinig laghdú ar chéatadán na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh shóisialta ó 24.3 % in 2023 go 20.6 % in 2024.

Tá aghaidh á tabhairt ag Éirinn ar an eisiamh sóisialta agus ar bhacainní ar fhostaíocht. Bearta gníomhachtúcháin spriocdhírithe, amhail an próiseas 'Luath-Rannpháirtíocht' ina mbíonn seirbhís fostaíochta phoiblí na hÉireann rannpháirteach go gníomhach le daoine faoi mhíchumas, chuidigh na bearta sin le go leor daoine fostaíocht a fháil. Tacaíonn clár na hÉireann i gCiste Sóisialta na hEorpa Plus le bearta nuálaíochta sóisialta chun smaointe agus beartais nua a thástáil, ar smaointe agus beartais iad atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an gcuimsiú sóisialta. Is cuidiú mór é le tuismitheoirí aonair agus le cúramóirí an ceart nua chun dálaí oibre solúbtha agus chun fóirdheontais cúraim leanaí níos airde a iarraidh. Trí na bunrátaí leasa i mbuiséid a bhí ann le déanaí a mhéadú chomh maith le bearta aonuaire, amhail sochar dúbailte linbh a íoc i míonna áirithe, cuireadh le héifeacht laghdaithe bochtaineachta na n-aistrithe sóisialta. Mar sin féin, is léir de réir na sonra sonraí go bhféadfadh cúrsaí a bheith níos fearr. Dá ndíreofaí ar fhíorluach na tacaíochtaí leasa de réir tástáil acmhainne a chosaint, seachas ar shochair aonuaire neamh-spriocdhírithe, d'fhéadfaí an chostéifeachtacht a fheabhsú agus an bhochtaineacht a laghdú i measc grúpaí faoi mhíbhuntáiste. Dá ndéanfaí infhaighteacht agus inacmhainneacht cúraim leanaí a mhéadú a thuilleadh, d'fhéadfadh níos mó tuismitheoirí (aonair) dul i mbun oibre (féach Iarscríbhinní 8 agus 9). Chuirfeadh bearta sna

([29]) I suirbhé de chuid SIDM-AE, tá comhchoibhneas diúltach idir leitheadúlacht an mhíchumais agus méid na bearna fostaíochta; i bhfocail eile, is gnách go dtuairiscíonn tíortha a thuairiscíonn leibhéil níos ísle míchumais bearnaí fostaíochta níos airde, agus is gnách go dtuairiscíonn tíortha a bhfuil rátaí leitheadúlachta níos airde acu bearnaí fostaíochta níos lú.

réimsí sin le sprioc náisiúnta 2030 na hÉireann maidir le fostaíocht mar aon le sprioc náisiúnta 2030 maidir le laghdú na bochtaineachta freisin.

Bíonn tionchar ag neamhionannas san oideachas ar dhaltaí faoi mhíbhuntáiste. Tá torthaí oideachais níos ísle ag leanaí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus na Romaigh, agus ag mic léinn faoi mhíchumas, rud atá le feiceáil freisin sa ráta luathfhágála scoile níos airde (Iarscríbhinn 10). Cuireann an clár náisiúnta 'Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh' (DEIS) tacaíocht bhreise ar fáil do scoileanna ina bhfuil sciar ard daltaí faoi mhíbhuntáiste, ach ní fhaigheann gach dalta faoi mhíbhuntáiste an tacaíocht atá de dhíth orthu. Tá Plean DEIS nua á fhorbairt ag Éirinn chun straitéis a leagan síos chun tacú le leanaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais sna scoileanna uile, d'fhonn deiseanna foghlama cothroma a chur ar fáil do chách.

Leis na hinfheistíochtaí a rinneadh le déanaí i scoileanna speisialta nua do dhaltaí faoi mhíchumas, tá an baol ann go méadófar an leithscaradh oideachais. Níl sé sin i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, coinbhinsiún a shínigh Éire in 2018. Dá gcuirfí bearta cuimsitheacha i bhfeidhm i scoileanna agus ranganna príomhshrutha, thabharfaí aghaidh níos fearr ar riachtanais daltaí faoi mhíchumas, teaghlach agus scoileanna, agus chuirfeadh sé sin leis an gcomhtháthú sóisialta. D'fhéadfaí é sin a chomhlánú trí fheabhas a chur ar chomhordú na seirbhísí oideachais agus sláinte agus teiripe, ar an leibhéal lárnach freisin.

D'ainneoin bearta chun an soláthar múinteoirí a mhéadú, tá ganntanais fós ann. Bíonn deacrachtaí ag bunscoileanna agus ag meánscoileanna múinteoirí a earcú agus a choinneáil, agus bíonn siad ag brath níos mó ar dhaoine aonair nach bhfuil cáilíochtaí teagaisc acu. Is do na cathracha a ndéanann na ganntanais difear den chuid is mó, go háirithe mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus is iad na cíosanna arda agus an infhaighteacht íseal tithíochta is cúis leo. De deasca na nganntanas tá teorainn le cumas na scoileanna gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim a thairiscint, rud a dhéanann difear do scileanna agus do rannpháirtíocht na ndaltaí, go háirithe do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste([30]). An tráth céanna, toimhdítear go bhfuil níos mó ná 4 000 múinteoir Éireannach ag obair thar lear. Tá Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil ag cuidiú leis na húdaráis aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí atá ag dul i méid trí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na tosca a dhéanann difear do sholáthar agus éileamh múinteoirí. An tráth céanna, tá comhairliúchán seachtrach á dhéanamh ag na húdaráis ina ndéanfar freagairtí beartais éagsúla a mheas.

Costéifeachtacht an chórais cúraim sláinte a fheabhsú

Tá deacrachtaí fós le sárú ag córas cúraim sláinte na hÉireann. Cuireann éileamh méadaitheach agus cumhdach teoranta an chúraim phríomhúil phoiblí brú ar chúram sna hospidéil atá costasach agus a bhfuil sriantachtaí móra acmhainneachta air faoi láthair (féach Iarscríbhinn 14). Dá thoradh sin, tá méadú leanúnach tagtha ar chaiteachas na hÉireann ar chúram sláinte, ar an róchaiteachas buiséadach arís agus arís eile. Ós rud é go meastar go gcuirfidh aosú an daonra brú breise ar an gcóras cúraim sláinte sna blianta amach romhainn, tá gá lé húsáid níos éifeachtaí acmhainní.

Tá bearta déanta ag Éirinn chun srian a chur le fás an chaiteachais ar an gcúram sláinte. Cuireadh de chúram ar thascfhórsa idir-rannach maidir le 'táirgiúlacht agus coigilteas', tascfhórsa a cuireadh ar bun in 2024, athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas

([30]) Carroll et al. (2024), *Embracing Diversity in all its Forms: The Voluntary Secondary Sector in Ireland Education, Dublin* [Glacadh leis an Éagsúlacht i nGach Foirm: An Earnáil Dheonach Meánoideachais in Éirinn, Baile Átha Cliath]: An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

airgeadais, ar rialuithe costais, agus ar dhreasachtaí laistigh den earnáil cúraim sláinte. Beidh sé ríthábhachtach an plean gníomhaíochta uaidh a chur chun feidhme chun a áirithiú go bhfanfaidh an caiteachas ar chúram sláinte laistigh dá uasteorainn airgeadais athbhreithnithe in 2025. Tá coinne leis freisin go gcuirfidh bearta éagsúla ón bplean téarnaimh agus athléimneachta feabhas ar chostéifeachtacht, lena n-áirítear an córas comhtháite bainistíochta airgeadais agus córais ríomhchógaisíochta a chur in úsáid go hiomlán ar fud na n-ospidéal in Éirinn, chomh maith le cur chun feidhme an chonartha chomhairligh atá ina chuid de Sláintecare.

Tá dílárú an chórais sláinte faoi lán seoil. In 2024 chuir Éire tús le rolladh amach réigiúin sláinte ar bhonn forchéimnitheach, agus tá coinne leis sin go mbeifear in ann seirbhísí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr ar fud leibhéil éagsúla seirbhíse agus feabhas a chur ar rialú buiséid. Beidh sé ríthábhachtach córas bainistíochta feidhmíochta dea-shainithe a chur chun feidhme chun a áirithiú go n-éireoidh leis. Tá Éire ag cur feabhas ar a cuid seirbhísí cúraim phríomhúil áitiúla freisin tríd an gClár Cúraim Pobail Fheabhsaithe, lena n-áirítear an Clár um Bainistiú Galar Ainsealach atá i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann.

Is ga níos mó a dhéanamh chun an brú ar ospidéil a mhaolú. Chun an brú atá ar ospidéil faoi láthair a laghdú, tá gá le tuilleadh athchóirithe chun rochtain ar chúram príomhúil a éascú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le digitiú éifeachtach an chórais sláinte. Cé gur leathnaíodh cumhdach an chúraim phríomhúil phoiblí in 2024 trí chéimeanna éagsúla, den chuid is mó ní chumhdaíonn sé daoine fásta atá ag obair. Thairis sin, ceannaíonn beagnach leath den daonra árachas sláinte príobháideach chun na liostaí feithimh fada a sheachaint, rud a d'fhéadfadh éagothromaíochtaí sláinte a ghéarú. Tá an sciar de dhaonra na hÉireann a thuairiscíonn riachtanais cúraim leighis nach bhfreastalaítear orthu os cionn mheán an Aontais agus is é an cohórt is ísle ioncam a ndéantar an difear is mó dó. Tá údar le gníomhaíocht leantach ón rialtas chun cumhdach sláinte uilíoch a chur ar bun agus a chur chun feidhme. Ina theannta sin, dá n-úsáidfí straitéis maidir le soláthar foirne meántéarmach, chuirfí feabhas ar an bpleanáil caiteachais, chuideofaí le ganntanais foirne a sheachaint, agus dhéanfaí na liostaí feithimh a ghiorrú.

PRÍOMHTHORTHAÍ

Chun iomaíochas, inbhuanaitheacht agus cothroime shóisialta a chothú, thairbheodh Éire den mhéid seo a leanas:

- **an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme,** lena n-áirítear caibidil REPowerEU; an **beartas comhtháthaithe** a chur chun feidhme go pras, leas a bhaint as na deiseanna faoin athbhreithniú meántéarma agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí de chuid an Aontais, lena n-áirítear **InvestEU** agus **STEP**, chun feabhas a chur ar an iomaíochas;

- **infheistíocht phoiblí T&F a mhéadú agus tacú leis an méadú ar infheistíocht ghnó T&F** chun borradh a chur faoi tháirgiúlacht agus iomaíochas FBManna intíre;

- **airgeadas poiblí a dhéanamh slán i bhfad na haimsire** trína bhonn cánach a leathnú agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme agus ar thionchar an chaiteachais cánach;

- **a hathchóiriú pleanála a chur chun feidhme go héifeachtach** trí acmhainní agus saineolas leordhóthanach a chur ar fáil ar gach leibhéal rialtais;

- **aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar inbhuanaitheacht fhioscach agus cothromas an chórais cúraim sláinte** trína chostéifeachtacht a fheabhsú agus trí rochtain chomhionann ar chúram príomhúil a áirithiú**.**

- **ciorrú slándála fuinnimh a laghdú agus slándáil fuinnimh a fheabhsú** trí infheistíocht in eangacha leictreachais, solúbthacht agus acmhainneachtaí stórála a neartú, agus rannpháirtíocht tomhaltóirí i margaí fuinnimh a fheabhsú an tráth céanna;

- **spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh** trí phleanáil agus ceadú a chuíchóiriú;

- **éifeachtúlacht fuinnimh an stoic tithíochta agus foirgneamh a mhéadú** trí luas na ngníomhaíochtaí iarfheistithe a uas-scálú;

- **tá acmhainneacht bhreise in-athnuaite agus solúbthacht bhreise gaolta le nasc na n-úsáideoirí móra fuinnimh leis an eangach leictreachais a áirithiú;**

- **an t-aistriú chuig iompar inbhuanaithe a chur chun cinn** trí ghréasán luchtaithe poiblí leordhóthanach a áirithiú d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus trí iompar poiblí inbhuanaithe a neartú;

- **bonneagar uisce a threisiú** trí bhorradh a chur faoi infheistíochtaí i ngléasraí cóireála fuíolluisce chun rátaí arda sceite a laghdú agus cáilíocht an uisce a fheabhsú;

- **dlús a chur le hiarrachtaí sa gheilleagar ciorclach** trí bhearta breise a dhéanamh chun atreorú dramhaíola a dhreasú chun ord na réiteach dramhaíola agus athchúrsáil dramhaíola a mhéadú;

- **an soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú,** chun an easpa dídine a laghdú freisin, agus aghaidh a thabhairt ar shrianta acmhainneachta san earnáil tógála cónaithe;

- **margadh an tsaothair agus an cuimsiú sóisialta do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste a neartú,** go háirithe daoine faoi mhíchumas agus tuismitheoirí

aonair, trí fhor-rochtain agus uas-sciliú spriocdhírithe níos fearr a chur ar bun;

- **dlús a chur leis na bearta chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí;**

IARSCRÍBHINNÍ

Cúrsaí fioscacha 33

A1. Faireachán fioscach agus inbhuanaitheacht fiachais 33

A2. Cánachas 40

Táirgiúlacht 44

A3. Nuálaíocht i dtreo an ghnó 44

A4. Cúrsaí gnó a éascú 48

A5. Margaí caipitil, cobhsaíocht airgeadais agus rochtain ar mhaoiniú 53

A6. Creat institiúideach éifeachtach 63

Inbhuanaitheacht 69

A7. Tionscal glan agus maolú ar an athrú aeráide 69

A8. Aistriú fuinnimh inacmhainne 75

A9. Oiriúnú don athrú aeráide, ullmhacht agus an comhshaol 82

Cothroime 91

A10. Margadh an tsaothair 91

A11. Beartais shóisialta 96

A12. Oideachas agus scileanna 101

A13. Scórchlár Sóisialta 106

A14. Sláinte agus córais sláinte 107

Cothrománach 111

A15. Spriocanna forbartha inbhuanaithe 111

A16. Dul chun cinn na moltaí tírshonracha agus cur chun feidhme chistí an Aontais 114

A17. Réigiúin iomaíocha 121

LIOSTA NA DTÁBLAÍ

A1.1. Comhardú rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais 34
A1.2. Fás glanchaiteachais 34
A1.3. Glanchaiteachas (olltoradh agus réamhaisnéis), diallaí bliantúla agus carntha maidir leis an moladh 35
A1.4. Caiteachas ar an gcosaint 35
A1.5. Forbairtí agus réamhaisnéisí maicreacnamaíocha 35
A1.6. Riocht buiséadach an rialtais ghinearálta 36
A1.7. Forbairtí fiachais 36
A1.8. Deontais STA 37
A1.9. Athrú réamh-mheasta ar chaiteachas a bhaineann le haois in 2024-2040 agus 2024-2070 38

A1.10. Táscairí an Bhunachair Sonraí um Rialachas Fioscach 39
A2.1. Táscairí cánachais 42
A3.1. Príomhtháscairí nuálaíochta 47
A4.1. Cúrsaí Gnó a Éascú: táscairí. 51
A5.1. Táscairí airgeadais 61
A6.1. Táscairí roghnaithe maidir leis an laghdú agus an simpliú ar an ualach riaracháin 64
A6.2. Príomhspriocanna na Deacáide Digití a ndéantar faireachán orthu tríd an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach 65
A7.1. Príomhtháscairí maidir le tionscal glan agus maolú ar an athrú aeráide: Éire 73
A8.1. Príomhtháscairí Fuinnimh 81
A9.1. Príomhtháscairí lena rianaítear dul chun cinn maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, athléimneacht agus an comhshaol 89
A13.1. Scórchlár Sóisialta na hÉireann 106
A14.1. Príomhtháscairí sláinte 108
A16.1. Cistí roghnaithe de chuid an Aontais le leithdháiltí glactha — sonraí achoimre (EUR milliún) 116
A16.2. Tábla achoimre maidir le moltaí tírshonracha 2019-2024 118
A17.1. Rogha táscairí ar an leibhéal réigiúnach – Éire 122

LIOSTA NA NGRAF

A2.1. Sciartha den ioncam cánach in 2023 41
A2.2. Ding chánach do dhaoine aonair agus an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh mar % de na costais saothair iomlána, 2024 41
A2.3. Íocaíochtaí ioncaim infheistíochta dírí coigríche amach ó Éirinn agus ón gcuid eile de AE-27 i gcoibhneas le méid a ngeilleagar (in % de OTI agus OIN ar chlé) agus i ndearbhthéarmaí (EUR billiúin ar dheis), 2022 43
A3.1. Caiteachas poiblí ar T&F mar % de OTI agus OIN* 46
A4.1. Cúrsaí Gnó a Éascú: táscairí roghnaithe. 50
A5.1. Iarmhéid glan coigiltis-infheistíochta 54
A5.2. Staid infheistíochta idirnáisiúnta 55
A5.3. Margaí caipitil agus idirghabhálaithe airgeadais 56
A5.4. Comhdhéanamh de chistiú na gcorparáidí neamhairgeadais mar % de OTI 58
A5.5. Comhdhéanamh sócmhainní airgeadais teaghlaigh per capita agus mar % de OTI 60
A6.1. Muinín sa cheartas, in údaráis réigiúnacha/áitiúla agus sa rialtas 64
A6.2. Táscairí maidir le Beartas Rialála agus Rialachas 65
A6.3. Ráta rannpháirtíochta na ndaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois san fhoghlaim aosach (%) de réir gairme 67
A7.1. Déine astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-earnálacha monaraíochta agus dianfhuinnimh, 2022 71
A7.2. Astaíochtaí gás ceaptha teasa sna hearnálacha comhroinnte díchill, 2005 agus 2023 73
A8.1. Comhchodanna de phraghas miondíola fuinnimh do thomhaltóirí teaghlaigh agus neamhtheaghlaigh, 2024 76
A8.2. Meánphraghsanna leictreachais mórdhíola míosúla lá roimh ré agus praghsanna gáis nádúrtha tagarmhairc Eorpacha (Saoráid Aistrithe Teideal (TTF) na hÍsiltíre) 76
A8.3. Toilleadh in-athnuaite suiteáilte (ar chlé) agus meascán giniúna leictreachais na hÉireann (ar dheis) 79
A9.1. Spleáchas díreach (1) ar sheirbhísí éiceachórais(2) den oll-bhreisluach arna ghiniúint ag an earnáil eacnamaíoch in 2022 87
A9.2. Riachtanais agus bearnaí infheistíochta in EUR milliún, i bpraghsanna tairiseacha 2022 88
A10.1. Príomhtháscairí mhargadh an tsaothair 92
A12.1. Treocht sa tearcghnóthachtáil sa mhatamaitic de réir chúlra socheacnamaíoch na mac léinn, Clár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí (PISA) 2012-2022 (%) 102
A12.2. Rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint de réir leibhéal gnóthachtála oideachais 106
A14.1. Ionchas saoil tráth breithe, blianta 108
A14.2. Mortlaíocht inchóireáilte 108
A15.1. Dul chun cinn na hÉireann i dtreo SFIanna 113
A16.1. Dáileadh chistiú RRF in Éirinn de réir réimse beartais 116
A16.2. Dáileadh chistiúchán an bheartais comhtháthaithe ar chuspóirí beartais in Éirinn 116
A17.1. Meánfhás OTI in aghaidh an duine vs OTI in aghaidh an duine in 2013 123
A17.2. Táirgiúlacht saothair in aghaidh na huaire 124

LIOSTA NA LÉARSCÁILEANNA

A17.1. Innéacs Iomaíochais Réigiúnaigh 2.0, eagrán 2022, fo-innéacs Éifeachtúlachta 123

San Iarscríbhinn seo tá táblaí atá ábhartha don mheasúnú ar an staid fhioscach in Éirinn, lena n-áirítear an chaoi a bhfuil Éire ag freagairt do mholtaí ón gComhairle arna n-eisiúint faoin gCreat Rialachais Eacnamaíoch athchóirithe.

Is é is aidhm don chreat athchóirithe, creat a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024 ([31]), inbhuanaitheacht fiachais a neartú agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a chur chun cinn trí athchóirithe spreagtha fáis agus infheistíochtaí tosaíochta. Is iad na pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha (dá ngairtear pleananna anseo feasta) bunchloch an chreata, lena leagtar síos gealltanas buiséadach na mBallstát sa mheántéarma. Sainítear an dara ceann sin i dtéarmaí glanfhás caiteachais, arb é an táscaire oibríochtúil aonair le haghaidh faireachas fioscach é.

Chuir Éire a plean isteach an 15 Deireadh Fómhair 2024. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse go dtí 2029 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar thréimhse 4 bliana. An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle an Moladh lena bhformhuinítear plean na hÉireann ([32]).

Déantar an measúnú ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle lena bhformhuinítear plean na hÉireann ar bhonn sonraí olltoraidh ó Eurostat agus Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, agus an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn a chuir Éire isteach an 6 Bealtaine 2025 á cur san áireamh. Thairis sin, i gcomhthéacs na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 ([33]) maidir le freastal ar chaiteachas cosanta laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, tuairiscítear san Iarscríbhinn an méadú réamh-mheasta ar chaiteachas cosanta bunaithe ar Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún.

Eagraítear an Iarscríbhinn mar a leanas. Ar an gcéad dul síos, cuirtear forbairtí san **easnamh rialtais agus san fhiachas rialtais** i láthair bunaithe ar na figiúirí a thuairiscítear i dTábla A1.1. Ansin, déantar an measúnú ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle lena bhformhuinítear an plean, bunaithe ar na figiúirí ábhartha a chuirtear i láthair i dTáblaí A1.2 go A1.8, lena n-áirítear sonraí maidir le caiteachas cosanta.

Soláthraítear faisnéis san Iarscríbhinn freisin maidir le **costas an aosaithe** agus an **creat buiséadach náisiúnta**. Pléitear rioscaí inbhuanaitheachta fioscaí san Fhaireachán ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2024 ([34]).

Forbairtí san easnamh rialtais agus san fhiachas rialtais

Ba é 4,3 % de OTI barrachas rialtais na hÉireann in 2024. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go laghdóidh an barrachas sin go 0,7 % in 2025. Ba é 40,9 % an cóimheas fiachais rialtais–OTI ag deireadh 2024 agus, de réir an Choimisiúin, réamh-mheastar go laghdóidh sé go 38,6 % faoi dheireadh 2025. Léiríonn an laghdú ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais agus OTI in 2025 an barrachas rialtais réamh-mheasta den chuid is mó, agus an difreálach fabhrach idir an ráta úis agus an ráta fáis, arna cheartú le haghaidh coigeartuithe móra sreabhaidh i leith stoic. Réamh-mheastar go

([31]) Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach, mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme, agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát, is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad.

([32]) IO C, C/2025/667, 21.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/667/oj.

([33]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

([34]) An Coimisiún Eorpach (2025) 'Faireachán ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2024', *Geilleagar na hEorpa - Páipéir Institiúideacha* 306.

leanfaidh an fiachas de bheith ag laghdú in 2026, cé nach mbeidh sé chomh dinimiciúil céanna mar gheall ar laghdú ar bharrachas réamh-mheasta rialtais ghinearálta. Tá difríocht ann idir an comhardú rialtais ghinearálta in 2025 atá réamh-mheasta ag an gCoimisiún agus an figiúir atá tuartha ag Éirinn mar gheall ar dhifríochtaí sna toimhdí maicreacnamaíocha bunúsacha, chomh maith le fás níos láidre ar an gcaiteachas reatha arna mheas ag an gCoimisiún.

Tábla A1.1: **Comhardú rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais**

	Variables		2024	2025		2026	
			Outturn	APR	COM	APR	COM
1	General government balance	% GDP	4.3	1.5	0.7	1.0	0.1
2	General government gross debt	% GDP	40.9	37.7	38.6	35.9	38.2

Foinse: Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún (COM), Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

Forbairtí ar an nglanchaiteachas

Tá sé tuartha ag an gCoimisiún ([35]) go mbeidh fás glanchaiteachais ([36]) na hÉireann in 2025 os cionn an uasmhéid mholta, rud a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,3 % de OTI. Agus 2024 agus 2025 á gcur san áireamh le chéile, réamh-mheastar freisin ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis charnaigh a mholtar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall is lú ná 0,1 % de OTI. Tá difríocht ann idir ríomhanna an Choimisiúin ar an bhfás glanchaiteachais agus meastacháin na n-údarás náisiúnta mar gheall ar fhás caiteachais reatha níos láidre arna mheas ag an gCoimisiún, lena n-áirítear toimhdí éagsúla maidir le tionchar buan an phacáiste 'costas maireachtála' tar éis 2024 a fógraíodh i mBuiséad 2025. Tá an diall bliantúil in 2025 os cionn na tairsí 0,3 % de OTI.

Tábla A1.2: **Fás glanchaiteachais**

	Annual			Cumulative*		
	REC	APR	COM	REC	APR	COM
	Growth rates					
2024	n.a.	8.0%	8.2%	n.a.	n.a.	n.a.
2025	5.1%	5.3%	6.7%	15.4%	13.7%	15.5%
2026	6.5%	5.9%	6.2%	22.8%	n.a.	22.7%

* Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2023.

Foinse: Moladh ón gComhairle lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÉireann, an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn agus ríomh an Choimisiúin bunaithe ar Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún.

Idir 2021 agus 2023 bhí caiteachas ginearálta cosanta an rialtais in Éirinn cobhsaí, is é sin 0,2 % de OTI ([37]). De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,2 % de OTI a bheidh sa chaiteachas ar chosaint in 2024 agus 2025.

([35]) Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, *Geilleagar na hEorpa - Páipéar institiúideach 318*, Bealtaine 2025.

([36]) Sainmhínítear glanchaiteachas in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263 mar chaiteachas rialtais atá glan ar (i) chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([37]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

Tábla A1.3: **Glanchaiteachas (olltoradh agus réamhaisnéis), diallaí bliantúla agus carntha vis-à-vis an moladh**

	Variables		2023	2024	2025	2026
			Outturn	Outturn	COM	COM
1	Total expenditure	bn NAC	115.9	125.1	133.4	141.9
2	Interest expenditure	bn NAC	3.4	3.2	3.4	3.5
3	Cyclical unemployment expenditure	bn NAC	-0.1	-0.1	-0.1	-0.3
4	Expenditure funded by transfers from the EU	bn NAC	0.7	0.3	0.3	0.3
5	National co-financing of EU programmes	bn NAC	0.5	0.6	0.6	0.6
6	One-off expenditure (levels, excl. EU funded)	bn NAC	0.0	0.0	0.0	0.0
7=1-2-3-4-5-6	**Net nationally financed primary expenditure (before discretionary revenue measures, DRM)**	**bn NAC**	**111.4**	**121.1**	**129.3**	**137.7**
8	Change in net nationally financed primary expenditure (before DRM)	bn NAC		9.7	8.2	8.4
9	DRM (excl. one-off revenue, incremental impact)	bn NAC		0.5	0.0	0.4
10=8-9	**Change in net nationally financed primary expenditure (after DRM)**	**bn NAC**		**9.2**	**8.1**	**8.0**
11	Outturn / forecast net expenditure growth	% change		8.2%	6.7%	6.2%
12	Recommended net expenditure growth*	% change		9.8%	5.1%	6.5%
13=(11-12) x 7	Annual deviation	bn NAC		-1.7	2.0	-0.4
14 (cumulated from 13)	Cumulated deviation	bn NAC		-1.7	0.2	-0.2
15=13/17	**Annual balance**	**% GDP**		**-0.3**	**0.3**	**-0.1**
16=14/17	**Cumulated balance**	**% GDP**		**-0.3**	**0.0**	**0.0**
17	p.m. Nominal GDP	bn NAC	510.0	533.4	566.5	592.6

* Ní moladh é an ráta fáis le haghaidh 2024, tá sé ina bhonn tagartha, ós rud é gurb í an bhliain 2023 an bhliain is déanaí le sonraí olltoraidh agus an chonair ghlanchaiteachais á socrú.

Foinse: Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún agus ríomh an Choimisiúin.

Tábla A1.4: **Caiteachas ar an gcosaint**

			2021	2022	2023	2024	2025	2026
1	Total defence expenditure	% GDP	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2	0.2
2	*of which: gross fixed capital formation*	% GDP	0.0	0.0	0.1	0.0	0.0	0.0
3	Flexibility from increases in defence expenditure	% GDP					#N/A	#N/A
4	**Cumulated balance after flexibility**	**% GDP**					**#N/A**	**#N/A**

Foinse: Eurostat (COFOG), Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún agus ríomh an Choimisiúin.

Tábla A1.5: **Forbairtí agus réamhaisnéisí maicreacnamaíocha**

	Variables		2024	2025		2026	
			Outturn	APR	COM	APR	COM
1=7+8+9	**Real GDP**	**% change**	**1.2**	**4.1**	**3.4**	**3.4**	**2.5**
2	Private consumption	% change	2.3	2.8	2.4	2.5	2.3
3	Government consumption expenditure	% change	4.0	2.3	2.9	2.5	3.6
4	Gross fixed capital formation	% change	-25.4	24.3	22.4	4.9	1.4
5	Exports of goods and services	% change	11.7	2.3	1.3	3.4	2.8
6	Imports of goods and services	% change	6.5	4.3	3.2	3.3	2.7
	Contributions to real GDP growth						
7	- Final domestic demand	pps	-4.8	5.3	4.9	2.0	1.4
8	- Change in inventories	pps	-3.0	0.0	0.0	0.0	0.0
9	- Net exports	pps	9.1	-1.2	-1.4	1.4	1.2
10	Output gap	% pot GDP	-1.2	-1.2	-0.6	-0.9	-0.6
11	Employment	% change	2.7	2.0	1.7	1.5	1.2
12	Unemployment rate	%	4.3	4.2	4.3	4.5	4.4
13	Labour productivity	% change	-1.4	2.1	1.6	1.9	1.3
14	HICP	% change	1.3	2.1	1.6	2.1	1.4
15	GDP deflator	% change	3.3	2.6	2.7	2.3	2.1
16	Compensation of employees per head	% change	3.5	4.0	3.4	4.0	3.3
17	Net lending/borrowing vis-à-vis the rest of the world	% GDP	13.6	n.a.	9.4	n.a.	8.5

Foinse: Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún (COM), Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

Tábla A1.6: **Riocht buiséadach an rialtais ghinearálta**

	Variables (% GDP)	2024	2025		2026	
		Outturn	APR	COM	APR	COM
1=2+3+4+5	**Revenue**	**27.8**	**24.6**	**24.3**	**24.3**	**24.0**
	of which:					
2	- Taxes on production and imports	6.7	6.6	6.5	6.5	6.4
3	- Current taxes on income, wealth, etc.	12.4	11.9	11.8	11.7	11.5
4	- Social contributions	4.3	4.3	4.3	4.4	4.3
5	- Other (residual)	4.4	1.8	1.8	1.7	1.7
8=9+16	**Expenditure**	**23.5**	**23.1**	**23.6**	**23.3**	**23.9**
	of which:					
9	- Primary expenditure	22.8	22.5	23.0	22.7	23.3
	of which:					
10	- Compensation of employees	6.4	6.2	6.4	6.2	6.4
11	- Intermediate consumption	3.8	3.7	3.7	3.7	3.7
12	- Social payments	8.0	7.7	7.8	7.6	7.9
13	- Subsidies	0.5	0.5	0.5	0.5	0.5
14	- Gross fixed capital formation	2.7	2.8	2.8	3.0	3.1
15	- Other	1.6	1.6	1.8	1.7	1.7
16	- Interest expenditure	0.6	0.6	0.6	0.6	0.6
18=1-8	**General government balance**	**4.3**	**1.5**	**0.7**	**1.0**	**0.1**
19=1-9	**Primary balance**	**4.9**	**2.1**	**1.3**	**1.6**	**0.6**
20	Cyclically adjusted balance	4.9	n.a.	1.0	n.a.	0.4
21	One-offs	2.6	0.0	0.0	0.0	0.0
22=20-21	**Structural balance**	**2.3**	**2.1**	**1.0**	**1.5**	**0.4**
23=22+16	Structural primary balance	2.9	2.7	1.6	2.1	1.0

Foinse: Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún (COM), Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

Tábla A1.7: **Forbairtí fiachais**

	Variables	2024	2025		2026	
		Outturn	APR	COM	APR	COM
1	**Gross debt ratio* (% of GDP)**	**40.9**	**37.7**	**38.6**	**35.9**	**38.2**
2=3+4+8	Change in the ratio (pps. of GDP)	-2.4	-3.2	-2.3	-1.8	-0.4
	Contributions**					
3	**Primary balance**	**-4.9**	**-2.1**	**-1.3**	**-1.6**	**-0.6**
4≈5+6+7	**'Snow-ball' effect**	**-1.3**	**-2.0**	**-1.8**	**-1.5**	**-1.1**
	of which:					
5	- Interest expenditure	0.6	0.6	0.6	0.6	0.6
6	- Real growth effect	-0.5	-1.6	-1.3	-1.2	-0.9
7	- Inflation effect	-1.4	-1.0	-1.1	-0.9	-0.8
8	**'Stock-flow' adjustment**	**3.9**	**0.9**	**0.9**	**1.3**	**1.3**

* Deireadh na tréimhse.

** Leis an éifeacht charnach sin, léirítear tionchar an chaiteachais úis ar fhiachas carntha rialtais ghinearálta, chomh maith leis an tionchar atá ag fíorfhás OTI agus boilsciú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI (tríd an ainmneoir). Cuimsíonn na coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic difríochtaí in airgead tirim agus i gcuntasaíocht fabhraithe (lena n-áirítear luathuithe agus moillithe in eisíocaíochtaí deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta), carnadh sócmhainní airgeadais, agus luacháil agus éifeachtaí iarmharacha eile.

Foinse: Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún agus ríomh an Choimisiún, Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

Tábla A1.8: **Deontais STA**

	Revenue from RRF grants (% of GDP)							
		2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
1	RRF grants as included in the revenue projections	n.a.	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
2	Cash disbursements of RRF grants from EU	n.a.	0.0	0.0	0.0	0.1	0.0	0.1

	Expenditure financed by RRF grants (% of GDP)							
		2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
3	Total current expenditure	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
4	Gross fixed capital formation	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
5	Capital transfers	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
6=4+5	Total capital expenditure	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0

	Other costs financed by RRF grants (% of GDP)							
		2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
7	Reduction in tax revenue	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
8	Other costs with impact on revenue	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
9	Financial transactions	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0

Foinse: An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

Costas an aosaithe

Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas iomlán a bhaineann le haois in Éirinn ó thart ar 12 % de OTI in 2024 go thart ar 14 % in 2040 agus thart ar 17 % in 2070 (féach Tábla A1.9**).** Tagann an méadú 5 phointe céatadáin sin as an ardú réamh-mheasta ar chaiteachas pinsin, caiteachas cúraim sláinte agus caiteachas cúraim fhadtéarmaigh. D'ainneoin na treochta in airde, d'fhanfadh an caiteachas a bhaineann le haois go mór faoi bhun mheánchaiteachas an Aontais a bhaineann le haois. Thiocfadh méadú ar an gcóimheas idir caiteachas pinsin agus OTI ó 3,6 % de OTI in 2024 go 6,6 % de faoi 2070, rud a bheadh ar cheann de na leibhéil chaiteachais is ísle san Aontas fós.

Réamh-mheastar gurb é 4,1 % de OTI in 2024 a bheidh sa chaiteachas poiblí ([38]) ar chúram sláinte (faoi bhun mheán 6,6 % an Aontais, cé go ndéanann fadhbanna inchomparáideachta OTI na hÉireann difear dó sin ar ndóigh) agus tá coinne leis go dtiocfaidh méadú 0,7 pointe céatadáin air faoi 2040 agus méadú 0,8 pointe céatadáin eile faoi 2070. Cuireann an méadú sin ar an gcaiteachas ar chúram sláinte go mór leis an riosca fioscach. Chun costéifeachtacht an chórais sláinte a fheabhsú, tá Tascfhórsa maidir le Táirgiúlacht agus Coigilteas curtha ar bun ag an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. I measc na réimsí beartais a bhfuiltear ag díriú orthu tá caiteachas cógaisíochta, costais neamhíocaíochta, costais soláthair, costas an chúraim chónaithe fhadtéarmaigh do dhaoine níos sine, agus costais comhairliúcháin bainistíochta.

Réamh-mheastar gurb é 1,2 % de OTI in 2024 a bheidh sa chaiteachas poiblí ([39]) ar chúram fadtéarmach (faoi bhun mheán 1,7 % an Aontais, cé go ndéanann fadhbanna inchomparáideachta OTI na hÉireann difear dó sin ar ndóigh) agus tá coinne leis go dtiocfaidh méadú 0,4 pointe céatadáin de OTI air faoi 2040 agus méadú 1 phointe céatadáin eile de faoi 2070.

([38]) Pléitear príomhthréithe feidhmíochta, athchóirithe a rinneadh le déanaí agus infheistíochtaí a rinneadh le déanaí in Iarscríbhinn 11 'Sláinte agus córais sláinte'.

([39]) Cumhdaítear cáilíocht agus inrochtaineacht an chórais cúraim fhadtéarmaigh in Iarscríbhinn 9 'Beartais shóisialta'.

Tábla A1.9: **Athrú réamh-mheasta ar chaiteachas a bhaineann le haois in 2024-2040 agus 2024-2070**

	age-related expenditure 2024 (% GDP)	change in 2024-2040 (pps GDP) due to: pensions	healthcare	long-term care	education	total	age-related expenditure 2040 (%GDP)	
IE	11.6	*1.4*	*0.7*	*0.4*	*-0.5*	***2.0***	13.6	**IE**
EU	24.3	*0.5*	*0.3*	*0.4*	*-0.3*	***0.9***	25.2	EU

	age-related expenditure 2024 (% GDP)	change in 2024-2070 (pps GDP) due to: pensions	healthcare	long-term care	education	total	age-related expenditure 2070 (%GDP)	
IE	11.6	*3.0*	*1.5*	*1.4*	*-0.5*	***5.3***	16.9	**IE**
EU	24.3	*0.2*	*0.6*	*0.8*	*-0.4*	***1.3***	25.6	EU

Foinse: Tuarascáil 2024 maidir le hAosú (CE/Lárionad Beartais na hEorpa).

Creat buiséadach náisiúnta

Is institiúid fhioscach neamhspleách réasúnta beag í Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann a dhíríonn ar phríomhchúraimí na n-institiúidí airgeadais idirnáisiúnta ach tá straitéis chumarsáide ghníomhach nuálach aici. Tá duine ar bhord na Comhairle nach Éireannach é, tá idirphlé réasúnta gníomhach leis an bParlaimint agus láithreacht sna meáin acu, ach d'fhéadfaí feabhas a chur ar an idirphlé beartais leis an rialtas. Is é an tAire Airgeadais a dhéanann daoine a cheapadh chuig an mBord, ach déanann Coiste roghnúcháin an gearrliosta a tharraingt suas, lena n-áirítear an Cathaoirleach reatha agus páirtí leasmhar seachtrach. Déantar athbhreithnithe seachtracha tráthrialta ar an gComhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann.

Tá dea-chleachtais ag Éirinn maidir le tionscadail infheistíochta a mheasúnú agus a roghnú, ach d'fhéadfaí feabhas a chur ar chleachtais maidir le buiséadú caipitil agus athbhreithnithe *ex post*. Leagtar amach sna Treoirlínte Infheistíochta na riachtanais maidir le luach ar airgead chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail infheistíochta poiblí in Éirinn, iad a phleanáil agus iad a bhainistiú. I gcás mórthionscadal (i.e. tionscadail os cionn EUR 200 milliún), tuairiscíonn Éire córas sonrach athbhreithnithe saineolaithe neamhspleácha ag dhá chéim le linn shaolré an tionscadail ([40]). Déantar uasteorainneacha caipitil ilbhliantúla a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rollach bliantúil chun síneadh bliana a chur leis an gcreat, agus déantar caipiteal a leithreasú ar bhonn bliantúil ([41]) Úsáideann an Oifig Náisiúnta um Infheistíochta uirlis mhapála darb ainm MoThionscadalÉireann agus Rianaire Infheistíochta (Investment Tracker) chun tuairisciú a dhéanamh ar sheachadadh tionscadal/clár, lena n-áirítear maidir le comhsheasmhacht agus ailíniú laistigh de Thionscadal Éireann 2040 lena mbaineann fís ardleibhéil ([42]). Sonraítear i Rianaire na Mórthionscadal Caipitil (Major Capital Projects Tracker) na hinfheistíochtaí caipitiúla atá le tosú sna 4 bliana amach romhainn agus tugtar cothrom le dáta é tar éis fhoilsiú an Phlean Forbartha Náisiúnta ([43]). I gcás gach tionscadail infheistíochta, leis an gCód um Infheistíochtaí Poiblí ceanglaítear ar an ngníomhaireacht urraíochta meastóireacht *ex-post* a dhéanamh ar an tionscadal a luaithe a bheidh am leordhóthanach caite chun go dtiocfaidh na tairbhí agus na torthaí chun cinn, idir 3

([40]) Belu Manescu, C. (2024), *"The planning of public investments in the EU Member States: long-term strategy, selection and budgeting issues."*, Plépháipéar 213 maidir le Geilleagar an Aontais.

([41]) An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), 2017, Éire – Tuarascáil um Chúnamh Teicniúil – Measúnú ar Bhainistíocht Infheistíochta Poiblí

([42]) Tá léarscáil idirghníomhach MoThionscadalÉireann, atá ar fáil i leagan deisce agus fóin póca, agus Rianaire na Mórthionscadal Caipitil i bhformáid excel le fáil anseo. Ó R1 2023, díríonn an Rianaire ar bheagnach 320 tionscadal agus 140 clár, lena n-áirítear beagnach 100 tionscadal is mó a luach ná EUR 50 milliún.

([43]) Rialtas na hÉireann. (2023). "Project Ireland 2040: prospects 2023/2024: Ireland's Major Infrastructure Project Pipeline", doiciméad a d'ullmhaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

agus 5 bliana de ghnáth. Ní choinnítear cláir sócmhainní ina sonraítear staid na sócmhainní fisiceacha ar bun ([44]).

Tá Éire ar thús cadhnaíochta maidir leis an mbuiséadú glas, i bhfianaise an ioncaim agus an chaiteachais araon. Thosaigh sí ag rianú an chaiteachais a bhaineann leis an aeráid le haghaidh bhuiséad 2020 agus ó shin i leith leathnaigh sí an mhodheolaíocht chun caiteachais atá fabhrach agus neamhfhabhrach don aeráid agus don chomhshaol thar na sé ghné de Thacsanomaíocht an Aontais a chainníochtú go córasach. Mar chomhlánú air sin, déantar anailís ar na gnéithe céanna maidir le cánacha agus caiteachas cánach. Chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht bhuiséadach, déantar measúnú tionchair aeráide *ex-ante* agus clibeáil bhuiséadach a chomhtháthú sa timthriall buiséadach. Ar mhaithe le trédhearcacht, foilsítear tuarascálacha bliantúla in éineacht le modheolaíochtaí agus nótaí treorach nuashonraithe lena n-áirithítear cur i bhfeidhm comhsheasmhach cleachtas.

Tábla A1.10: **Táscairí an Bhunachair Sonraí um Rialachas Fioscach**

2023	Ireland	EU Average
Country Fiscal Rule Strength Index (C-FRSI)	12.09	14.52
Medium-Term Budgetary Framework Index (MTBFI)	0.67	0.73

Léirítear san Innéacs maidir le Neart na Rialacha Fioscacha Tíre neart na rialacha fioscacha náisiúnta arna gcomhiomlánú ar leibhéal na tíre bunaithe ar i) an bunús dlí, ii) cé chomh ceangailteach atá an riail, iii) comhlachtaí faireacháin, iv) sásraí ceartúcháin, agus v) athléimneacht in aghaidh suaití. Léiríonn Innéacs an Chreata Bhuiséadaigh Mheántéarmaigh neart an an chreata bhuiséadaigh mheántéarmaigh náisiúnta bunaithe ar i) cumhdach na spriocanna/uasteorainneacha atá sna pleananna fioscacha meántéarmacha náisiúnta; ii) a nasctha atá na spriocanna/uasteorainneacha sin agus na buiséid bhliantúla; iii) rannpháirtíocht na parlaiminte náisiúnta in ullmhú na bpleananna; iv) rannpháirtíocht institiúidí fioscacha neamhspleácha ina n-ullmhú; agus v) a leibhéal mionsonraithe. Ciallaíonn scór níos airde neart níos airde sna rialacha agus sa chreat buiséadach meántéarmach.


Foinse: An Bunachar Sonraí um Rialachas Fioscach

([44]) CAI, 2017, Éire: Tuarascáil um Chúnamh Teicniúil – measúnú ar bhainistíocht infheistíochta poiblí, Tuarascáil Tíre CAI uimh. 17/333.

Tugtar forléargas táscaire-bhunaithe san Iarscríbhinn seo ar chóras cánach na hÉireann. Tá faisnéis inti maidir leis an méid seo a leanas: (i) an struchtúr cánach (na cineálacha cánach óna bhfaigheann Éire an chuid is mó dá hioncam); (ii) an t-ualach cánach ar oibrithe; agus (iii) forchéimnitheacht agus éifeacht athdháilte an chórais cánach. Soláthraíonn sé faisnéis freisin maidir le bailiú agus comhlíonadh cánach, agus maidir leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht pleanála ionsaithí cánach.

Tá bonn cánach na hÉireann comhchruinnithe, agus braitheann sé ar chánacha corparáide ó fhiontair atá faoi úinéireacht eachtrach. Tháinig méadú 9,8 % ar an ioncam cánach iomlán in 2024 i gcoibhneas le 2023, go dtí EUR 102,8 billiún. Tháinig méadú 18 % ar ioncam ó cháin chorparáide i gcomparáid le 2023 go dtí an leibhéal is airde riamh, is é sin EUR 28.1 billiún, agus tháinig 88 % de na fáltais sin ó chuideachtaí ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach. Ní chumhdaítear sna figiúirí sin an t-ioncam aonuaire EUR 14 bhilliún atá á bhailiú ag Éirinn ó Apple, ar dheonaigh Éire Státchabhair go neamhdhleathach dó, de réir an rialaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 10 Meán Fómhair 2024. Aistríodh formhór an ioncaim a d'eascair as an rialú sin cheana féin in 2024. Cé go bhfuil an t-ioncam ó chánachas corparáideach sách ard in Éirinn, bhí na meánrátaí cánach éifeachtacha réamhbhreathnaitheacha ar ioncam corparáideach 6,2 pointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais in 2023 (12,7 % in Éirinn vs 18,9 % ar an meán san Aontas).


Graf A2.1: **Sciartha den ioncam cánach in 2023**



Foinse: Sonraí faoi Threochtaí Cánachais, AS TAXUD

Tá an t-ualach cánach saothair in Éirinn an-íseal, ach tá an cánachas saothair níos forásaí. Níl sciar na hÉireann de chánacha saothair mar chéatadán de OTI cothrom le leath de mheán an Aontais fiú, agus tá sé fós faoi bhun mheán an Aontais nuair a dhéantar é a choigeartú do OIN* (féach Tábla A2.1 thíos). In 2023 bhí an ding chánach shaothair in Éirinn i bhfad faoi bhun mheán an Aontais ar mheánleibhéil agus leibhéil ísle ioncaim (féach Graf A2.2) ([45]). Ina theannta sin, bhí an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ar leibhéal pá 67 % den mheánphá, a bhfuil a chéile ag tuilleamh an meánphá, faoi réir ding chánach atá níos ísle ná meán an Aontais. Gearradh cáin ar na dara daoine sa teaghlach atá ag tuilleamh níos mó ná ar dhaoine aonair ar an leibhéal céanna pá, áfach. Bhí an difríocht idir an ding chánach le haghaidh daoine a bhfuil ioncam ard agus ioncam íseal acu (167 % agus 50 % den mheánphá) ar cheann de na cinn is airde san Aontas, rud a léiríonn forchéimnitheacht ard an chórais cánach saothair. Tá cumas an chórais sochair-chánach Éireannaigh éagothroime ioncaim a laghdú mar a thomhaistear é le comhéifeacht Gini i bhfad os cionn mheán an Aontais (féach Tábla A2.1).

Graf A2.2: **Ding chánach do dhaoine aonair agus an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh mar % de na costais saothair iomlána, 2024**



Leis an ding chánach maidir leis an an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, toimhdítear go bhfuil an chéad duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ag 100 % den mheánphá agus nach bhfuil aon leanaí acu. Le haghaidh mhodheolaíocht na dinge cánach don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, féach ECFE, 2016, *Taxing Wages 2014-2015*.
Foinse: An Coimisiún Eorpach

Tá an leibhéal ioncaim a bhailítear ó chánachas comhshaoil in Éirinn faoi bhun

([45]) Sainmhínítear an ding chánach mar shuim na gcánacha ar ioncam pearsanta agus na ranníocaíochtaí slándála sóisialta ó fhostaithe agus fostóirí, glan ó liúntais teaghlaigh, arna sloinneadh mar chéatadán de na costais saothair iomlána (suim an ollphá agus na ranníocaíochtaí slándála sóisialta arna n-íoc ag an bhfostóir).

mheán an Aontais. Ba é EUR 4,4 billiún méid na gcánacha comhshaoil iomlána in Éirinn in 2022, is é sin 0,9 % dá OTI (meán an Aontais: 2,0 %). Ba iad na cánacha fuinnimh an chuid ba mhó de na cánacha comhshaoil, is é sin 0,5 % de OTI, méid atá níos ísle ná meán 1,6 % an Aontais. Maidir le cánacha iompair, ar 0,4 % de OTI, bhí siad timpeall ar leibhéal mheán an Aontais (0,4 %). Níl i gcánacha ar thruailliú agus ar acmhainní ach 0,4 % de chánacha comhshaoil, méid is lú ná 0,01 % OTI. Tá féidearthacht ann cur i bhfeidhm an phrionsabail 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a neartú. Níl ach dhá cheann de na sé phríomhchineál cánacha ar thruailliú agus ar acmhainní curtha i bhfeidhm ag Éirinn (i.e. cánacha ar líonadh talún le dramhaíl agus ar tháirgí plaisteacha). Tá deis ann fós cánacha ar dhiúscairt dramhaíola a leathnú (loscadh san áireamh) agus na ceithre chineál eile cánach comhshaoil a chur i bhfeidhm (i.e. cánacha ar astaíochtaí NOx, scaoileadh dramhaíola in uisce, leasacháin agus lotnaidicídí).

I mbuiséad 2025 na hÉireann, tugadh isteach roinnt bearta cánach chun tacú le hoibrithe, gnólachtaí agus tithíocht. Maidir le cáin ioncaim phearsanta, méadaíodh go leor creidmheasanna cánach tríd an mbuiséad, lena n-áirítear an creidmheas cánach pearsanta, an creidmheas cánach fostaí, an creidmheas cánach do chúramóir baile, an creidmheas cánach cúramóra linbh do dhuine singil agus an creidmheas cánach i leith leanbh éagumasaithe. Méadaíodh creidmheasanna cánach agus faoisimh do ghnólachtaí freisin. Ar deireadh, chun feabhas a chur ar inacmhainneacht tithíochta do theaghlaigh aonair, méadaíodh an creidmheas cánach cíosa agus an faoiseamh ar ús morgáiste araon, agus méadaíodh an cháin um thithe folmha chun úsáid nó díol tithe folmha a spreagadh. Ina theannta sin, méadaíodh an dleacht stampa ar cheannacháin réadmhaoine cónaithe ar an mórchóir ó 10 % go 15 %, arb é is aidhm dó sin srian a chur le fálacha mórscála tithíochta lena gcuirtear teorainn le hinfhaighteacht tithíochta do cheannaitheoirí aonair.

Ina theannta sin, chuir Éire athchóirithe i gcrích faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a raibh sé d'aidhm acu bonn cánach na tíre a leathnú agus ioncam cánach a mhéadú. Tá an méid seo a leanas mar chuid de na hathchóirithe sin: (i) rialacha cónaithe corparáide a athrú, deireadh a chur leis an bhféidearthacht do chomhlacht corpraithe a bheith corpraithe in Éirinn ach gan bheith ina chónaí inti chun críoch cánach (na struchtúir 'dhúbailte Éireannacha') ó 2015 ar aghaidh (ach amháin má tá cónaí air i dtír chomhpháirtíochta chonartha); agus (ii) leasú a dhéanamh ar na rialacha ríomha maidir le liúntais caipitil le haghaidh sócmhainní doláimhsithe, rud a cuireadh chun feidhme tríd an Acht Airgeadais 2020. A mhéid a bhaineann le cánachas comhshaoil, sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tá beart chun cáin charbóin na hÉireann a mhéadú go seasta faoi EUR 7,50 in aghaidh an tona carbóin a úsáidtear gach bliain ó 2021 ar aghaidh go dtí 2025 (an leibhéal reatha: EUR 63,50). Méadófar é go EUR 100 faoi 2030.


Chun aghaidh a thabhairt ar an bpleanáil ionsaitheach cánach, tá athchóiriú déanta ag Éirinn ar a cuid dlíthe maidir le cánacha siarchoinneálacha a fhorchuirtear ar íocaíochtaí úis, díbhinní agus ríchíosa amach. Tá an Coimisiún ag iarraidh ar Éirinn le fada an lá pleanáil ionsaitheach cánach A19.1 a chosc. Tá feidhm thábhachtach ag íocaíochtaí amach i ngeilleagar na hÉireann (Graf A2.3). Go háirithe, tá íocaíochtaí ríchíosa amach na hÉireann níos airde ná an chuid eile den Aontas le chéile. Tar éis Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann, tá reachtaíocht nua ann chun cosc a chur le haistrithe brabús saor ó cháin chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad trí íocaíochtaí úis, ríchíosa nó díbhinne agus tá sí i bhfeidhm ó bhí mí Aibreáin 2024 ann. Leis sin, áirithítear go bhfuil íocaíochta amach chuig eintitis chomhlachaithe i ndlínsí

Tábla A2.1: **Táscairí cánachais**

		Ireland					EU-27				
		2010	2021	2022	2023	2024	2010	2021	2022	2023	2024
Tax structure	Total taxes (including compulsory actual social contributions) (% of GDP)	27.8	20.1	20.3	21.9		37.8	40.2	39.7	39.0	
	Total taxes (including compulsory actual social contributions) (% of GNI)*	*32.6*	*37.7*	*39.6*	*38.5*						
By tax base	Taxes on labour (% of GDP)	12.2	8.5	8.4	9.2		19.8	20.5	20.1	20.0	
	Taxes on labour (% of GNI)*	*14.3*	*16.0*	*16.4*	*16.1*						
	of which, social security contributions (SSC, % of GDP)	5.1	3.1	3.1	3.4		12.9	13.0	12.7	12.7	
	of which, social security contributions (SSC, % of GNI)*	*5.9*	*5.8*	*6.0*	*6.0*						
	Taxes on consumption (% of GDP)	9.9	5.7	5.3	5.7		10.9	11.2	10.9	10.5	
	Taxes on consumption (% of GNI)*	*11.6*	*10.8*	*10.4*	*10.0*						
	of which, value added taxes (VAT, % of GDP)	6.0	3.7	3.7	4.0		6.8	7.3	7.4	7.1	
	of which, value added taxes (VAT, % of GNI)*	*7.0*	*7.0*	*7.2*	*7.0*						
	Taxes on capital (% of GDP)	5.7	5.8	6.6	7.0		7.1	8.5	8.7	8.5	
	Taxes on capital (% of GNI)*	*6.7*	*11.0*	*12.8*	*12.4*						
Some tax types	Personal income taxes (PIT, % of GDP)	8.7	6.5	6.3	6.8		8.6	9.6	9.4	9.3	
	Personal income taxes (PIT, % of GNI)*	*10.2*	*12.2*	*12.3*	*11.9*						
	Corporate income taxes (CIT, % of GDP)	2.4	3.4	4.4	4.7		2.2	2.9	3.2	3.2	
	Corporate income taxes (CIT, % of GNI)*	*2.8*	*6.5*	*8.5*	*8.3*						
	Total property taxes (% of GDP)	1.4	1.0	0.9	0.9		1.9	2.2	2.1	1.9	
	Total property taxes (% of GNI)*	*1.6*	*1.9*	*1.8*	*1.6*						
	Recurrent taxes on immovable property (% of GDP)	0.8	0.4	0.4	0.4		1.1	1.1	1.0	0.9	
	Recurrent taxes on immovable property (% of GNI)*	*0.9*	*0.7*	*0.8*	*0.8*						
	Environmental taxes (% of GDP)	2.5	1.1	0.9	1.0		2.5	2.4	2.1	2.0	
	Environmental taxes (% of GNI)*	*2.9*	*2.1*	*1.7*	*1.7*						
	Effective carbon rate in EUR per tonne of CO_2 equivalents	NA	60.2	NA	54.8		NA	86.0	NA	84.8	
Progressivity & fairness	Tax wedge at 50% of average wage (single person) (*)	16.3	22.8	22.7	23.0	22.7	33.9	31.8	31.5	31.5	31.8
	Tax wedge at 100% of average wage (single person) (*)	30.9	35.9	35.6	35.6	35.1	40.9	39.9	39.9	40.2	40.3
	Corporate income tax - effective average tax rates (1) (*)	12.9	12.7	12.7	12.7		21.3	19.3	19.1	18.9	
	Difference in Gini coefficient before and after taxes and cash social transfers (pensions excluded from social transfers) (2) (*)	20.5	16.4	15.3	15.3		8.6	8.2	7.9	7.7	
Tax administration & compliance	Outstanding tax arrears: total year-end tax debt (including debt considered not collectable) / total revenue (in %) (*)		6.3	4.7				35.5	32.6		
	VAT gap (% of VAT total tax liability, VTTL) (**)		-1.1	1.6				6.6	7.0		

(1) Ráta cánach éifeachtach réamhbhreathnaitheach (KPMG).
(2) Tugann luach níos airde le fios go bhfuil tionchar athdháilte níos láidre ag an gcánachas.
(*) Meán simplí AE-27.
(**) Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an mbearna CBL, féach an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Chánachas agus um an Aontas Custaim, An bhearna CBL san Aontas Eorpach - tuarascáil 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2778/2476549. Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an ioncam ó cháin mar aon leis an modheolaíocht a úsáidtear, féach an leathanach gréasáin Sonraí maidir le Cánachas, https://ec.europa.eu/taxation_customs/taxation-1/economic-analysis-taxation/data-taxation_en.
Foinse: An Coimisiún Eorpach, ECFE

Graf A2.3: **Íocaíochtaí ioncaim infheistíochta dírí coigríche amach ó Éirinn agus ón gcuid eile de AE-27 i gcoibhneas le méid a ngeilleagar (in % de OTI agus OIN ar chlé) agus i ndearbhthéarmaí (EUR billiúin ar dheis), 2022**



Foinse: Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh, an Coimisiún Eorpach

áirithe faoi réir cáin shiarchoinneálach. Ar na dlínsí sin tá na dlínsí a liostaítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach chomh maith le dlínse cánach nialasaí agus dlínse gan cháin. Níl feidhm ag an reachtaíocht nua, áfach, i gcás ina bhfuil conradh cánach déthaobhach i bhfeidhm. Más amhlaidh an cás, má dhéantar faireachán breise cuirfear cosc ar neamhchánachas. Ina theannta sin, ní chumhdaítear aon dlínsí cánach ísle (ina bhfuil rátaí cánach corparáidí idir 0 % agus 9 % ([46]) sa reachtaíocht nua. Ar deireadh, sa sainmhíniú ar eintitis chomhlachaithe ní chumhdaítear eintitis a bhfuil baint acu leis an duine aonair céanna nó le daoine aonair a bhfuil baint acu le chéile. Chun é sin a cheartú, tá coinne leis go rithfear píosa nua reachtaíochta in 2025. D'áiritheofaí leis go gcuimseodh an sainmhíniú eintitis a bhfuil baint acu leis an duine aonair/na daoine aonair céanna.

Leis reachtaíocht a d'achtaigh Éire agus na Stáit Aontaithe araon, cuireadh feabhas ar na hiarrachtaí chun dul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach le blianta beaga anuas. Ar an gcéad dul síos, leasaigh Éire na rialacha maidir le cónaí cuideachtaí in 2013 agus 2014. Maidir le cuideachtaí a bheadh cláraithe in Éirinn ach nach mbeadh bainistithe nó rialaithe in Éirinn, chuir an t-athchóirí sin stop leis na cuideachtaí sin a bheith á n-úsáid chun brabúis cuideachtaí ilnáisiúnta a chosaint ó chánachas. Ar an dara dul síos, in 2017 ghlac na Stáit Aontaithe an *Tax Cuts and Jobs Act* [an Gníomh um Chiorruithe Cánach agus Poist], lenar tugadh isteach cáin bhreisiúcháin nua ar ioncam ísealchánach nach ioncam SAM é a mheastar a bheith díorthaithe ó shócmhainní doláimhsithe. Chruthaigh an reachtaíocht sin dreasacht láidir do chuideachtaí ilnáisiúnta maoin intleachtúil a athlonnú ó thearmainn chánach ar fud an domhain ar ais go dtí na Stáit Aontaithe. Dá thoradh sin, ó bhí 2020 ann tá athrú ábhartha tagtha ar cheann scríbe na n-íocaíochtaí ríchíosa amach as Éirinn, agus tá a bhformhór ag dul go díreach chuig na Stáit Aontaithe anois.

Tá tuilleadh dul chun cinn déanta i ndáil le riarachán cánach na hÉireann a dhigitiú. Léirítear i dtuarascáil bhliantúil 2023 ar chánachas go bhfaigheann Éire scór ard maidir le cáin a chomhdú go leictronach agus go gcomhdaítear 100 % d'ioncam corparáideach agus 97 % de thuairisceáin chánach ioncaim phearsanta faoi seach go leictreonach (2020) ([47]). Maidir leis an mbearna CBL (táscaire ar éifeachtacht fhorfheidhmiú agus chomhlíonadh maidir le CBL, lena léiríonn bearna íseal éifeachtacht ard), in Éirinn tháinig laghdú uirthi go 6.7 % in 2021 (go páirteach mar gheall ar éifeachtaí COVID) ach tá céatadán sin fós os cionn na bearna de 5.4 % ar fud an Aontais.

([46]) Is ag an Ungáir atá an ráta cánachais chorparáidigh is ísle san Aontas Eorpach (9 %).

([47]) An Coimisiún Eorpach, *Annual Report on Taxation 2023* [Tuarascáil Bhliantúil 2023 maidir le Cánachas], lch. 146.

Tá feidhmíocht taighde agus nuálaíochta (T&N) na hÉireann fós láidir ach tá dúshláin fós le sárú aici, go háirithe maidir le leibhéal na hinfheistíochta poiblí in T&F. De réir Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2024 is 'nuálaí láidir' í Éire agus í ag feidhmiú ag 113,2 % de mheán an Aontais in 2024, méid atá os cionn an mheáin do nuálaithe láidre (111,3 %). Mar sin féin, tá laghdú ag teacht ar a cheannaireacht feidhmíochta san Aontas ([48]). Shroich déine taighde na hÉireann (caiteachas ar T&F mar chéatadán de OTI) 1,58 % in 2023 mar gheall ar mhéadú ar T&F gnó, ach tá an caiteachas poiblí ar T&F, ag 0,22 % de OTI, ar cheann de na caiteachais is ísle san Aontas. Tá dul chun cinn mór déanta ag Éirinn, áfach, maidir le digitiú gnó, agus í ag feidhmiú os cionn mheán an Aontais i roinnt réimsí i gcomhréir lena spriocanna don Deacáid Dhigiteach.

EOLAÍOCHT AR MHAITHE LE hÉICEACHÓRAIS NUÁLACHA

Cé go bhfuil bonn eolaíochta sách forbartha ag Éirinn, tá infheistíocht phoiblí T&F fós an-íseal. Ar an iomlán, tá bonn láidir eolaíochta in Éirinn, mar a léirítear sa sciar d'fhoilseacháin eolaíochta atá laistigh den 10 % is mó a luaitear. Tá sé sin os cionn mheán an Aontais (11,3 % vs 9,6 %) ach tá laghdú beag ag teacht air le blianta beaga anuas. Tá an líon taighdeoirí atá fostaithe san earnáil phoiblí i dtéarmaí an daonra ghníomhaigh sách ard freisin (5,4 in aghaidh an mhíle den daonra gníomhach i gcomparáid le meán 4,2 an Aontais). Tá an comhar idirnáisiúnta le feiceáil tríd an sciar méadaitheach de chomhfhoilseacháin eolaíocha idirnáisiúnta atá ag Éirinn i dtéarmaí an lín iomláin foilseachán, rud atá os cionn mheán an Aontais freisin (66 % vs 55,9 %). Mar sin féin, tá an fheidhmíocht fhoriomlán sin i mbaol mar gheall ar chaiteachas poiblí íseal T&F (0,22 % de OTI, 0,4 % de OIN* ([49])), atá i bhfad faoi bhun tíortha eile a bhfuil leibhéal comhchosúil forbartha eacnamaíche acu.

Cuireann feidhmíocht láidir taighde le creat beartais láidir le haghaidh rialachas T&N. Is éard atá i gceist le sprioc straitéiseach na hÉireann maidir le T&N cur chuige uile-rialtais maidir le rannpháirtíocht a chur chun cinn idir gnólachtaí, institiúidí ardoideachais agus comhlachtaí taighde, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne agus go hidirnáisiúnta. I measc na bpríomhghnéithe tá rannpháirtíocht na hÉireann i bhforbairt beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde a mhéadú, comhairle eolaíoch ó shaineolaithe agus atá fianaisebhunaithe a chur ar fáil don rialtas, tacaíocht do thaighdeoirí luathghairme a chur chun cinn agus bonneagair thaighde inbhuanaithe a fhorbairt. Is é an aidhm fhoriomlán timpeallacht T&N rathúil a chothú ([50]). Tá sé sin ag tógáil ar Impact 2030, straitéis mheántéarmach T&N na hÉireann, ina sainaithnítear an gá atá le bonn taighde athléimneach agus a bhfuil sé d'aidhm aici tionchair ar fud an chórais a sholáthar agus luach a chur le gníomhaíochtaí gníomhaithe agus maoinitheoirí T&N ([51]). Ar an iomlán, tá an chuid is mó de thionscnaimh shuaitheanta Impact 2030 á gcur i gcrích cheana féin ([52]). Mar shampla, bunaíodh gníomhaireacht maoinithe nua le haghaidh taighde poiblí, Taighde Éireann, in 2024 agus cónascann sí gníomhaíochtaí agus feidhmeanna na Comhairle um Thaighde in Éirinn na hÉireann agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ([53]).

([48]) An Coimisiún Eorpach, 2024, an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta, próifíl tíre: Éire, ec_rtd_eis-country-profile-ie.pdf.

([49]) Eisiann ollioncam náisiúnta (OIN*) modhnaithe éifeachtaí an domhandaithe a shaobhann OTI na hÉireann.


([50]) Ráiteas Straitéise 2023-2025 (lgh. 21-22), gov.ie - Ráiteas Straitéise 2023-2025.

([51]) Impact 2030: Straitéis taighde agus nuálaíochta na hÉireann (2022), gov.i.e. - Impact 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann (www.gov.i.e.).

([52]) Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Impact 2030, 2022-2023Impact 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann.

([53]) Taighde Éireann, Nuálaíocht agus Maoiniú Taighde a Spreagadh - Taighde Éireann.

Graf A3.1: **Caiteachas poiblí ar T&F mar % de OTI agus OIN***



Foinse: Eurostat

NUÁLAÍOCHT SA GHNÓ

Tá méadú tagtha ar T&F gnó na hÉireann ach tá dúshláin fós ann. Tá méadú mór tagtha ar chaiteachas fiontair gnó ar T&F in Éirinn freisin, go príomha trí athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí lenar méadaíodh infheistíocht ghnó T&F go 1,36 % de OTI in 2023. I dtéarmaí aschur nuálaíochta gnólachtaí, cé go bhfuil iarratais ar phaitinní in Éirinn fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais (1,1 i gcomparáid le meán an Aontais, is é sin 2,8 in aghaidh an bhilliún de OTI i gcaighdeáin cumhachta ceannaigh), tá sciar na fostaíochta i ngnólachtaí ardfháis dhá oiread níos mó ná meán an Aontais (24,8 % vs 12,5 %). Ar an iomlán, cé go bhfuil fostaíocht mhór ardteicneolaíochta ann, go príomha in earnálacha ina bhfuil an líon is mó cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach, agus cé gur díol sásaimh é an méadú ar infheistíocht ghnó T&F má leanann sí amhlaidh, tá laigí fós ann sa timpeallacht ghnó T&N i gcoitinne ar gá aghaidh a thabhairt orthu, amhail ráta gnólachtaí nuathionscanta réasúnta íseal (6,7 % i gcomparáid le meán 8,9 % an Aontais). Trí thacú le naisc eacnamaíocha níos dlúithe idir gnólachtaí móra atá faoi úinéireacht eachtrach i gcoitinne agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) ar fud na dtionscal agus laistigh díobh, d'fhéadfaí leibhéal táirgiúlachta FBManna a ardú ([54]). Bhainfeadh Éire tairbhe freisin as páirt a ghlacadh i gcóras na bpaitinní aonadacha, rud a chuireann buntáistí tábhachtacha ar fáil maidir le nuálaíocht a chur chun cinn agus borradh a chur faoin iomaíochas ([55]).

Is uirlis thábhachtach creidmheasanna cánach chun infheistíochtaí T&F ar leibhéal gnólachta a spreagadh in Éirinn ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad chomh húsáideach céanna maidir le tacú le FBManna agus atá ionstraimí cistiúcháin dhírigh. Is féidir le creidmheasanna cánach a bheith éifeachtach ach, mar a léiríodh i straitéis reatha na hÉireann um speisialtóireacht chliste, d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad chomh cabhrach céanna do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí óga nuálacha in earnálacha atá ag teacht chun cinn ([56]). Cé go leanann FBManna de bheith comhdhéanta d'fhormhór éilitheoirí an chreidmheasa cánach T&F, tá gnólachtaí móra chun tosaigh i dtéarmaí chostas foriomlán an chreidmheasa agus mhéid na n-éileamh aonair. Le bearta breise, e.g. an raon feidhme maidir le seachfhoinsiú gníomhaíochtaí taighde a mhéadú chun agus teorainneacha incháilitheachta a leathnú, d'fhéadfaí rannpháirtíocht níos mó FBManna tríd an gcreidmheas cánach T&F a spreagadh ([57]). Dá mbainfí níos mó úsáide as ionstraimí cistiúcháin dhírigh d'fhéadfaí cuidiú freisin le T&N a spreagadh agus táirgiúlacht gnólachtaí a fheabhsú, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna.

Caitheadh 42,98 % den chaiteachas iomlán T&F ar chaiteachas gnó T&F san earnáil TFC in 2021. Tá Éire den scoth ó thaobh ghlacadh na néalríomhaireachta de (53,1 % vs 38,9 %) agus ó thaobh úsáid na hanailísíochta sonraí de (37,1 % vs 33,2 %), rud a léiríonn go bhfuil sí ina ceannaire san ardteicneolaíocht. In 2024 sháraigh sí meán an Aontais maidir le glacadh IS (14,9 % vs 12,6 %), agus bhí bunleibhéal déine digití ar a laghad ag 73,4 % de FBManna (is é 72,9 % meán an Aontais). Chun tacú leis an aistriú digiteach, tá Éire ag baint úsáid as a plean téarnaimh agus athléimneachta agus as tionscnaimh náisiúnta.

([54]) Staidéar Eacnamaíoch ECFE 2022 ar Éirinn (leathanaigh 39-40) Staidéir Eacnamaíocha ECFE: Éire 2022 | ECFE.

([55]) Tá coinne leis go nglacfaidh Éire páirt tríd an gComhaontú maidir le Cúirt Aontaithe um Paitinní a dhaingniú, Comhaontú atá sínithe aici cheana féin.

([56]) Straitéis náisiúnta um speisialtóireacht chliste don nuálaíocht 2022-2027 (p. 79) national-smart-specialisation-strategy-for-innovation-2022-2027.pdf (enterprise.gov.ie).

([57]) An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta, Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2024 (lgh. 90-92) Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2024 - Iomaíochas.

Cuireann an Ciste um Aistriú Digiteach cistiú spriocdhírithe ar fáil chun dlús a chur le digitiú FBManna, lena ndírítear ar ghlacadh teicneolaíochtaí agus ar nuálaíocht sa slabhra soláthair. Ina theannta sin, tá an nuálaíocht á cur chun cinn go gníomhach ag Éirinn trí cheithre Mhol Nuálaíochta Digití Eorpacha. Tugann siad rochtain do ghnólachtaí ar shaineolas agus ar ardteicneolaíochtaí. Le tionscnaimh amhail an Treoirthionscadal maidir le hAscnamh Sonraí FBManna ag Data2Sustain, arna bhainistiú ag ceann de na moil sin, dírítear ar chuidiú le gnólachtaí aistriú chuig córais stórála néalbhunaithe, rud a léiríonn tionchar oibríochtúil na mol sin.

Tá na naisc idir an earnáil ghnó agus an eolaíocht in Éirinn forbartha go maith ach tá roinnt laigí ann. Tá an líon comhfhoilseachán eolaíoch phríobháideach-poiblí mar chéatadán den líon iomlán foilseachán os cionn mheán an Aontais (9,6 % i gcomparáid le 7,7 % in 2023). Mar sin féin, tá an líon taighdeoirí atá fostaithe ag gnólachtaí in aghaidh an mhíle den daonra gníomhach faoi bhun mheán an Aontais (4,9 % i gcomparáid le 5,7 %). Déanann Éire raon leathan gníomhaíochtaí atá ceaptha chun na naisc idir an eolaíocht agus gnó a fheabhsú, cuir i gcás scéimeanna tacaíochta dírí lena n-áirítear dearbháin nuálaíochta, lárionaid teicneolaíochta a fhorbraíonn idirghníomhaíochtaí le cuideachtaí ar mhaithe leis an aistriú eolais agus an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, rud atá ina phríomhchiste den chineál sin. Chomh maith leis sin, na cláir um Threisiú Aistrithe Eolais ([58]) agus um Thairseacha Teicneolaíochta ([59]), a fhaigheann tacaíocht ó chistiú comhtháthaithe an Aontais, tá siad ceaptha chun feabhas a chur ar an aschur aistrithe eolais ar fud na timpeallachta T&N. I Suirbhé Bliantúil 2023 maidir le hAistriú Eolais léirítear treochtaí dearfacha, lena n-áirítear i dtionscadail chomhoibríocha T&F, ceadúnú, cruthú seach-chuideachtaí agus comhaontuithe nua comhairliúcháin T&F ([60]).

([58]) *KT Boost - Knowledge Transfer Ireland.*

([59]) Fiontraíocht Éireann - *Technology Gateway Network*

([60]) Knowledge Transfer Ireland, Annual-Knowledge-Transfer-Survey-2023.pdf.

NUÁLAÍOCHT A MHAOINIÚ

Tá infhaighteacht caipiteal riosca in Éirinn beagán faoi bhun mheán an Aontais. In 2023 ba é luach na n-infheistíochtaí cothromais phríobháidigh 0,2 %de OTI, rud a bhí faoi bhun mheán 0.4 % an Aontais, mar a bhí sé formhór na mblianta roimhe sin. Ar an taobh eile, d'éirigh níos fearr le hÉirinn maidir le hinfheistíochtaí caipitil fiontair, is é sin 0,4 % de OTI in 2023, rud a bhí beagán faoi bhun mheán 0,5 % an Aontais, agus bhain sí luachanna coibhneasta amach atá níos airde ná mar a rinneadh i roinnt de na blianta roimhe sin.

TALLANN NUÁLACH

Tá scileanna sa réimse T&N sách láidir agus leantar dá bhforbairt. I Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann tá cuspóirí éagsúla a bhaineann le T&N amhail tacaíocht mhéadaithe do thaighdeoirí iarchéime chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh sa gheilleagar, agus tacaíocht mhéadaitheach do mhalartú déthaobhach taighdeoirí idir an saol acadúil agus an tionscal ([61]). Is féidir leis sin cur leis na láidreachtaí atá ann cheana amhail sciar na gcéimithe nua san eolaíocht agus san innealtóireacht in aghaidh an mhíle den daonra, figiúir atá i bhfad os cionn mheán an Aontais (26,5 vs 17,6), agus céimithe sa réimse ríomhaireachta atá beagnach ceithre oiread os cionn mheán an Aontais (12,3 vs 3,6).

Is príomhchuspóir i mbeartas náisiúnta na hÉireann é an t-oideachas fiontraíochta, cé go bhfuil gá le tuilleadh comhtháthaithe san ardoideachas. Comhtháthaítear oideachas fiontraíochta sna curaclaim, mar shampla i meánscoileanna go ginearálta nó mar ábhar ar leith i staidéar meánscoile nó i gcúrsaí ardoideachais. Mar sin féin, tá comhtháthú na fiontraíochta san ardoideachas ar fud cúrsaí éagsúla fós teoranta, cé go bhfuil iarrachtaí ar bun chun borradh a chur faoin réimse sin. Ina theannta sin, dá gcuirfí oideolaíochtaí nuálacha chun feidhme agus dá ndéanfaí meastóireacht níos córasaí ar scileanna fiontraíochta agus ar

([61]) Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025, gov.ie - Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann.

Tábla A3.1: **Príomhthascairí nuálaíochta**

Ireland	2012	2017	2020	2021	2022	2023	2024	EU average (1)	USA
Headline indicator									
R&D intensity (GERD as % of GDP)	1.55	1.21	1.12	1.07	1.53	1.58	:	2.24	3.45
R&D intensity (GERD as % of GNI*)	2.13	2.02	2.16	2.08	2.99	2.77	:	:	:
Public science for robust innovative ecosystems									
Public expenditure on R&D as % of GDP	0.43	0.31	0.23	0.21	0.19	0.22	:	0.72	0.64
Public expenditure on R&D as % of GNI*	0.59	0.52	0.44	0.41	0.37	0.39	:	:	:
Scientific publications of the country within the top 10% most cited publications worldwide as % of total publications of the country	12.5	11.6	11.3	11.3	:	:	:	9.6	12.3
Researchers (FTE) employed by public sector (Gov+HEI) per thousand active population	5.8	5.2	5.4	5.5	6	5.4	:	4.2	:
International co-publications as % of total number of publications	51.6	59.6	63.2	63.9	64.7	66.1	:	55.9	39.3
Business innovation: Investment & researchers employed									
Business enterprise expenditure on R&D (BERD) as % of GDP	1.11	0.9	0.89	0.86	1.34	1.36	:	1.49	2.7
Business enterprise expenditure on R&D (BERD) as % of GNI*	1.53	1.50	1.71	1.67	2.61	2.38	:	:	:
Business enterprise expenditure on R&D (BERD) performed by SMEs as % of GDP	:	0.33	:	0.32	:	:	:	0.40	0.30
Business enterprise expenditure on R&D (BERD) performed by SMEs as % of GNI*	:	0.55	:	0.62	:	:	:	:	:
Researchers employed by business per thousand active population	4.2	5.5	5.8	5.0	4.7	4.9	:	5.7	:
Business innovation: Innovation outputs									
Patent applications filed under PCT per billion GDP (in PPS€)	2.3	1.7	1.7	1.2	1.1	:	:	2.8	:
Employment share of high-growth enterprises measured in employment (%)	14.01	24.74	:	:	:	:	:	12.51	:
Business innovation: Technology performance and diffusion									
SMEs with at least a basic level of digital intensity % SMEs (EU Digital Decade target by 2030: 90%)	:	:	:	:	74.05	:	73.38	72.91	:
Data analytics adoption % enterprises (EU Digital Decade target by 2030: 75%)	:	:	:	:	:	37.09	:	33.17	:
Cloud adoption % enterprises (EU Digital Decade target by 2030: 75%)	:	:	:	47.39	:	53.07	:	38.86	:
Artificial intelligence adoption % enterprises (EU Digital Decade target by 2030: 75%)	:	:	:	7.88	:	8.01	14.9	13.48	:
Business innovation enablers: Academia-business collaboration									
Public-private scientific co-publications as % of total number of publications	8.9	10.1	9.3	9.00	9.3	9.6	:	7.7	8.9
Public expenditure on R&D financed by business enterprise (national) as % of GDP	0.008	0.010	:	0.007	:	:	:	0.050	0.020
Public expenditure on R&D financed by business enterprise (national) as % of GNI*	0.011	0.017	:	0.014	:	:	:	:	:
Business innovation enablers: Public support for business innovation									
Total public sector support for BERD as % of GDP	0.226	0.194	:	0.202	:	:	:	0.204	0.251
Total public sector support for BERD as % of GNI*	0.311	0.324	:	0.393	:	:	:	:	:
R&D tax incentives: foregone revenues as % of GDP	0.159	0.145	0.172	0.168	0.222	:	:	0.102	0.141
R&D tax incentives: foregone revenues as % of GNI*	0.219	0.242	0.331	0.327	0.433	:	:	:	:
Business enterprise expenditure on R&D (BERD) financed by the public sector (national and abroad) as % of GDP	0.066	0.049	:	0.034	:	:	:	0.100	0.110
Business enterprise expenditure on R&D (BERD) financed by the public sector (national and abroad) as % of GNI*	0.091	0.082	:	0.066	:	:	:	:	:
Business innovation enablers: Financing innovation									
Venture Capital (market statistics) as % of GDP, Total	0.038	0.049	0.07	0.051	0.064	0.055	:	0.078	:
Venture Capital (market statistics) as % of GNI*, Total	0.052	0.082	0.135	0.099	0.125	0.096	:	:	:
Seed stage funding share (% of Total VC)	1.4	17.6	5.2	5.6	6.3	7.8	:	7.3	:
Start-up stage funding share (% of Total VC)	57.1	54.5	59.4	69.5	58.0	54.0	:	44.0	:
Later stage funding share (% of Total VC)	41.4	27.9	35.3	24.9	35.7	38.2	:	48.7	:
Business innovation enablers: Innovative talent									
New graduates in science and engineering per thousand population aged 25-34	19.2	20.0	25.6	26.2	26.5	:	:	17.6	:
Graduates in the field of computing per thousand population aged 25-34	2.4	8.7	12.4	12.4	12.3	:	:	3.6	:

(1) Meán an Aontais Eorpaigh don bhliain deiridh atá ar fáil nó don bhliain ina bhfuil an líon is mó sonraí tíre.
Foinse: Eurostat, ECFE, AS ACT, Science-Metrix (bunachar sonraí Scopus agus bunachar sonraí Staidrimh Paitinní OEP), Invest EU

thionchar an oideachais, d'fhéadfaí an réimse sin a threisiú.

Tá nasc lárnach idir rathúnas eacnamaíoch na hÉireann agus fás na hearnála ilnáisiúnta, rud a bhfuil moill tagtha air in éineacht leis an ngeilleagar domhanda. D'fhéadfadh an tírdhreach geopholaitiúil atá ann faoi láthair agus beartais thionsclaíocha chosantaíocha atá ag dul i méid dúshláin mhóra a chruthú do phríomhfhoinsí infheistíochta dírí coigríche na hÉireann. Tá roinnt tionscnaimh thábhachtacha i gclár nua rialtais na hÉireann lena ndírítear ar an iomaíochas agus ar FBManna. Dá gcuirfí chun feidhme iad, bheadh tionchar tábhachtach acu ar na dúshláin san iarscríbhinn seo.

Creatdálaí eacnamaíocha

Tá fáltais cánach corparáide na hÉireann comhchruinnithe go mór agus tá riosca ag baint leo dá bhrí sin. Tá na trí chuideachta is mó freagrach as 38 % den ioncam iomlán ó cháin chorparáide ([62]). De réir Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann, is iad na fáltais urghnácha ó cháin chorparáide is cúis leis an mbarrachas san airgeadais poiblí. Fiú nuair a chuirtear an t-airgead ó chás Apple as an áireamh, tá méadú faoi thrí beagnach tagtha ar fháltais ó cháin chorparáide ó bhí 2019 ann agus meastar go dtiocfaidh 29 % den ioncam cánach iomlán uathu in 2024. Tháinig níos mó ná 92 % de IDC isteach ó SAM in 2024([63]) agus tá sé sin fós dírithe go mór ar an earnáil dhigiteach agus ar an earnáil leictreonaice, agus earnálacha sláinte (cógaisíocht). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar ollmhór a bheith ag aon suaitheadh suntasach ar na príomhearnálacha sin. Déanann tosca éagsúla difear do tharraingteacht na hÉireann d'infheisteoirí coigríche ach tá sé ríthábhachtach d'iomaíochas na hÉireann costas iomaíoch a choinneáil maidir le dul i mbun gnó agus rialacháin tacaíochta a bheith ann.

Tá dearcadh dearfach infheistíochta ag gnólachtaí atá ag oibriú in Éirinn. Bhí 21 % de ghnólachtaí ag súil le méadú ar a n-infheistíocht in 2024 (níos airde ná meán 14 % an Aontais). Is iad na bacainní fadtéarmacha ar infheistíocht is mó a luaitear costais fuinnimh (91 %), foirne oilte a fháil (91 %) agus éiginnteacht faoin todhchaí (70 %) ([64]). Tá bearnaí sa bhonneagar ina mbacainn freisin toisc go méadaíonn siad costais do ghnólachtaí. Is féidir le ganntanais tithíochta a bheith ina mbacainn ar fhiontair, rud a ardaíonn costais chóiríochta agus pá.

Tá ganntanais sa lucht saothair agus costais arda fuinnimh ag cur bac ar FBManna. Leithdháileann Éire níos lú maoinithe ná geilleagair shárfhorbartha eile chun tacú le FBManna agus le gnólachtaí óga, gan ach 0,02 % de OTI tiomnaithe do na réimsí sin (i gcomparáid leis an tagarmharc 0,25 %) ([65]) ([66]).

Tá dul chun cinn mór déanta ag Éirinn maidir leis an nascacht dhigiteach. Tá iarrachtaí dírithe ar spriocanna Dheacáid Dhigiteach an Aontais a bhaint amach ([67]), cé go bhfuil rolladh amach an lárbhanda 5G agus glacadh na cibearshlándála fós ina réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Tháinig méadú ar an gcumhdach cábla snáthoptaice go háitreabh go 78,5 % in 2023 (méid a bhí os cionn mheán 64 % an Aontais). Tháinig feabhas freisin ar chumhdach cábla snáthoptaice go háitreabh faoin tuath, agus shroich sé 62,7 % (ba é 52,7 % meán an Aontais). Le Plean Náisiúnta Leathanbhanda na hÉireann a fuair tacaíocht ón bplean téarnaimh agus athléimneachta, éascaíodh nascadh breis agus 205 000 áitreabh in 2023, lena n-áirítear deich n-oileán agus go leor limistéar nach ndearnadh freastal ceart orthu. Faoin bplean céanna, shroich cumhdach an líonra fíor-ardacmhainneachta 87 % (ba é 78,8 % meán an Aontais) agus shroich cumhdach 5G 85,3 % (ba é 89,3 % meán an Aontais). Tá dul chun chinn mall déanta maidir le 5G a chur ar fáil ar an mbanda speictrim 3.4-3.8 GHz (ó 56 % in 2022 go 56,6 % in 2023) agus cuireann sin teorainn le soláthar seirbhísí móibíleacha fíor-ardluais.

Is réimse ar cheart díriú air i gcónaí feasacht na bhfiontar ar an gcibearshlándáil. Thit an céatadán d'fhiontair a thuairiscigh teagmhais slándáilbhunaithe TFC ba chúis le gan seirbhísí TFC a bheith ar fáil mar gheall ar ionsaithe ón taobh

([62]) Tuiscint ar Ardíocóirí Cánach Corparáide na hÉireann - Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann.

([63]) Foinsí an Choimisiúin.

([64]) Suirbhé Infheistíochta BEI, Forléargas Tíre 2023 - Éire.


([65]) ECFE, Straitéisí Tionsclaíocha Cainníochtaithe (QuIS), tíortha tagarmharcála.

([66]) Tá OTI na hÉireann saofa mar gheall ar láithreacht na gcuideachtaí ilnáisiúnta.

([67]) Sa Chlár Beartais don Deacáid Dhigiteach leagtar amach conair d'aistriú digiteach an Aontais, lena n-áirítear gealltanais ó na Ballstáit maidir le cuspóirí coiteanna agus spriocanna digiteacha faoi 2030.

amuigh (e.g. bogearraí éirice agus ionsaithe diúltaithe seirbhíse) ó 2 % in 2022 go 1,22 % in 2024. Mar sin féin, bhí an céatadán d'fhiontar a chuireann beart slándála TFC amháin ar a laghad chun feidhme (86,2 %) faoi bhun mheán an Aontais (92,8 %). Tá beartais i bhfeidhm ag 69,2 % d'fhiontair chun fostaithe a chur ar an eolas faoi oibleagáidí slándála TFC (méid atá os cionn mheán 59,97 % an Aontais). I Straitéis Náisiúnta Chibearshlándála na hÉireann tá tionscnaimh chun an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a neartú agus Tascfhórsa i gcoinne Bogearraí Frith-Éirice a bhunú chun athléimneacht a mhéadú agus chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí.

Graf A4.1: **Cúrsaí Gnó a Éascú: táscairí roghnaithe.**



Sciar (1) na bhfiontar, (2) na meán-onnmhairí agus na meán-allmhairí laistigh den Aontas in OTI, (3) na FBManna.
Foinse: (1) Córais faisnéise an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, (2) Eurostat, (3) Suirbhé de chuid na hIonstraime um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE).

Bacainní rialála agus riaracháin

Tá creat rialála ag Éirinn atá fabhrach don iomaíocht agus atá rangaithe sa 4ú háit i dTuarascáil 2024 ón Institiúid Idirnáisiúnta um Fhorbairt Bainistíochta (IMD) maidir le hIomaíochas Domhanda. Laghdú beag a bhí ann ó 2023 (2ú háit) ach feabhas ar 2022 (11ú háit). Tá dúshláin fós ann maidir le bonneagar a sheachadadh, go príomha mar gheall ar scrogaill phleanála, agus Éire sa 17ú háit maidir le bonneagar foriomlán agus an 38ú háit maidir le bonneagar bunúsach. Cuireann bacainní rialála bac ar ghníomhaíocht fiontraíochta agus ar nuálaíocht, go háirithe san earnáil seirbhísí.

Bíonn tionchar ag costais dlí atá ag dul i méid agus ag imeachtaí dlí fada ar mhuinín ghnó. Tá muinín ag cuideachtaí as córas dlí na hÉireann ach tá imní orthu maidir le himeachtaí cúirte fada, i bpáirt mar gheall ar riaráistí a bhaineann leis an bpaindéim, agus costais dlí atá ag dul i méid. Cuireann leibhéal íseal digitithe agus córais faisnéise ilroinnte bac ar fheidhmíocht na gcúirteanna ([68]).

Bhí an céatadán de ghnólachtaí a raibh srianta soláthair ábhartha orthu i bhfad níos airde ná meán an Aontais in 2023 (40,8 % vs 17 %). Baineann na príomhábhair imní le ganntanas lucht saothair, agus tuairiscíonn 37,5 % de ghnólachtaí na hÉireann srianta (i gcomparáid le 20 % san Aontas). Tá sé sin an-fhorleathan san earnáil tógála. Tá tionchar mór ag an méid sin agus ag costais mhéadaitheacha na n-ábhar tógála (go háirithe adhmad, coincréit agus stroighin, agus cruach) ar mhargadh tithíochta na hÉireann, margadh a fhulangaíonn go mór mar gheall ar éileamh ard agus soláthar neamhleor.

An Margadh Aonair

Is féidir le hÉirinn tuilleadh comhtháthaithe a dhéanamh sa Mhargadh Aonair. Le 5 bliana anuas, tá trádáil na hÉireann laistigh den Aontas, is é sin 36 % dá OTI, fós faoi bhun mheán an Aontais (63 % de OIN* agus meán 43 % ar fud an Aontais). Cé go n-éiríonn go han-mhaith le hÉirinn i gcomparáid le go leor Ballstát i gcomhtháthú seirbhísí (17 % i gcomparáid le meán 15 % an Aontais), ní raibh i dtrádáil earraí laistigh den Aontas ach 18 % in 2023, i gcomparáid le meán 28 % an Aontais. Léiríonn sonraí 2024 ó SAFE go n-onnmhairíonn 65 % de FBManna onnmhairiúcháin chuig an limistéar euro (faoi bhun mheán 89 % an Aontais). Os a choinne sin,

([68]) Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an iarscríbhinn maidir le creataí institiúideacha éifeachtacha.

onnmhairíonn 82 % do FBManna na hÉireann go dtí an Ríocht Aontaithe agus 83 % díobh go Meiriceá Thuaidh.

Cuireann Éire rialacha an Mhargaidh Aonair chun feidhme níos mó ná meán an Aontais. Tá an t-easnamh trasuí le haghaidh treoracha maidir leis an Margadh Aonair (i.e. treoracha nár trasuíodh sa reachtaíocht náisiúnta in am) agus an t-easnamh comhréireachta (i.e. treoracha a trasuíodh go mícheart) níos fearr ná meán an Aontais. In 2024 bhí an líon imeachtaí um shárú a bhain le saincheisteanna faoin Margadh Aonair (20) níos ísle ná meán an Aontais, is é sin 24. Réitigh Éire 88,9 % de na cásanna ón nGréasán um Fhadhbanna sa Mhargadh Inmheánach a Réiteach (SOLVIT) a bhí á mbainistiú aici mar an príomhionad in 2024 (ba é 84,9 % meán an Aontais).

Soláthar poiblí

Tá iomaíocht sa soláthar poiblí sláintiúil in Éirinn. Tá sciar na ndámhachtainí díreacha go mór faoi bhun mheán an Aontais (1 % vs 8 %), mar an gcéanna le sciar na dtairiscintí aonair (16 % vs 29 %). Is é fís fhadtéarmach rialtas na hÉireann maidir le soláthar poiblí soláthar poiblí inbhuanaithe nuálach trédhearcach costéifeachtach a chumasú. Cuideofar leis sin trí straitéis náisiúnta nua um sholáthar poiblí lena dtabharfar tús áite don soláthar arb é is aidhm dó an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus cur le soláthar leas an phobail, tacú leis an nuálaíocht agus le rannpháirtíocht FBManna sa soláthar poiblí, agus aistriú na hÉireann chuig an ngeilleagar ciorclach a chumasú.

Tá an soláthar poiblí digiteach in Éirinn ag céim forbartha a bhfuil gealladh fúithi. Thángthas ar an gconclúid i staidéar a rinne ECFE le déanaí go léiríonn staid an tsoláthair phoiblí dhigitigh in Éirinn todhchaí a bhfuil gealladh fúithi freisin ([69]). Cuimsíonn sé sin úsáid aibí córais ríomhsholáthair don chéim tairisceana i saolré an tsoláthair, chomh maith le creat beartais tacaíochta lena spreagtar úsáid sonraí agus aistriú digiteach phróisis agus sheirbhísí an rialtais. Tá bearnaí i réimsí amhail na céimeanna réamhthairisceana agus iarthairisceana agus úsáid sonraí ar fud an chórais soláthair. Tá an glacadh soláthair phoiblí atá freagrach go sóisialta teoranta i gcónaí. Níl aon chur chuige, modheolaíocht ná uirlis náisiúnta aontaithe ann chun faireachán a dhéanamh ar thionchair shóisialta an tsoláthair.

Rochtain ar mhaoiniú - uas-scálú

Tá maoiniú fós ina chostas suntasach do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna. Tá an costas a bhaineann le hiasachtaí a fháil do ghnólachtaí Éireannacha os cionn an mheáin sa limistéar euro le fada agus tá sé ar cheann de na costais is airde sa limistéar euro ([70]). Níl ann ach trí bhanc lánfheidhmiúla sa mhargadh tar éis imeacht Bhanc Uladh agus KBC, agus mar sin de tá níos lú roghanna maoinithe ann do FBManna, agus d'fhéadfadh an easpa iomaíochta sin costais iasachtaíochta a mhéadú a thuilleadh. Tá laghdú tagtha ar an éileamh ar mhaoiniú bainc bliain ar bhliain, ag titim ó bhuaic 39 % in 2012, go 18 % faoi dheireadh 2023 ([71]). Cé go bhfuil laghdú tagtha ar éilimh thraidisiúnta ar mhaoiniú ó FBManna, tá sé á chúiteamh i bpáirt trí tacaíocht fhorleathan ón rialtas trí ghníomhaireachtaí amhail Fiontraíocht Éireann agus Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann trí mhargadh airgeadais neamhbhaincéireachta atá ag dul i méid.

Bíonn FBManna Éireannacha thíos le híocaíochtaí déanacha. Bhí thart ar 42 % díobh thíos le híocaíochtaí déanacha le 6 mhí anuas agus moilleanna íocaíochta os cionn 2 sheachtain (idir íocaíochtaí poiblí (18 lá) agus íocaíochtaí príobháideach (16 lá)). Cuireann moilleanna ar íocaíochtaí le gnólachtaí na hÉireann bac ar a gcumas oibriú agus infheistíocht a dhéanamh amach anseo. Ar an meán, tá bearna 14 lá ann i gcás íocaíochtaí gnólacht le gnólacht agus 17 lá i gcás íocaíochtaí ón earnáil phoiblí (tá an dá cheann níos faide ná meán an Aontais, is é sin 15,6 lá agus 15,1 lá faoi seach).

([69]) *The Digital Transformation of Public Procurement in Ireland: A Report on the Current State* |Athbhreithnithe ECFE ar Rialachas Poiblí |r-Leabharlann ECFE.

([70]) Painéal ionstraimí BCE https://data.ecb.europa.eu/data/datasets/MIR/dashboard.

([71]) gov.ie - Suirbhé ar Éileamh Creidmheasa FBM - Eanáir 2023 - Nollaig 2023.

Tábla A4.1: **Cúrsaí Gnó a Éascú: táscairí.**

Ireland							
POLICY AREA	**INDICATOR NAME**		**2020**	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**EU-27 average**
Investment climate								
Shortages	Material shortage, firms facing constraints, %[1]		13.6	38.5	52.0	40.8	-	10.0
	Labour shortage, firms facing constraints, %[1]		9.2	24.8	46.8	37.5	-	20.2
	Vacancy rate, vacant posts as a % of all available ones (vacant + occupied)[2]		0.7	1.3	1.6	1.1	1.0	2.3
Infrastructure	Transport infrastructure as an obstacle to investment, % of firms reporting it as a major obstacle[3]		8.1	13.8	16.8	12.3	12.1	13.4
	VHCN coverage, %[4]		-	78.3	83.8	87.0	-	78.8
	FTTP coverage, %[4]		-	62.2	72.1	78.5	-	64.0
	5G coverage, %[4]		-	72.1	83.9	85.3	-	89.3
Reduction of regulatory and administrative barriers								
Regulatory environment	Impact of regulation on long-term investment, % firms reporting business regulation as a major obstacle[3]		13.4	18.4	8.8	13.4	22.6	24.5
Late payments	Payment gap - corporates B2B, difference in days between offered and actual payment[5]		16.0	13.8	13.9	14.7	14.0	15.6
	Payment gap - public sector, difference in days between offered and actual payment[5]		25.5	11.4	18.5	17.9	17.4	15.1
	Share of SMEs experiencing late payments, %*[6]	from public or private entities in the last 6 months	39.3	34.9	38.6	42.6	-	-
		from private entities in the previous or current quarter	-	-	-	-	44.3	47.9
		from public entities in the previous or current quarter	-	-	-	-	13.6	16.6
Single Market								
Integration	EU trade integration, % (Average intra-EU imports + average intra EU exports)/GDP[2]		31.6	33.1	36.3	36.4	38.2	41.6
	EEA Services Trade Restrictiveness Index[7]		0.042	0.042	0.042	0.042	0.046	0.050
Compliance	Transposition deficit, % of all directives not transposed[8]		1.3	2.2	1.2	0.5	0.4	0.8
	Conformity deficit, % of all directives transposed incorrectly[8]		1.3	1.2	1.6	1.5	0.8	0.9
	SOLVIT, % resolution rate per country[8]		87.0	87.0	91.9	87.0	88.9	84.9
	Number of pending infringement proceedings[8]		23.0	18.0	22.0	23.0	20.0	24.4
Public procurement								
Competition and transparency in public procurement	Single bids, % of total contractors**[8]		14	15	21	16	16	-
	Direct awards, %**[8]		2	4	1	1	1	7.0


*Athrú ar an modheolaíocht in 2024: íocaíochtaí déanacha ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha a thuairisciú ar leithligh.
**Is sonraí sealadacha iad na sonraí maidir le tairiscintí aonair le haghaidh 2024 agus tá siad faoi réir a n-athbhreithnithe. Tabhair do d'aire go bhfuil thart ar 98 % de na sonraí iomlána ar iarraidh faoi láthair, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chruinneas agus iomláine na faisnéise. De bharr na sonraí atá in easnamh, déantar meán na sonraí dámhachtana dírí san Aontas a ríomh gan an Rómáin san áireamh.
Foinse: (1) Suirbhé gnó agus tomhaltóirí ó ECFIN (2) Eurostat, (3) Córais faisnéise an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (4) Tuarascálacha tíre maidir leis an Deacáid Dhigiteach, (5) Tuarascáil Íocaíochta Intrum, (6) suirbhé SAFE, (7) ECFE, (8) go dtí 2023: Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh agus an Iomaíochais, 2024: Spás Sonraí Soláthair Phoiblí.

Is lárionad tábhachtach airgeadais í Éire a éascaíonn sreabhadh caipitil idirnáisiúnta. Is féidir a cuid institiúidí airgeadais a ghrúpáil mar seo a leanas: (i) iad siúd a bhfuil fócas idirnáisiúnta acu amhail bainc infheistíochta, cistí margaidh airgid agus cistí infheistíochta; agus (ii) iad siúd a fhreastalaíonn ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh Éireannacha. Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil gnólachtaí Éireannacha sásta leis an rochtain atá acu ar mhaoiniú. Tá gnólachtaí Éireannacha tar éis díghiaráil go mór ó bhí an ghéarchéim airgeadais ann in 2008, agus thuairiscigh níos mó ná leath de FBManna na hÉireann le déanaí nach raibh aon fhiachas bainc acu. Is mol domhanda é stocmhalartán na hÉireann le haghaidh liostuithe bannaí agus cistí, ach tá an líon liostuithe cothromais beag toisc gur roghnaigh go leor cuideachtaí Éireannacha iad féin a liostú thar lear seachas ina margadh baile. Tá leibhéal rannpháirtíochta dírí teaghlach sna margaí airgeadais íseal toisc go bhfuil an chuid is mó dá rachmas airgeadais acu i gcistí árachais agus pinsin. Níl an oiread sin caipitil forbraíochta le haghaidh infheistíochtaí i gcuideachtaí nuálacha ar fáil in Éirinn agus atá ar fáil san Aontas ar an meán. Tá an litearthacht airgeadais in Éirinn os cionn mheán an Aontais, ach d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh chun í a fheabhsú i gcodanna áirithe den daonra. D'fhoilsigh an rialtas a Straitéis Náisiúnta um Litearthacht Airgeadais d'Éirinn i mí Feabhra 2025.

Infhaighteacht agus úsáid coigiltis intíre

Tá Éire ina glan-onnmhaireoir caipitil ó bhí 2021 ann. B'ionann iarmhéid coigiltis agus infheistíochta na hÉireann agus an iarmhéid ar an gcuntas reatha, is é sin 6,4 % de OTI in 2023, rud a léiríonn gur sháraigh coigilteas comhiomlán na hÉireann riachtanais infheistíochta intíre agus nár mhór an barrachas a infheistiú thar lear. Cé gurbh é 32 % ar an meán ollráta comhiomlán coigiltis phríobháidigh na hÉireann i gcoibhneas le OTI le 10 mbliana anuas, ba é 8,3 % den OTI an glanráta coigiltis tar éis dímheas caipitil a asbhaint. Bhí infheistíocht phríobháideach thar a bheith láidir in 2019 a bhuí le méadú sealadach ar infheistíochtaí maoine intleachtúla, ach thit sé go mór ina dhiaidh sin mar laghdaigh an phaindéim gníomhaíocht tógála agus d'imir sé tionchar mór ar an ngnó léasaithe aerárthaí, rud atá an-tábhachtach d'Éirinn. Sháraigh dímheas an stoic chaipitil na hinfheistíochtaí foriomlána fiú in 2021 agus 2022 agus bhí laghdú glan ar infheistíochtaí diúltach, sular fheabhsaigh sé in 2023 nuair a baineadh figiúirí aondigite amach. Bhí barrachas ann san airgeadas rialtais le blianta beaga anuas, rud a chuir go dearfach leis an gcoigilteas náisiúnta iomlán.


Graf A5.1: **Iarmhéid glan coigiltis-infheistíochta**



Foinse: AMECO

D'ainneoin feabhsuithe a rinneadh le déanaí, tá staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta diúltach ar an iomlán ag Éirinn. Mar gheall ar insreabhadh láidre infheistíochta, chnuasaigh Éire staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta an-diúltach, is é sin -190,6 % de OTI in 2019. Ó shin, tá feabhas mór tagtha ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta go -82,5 % in 2024, a bhuí leis na barrachais sa chuntas reatha le blianta beaga anuas. Tagann an chuid is mó den infheistíocht choigríche in Éirinn i bhfoirm infheistíochta punainne, le hiarmhéid gan íoc de 11-uair OTI. Bíonn tionchar mór ag gníomhaíochtaí agus cláir chomhardaithe cuideachtaí ilnáisiúnta agus seasamh na tíre mar lárionad mór airgeadais ar staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta na tíre. Tá naisc theoranta ag formhór na gcomheintiteas le geilleagar intíre na hÉireann, rud a laghdaíonn neamhchosaint intíre agus leochaileachtaí intíre dá réir sin.

Graf A5.2: **Staid infheistíochta idirnáisiúnta**



Foinse: BCE

Struchtúr na margaí caipitil agus méid na hearnála airgeadais

Le blianta beaga anuas, tá ionad airgeadais idirnáisiúnta suntasach forbartha ag Éirinn, go háirithe le haghaidh bainc infheistíochta, cistí margaidh airgid, agus cistí infheistíochta. Dá bhrí sin, níl cuid mhaith de na hinstitiúidí airgeadais atá lonnaithe in Éirinn an-neamhchosanta ar gheilleagar na hÉireann. Tá a sócmhainní agus a ndliteanais lonnaithe lasmuigh d'Éirinn agus cuireann siad seirbhísí ar fáil ar bhonn trasteorann. Tá fás tapa tagtha ar earnáil airgeadais neamhbhainc na hÉireann le blianta beaga anuas, agus méid sócmhainní de thart ar EUR 6,1 trilliún bainte amach aici i lár 2024. Tá sraith éagsúil institiúidí san earnáil sin: cistí infheistíochta agus margaidh airgid, eintitis urrúsúcháin agus neamhurrúsúcháin, chomh maith le hinstitiúidí airgeadais eile, ar státchistí corparáidí neamhairgeadais iad den chuid is mó.


Níl ach líon beag stocliostuithe ag Euronext Dublin, ar a dtugtaí Stocmhalartán na hÉireann roimhe seo, ach is ionad trádála tábhachtach é le haghaidh urrúis fiachais agus cistí infheistíochta. Tá Stocmhalartán Bhaile Átha Cliath ina bhall den ghrúpa Euronext ó bhí 2018 ([72]). Tá Euronext Dublin ar an ionad liostaithe is mó ar domhan le haghaidh liostuithe bannaí agus cistí. Tá a stocmhargadh féin beag go leor. Tá laghdú ag teacht ar an líon cuideachtaí atá liostaithe le blianta beaga anuas agus ní raibh a gcothromas liostaithe ar Euronext Dublin ach ag 29 gcuideachta i mí an Mhárta 2025. Tá sé roghnaithe ag go leor cuideachtaí Éireannacha iad féin liostú thar lear, i dtríú tíortha i roinnt mhaith cásanna má tá coinne leis go n-éascódh sé sin rochtain ar an margadh. Ba é 192,2 % de OTI an cothromas liostaithe gan íoc a bhain le corparáidí neamhairgeadais na hÉireann in 2023, bíodh sin sa bhaile nó thar lear.

([72]) Tá seacht malartán ar bun ag Euronext, ceithre thaisclann urrús agus teach imréitigh amháin, agus córas trádála aonair a oibríonn ar fud na margaí uile.

Athléimneacht na hearnála baincéireachta

Tá líon beag banc infheistíochta miondíola agus idirnáisiúnta in earnáil baincéireachta na hÉireann, a bhfuil dhá shamhail ghnó éagsúla acu. Tá dhá chineál banc in Éirinn: bainc infheistíochta atá dírithe go hidirnáisiúnta, agus bainc mhiondíola a fhreastalaíonn ar an margadh intíre. Tá thart ar leath de shócmhainní na hearnála baincéireachta i seilbh na dtrí bhanc miondíola a fhreastalaíonn ar chliaint intíre na hÉireann. Os a choinne sin, tá próifíl riosca an-difriúil ag bainc infheistíochta na hÉireann. Is corparáidí móra ilnáisiúnta iad a gcuid cliant den chuid is mó, agus is féidir leis na bainc infheistíochta freastal ar na cliaint sin óna ceanncheathrúna in Éirinn. Freastalaíonn siad freisin ar thionscal cistí infheistíochta na tíre trí sheirbhísí cumhdaigh, muiníneacha agus iarthrádála a chur ar fáil. Tá fás mór tagtha ar an earnáil le blianta beaga anuas ós rud é go raibh na hinstitiúidí sin ag lorg bonn nua san Aontas tar éis don Ríocht Aontaithe an tAontas a fhágáil. Tá cóimheas iasachta neamhthuillmhí an-íseal (1.1 %) agus i bhfianaise chineál a ngnó.

Graf A5.3: **Margaí caipitil agus idirghabhálaithe airgeadais**



Foinse: BCE, ÚEAPC, AMECO

Tá formhór na neamhchosaintí neamhthuillmheacha leagáide atá ag bainc mhiondíola na hÉireann ó bhí an ghéarchéim airgeadais ann oibrithe amach acu, agus tá a gcóimheasa iasachtaí neamhthuillmheacha laghdaithe acu go dtí meán an Aontais. Bhí stoic mhóra iasachtaí neamhthuillmheacha ag bainc na hÉireann tar éis ghéarchéim airgeadais na mblianta 2008-2012, ach ar an iomlán tá siad oibrithe amach faoin am seo. Tar éis buaicleibhéal 31,9 % a bhaint amach i gcóimheas iasachta neamhthuillmhí na mbanc miondíola in R1 2014, laghdaigh siad a neamhchosaintí neamhthuillmheacha trí dhíolacháin agus urrúsú punainne. Faoi dheireadh 2024 tháinig laghdú ar a gcóimheas iasachta neamhthuillmhí go 1,9 % ([73]), is é sin 0,5 pointe céatadán níos ísle ná bliain roimhe sin agus faoi bhun mheán 2,0 % an Aontais. 2,2 % a bhí ar iasachtaí neamhthuillmheacha i ndáil le hiasachtaí teaghlaigh tar éis laghduithe seasta sna blianta roimhe sin mar gheall ar dhíolacháin agus athstruchtúrú. Rinne an phaindéim difear mór d'iasachtaí do chorparáidí neamhairgeadais; ach tháinig feabhas ar cháilíocht sócmhainní le linn 2023, agus tháinig laghdú ar iasachtaí neamhthuillmheacha ó 5,5 % ag deireadh 2022 go 3,9 % in R3 2024 i gcomparáid le meán 3,6 % an Aontais. Tá leibhéal soláthair de 31,4 %, cé go bhfuil méadú ag teacht orthu le déanaí, fós faoi bhun mheán 42,4 % an Aontais i mí Mheán Fómhair 2024, go háirithe i gcás corparáidí neamhairgeadais. Is féidir gurb í is cúis leis na leibhéil soláthair níos ísle sin an cion níos airde iasachtaí arna n-urrú le comhthaobhacht, go páirteach, agus úsáid níos forleithne an tsoláthair féilire, i.e. caillteanais a bhfuil coinne leo amach anseo a asbhaint go díreach ó chaipiteal rialaitheach, seachas soláthairtí tuairiscithe a mhéadú.

Léis an méadú ar rátaí úis, cuidíodh le bainc mhiondíola intíre chun corrlaigh úis a mhéadú agus feabhas mór a chur ar a mbrabúsacht in 2023 agus 2024. Tháinig méadú ar bhrabúis chomhiomlána go EUR 4,0 billiún in 2024, ó EUR 1,87 mbilliún an bhliain roimhe sin. Baineadh amach 14,1 % mar ráta toraidh bliantúlaithe ar chothromas sa bhliain go dtí mí Mheán Fómhair 2024, ráta a bhí níos mó ná torthaí 12,4 % a bhí buachach cheana féin in 2023. Idir an dá linn, ba é 1,3 % an toradh bliantúlaithe ar shócmhainní, i gcomparáid le 1,2 % in 2023. Bhí brabúsacht fheabhsaithe ann mar gheall ar ghlanioncam úis níos airde feabhsaithe den chuid is mó, ar tháinig méadú EUR 0,2 billiún go EUR 8,3 billiún air in 2024, agus bhí méideanna iasachta níos mó agus corrlaigh iasachtaithe atá ag fairsingiú, agus an méid mór róleachtachta a bhí ar taisce le BCE ina gcúis léi. Tháinig fás ar ioncam glan ó tháillí agus ó choimisiúin, agus tháinig fás i bhfad níos moille ar chostais oibriúcháin ná ioncaim. Tá costais foirne is cúis leis an méadú ar chostais oibriúcháin den chuid is mó, ach thuairiscigh na bainc freisin na soláthairtí do chaillteanas ar iasachtaí ó bhí 2020 ann. Is cosúil nach bhfuil an t-ionchas brabúsachta chomh dóchúil céanna i bhfianaise an bhrú a d'fhéadfadh a bheith i gceist le rátaí taiscí níos airde agus an riosca a ghabhann le forbairtí creidmheasa díobhálacha. Beidh acmhainneacht na mbanc srian éifeachtach a chur lena gcostais struchtúracha ríthábhachtach chun brabúsacht inbhuanaithe amach anseo a áirithiú, go háirithe i dtimpeallacht rátaí úis níos ísle. (A5.1).

Tá cáilíocht na morgáistí fós láidir, ach tá dúshláin láidre fós roimh earnáil na maoine tráchtála. Tá margadh maoine cónaithe na hÉireann fós an-docht, agus tá ganntanas soláthair ann a thacaíonn le praghsanna tithe agus, ar an gcaoi sin, maolaíonn sé sin rioscaí na mbanc maidir le morgáistí gan íoc. Mar sin féin, leis an méadú ar rátaí úis le 2 bhliain anuas, tá laghdú tagtha ar acmhainneacht seirbhísithe

([73]) Ba é 1,2 % cóimheas comhiomlán iasachta neamhthuillmhí le haghaidh na hearnála ar fad agus na ndeighleog iasachtaithe, i gcomparáid le meán 1,9 % an Aontais. A bhuí lena samhail ghnó, bíonn cóimheasa iasachta neamhthuillmhí an-íseal ag bainc infheistíochta de ghnáth.


fiachais go leor iasachtaithe. I gcodarsnacht leis sin, tá earnáil na réadmhaoine tráchtála, oifigí go háirithe, fós faoi bhrú agus éileamh lag ann, agus taifeadtar laghduithe praghais os cionn 15 % in 2023 maidir le hoifigí. Is fiú EUR 16,3 billiún leabhar iasachta eastáit réadaigh tráchtála bhainc na hÉireann i gcomparáid le EUR 101,7 billiún le haghaidh earnáil an eastáit réadaigh tráchtála. 31 % de neamhchosaintí ar chorparáidí neamhairgeadais atá i gceist leis, agus tháinig méadú ar a choinn d'iasachtaí chéim 2 go 40 % ag deireadh 2023 ó 34 % an bhliain roimhe sin, agus tháinig cion iasachtaí chéim 3 go 7 % ó 6 %. Deonaíodh iasachtaí eastáit réadaigh tráchtála faoi chaighdeáin iasachtaithe níos coimeádaí ná na caighdeáin a bhí ann roimh an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, agus leis sin ba cheart teorainn a chur le caillteanais na mbanc i gcás mainneachtana iasachtaithe.

Úsáideann an Banc Ceannais an caipiteal maolánach fritimthriallach agus maolán le haghaidh institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo mar a phríomhuirlisí caipitil macrastuamachta. D'fhoilsigh an Banc Ceannais an creat uaidh maidir le caipiteal macrastuamachta i mí an Mheithimh 2022, tar éis dó ceachtanna a fhoghlaim ó fhorbairtí le 10 mbliana anuas, lena n-áirítear an phaindéim. Chinn an Banc Ceannais an caipiteal maolánach fritimthriallach a úsáid mar an maolán macrastuamachta príomhúil in aghaidh rioscaí macrairgeadais, agus ní ghníomhachtófar an maolán um riosca sistéamach. Tá sé mar sprioc ag an mBanc Ceannais ráta 1,5 % a bhaint amach le haghaidh an chaipitil mhaolánaigh fhrithimthriallaigh maidir le neamhchosaintí in Éirinn nuair nach bhfuil rioscaí ardaithe ná maolaithe. Ó bhí mí an Mheithimh 2024 ann, tá an caipiteal maolánach fritimthriallach socraithe ag an ráta sin 1,5 %. Ina theannta sin, úsáideann an Banc Ceannais an maolán le haghaidh institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo i gcás gach institiúide a bhfuil tábhacht shistéamach léi. Aicmítear sé bhanc mar institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus ní mór dóibh ceanglais chaipitil bhreise idir 0,5 % agus 1,5 % a chomhlíonadh. Tá roinnt beart morgáiste i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais freisin chun caighdeáin iasachtaithe inbhuanaithe a áirithiú sa mhargadh morgáiste.

Athléimneacht idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc

Is í Éire an dara sainchónaí is mó le haghaidh cistí infheistíochta san Aontas. EUR 4,6 trilliún a bhí i gcistí infheistíochta atá bunaithe in Éirinn i mí na Samhna 2024. Tá thart ar dhá thrian de na sócmhainní sin i gcistí GCUI (gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe) agus tá aon trian díobh i gciste infheistíochta malartach. Cuimsítear san earnáil sin (cistí GCUI agus Cistí infheistíochta malartacha) an méid seo a leanas: (i) cistí cothromais; (ii) cistí bannaí; (iii) cistí measctha ina bhfuil cothromais agus bannaí; (iv) cistí fálaithe; (v) cistí réadmhaoine; agus (vi) cistí eile. In Éirinn, is é an grúpa is mó sa chatagóir 'eile' cistí infheistíochta arna spreagadh ag dliteanais, cistí ar cistí pinsin iad go hiondúil. Cé gur fostóir mór in Éirinn tionscal na gcistí, is faoi shamhail tarmligin a oibríonn grúpaí domhanda bainistithe sócmhainní le raon cistí atá cláraithe in Éirinn acu. Ciallaíonn sé sin go láimhseáiltear na príomhfheidhmeanna bainistíochta infheistíochta ó phríomhionaid bainistithe sócmhainní a bhíonn lasmuigh den tír de ghnáth, seachas iad a bheith ar siúl i sainchónaí an chiste é féin. Thairis sin, déanann na cistí infheistíochtaí ar fud an domhain agus níl ach fíorbheagán infheistíochtaí acu in Éirinn. Nuair a bhreathnaítear ar neamhchosaintí sócmhainní le haghaidh cistí a dhéantar a chatagóiriú tríd an gcineál infheistíochta, is iad na cistí is mó cistí cothromais dar luach EUR 1 869 billiún, tá an dara grúpa is mó comhdhéanta de chistí ioncaim dar luach iomlán EUR 1 139 mbilliún, agus tá an tríú grúpa is mó comhdhéanta de chistí measctha a bhfuil EUR 289 mbilliún faoi bhainistíocht acu.

Graf A5.4: **Comhdhéanamh de chistiú na gcorparáidí neamhairgeadais mar % de OTI**



Ní bhaineann an tsuim de dhliteanais corparáidí neamhairgeadais ach amháin leis an suim iomlán le haghaidh na ndliteanas corparáidí neamhairgeadais a cuireadh san áireamh. Tréimhse thagartha 2023.
Foinse: Ríomhanna Eurostat agus AS FISMA E2

Tá dlúthnaisc ag cistí maoine na hÉireann le geilleagar na hÉireann agus tá siad an-ghiaráilte. Fothacar de chistí infheistíochta a bhfuil dlúthnaisc acu le geilleagar na hÉireann is ea cistí maoine Éireannacha, cistí ina bhfuil maoin dar luach EUR 29 mbilliún iad, bíodh sin go díreach (EUR 22,5 billiún) nó go hindíreach (EUR 6,5 billiún). Tá an leachtacht is lú de gach cineál ciste ag cistí maoine freisin. I mí na Samhna 2022, thug banc ceannais na hÉireann teorainn giarála 60 % isteach le haghaidh chistí maoine na hÉireann, teorainn nach mór do gach ciste maoine a chomhlíonadh faoi 2027. Ag deireadh 2022, bhí thart ar EUR 6,5 billiún i bhfiachas bainc gan íoc ag cistí maoine na hÉireann, is é sin 36 % dá ngiaráil iomlán, rud a thugann forbairtí san earnáil sin chun solais do bhainc.

Is mol tábhachtach do chuideachtaí árachais a dhéanann cuideachtaí árachais a dhéanann gnó leis an gcuid eile den Aontas Eorpach óna mbunáit in Éirinn. Is míniú é sin ar mhéid mór na hearnála árachais i gcoibhneas le OTI na hÉireann (sócmhainní dar luach EUR 489 mbilliún nó atá coibhéiseach le 95,6 % de OTI in aghaidh mheán 55,3 % an Aontais de OTI i R4 2023).

Foinsí cistithe gnó agus ról na mbanc

Úsáideann go leor corparáidí neamhairgeadais ilnáisiúnta Éire mar a mbonn Eorpach. Tá Éire roghnaithe mar cheanncheathrú Eorpach ag go leor cuideachtaí neamh-Eorpacha, agus tairbhíonn siad den mhéid seo a leanas: (i) timpeallacht agus cáin chorparáide atá fabhrach don lucht gnó; (ii) úsáid na teanga Béarla; agus (iii) lucht saothair oilte. Is míniú é sin ar chlár comhardaithe mórthomhais na hearnála corparáidí neamhairgeadais a bheith 4,5 oiread níos mó ná OTI, agus an sciar mór den chothromas neamhliostaithe (36 %) ar thaobh na ndliteanas den chlár comhardaithe comhiomlán i gcomparáid le meán 24,5 % an Aontais. Tá ról mór ag iasachtaí sa chistiú corparáide, ach tá ról níos lú acu ar leibhéal an Aontais, agus baineann 21 % de chláir chomhordaithe ghnólachtaí na hÉireann le hiasachtaí, i gcomparáid le meán 27,2 % an Aontais. 32,8 % d'fhoinsí cistiúcháin a bhí i scaireanna liostaithe in 2023, i gcomparáid le meán 27,2 % an Aontais, (féach Graf A5.4). Leis an gcóimheas ard cistithe margaidh 87,4 % atá ag Éirinn, déantar idirdhealú géar idir corparáidí ilnáisiúnta, ar féidir leo maoiniú a fháil go héasca i margaí caipitil, agus cuideachtaí dúchasacha, FBManna den chuid is mó a bhíonn ag brath ar iasachtaí bainc de chuid is mó.

Tá éileamh creidmheasa cuideachtaí Éireannacha leamh le 10 mbliana anuas agus rátaí úis ardaithe ann. Ó bhí an géarchéim airgeadais ann in 2008, tá earnáil ghnó na hÉireann ag díghiaráil, agus tá laghdú ag teacht ar iasachtaí gan íoc do ghnólachtaí Éireannacha (gan gníomhaíocht idirghabhála a bheith san áireamh). I mí Mheán Fómhair 2024, EUR 34.4 billiún a bhí ar na hiasachtaí gan íoc sin, i gcomparáid le EUR 174 477 i mí Mheán Fómhair 2008. Tugadh faoi deara an treocht sheasta chéanna le haghaidh an fhoghrúpa d'iasachtaí FBM a laghdaigh go EUR 16. 9 mbilliún i mí Mheán Fómhair 2024, ón mbuaic EUR 61 019 i mí an Mhárta 2012. Tuairiscíonn thart ar leath de FBManna na hÉireann nach bhfuil aon fhiach acu ar chor ar bith. An tráth céanna, d'fhás an creidmheas d'fhiontair neamh-Éireannacha. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh na rátaí iasachta le haghaidh iasachtaí gnó - agus go háirithe le haghaidh FBManna - níos airde le déanaí ná mar a bhí i bhformhór na dtíortha eile den Aontas. Is iad na cúiseanna leis sin leis an taithí a fuarthas le linn ghéarchéim baincéireachta na hÉireann in 2008-2010. 5,32 % a bhí ar an ráta úis le haghaidh iasachtaí corparáideacha dar méid suas le EUR 1 mhilliún i mí na Samhna 2024, i gcomparáid le meán 4,73 % an limistéir euro.

Tugtar le fios i suirbhéanna go bhfuil cuideachtaí de chuid na hÉireann sásta leis an rochtain atá acu ar airgeadas seachtrach. De réir Shuirbhé infheistíochta 2024 ó BEI, rinneadh 80 % d'infheistíochtaí ó chuideachtaí in Éirinn a mhaoiniú go hinmheánach nó ó fhoinsí inghrúpa, i gcomparáid le meán 75 % an Aontais. An tráth céanna, chreid 80 % de ghnólachtaí na hÉireann go raibh an méid ceart ag baint lena ngníomhaíochtaí infheistíochta le 3 bliana anuas, agus bhí an tuairim chéanna ag 80 % de ghnólachtaí den Aontas ar an meán. Ní dúirt ach 17 % de ghnólachtaí na hÉireann gur bheagán a d'infheistigh siad le linn na tréimhse sin, cé go raibh an méid sin níos mó ná meán 14 % an Aontais, rud a thug le fios go bhféadfadh bearna mhaoinithe i gcoibhneas leis an éileamh ar infheistíocht in Éirinn. De réir an tsuirbhé chéanna, thart ar 10 % atá ar sciar na ngnólachtaí a bhfuil srian airgeadais orthu rud a fhágann go bhfuil sé thar mheán an Aontais atá thart ar 7 %. Is é an chúis is tábhachtaí a luaigh na gnólachtaí sin maidir le srian airgeadais a bheith orthu méideanna iasachta níos lú a fháil ná mar a bhí iarrtha acu orthu. Le haghaidh FBManna go sonrach, sa suirbhé deireanach ó SAFE maidir le Rochtain ar Airgeadais, 6 % a bhí ar sciar FBManna na hÉireann a thuairiscigh go raibh srian ag baint le rochtain a fháil ar mhaoiniú dóibh, rud atá i gcomhréir le meán an Aontais.

I dteannta na mbanc, tá iasachtóirí neamhbhainc tar éis a bheith ina soláthraithe móra creidmheasa do chuideachtaí Éireannacha, go háirithe do FBManna atá gníomhach in earnáil an eastáit réadaigh. Tacar ilghnéitheach is ea iasachtóirí neamhbhainc, agus is iad na cineálacha is mó soláthraithe maoinithe sócmhainní, sainiasachtóirí maoine agus iasachtóirí ginearálta. Tá an sciar is mó d'iasachtú neamhbhainc in Éirinn ag sainiasachtóirí maoine agus tugann siad iasachtaí go heisiach do chuideachtaí réadmhaoine, rud a thugann le tuiscint go bhfuil riosca comhchruinnithe níos mó á ghlacadh ag na sainiasachtóirí sin. Ar bhonn sonraí nua a díorthaíodh ó Chlár Lárnach Creidmheasa na hÉireann ag deireadh 2022, bhí iasachtaí dar luach EUR 7,7 billiún ag iasachtóirí neamhbhainc le FBManna na hÉireann. Tháinig laghdú ar an sciar d'iasachtú neamhbhainc do FBManna in 2022 de réir mar a thosaigh rátaí úis de bheith ag ardú agus de réir mar a bhí iasachtóirí neamhbhainc ag dul i ngleic le saincheisteanna cistiúcháin i bhfianaise a spleáchais ar chistiú mórdhíola (níl aon taisceoir ag iasachtóirí neamhbhainc a d'fhéadfadh cuidiú le hiasachtaí neamhbhainc a chistiú). Mar sin féin, bhí sciar an iasachtaithe nua do FBManna ag neamhbhainc cobhsaithe ag 35 % den iasachtú nua ar fad do FBManna in R3 2023. Tá sé léirithe go spreagann iasachtóirí neamhbhainc iomaíocht le bainc mhiondíola, rud a fhágann go mbíonn costais iasachtaíochta níos ísle ann agus méideanna níos mó maoinithe sheachtraigh do chuideachtaí ann. Tá dul chun cinn déanta ag iasachtóirí neamhbhainc sa mhargadh morgáiste. I mí na Nollag 2024, thart ar 80 % de luach iomlán gan íoc na n-iasachtaí baile a bhí i gceist le bainc agus 20 % den luach sin a bhí i gceist le hiasachtóirí neamhbhainc.

Rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola i margaí caipitil

Táirgí árachais is mó a bhíonn i gceist le rannpháirtíocht teaghlach Éireannach i margaí airgeadais. Meastar gurb é EUR 98 000 an meánsaibhreas airgeadais teaghlaigh in Éirinn agus, dá bhrí sin, tá sé os cionn mheán EUR 80 300 an Aontais. Taiscí, cistí árachais agus cistí pinsin is ea na sealúchais is mó atá ag teaghlaigh. Cé go bhfuil leibhéil fiachais níos airde ag teaghlaigh ná mar atá san Aontas ar an meán, tá a gcuid sealúchais airgid níos airde freisin. Níl sa sciar dá rachmas atá ag teaghlaigh Éireannacha in uirlisí airgeadais, mar atá cistí infheistíochta, cothromais agus bannaí liostaithe, ach 3.8 %, méid atá i bhfad faoi bhun mheán 23,2 % an Aontais. D'ainneoin ról an-láidir na hÉireann mar lárionad cistí, tá sealúchais cistí infheistíochta theaghlaigh na hÉireann níos ísle ná mar is gnách, 1 % de chlár comhardaithe comhiomlán na dteaghlach, i gcomparáid le meán 10,0 % an Aontais. D'fhéadfadh sé sin a bheith nasctha le cóireáil cánach na n-infheistíochtaí cistí; cuirtear cáin scuchta 41 % i bhfeidhm ar ghnóthachain ó chistí infheistíochta agus ó pholasaithe árachais saoil. Ina theannta sin, le 'riail diúscartha measta' déantar gnóthachain neamhréadaithe a chriostalú gach 8 mbliana chun cosc a chur ar oll-rolladh agus iarchur cánach scuchta éiginnte. Thairis sin, tá comhairle airgeadais in Éirinn dírithe go mór ar tháirgí árachais, rud a mhíníonn an sciar mór den chineál sin infheistíochta sa chlár comhardaithe teaghlaigh.

Ról na n-infheisteoirí institiúideacha intíre


Is in Éirinn atá an cúigiú hearnáil árachais is mó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch de réir sócmhainní. Cistí infheistíochta a bhí in 44,0 % de phunanna na n-árachóirí sin. As na cistí infheistíochta sin, cistí cothromais a bhí in 39,4 % díobh, cistí fiachais a bhí in 23,0 %, cistí leithdháilte sócmhainní a bhí in 19,9 % agus ní raibh ach 0,5 % díobh ina gcistí cothromais phríobháidigh. Déantar an 56 % eile de phunann na n-árachóirí nach n-infheistítear i gcistí infheistíochta a dheighilt idir cothromais (18,1 %), agus bannaí rialtais agus corparáideacha (22,6 %). Níl ach 11 % de na hinfheistíochtaí uile i gceist le hinfheistíochtaí intíre, agus is le cistí frithpháirteacha a dhéantar iad den chuid is mó. Is iad na Stáit Aontaithe an dlínse aonair is mó a bhfuil árachóirí Éireannacha neamhchosanta uirthi (15 % de na hinfheistíochtaí iomlána), agus ina dhiaidh sin an Fhrainc (13 %) agus an Ríocht Aontaithe (10 %). Úsáidtear infheistíochtaí móra den sórt sin lasmuigh den limistéar euro chun neamhchosaintí dliteanais a fhritháireamh in airgeadra eachtrach - tá dliteanais mhóra GBP agus USD ag gnólachtaí árachais neamhshaoil agus athárachóirí. Tá na neamhchosaintí trasteorann atá fágtha scaipthe thar raon leathan limistéir gheografacha.

Déantar pinsean stáit na hÉireann a chomhlánú le scéimeanna pinsin ceirde agus scéimeanna pinsin féin-infheistithe. Feidhmíonn scéim pinsin stáit na hÉireann ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' agus cumhdaítear léi na hoibrithe ar fad a bhí ag obair in Éirinn agus a d'íoc ranníocaíochtaí árachais sóisialta. Tá tírdhreach na bpinsean ceirde in Éirinn ilroinnte ina raibh 11 000 scéim ghníomhacha ann i mí an Mhárta 2025, agus ní raibh ach comhalta amháin ag go leor de na scéimeanna sin. I mí Mheán Fómhair 2024 bhí sócmhainní iomlána EUR 141,6 billiún sna scéimeanna, ar sócmhainní iad a infheistíodh i meascán de chothromas (6,8 %), ioncam seasta (20 %), réadmhaoin (1,5 %) agus infheistíochtaí malartacha (9,1 %), ach ba iad cúlchistí cistí pinsin (56,0 %), nithe ar éilimh aonadnasctha iad go bunúsach ar chuideachtaí árachais. Tá an rogha ag daoine aonair freisin infheistíocht a dhéanamh i gcuntas pinsin phearsanta a bhfuil buntáiste cánach ag baint leis.

Measann Éire go seolfaidh sí scéim nua coigiltis scoir uathchláraithe in 2026. Cumhdófar na hoibrithe ar fad san earnáil phríobháideach in Éirinn a bhfuil easpa coigiltis scoir acu faoi láthair seachas an pinsean poiblí sa scéim nua, agus clárófar inti fostaithe incháilithe go huathoibríoch le rannchuidithe ón bhfostóir, ón bhfostaí agus ó rialtas na hÉireann. Is é an tÚdarás Náisiúnta Coigiltis Scoir um Uathchlárú an comhlacht riaracháin a dhéanfaidh maoirseacht ar bhainistiú na scéime, agus is dócha go mbainisteoidh mórsholáthraithe pinsin Éireannacha na cistí.

Is beag rannpháirtíocht a dhéanann infheisteoirí institiúideacha intíre i gcistiú a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus infheisteoirí caipitil fiontair in Éirinn. Léiríodh i bpáipéar CEPS le déanaí gurbh é 12 % de chistí cothromais phríobháidigh agus caipitil fiontair a cruinníodh go bliantúil le linn 2007-2023 a bhí i gcistí pinsin in Éirinn, figiúr atá níos lú ná meán 15 % an Aontais ([74]).

Graf A5.5: **Comhdhéanamh sócmhainní airgeadais teaghlaigh per capita agus mar % de OTI**



Ní bhaineann an tsuim de shócmhainní teaghlaigh neamhairgeadais ach amháin leis an suim iomlán le haghaidh na sócmhainní teaghlaigh a cuireadh san áireamh. Tréimhse thagartha 2023.
Foinse: Ríomhanna Eurostat agus FISMA E2

([74]) An Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa (2024) *Closing the gaping hole in the capital market for EU start-ups – the role of pension funds*

Doimhneacht an chaipitil fiontair agus forbraíochta atá ar fáil

Tá infhaighteacht caipitil forbraíochta in Éirinn beagán faoi bhun mheán an Aontais. In 2023 bhí luach na n-infheistíochtaí cothromais phríobháidigh sa tír coibhéiseach le 0,2 % de OTI, faoi bhun mheán 0,4 % an Aontais, agus tá sé faoi bhun mheán an Aontais le 10 mbliana anuas. Ar an taobh eile, maidir le hinfheistíochtaí caipitil fiontair, d'éirigh níos fearr le hÉirinn, a raibh luach a bhí coibhéiseach le 0,4 % de OTI in 2023 i gceist léi, rud a bhí beagán faoi bhun mheán 0,5 % an Aontais, agus bhain sí luachanna coibhneasta níos airde amach i roinnt blianta de na 10 mbliana roimhe sin.

Chun tacú le gnólachtaí nuálacha óga, cuireann Éire cláir thacaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta tarraingteacha ar fáil. Is gníomhaireacht rialtais Fiontraíocht Éireann atá freagrach as cuidiú le tús a chur le gnólachtaí Éireannacha, iad a fhás agus iad a leathnú isteach i margaí idirnáisiúnta. Cuireann sé tacaíocht ar fáil trí roinnt clár, mar shampla an Ciste um Thús Iomaíoch le haghaidh Gnólachtaí Nuathionscanta agus an Ciste um Thosú Ardacmhainne. Cuireann an Ciste um Thús Iomaíoch le haghaidh Gnólachtaí Nuathionscanta suas le EUR 50 000 i gcistiú cothromais ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta luathchéime, agus tá sé sin ceaptha chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta a bhfuil sé d'acmhainn acu méadú go hidirnáisiúnta. De ghnáth úsáidtear cistiú ón gCiste um Thús Iomaíoch le haghaidh Gnólachtaí Nuathionscanta chun tacú le forbairt táirge nó seirbhíse gnólachta nuathionscanta, mar aon lena phlean gnó agus a straitéis mhargaíochta. Cuireann an Ciste um Thosú Ardacmhainne cistiú agus tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta a bhfuil sé d'acmhainn acu méadú go tapa agus a bheith ina mórghníomhaithe ina margaí. De ghnáth, cuireann an ciste cistiú idir EUR 500 000 agus EUR 5 mhilliún ar fáil agus tá sé ceaptha chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta a bhfuil táirgí nó seirbhísí nuálacha á bhforbairt acu, agus a bhfuil acmhainneacht láidir acu maidir le fás onnmhairiúcháin. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an Scéim um Chaipiteal Síl agus Fiontair ó Fhiontraíocht Éireann infheistíocht na hearnála príobháidí a ghiaráil trí thionscadail caipitil fiontair a chomhchistiú , rud a laghdóidh bacainní airgeadais do ghnólachtaí nuathionscanta. Faoi mhí Lúnasa 2024, bhí os cionn EUR 700 milliún infheistithe ag Fiontraíocht Éireann sa scéim, rud a rinne cistí dar luach iomlán EUR 3,3 billiún a ghiaráil. Thairis sin, tá sainordú chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht in Éirinn ag an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, ciste atá á bhainistiú agus á rialú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Is iad na príomhréimsí infheistíochta infheistíochtaí san aeráid, sa tithíocht agus infheistíochtaí réigiúnacha, infheistíocht i nGnólachtaí, agus i mbia agus sa talmhaíocht.

An t-aistriú glas a mhaoiniú

Chuir rialtas na hÉireann an Ciste um Gníomhú ar son na hAeráide ar bun chun cuidiú le haistriú glas na tíre a mhaoiniú. Tá infheistíochtaí tosaigh dar luach measta EUR 21,1 billiún de dhíth ar gheilleagar na hÉireann le haghaidh an aistrithe ghlais([75]). Mheas an Roinn Caiteachais Phoiblí go gcaithfear EUR 7 mbilliún a leithdháileadh in 2025 ar chláir maidir leis an aeráid agus cláir atá fabhrach don chomhshaol. ([76])Chuir rialtas na hÉireann an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide ar bhun mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, is é sin creat fadtéarmach beartais agus pleanála na tíre. Fógraíodh an ciste in 2018 agus tá sé ar cheann de shraith cistí a cruthaíodh chun tacú leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach i bplean forbartha náisiúnta na tíre le haghaidh 2018-2027. Tá an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide ceaptha go sonrach chun tacú le tionscadail a chuireann le haistriú na hÉireann chuig sochaí ísealcharbóin aeráid-díonach. Tá sé á bhainistiú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, roinn atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar leithdháileadh acmhainní agus as a áirithiú go bhfuil tionscadail mhaoinithe i gcomhréir leis na spriocanna aeráide náisiúnta.

Tá an t-airgeadas inbhuanaithe ar cheann de thosaíochtaí an rialtais sa phlean gníomhaíochta 'Éire don Airgeadas' a

([75]) An Coimisiún Eorpach (2023) an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

([76]) Meastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí, 2025 - https://assets.gov.ie/static/documents/climate-environmental-expenditure-revised-estimates-for-public-services-2025.pdf

nuashonraítear go bliantúil ó bhí 2021 ann. Sa chreat airgeadas inbhuanaithe, creat a foilsíodh den chéad uair in 2021, leagtar amach freagairt an rialtais ar dhúshláin ar nós an t-athrú aeráide, an t-aistriú cóir agus díghrádú an dúlra. Is é sprioc an treochláir acmhainní airgeadais a dhíriú ar laghduithe astaíochtaí, ar oiriúnú don athrú aeráide, agus ar iarrachtaí forbartha athléimneachta. Ar cheann de phríomhthionscnaimh an phlean gníomhaíochta, tá Ionad barr feabhais um Airgeadas inbhuanaithe i mBaile Átha Cliath. Tacaíonn an lárionad leis an dá rud seo a leanas: (i) eolas teicniúil, taighde agus forbairt táirgí san airgeadas inbhuanaithe a fhorbairt; agus (ii) oiliúint a chur ar lucht saothair airgeadais maidir le scileanna airgeadais inbhuanaithe. Ó sheol Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an chéad ghlasbhanna ceannasach de chuid na hÉireann in 2018, tá EUR 10,8 billiún san iomlán d'fháltais ó dhíolacháin bannaí leithdháilte ar thionscadail ghlasa incháilithe, ar nós cláir iarfheistithe, infheistíocht san iompar poiblí agus scéimeanna cosanta tuilte.

Is é stocmhalartán Bhaile Átha Cliath an mol le haghaidh liostuithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais den Ghrúpa Euronext. Ó bhí 2015 ann, ardaíodh EUR 177 mbilliún chun críoch comhshaoil, sóisialta agus rialachais i mBaile Átha Cliath. In 2022 thug Euronext liostú nua isteach le haghaidh bannaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais ó chuideachtaí a bhfuil na spriocanna aeráide is uaillmhianaí acu, liostú atá ailínithe leis an aidhm an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Chun go n-áireofar iad sa liostú sin, ní mór d'eisitheoirí bannaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais gealltanas a thabhairt spriocanna aeráide eolaíochtbhunaithe a bhaint amach, spriocanna a bhailíochtaítear leis an tionscnamh um Spriocanna Eolaíochtbhunaithe.

Litearthacht airgeadais

Tá an litearthacht airgeadais in Éirinn os cionn mheán an Aontais, ach d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh chun oideachas airgeadais a fheabhsú i measc an phobail. I suirbhé idirnáisiúnta 2023 ó ECFE agus ón Líonra Idirnáisiúnta um Oideachas Airgeadais maidir le litearthacht airgeadais aosach , fuarthas amach go raibh an dara scór foriomlán is airde ag Éirinn i measc na dtíortha den Aontas a bhí san áireamh. Mar sin féin, léiríodh sa suirbhé nach gcomhlíonann 43 % den daonra fásta sainmhíniú ECFE ar litearthacht airgeadais agus nach gcomhlíonann 44 % an spriocleibhéal íosta litearthachta airgeadais digití is gá chun dul i ngleic lena gcuid airgeadas. I suirbhé eile léiríodh gur thuairiscigh 79 % de dhaonra na hÉireann go bhfuil siad an- compordach nó sách compordach agus seirbhís airgeadais digiteacha á n-úsáid acu, céatadán atá os cionn mheán 77 % an Aontais ach nach gcuireann Éire i measc cheannairí an Aontais le haghaidh seirbhís airgeadais digiteacha ([77]). Is é an toradh a bhíonn air sin táscaire foriomlán litearthachta airgeadais 31,0, méid atá os cionn mheán 26,0 an Aontais. Mar cheann de na tíortha deireanacha den Aontas, d'fhoilsigh rialtas na hÉireann an Straitéis Náisiúnta uaithi um Litearthacht Airgeadais 2025-2029 i mí Feabhra 2025.

([77]) An Coimisiún Eorpach (2023) Faireachán a dhéanamh ar leibhéal na litearthachta airgeadais san Aontas Eorpach, suirbhé Eorabharaiméadair

Tábla A5.1: **Táscairí airgeadais**

		2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024-Q3	EU
Banking sector	Total assets of MFIs (% of GDP)	341.2	329.1	344.3	362.7	315.2	301.2	312.8	328.6	248.4
	Common Equity Tier 1 ratio	22.9	22.9	22.3	22.3	22.2	21.3	20.8	20.4	16.6
	Total capital adequacy ratio	25.2	25.4	24.9	25.4	25.5	24.5	23.9	23.6	20.1
	Overall NPL ratio (% of all loans)	9.9	5.5	3.4	3.4	2.4	1.7	1.3	1.2	1.9
	NPL (% loans to NFC-Non financial corporations)	11.8	5.7	3.2	6.2	6.1	5.1	3.9	3.6	3.5
	NPL (% loans to HH-Households)	15.5	10.1	7.2	6.8	4.7	3.0	2.5	2.3	2.2
	NPL-Non performing loans coverage ratio	29.9	28.5	27.5	30.2	30.6	31.1	25.8	27.6	42.1
	Return on Equity[1]	5.0	4.9	3.7	-2.2	4.5	3.3	7.6	9.5	10.0
	Loans to NFCs (% of GDP)	13.4	12.2	10.6	8.9	6.8	5.9	5.8	5.4	30.0
	Loans to HHs (% of GDP)	38.1	33.8	29.8	27.8	23.4	19.5	20.1	19.7	44.5
	NFC credit annual % growth	-0.6	1.7	0.0	-4.6	1.6	4.1	-0.9	1.5	0.8
	HH credit annual % growth	-1.5	-0.8	0.1	-1.5	-1.6	-1.3	1.8	2.4	0.7
Non-banks sector	Stock market capitalisation (% of GDP)	170.9	166.0	206.5	204.0	236.7	170.0	201.8	237.2	69.3
	Initial public offerings (% of GDP)	0.29	0.03	0.09	0.00	0.04	0.00	0.00	-	0.05
	Market funding ratio	84.3	84.5	85.0	86.2	88.3	87.7	87.7	-	49.6
	Private equity (% of GDP)	0.23	0.22	0.35	0.18	0.88	0.24	0.16	-	0.41
	Venture capital (% of GDP)	0.04	0.11	0.04	0.07	0.05	0.08	0.04	-	0.05
	Financial literacy (composite)	-	-	-	-	-	-	45.5	-	45.5
	Bonds (as % of HH financial assets)	0.1	0.1	0.0	0.0	0.0	0.0	0.1	-	2.7
	Listed shares (as % of HH financial assets)	2.5	2.2	2.4	2.1	2.1	1.6	1.7	-	4.8
	Investment funds (as % of HH financial assets)	0.7	0.7	0.7	0.7	0.9	0.9	0.9	-	10.0
	Insurance/pension funds (as % of HH financial assets)	47.3	46.0	47.7	46.5	47.2	42.9	44.8	-	27.8
	Total assets of all insurers (% of GDP)	114.8	106.3	128.4	127.7	120.1	93.8	94.6	97.4	54.8
	Pension funds assets (% of GDP)	-	-	33.2	33.1	30.6	22.5	26.1	27.0	23.4

1-3	4-10	11-17	18-24	25-27	Colours indicate performance ranking among 27 EU Member States.

(1) Sonraí bliantúlaithe.


Tagraíonn sonraí AE maidir le fás creidmheasa agus cistí pinsin do mheán an limistéir euro

Foinse: BCE, ESTAT, ÚEÁPC, deais aontas na margaí caipitil AS FISMA, AMECO.

Tá tionchar ag creat institiúideach na hÉireann ar a hiomaíochas. Bíonn institiúidí poiblí in Éirinn ag feidhmiú go maith go ginearálta agus bíonn leibhéal ard muiníne ag an bpobal astu. Tá tionscnaimh éagsúla curtha chun feidhme ag an rialtas chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht nósanna imeachta riaracháin, an maorlathas a laghdú agus an trédhearcacht a mhéadú. Mar sin féin, tá an deis ann cleachtais rialála a fheabhsú, agus ualaí riaracháin a laghdú a thuilleadh. Tá dul chun cinn nach beag déanta ag Éirinn freisin maidir le seirbhísí poiblí a dhigitiú cé go bhfuil dúshláin fós ann i réimsí ar nós ríomhsheirbhísí sláinte. Tá dúshláin thromchúiseacha fós roimh an gcóras ceartais, dúshláin a dhéanann difear dá éifeachtúlacht fhoriomlán, go háirithe maidir le fad na n-imeachtaí.

Braistintí an phobail

Graf A6.1: **Muinín sa cheartas, in údaráis réigiúnacha/áitiúla agus sa rialtas**



(1) EU27 ó 2019 ar aghaidh; EU28 roimhe sin
Foinse: Suirbhéanna caighdeánacha Eorabharaiméadair

Tá an mhuinín in institiúidí poiblí fós níos mó ná meán an Aontais. Tá treocht chomhchosúil i gceist leis an muinín sa bhreithiúnacht agus in údaráis réigiúnacha agus tá sí fós ard, d'ainneoin laghdú beag le blianta beaga anuas. Tá an mhuinín sa rialtas láir níos ísle i gcomparáid leis sin ach tá sé os cionn mheán an Aontais (Graf A6.1). Nuair a cuireadh ceist ar shaoránaigh de chuid na hÉireann faoi bhealaí chun muinín as riarachán poiblí na hÉireann a threisiú, bhí 39 % díobh ag iarraidh go mbeadh tuilleadh trédhearcachta ann faoi chinntí agus faoi úsáid airgid phoiblí (meán an Aontais: 44 %), bhí 37 % díobh ag iarraidh go ndéanfaí níos mó cinntí ar an leibhéal áitiúil (meán an Aontais: 23 %), agus mhol 36 % níos mó cumarsáide leis na saoránaigh - státseirbhísigh oilte (meán an Aontais: 31 %) ([78]). Tá cáilíocht fhoriomlán an rialtais a mheastar a bheith ann os cionn mheán an Aontais agus tá feabhas tagtha uirthi i ngach réigiún in Éirinn ([79]). Sa chomhthéacs sin, tá cothú muiníne in institiúidí poiblí ina phríomhaidhm de straitéis na hÉireann um Sheirbhísí Poiblí Níos Fearr a foilsíodh in 2023.

Cáilíocht na reachtaíochta agus simpliú rialála

Tá an fheidhmíocht maidir le measúnú tionchair *ex ante* agus *ex post* ag feabhsú. Bíonn sí níos láidre go ginearálta i gcás dlíthe príomha ná i gcás fo-rialacháin agus i gcás measúnuithe tionchair *ex ante* ná i gcás meastóireacht *ex post* ar an reachtaíocht. Thairis sin, tá córas maoirseachta agus rialaithe cáilíochta tearcfhorbartha ag Éirinn le haghaidh na n-uirlisí rialála thuasluaite, agus le haghaidh na ngnéithe modheolaíochta a bhaineann le meastóireachtaí *ex post* ar an reachtaíocht (Graf A6.2). Leanann Éire de dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an nuálaíocht agus maidir le húsáid fianaise i gceapadh beartas, mar chuid den Straitéis uaithi um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030. In 2024 bunaíodh gníomhaireacht nua chun feabhas a chur ar an gcomhar idir taighde, an rialtas, comhlachtaí poiblí agus an tsochaí, agus réimsí an chomhionannais, an chuimsithe, agus an taighde straitéisigh, réimsí atá ríthábhachtach d'iomaíochas agus d'inbhuanaitheacht na tíre, á gcur chun cinn an tráth céanna.

Tá deis ann na sásraí chun rialáil a shimpliú a neartú a thuilleadh. Mar shampla, ní gá measúnú ar ualaí riaracháin agus ar chostais shubstainteacha chomhlíontachta a áireamh i meastóireachtaí *ex post* ar reachtaíocht phríomha. Thairis sin, níl meastóireachtaí *ex post* tréimhsiúla

([78]) Tuiscint ar thuairimí mhuintir na hEorpa maidir le riachtanais athchóirithe - Aibreán 2023 - Suirbhé Eorabharaiméadair, Bileog Eolais faoin Tír

([79]) Inforegio - An tInnéacs maidir le Cáilíocht Rialtais san Eoraip

Tábla A6.1: **Táscairí roghnaithe maidir leis an laghdú agus an simpliú ar an ualach riaracháin**

When developing new legislation, regulators are required to …	Ex ante impact assessment of legislation		Ex post evaluation of legislation	
	Identify and assess the impacts of the baseline or 'do nothing' option.	◑	Is required to consider the consistency of regulations and address areas of duplication.	○
	Identify and assess the impacts of alternative non-regulatory options.	◑	Is required to contain an assessment of administrative burdens.	○
	Quantify administrative burdens of new regulations.	◑	Is required to contain an assessment of substantive compliance costs.	○
	Quantify substantial costs of compliance of new regulations.	●	Compares the impact of the existing regulation to alternative options.	○
	Assess macroeconomic costs of new regulations.	○	Periodic ex post evaluation of existing regulations is mandatory.	◕
	Assess the level of compliance.	○	Government uses stock-flow linkage rules when introducing new regulations (e.g., one-in one-out).	○
	Identify and assess potential enforcement mechanisms.	◑	A standing body has published an in-depth review of specific regulatory areas in the last 3 years.	●
			In the last 5 years, public stocktakes have invited businesses and citizens to assess the effectiveness, efficiency, and burdens of legislation.	●

● Yes / For all primary laws ◕ For major primary laws ◑ For some primary laws ○ No / Never


(1) Cuirtear i láthair sa tábla seo fothacar de thascairí maidir le Beartas Rialála agus Rialachas. Tagraíonn na táscairí don reachtaíocht phríomha.

Foinse: ECFE (2025), Réamhaisnéis ECFE maidir le Beartais Rialála 2025 [https://doi.org/10.1787/56b60e39-en] agus Rialáil níos fearr ar fud an Aontais Eorpaigh 2025 (atá le teacht).

ar an reachtaíocht atá ann cheana éigeantach (Tábla).

Léirítear le táscairí ECFE maidir le rialáil an mhargaidh táirgí go bhfuil ualach beagán níos mó ag córas ceadúnúcháin na hÉireann ná mar atá meánualach an Aontais-27, agus go bhféadfaí é a ailíniú a thuilleadh le dea-chleachtais. Mar shampla, ní choinníonn an rialtas fardal cothrom le dáta de na ceadúnais uile is gá/a eisíonn comhlachtaí poiblí do ghnólachtaí (féach freisin Iarscríbhinn 4).

Graf A6.2: **Táscairí maidir le Beartas Rialála agus Rialachas**



Foinse: ECFE (2025), Réamhaisnéis ECFE maidir le Beartais Rialála 2025 agus Rialáil níos fearr ar fud an Aontais Eorpaigh 2025 (atá le teacht).

Idirphlé sóisialta

Is é an Fóram Eacnamaíoch um Fhostaíocht Saothair an t-ardán náisiúnta príomhúil le

Tábla A6.2: **Príomhspriocanna na Deacáide Digití a ndéantar faireachán orthu tríd an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach**

		Ireland			EU-27	Digital Decade target by 2030
		2022	2023	2024	2024	EU-27
Digitalisation of public services						
1	**Digital public services for citizens**	**80**	**81**	**81**	**79**	**100**
	Score (0 to 100)	2021	2022	2023	2023	2030
2	**Digital public services for businesses**	**100**	**100**	**100**	**85**	**100**
	Score (0 to 100)	2021	2022	2023	2023	2030
3	**Access to e-health records**	**na**	**0**	**11**	**79**	**100**
	Score (0 to 100)	2021	2022	2023	2023	2030

Foinse: An Tuarascáil ar Staid na Deacáide Digití 2024

haghaidh idirphlé sóisialta tríthaobhach in Éirinn, cé go bhfuil a thionchar ar an gcinnteoireacht teoranta. Leis an bhFóram Eacnamaíoch um Fhostaíocht Saothair tugtar le chéile ionadaithe ón rialtas ó Chomhdháil na gCeardchumann, an bhrateagraíocht le haghaidh saothair, agus fostóirí, a ndéanann Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann ionadaíocht dóibh. Buaileann na páirtithe leasmhara sin le chéile cúpla uair sa bhliain chun saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann leis an mbeartas eacnamaíoch a phlé, i gcás inar féidir leis na comhpháirtithe sóisialta a dtuairimí a chur in iúl. Cé gur féidir leis na comhpháirtithe sóisialta páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin, níl sé soiléir a mhéid a imríonn a dtuairimí tionchar ar chinntí beartais. Go háirithe, is comhlacht comhairleach seachas comhlacht caibidlíochta é an Fóram Eacnamaíoch um Fhostaíocht Saothair, agus tá ábhair imní curtha in iúl ag comhpháirtithe sóisialta gur minic nach dtugtar freagra ar a n-aighneachtaí chuig an rialtas i gcásanna áirithe. Thairis sin, mheas siad go bhfuil struchtúr náisiúnta an idirphlé shóisialta lag, rud a chuireann bac ar a chumas beartas a chur chun cinn go héifeachtach (féach Iarscríbhinn 10 maidir leis an gcómhargáil).([80])

Seirbhísí poiblí digiteacha

Tá dul chun cinn nach beag déanta ag Éirinn i dtéarmaí seirbhísí poiblí digiteacha, agus scór 81,2 aici maidir le seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh, méid atá os cionn mheán 79,4 an Aontais. Go háirithe, tá Éire ar thús cadhnaíochta i dtéarmaí seirbhísí poiblí digiteacha a chur ar fáil do ghnólachtaí agus tá scór 100 coinnithe aici ó bhí 2020 ann, éacht mór nach raibh bainte amach ach ag an bhFionlainn agus Málta freisin (Tábla A6.2).

Tá ceann de na rátaí úsáide seirbhísí digiteacha is airde san Aontas ag Éirinn. Úsáideann thart ar 91,5 % de dhaoine in Éirinn ríomhsheirbhísí rialtais, méid atá i bhfad os cionn mheán 75 % an Aontais. Thairis sin, úsáideann 73,8 % de dhaoine ríomh-shainaitheantas, rud atá go mór os cionn mheán 41,1 % an Aontais ([81]). Is toradh é an ráta ard úsáide sin ar an bhfócas ar sheirbhísí a chruthú agus tá simpliú déanta leis sin ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn daoine leis an riarachán poiblí. Mar sin féin, tá rochtain ar ríomhthaifid sláinte fós ina príomhdhúshlán, agus tá an scór is ísle san Aontas ina leith ag Éirinn, is é sin 11 as 100, i gcomparáid le meán 18.4 % an Aontais. Ina theannta sin, níl scéimeanna ríomh-shainaitheantais do dhaoine dlítheanacha faoi Rialachán eIDAS curtha ar bun ag Éirinn agus níl fógra ina leith tugtha aici go fóill ([82]). Ciallaíonn

([80]) Le haghaidh anailís ar rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta na hÉireann ar an leibhéal náisiúnta sa Seimeastar Eorpach agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, féach Eurofound (2025), *National-level social governance of the European Semester and the Recovery and Resilience Facility* [Rialachas sóisialta an tSeimeastair Eorpaigh agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ar an leibhéal náisiúnta].

([81]) An Coimisiún Eorpach. an Deacáid dhigiteach 2024: Tuarascálacha tíre

([82]) An Coimisiún Eorpach, Deais eIDAS.

sé sin nach féidir le gnólachtaí Éireannacha iad féin a fhíordheimhniú chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí a chuireann aon cheann eile de na Ballstáit ar fáil, lena n-áirítear na seirbhísí sin a chumasaítear leis an gCóras Teicniúil Aonuaire ([83]), córas atá ina chuid de Thairseach aonair dhigiteach an Aontais.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn maidir le rochtain shaoráideach ar a seirbhísí digiteacha, go hintíre agus san Aontas araon. Baineadh clocha míle móra amach, lena n-áirítear glacadh forleathan an chórais ríomh-shainaitheantais MyGovID, córas a raibh os cionn 2,3 milliún cuntas fíoraithe aige ó mhí Dheireadh Fómhair 2023, lenar cumhdaíodh breis agus leath den daonra aosach. Tá sé d'aidhm ag Éirinn go mbeidh 80 % dá saoránaigh ag úsáid MyGovID faoi 2030.


Ina theannta sin, tá baint ghníomhach ag Éirinn i scéim phíolótach na Tiachóige Eorpaí Céannachta Digití agus an tionscnamh um Dhintiúir Dhigiteacha don Eoraip, nithe a dhíríonn ar earnálacha mar shampla an t-oideachas agus an tslándáil shóisialta. Tá seiceáil sláinte réamhfhógra á déanamh ag Éirinn faoi láthair ar a bonneagar ríomh-shainaitheantais agus tá sí ag féachaint ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm é i réimsí eile amhail an bhaincéireacht agus an t-árachas.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn i dtreo malartú uathoibrithe gan uaim de dhoiciméid bharántúla agus sonraí barántúla ar fud an Aontais. Tá an bonneagar is gá forbartha aici agus tá tús á chur aici leis an bpróiseas na chéad údaráis a nascadh leis an gCóras Teicniúil Aonuaire ([84]).

In 2024 chuir an rialtas in iúl go ndearna sé dul chun cinn maidir leis an gClár um 'Imeachtaí Saoil', clár a bhfuil sé d'aidhm aige seirbhísí poiblí a chlaochlú trína ndéanamh níos inrochtana, níos réamhghníomhaí agus níos rianúla ar líne. Leis an ardán um 'Imeachtaí Saoil', ardán a ndearnadh a chomhdhearadh leis an bpobal trí chomhairliúcháin agus ceardlanna, beidh sé éasca d'úsáideoirí seirbhísí a fháil trí MyGovID a bhaineann le tithíocht, páiste a bheith acu, post a aimsiú, gnólacht a thosú, leas a fháil, etc. ([85]).

Ina theannta sin, sheol an rialtas Straitéis Náisiúnta nuashonraithe um an Intleacht Shaorga (IS) in 2024. Ar na príomhghnéithe tá bosca gainimh rialála le haghaidh na hintleachta saorga, nasc teagmhasach náisiúnta taighde le haghaidh na hIntleachta Saorga agus tionscnaimh uas-scilithe dhigitigh leathnaithe. Tá sé d'aidhm ag an straitéis tacú le glacadh freagrach IS chun táirgiúlacht agus seirbhísí poiblí a fheabhsú, rud a fhágfaidh go mbeidh Éire ina ceannaire in earnáil na hintleachta saorga ([86]).

Graf A6.3: **Ráta rannpháirtíochta na ndaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois san fhoghlaim aosach (%) de réir gairme**



Foinse: an Coimisiún Eorpach, ar bhonn an tsuirbhé ar an bhfórsa saothair

An Státseirbhís

Tá bearta curtha chun feidhme ag Éirinn chun struchtúr aoise agus scileanna a státseirbhíse a choinneáil ar bun. Tá an cóimheas idir baill foirne idir 25 agus 49 mbliana d'aois agus baill foirfe idir 50 agus 64 bliana d'aois os cionn mheán an Aontais agus tá sé

([83]) An Coimisiún Eorpach, Córas Phrionsabal na haonuaire:Dul chun cinn maidir le Margadh Aonair Digiteach an Aontais

([84]) An Coimisiún Eorpach, Luasaireamhéadar an Chórais Theicniúil Aonuaire.

([85]) Dul chun cinn déanta ag an rialtas maidir leis an gClár um Imeachtaí Saoil le haghaidh seirbhísí poiblí feabhsaithe

([86]) Straitéis Náisiúnta Athnuaite um an Intleacht Shaorga:'Deis mhór d'Éirinn tairbhe a bhaint as an intleacht shaorga ar mhaithe lenár leas coiteann'

cobhsaí([87]). Tá méadú tagtha le déanaí ar chion na státseirbhíseach atá ag tabhairt faoin bhfoghlaim aosach (Graf A6.3). Tá Éire i bhfad os cionn mheán an Aontais ó thaobh sciar na státseirbhíseach a oibríonn ón mbaile go tráthrialta de. Is ag an bhFionlainn amháin atá sciar níos airde. Mar sin féin, tháinig laghdú mór ar sciar na bhfostaithe a oibríonn go tráthrialta ón mbaile, áfach, idir 2022 agus 2023, ó 38 % go 27 % ([88]).

Leis an straitéis um Sheirbhísí Poiblí Níos Fearr dírítear ar an lucht saothair a mhúnlú agus ar eagrú na todhchaí. Ar na príomhthosaíochtaí atá ann tá an státseirbhís a dhéanamh níos éagsúla, níos sofhreagrúla agus níos cuimsithí. Tar éis athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar phróisis um earcaíocht státseirbhíse sinsearaí agus cinnidh pá in 2023, bunaíodh coiste luacha saothair le haghaidh poist shinsearacha ([89]) in 2024 chun comhairle neamhspleách a thabhairt maidir le pá as róil shinsearacha. Ina theannta sin, seoladh an Clár Cúnaimh le Filleadh ar Ghairm le haghaidh na státseirbhíse in 2024 chun tacú le hoibrithe oilte a fhilleann ar an lucht saothair tar éis sos gairme, rud a chuireann margadh fostaíochta níos cuimsithí chun cinn ([90]).

Sláine

Measann céatadán níos ísle de chuideachtaí ná meán an Aontais gur fadhb é an t-éilliú, agus cuireadh feabhas ar an reachtaíocht chun breabaireacht idirnáisiúnta a chomhrac. In Éirinn, ní mheasann ach 33 % de chuideachtaí go bhfuil éilliú forleathan (meán an Aontais: 64 %) agus ní mheasann ach 9 % díobh gur fadhb é an t-éilliú agus iad i mbun gnó (meán an Aontais 36 %) ([91]). Mar sin féin, ní chreideann ach 25 % de chuideachtaí go ndéantar daoine agus gnólachtaí a mbeirtear orthu ag breabadh oifigeach sinsearach a phionósú go hiomchuí (meán an Aontais 31 %) ([92]). Tá dúshlán fós ann maidir leis an easpa acmhainní agus speisialtóireachta laistigh de na seirbhísí náisiúnta póilíneachta agus ionchúisimh i ndáil le cásanna éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh ([93]). Le hathruithe reachtacha a rinneadh le déanaí, tá coinne leis go ndéanfar an t-imscrúdú ar bhreabaireacht eachtrach a chuíchóiriú ([94]). Is iad na hearnálacha atá sainaitheanta ag páirtithe leasmhara mar réimsí riosca éillithe an phleanáil, fóntais phoiblí, ionramháil spóirt, foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, acmhainní nádúrtha agus soláthar príobháideach ([95]).

Tá a clár poiblí do bhrústocairí neartaithe ag Éirinn. Mar aon le formhór na Ballstát den Aontas, tá rialacha maidir le brústocaireacht curtha chun feidhme ag Éirinn. Ó bhí 2024 ann, ceanglaítear ar ghrúpaí sainleasa corparáideacha agus ar chomhghuaillíochtaí eile den sórt sin nach bhfostaíonn aon fhostaí díreach tuairisceáin a thabhairt ar an gClár Brústocaireachta. Ar na forálacha nua tá smachtbhannaí airgeadais riaracháin, cuir i gcás smachtbhannaí le haghaidh sáruithe ar an bhforáil marana ([96]).

Ceartas

Tá dúshláin thromchúiseacha fós roimh an gcóras ceartais a mhéid a bhaineann lena éifeachtúlacht fhoriomlán, **go háirithe maidir le fad na n-imeachtaí**. Níl forléargas mionsonraithe ar éifeachtúlacht an cheartais ar fáil fós ar fáil mar gheall ar easpa sonraí, ar bhonn leanúnach, maidir le himeachtaí cúirte, rud atá bunaithe ar thráscairí sainithe. Léirítear i Scórchlár Ceartais AE 2025 gurbh é 81 % an ráta imréitigh le haghaidh cásanna neamhchoiriúla in 2023, an ráta ab ísle san Aontas. Tá dul chun cinn déanta maidir le leibhéal na digiteála. Thairis sin, tá roinnt straitéisí digiteacha curtha i bhfeidhm ag

([87]) Eurostat. An tsuirbhé ar an bhfórsa saothair. Fostaíocht de réir gnéis agus aoise agus gníomhaíocht eacnamaíoch.

([88]) Eurostat. Daoine fostaithe a oibríonn ón mbaile mar chéatadán den fhostaíocht iomlán.

([89]) gov.ie - Bunú an choiste luacha saothair chun obair an Rialtais a threorú fógartha ag an Aire Donohue

([90]) gov.ie - an Clár Cúnaimh le Filleadh ar Ghairm le haghaidh na státseirbhíse seolta ag an Aire Donohue

([91]) Flais-Eorabharaiméadar 543 maidir le dearcthaí gnólachtaí i dtaca leis an éilliú san Aontas Eorpach (2024).

([92]) Ibid.

([93]) Féach an chaibidil tíre faoi Éirinn i dTuarascáil 2024 maidir leis an Smacht reachta, lgh. 12-13.

([94]) Ibid, lgh. 15-16.

([95]) Ibid. lch. 20.

([96]) Ibid. lch. 18.

Éirinn ar bhonn céimneach a d'fhéadfadh cuidiú le bearnaí atá fós gan réiteach maidir le ceartas a dhigitiú a líonadh. Maidir leis an neamhspleáchas breithiúnach, níor sainaithníodh aon easnaimh chórasacha ([97]).

([97]) Chun anailís níos mionsonraithe a fháil ar fheidhmíocht an chóras ceartais in Éirinn, féach Scórchlár Ceartais AE 2025 agus Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta.

Tá dúshláin mhóra roimh Éirinn maidir lena haistriú chuig tionscal glan agus an tóraíocht chun a bheith fós iomaíoch i dtimpeallacht ísealcharbóin: léiríonn an tír leochaileacht mar gheall ar a hacmhainneacht mhonaraíochta mheasartha i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus ar spleáchas mór ar allmhairí amhábhar criticiúil. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag Éirinn maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghad, d'fhéadfadh sí beartais maolaithe aeráide a shonrú a thuilleadh chun a sprioc laghdaithe astaíochtaí 2030 a bhaint amach. Ina theannta sin, tá aistriú gheilleagar ciorclach na hÉireann ar chúl go mór, agus úsáid chiorclach an-íseal ábhar agus infheistíocht neamhleor aici chun spriocanna ciorclacha a bhaint amach. San iarscríbhinn seo déantar athbhreithniú ar na réimsí ar gá aird phráinneach a thabhairt orthu in aistriú thionscal glan na hÉireann agus sa mhaolú ar an athrú aeráide, lena bhféachtar ar ghnéithe éagsúla.

Uathriail straitéiseach agus teicneolaíocht le haghaidh an aistrithe ghlais

Tionscal glan-nialasachta

Tá Éire leochaileach mar gheall ar a hacmhainneacht mhonaraíochta mheasartha i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a spleáchas ar allmhairí príomhtheicneolaíochtaí glana ([98]). Ar na príomhshaoráidí táirgeachta teicneolaíochtaí glana tá, i gcás ceallraí litiam-ian, an Xerotech i nGaillimh agus Li-Gen i dTiobraid Árann, agus táirgeann Nines photovoltaics cillí fótavoltachais gréine i mBaile Átha Cliath. Tá sé fógartha ag Eirsun go n-osclófar saoráid ina dtáirgfear modúil fhótavoltacha gréine faoi 2024, agus meastar go mbeidh toilleadh 250-350 MW in aghaidh na bliana inti. Maidir le monaraíocht ghaoithe, tá roinnt tionscnaimh taighde agus forbraíochta ar scála beag maidir le gaoth amach ón gcósta. Tá Éire páirteach i dtástáil comhpháirteanna agus i mbogearraí bainistíochta eangaí, agus tá cuideachta atá ag fás i mBaile Átha Cliath atá dírithe ar ardán gaoithe amach ón gcósta ar snámh a fhorbairt.

Tá an creat beartais lena dtacaítear le huas-scálú mhonarú na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta fós teoranta do bheartais earnálacha atá dírithe den chuid is mó ar ghaoth amach ón gcósta. I mí an Mhárta 2024, d'fhoilsigh Éire a straitéis thionsclaíoch gaoithe amach ón gcósta, *Powering Prosperity*. Tá sé d'aidhm ag an straitéis tionscal gaoithe amach ón gcósta a thógáil in Éirinn lena n-áirithítear go gcruthófar an oiread luacha agus is féidir leis an earnáil agus go mbainfear an leas is fearr is féidir as na tairbhí eacnamaíocha léi. Ar na bearta chun an acmhainneacht mhonaraíochta a neartú faoin straitéis tá Ionad barr feabhais um an nGaoth amach ón gCósta a bhunú chun comhar a éascú idir cuideachtaí sa slabhra soláthair, gníomhaireachtaí rialtais agus institiúidí oideachais chun rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí nua agus iad a chur chun feidhme. Déanfaidh Éire imscrúdú freisin ar roghanna chun páirceanna tionsclaíocha fuinnimh ghlais a thógáil, arb é is aidhm dóibh réitigh chuimsitheacha maoine, fóntais agus bonneagair a chur ar fáil ar mhórscála. Príomhdhúshlán roimh sheachadadh tráthúil na dtionscadal is ea an raon ceadanna is gá (67 gcead agus ceadúnas atá le fáil ó 18 gcomhlacht eisiúna). Tá sé d'aidhm ag Acht um Pleanáil agus Forbairt a rinneadh le déanaí ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 an próiseas le haghaidh Forbairtí Straitéiseacha Bonneagair a chuíchóiriú.

Tá dreasachtaí i bhfeidhm lena dtacaítear le hinfheistíocht agus le scileanna i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta. Áirítear leis sin an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, ciste a thacaíonn le trealamh fuinnimh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí nuálacha eile a fhorbairt. Cuirtear gairmoiliúint agus deiseanna uas-scilithe ar fáil i dtionscail an fhuinnimh in-athnuaite in dá clár scileanna.

Infheistíocht phoiblí i dtaighde agus forbairt a bhaineann le fuinneamh; tháinig laghdú uirthi ó 0,022 % de OIN* in 2014 go 0,005 % in 2021. Tá tús curtha ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le glaonna bliantúla a fhoilsiú chun tionscadail nuálacha forbartha agus taispeántais a chistiú i réimse an taighde fuinnimh.

([98]) An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh, 2025, *Tírdhreach an tionscail monaraíochta ghlan-nialasaigh ar fud na mBallstát 2025*, https://data.europa.eu/doi/10.2833/2181110

Is é an Clár Cistiúcháin Náisiúnta um Thaighde Forbartha agus Taisealbhadh Fuinnimh (TF&T) an phríomhionstraim mhaoinithe lena dtacaítear le taighde agus forbairt fuinnimh, ar clár de chuid Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann é.

Amhábhair chriticiúla

Tá Éire ag brath go mór ar allmhairí amhábhar criticiúil. Ós rud é gur eascair 33,5 % de na hionchuir ábhartha as allmhairí in 2023, i gcomparáid le meán 22 % an Aontais, tá Éire an-leochaileach i leith suaití sa slabhra soláthair. Cé go bhfuil Éire ar cheann de phríomhtháirgeoirí alúmanaim scagtha san Aontas, in 2023 bhí leasacháin, miotail de chuid an ghrúpa platanaim, adhmad, alúmanam agus gual cóic i measc a hallmhairí. Ó bhí 2000 ann, tá méadú os cionn trí oiread tagtha ar tháirgiúlacht acmhainní na hÉireann, méid atá níos mó ná meán an Aontais.


Maolú ar an athrú aeráide

Dícharbónú tionsclaíoch

Is beag an méid gás ceaptha teasa a astaítear tríd an táirgeadh monaraíochta in Éirinn. Níos lú ná 10 % d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha sa tír, sin an méid atá i gceist leis an earnáil sin, méid atá i measc na sciartha is ísle san Aontas ([99]). Le 40 gCO2eq de ghás ceaptha teasa in aghaidh an euro d'oll-bhreisluach (OBL), tá déine astaíochtaí na táirgeachta monaraíochta in Éirinn cothrom le 15 % de mheán an Aontais, rud a fhágann go bhfuil sí sa chéad áit san Aontas i ndáil leis sin. Ó bhí 2017 ann, tá laghdú 52 % tagtha ar dhéine astaíochtaí na táirgeachta monaraíochta in Éirinn, laghdú atá i bhfad níos mó ná mar a tharla san Aontas ar an iomlán , is é sin laghdú 22 %. Tagann sciar mór d'astaíochtaí ceaptha teasa monaraíochta na hÉireann, is é sin 58 %, ó úsáid fuinnimh, rud atá cosúil leis an úsáid fuinnimh san Aontas ar an iomlán; is ó phróisis thionsclaíocha a thagann an chuid eile go príomha.

Is cosúil gurb é is cúis leis an laghdú a tháinig le déanaí ar dhéine na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa i dtáirgeacht mhonaraíocht na hÉireann éifeachtúlacht fuinnimh níos airde ([100]). Idir 2017 agus 2022, tháinig laghdú 51 % agus 55 % faoi seach ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa na táirgeachta monaraíochta a bhaineann le fuinneamh agus nach mbaineann le fuinneamh, arb iad sin na laghduithe ba mhó san Aontas. Sa tréimhse chéanna, bhí sciar an leictreachais agus na bhfoinsí in-athnuaite i dtomhaltas fuinnimh deiridh na hearnála monaraíochta fós cobhsaí den chuid is mó, agus é ar leibhéal a bhí thart ar 35 %. Os a choinne sin, tháinig laghdú 53 % ar dhéine fuinnimh na monaraíochta in Éirinn, ó 0,26 Gwh go 0,12 Gwh in aghaidh an euro do OBL.

Graf A7.1: **Déine astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-earnálacha monaraíochta agus dianfhuinnimh, 2022**



Foinse: Eurostat.

Níl ról ag tionscail dianfhuinnimh i ngeilleagar na hÉireann. Níos lú ná 1 % d'oll-bhreisluach monaraíochta iomlán na hÉireann atá i

([99]) In 2023. Áirítear le monaraíocht gach rannán de roinn 'C' den dara Athbhreithniú ar NACE: aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Sa chuid eile den roinn seo, mura léirítear a mhalairt, tagraíonn sonraí faoi mhonaraíocht do rannáin NACE, roinn C, gan rannán C19 a áireamh (monarú cóic agus táirgí peitriliam scagtha), agus don bhliain 2022. Is é Eurostat foinse na sonraí uile sa roinn seo; is ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) na sonraí a leanann Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCC), agus déanann Eurostat iad a athfhoilsiú.

([100]) Maidir le déine astaíochtaí GCT OBL a bhaineann le húsáid fuinnimh agus próisis thionsclaíocha agus úsáid táirgí faoi seach, tagann astaíochtaí GCT ó shonraí fardail i gcomhréir le Formáid Tuairiscithe Choiteann (CRF) ó Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, ina dtagraítear go háirithe do na hearnálacha foinse CRF.1.A.2 - dóchán breosla i dtionscail mhonaraíochta agus i dtógáil agus CRF.2 - próisis thionsclaíocha agus úsáid táirgí. Comhfhreagraíonn sonraí CRF.1.A.2 d'earnálacha NACE C agus E den chuid is mó, gan C-19 a áireamh. Tá sonraí OBL (atá san ainmneoir don dá dhéine) ailínithe leis an gcumhdach earnálach sin. Dá bhrí sin, níl siad go hiomlán comhsheasmhach leis na sonraí dá dtagraítear sa chuid eile den roinn seo.

gceist leis na hearnálacha sin ([101]) (2022). Ina measc sin, tuairiscíodh go raibh déine astaíochtaí gás ceaptha teasa táirgeachta an-ard i monarú miotal bunúsach in 2022, ba é sin 11,9 kg CO2eq/€ de OBL, méid atá i bhfad os cionn leibhéal 3,5 kg Co2eq/€ an Aontais. Tuairiscíodh go raibh déine astaíochtaí gás ceaptha teasa táirgeachta ard i monarú mianraí neamh-mhiotalacha freisin, ba é sin 3,4 kg CO2eq/€ de OBL, méid atá i bhfad os cionn leibhéal an Aontais maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa de 2,2 kg CO2eq/€. Tá méadú mór tagtha ar phraghsanna leictreachais in Éirinn sna 2020idí, go méideanna measartha mór i gcomparáid le Ballstáit eile den Aontas (féach Iarscríbhinn 8 maidir leis an aistriú fuinnimh inacmhainne). Mar sin féin, tá méadú thart ar aon cheathrú tagtha ar tháirgeadh in earnáil na mianraí neamh-mhiotalacha ó bhí 2021 ann ([102]).

Tá beartais curtha i bhfeidhm ag Éirinn chun tacú le dícharbónú an tionscail ach tá gá le go leor beartais eile. I bplean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide le haghaidh 2024, tá bearta ar nós próisis mhonaraíochta a leictriú chun dul in ionad breoslaí iontaise; táirgí ísealcharbóin agus táirgí carbóin glan-nialasacha a ionadú le haghaidh ábhair thógála; tosaíocht a thabhairt do bhithmhais agus do gháis astaíochtaí ísle i limistéir nach bhfuil leictriú ná cineálacha eile dícharbónaithe inmharthana ó thaobh na tráchtála ná na teicneolaíochta de; agus beartais a chur chun cinn maidir le gabháil, úsáid agus stóráil hidrigine agus carbóin a chur in úsáid. In 2024 d'fhoilsigh Éire a treochlár maidir le teas tionsclaíoch a dhícharbónú, treochlár inar leagadh amach na céimeanna, tacaíochtaí agus na rialacháin is gá chun astaíochtaí carbóin ó earnálacha monaraíochta a laghdú. Tá rochtain ag gnólachtaí ar ionstraimí tacaíochta dícharbónaithe éagsúla, ar nós an deontais iniúchta fuinnimh ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, 'Tús Glas' ó Fhiontraíocht Éireann agus cláir 'Tús Glas' agus '*Go Green*' ón nGníomhaireacht Forbartha Tionscail. Tá na hionstraimí sin éifeachtach i gcás tionscnaimh aeráide luathchéime; mar sin féin, ní leor na bearta tacaíochta atá ann faoi láthair le haghaidh dícharbónú teasa ar mhórscála chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach, go háirithe maidir le caidhpeanna praghais agus rátaí glactha ísle ([103]).

Astaíochtaí a laghdú sna hearnálacha comhroinnte díchill

Chun an sprioc 2030 atá aici le haghaidh na n-earnálacha comhroinnte díchill a bhaint amach, d'fhéadfadh Éire tuilleadh beartas maidir le maolú ar an athrú aeráide a shonrú agus a chur chun feidhme ([104]). Bhí coinne leis go raibh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnálacha comhroinnte díchill na hÉireann in 2023 10,3 % faoi bhun na n-astaíochtaí sin sa bhliain 2005. Faoi 2030, réamh-mheastar go laghdófar na hastaíochtaí sin 8,9 % i gcomparáid le leibhéil na bliana 2005. Le beartais bhreise faoi phlean nuashonraithe náisiúnta fuinnimh agus aeráide deiridh na hÉireann, réamh-mheastar go mbainfear níos mó laghduithe amach, is é sin 16,5 pointe céatadáin. Fágann sé sin go mbeidh easnamh mór ann i gcoinne sprioc comhroinnte díchill na hÉireann chun laghdú 42 % a bhaint amach le 16,6 pointe céatadáin ([105]). Beidh sé criticiúil tuilleadh bearta maolaithe aeráide a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras agus go seasta. Cé go bhféadfadh Éire úsáid a bhaint as na solúbthachtaí atá le fáil faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, níor leor sin chun an bhearna chuig an sprioc a dhúnadh.

([101]) Go háirithe, monarú páipéir táirgí páipéir (roinn NACE C17), ceimiceán agus táirgí ceimiceacha (C20), táirgí mianracha neamh-mhiotalacha 'eile' (C23; áirítear sa roinn sin gníomhaíochtaí monaraíochta a bhaineann le substaint aonar de thionscnamh mianrach, mar shampla gloine, táirgí ceirmeacha, tilí agus stroighin agus plástar), agus miotail bhunúsacha (C24). Go dtí seo, tá na tionscail sin dian ar fhuinneamh - i.e. ídíonn siad go leor fuinnimh ar an láthair agus/nó i bhfoirm leictreachas ceannaithe araon - agus dian ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, i gcomhcheangail éagsúla.


([102]) I gcás na n-earnálacha dianfhuinnimh eile, níl sonraí táirgthe ar fáil.

([103]) Féach Ibec (2024), Dícharbónú trí Chonarthaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide: Togra ó Ibec, mí Iúil 2024, Ibec - Le haghaidh Gnólachtaí Éireannacha.

([104]) Leagtar síos an sprioc náisiúnta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i Rialachán (AE) 2023/857 (an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill). Tá feidhm aici maidir le foirgnimh (téamh agus fuarú); iompar ar bóthar, talmhaíocht; dramhaíl; agus tionscail bheaga (ar a dtugtar na hearnálacha comhroinnte díchill).

([105]) Tá astaíochtaí ó na hearnálacha comhroinnte díchill le haghaidh 2023 bunaithe ar shonraí neasfhardail. Suífear na sonraí deiridh in 2027 tar éis athbhreithniú cuimsitheach. Réamh-mheastacháin maidir le tionchar na mbeartas reatha ('le bearta atá ann cheana') agus beartais bhreise ('le bearta breise') de réir phlean nuashonraithe náisiúnta fuinnimh agus aeráide deiridh na hÉireann.

Graf A7.2: **Astaíochtaí gás ceaptha teasa sna hearnálacha comhroinnte díchill, 2005 agus 2023**



Foinse: an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

Tionscal inbhuanaithe

Aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach

Tá úsáid chiorclach an-íseal ábhar in Éirinn. Tá úsáid chiorclach ábhar in Éirinn measartha seasta le 10 mbliana anuas agus tá sí i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. 2,3 % a bhí ar an ráta in 2023, i gcomparáid le meán 11,8 % an Aontais. Fágann sé sin gurb í Éire an Ballstát a bhfuil an dara ráta is ísle aici maidir le húsáid chiorclach ábhar. Dá réir sin, tá gá práinneach ann (i) teicneolaíochtaí a chur chun cinn atá dírithe ar ábhair is féidir a athúsáid ag deireadh a saolré a chur in ionad amhábhair chriticiúla agus (ii) úsáid amhábhar tánaisteach a chur chun cinn. I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhoilsigh Circle Economy Tuarascáil na hÉireann maidir leis an mBearna Chiorclaíochta ([106]). Is é conclúid na tuarascála go dtagann níos mó ná 97 % de na hábhair a ritheann trí gheilleagar na hÉireann ó fhoinsí neamhshaothraithe, méid atá níos airde ná an geilleagar domhanda (díreach os cionn 92 % in 2023). Déanfaidh an tuarascáil sin eolas don dara Straitéis uile-rialtais don Gheilleagar Ciorclach, straitéis a bhí le foilsiú roimh dheireadh 2024.

Seoladh tionscnaimh éagsúla maidir leis an ngeilleagar ciorclach le déanaí. In 2022 ghlac Éire an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha. Foráiltear san Acht sin an chéad sainmhíniú ar an ngeilleagar ciorclach i ndlí intíre na hÉireann. Dreasaítear leis úsáid roghanna malartacha in-athúsáidte agus in-athchúrsáilte ar tháirgí indiúscartha; bunaítear ciste tiomnaithe don gheilleagar ciorclach leis; agus cuirtear píosaí reachtaíochta a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach ar bhonn reachtúil leis. Rinneadh clár don gheilleagar ciorclach le haghaidh 2021-2027 de chlár náisiúnta na hÉireann maidir le dramhaíl a chosc.. Ar an leibhéal réigiúnach, tá plean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach á fhorbairt ag Iarthar Éireann. Tá plean náisiúnta bainistithe dramhaíola do gheilleagar ciorclach le haghaidh 2024-2030 glactha ag Éirinn, ina gcuimsítear creat maidir le dramhaíl a chosc agus a bhainistiú le haghaidh 2024-2030 freisin.

Tháinig méadú ar ghiniúint dramhaíola cathrach per capita idir 2014 agus 2020, agus tá an baol ann nach n-éireoidh le hÉirinn sprioc 2025 maidir le dramhaíl chathrach a bhaint amach. In anailís ar chomhdhéanamh dramhaíola a rinneadh in 2018 agus 2022, léirítear gurb é fás na dramhaíola ó phacáistíocht is mó is cúis leis an méadú, méid atá i bhfad os cionn mheán an Aontais. In 2021 bhí an ráta athchúrsála le haghaidh pacáistíocht phlaisteach (28 %) faoi bhun mheán an Aontais. In 2020 ní dhearnadh ach 39,7 % de dhramhaíl tógála agus scartála (gan aislíonadh a áireamh) a athchúrsáil, méid a bhí i bhfad faoi bhun mheán 78 % an Aontais. Tá an ráta ullmhúcháin d'athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola cathrach marbhánta, agus é timpeall ar 41 % in 2020, ráta atá beagán faoi bhun mheán an Aontais. Tá an ráta líonta talún cobhsaithe ó bhí 2018 ann (ar leibhéal thart ar 16 %), beagnach go hiomlán mar gheall ar atreorú dramhaíola chuig loscadh, cé go bhfuil méadú mór tagtha ar an ráta loiscthe, is é sin 42 % in 2020.

Ní leor an infheistíocht atá á déanamh faoi láthair san aistriú ciorclach chun an sprioc chiorclach a bhaint amach. Meastar go bhfuil infheistíocht bhreise EUR 827 milliún ar a laghad in aghaidh na bliana de dhíth ar Éirinn le haghaidh an aistrithe chiorclaigh, is é sin 0,16 % de OTI. Chun an bhearna sa gheilleagar ciorclach a dhúnadh, meastar go mbeidh gá le EUR 196 mhilliún le haghaidh dreasachtaí a bhí ann le déanaí, mar shampla éicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe; pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht; lipéadú agus uirlisí digiteacha; agus bearta a mholtar faoin leasú ar

([106])CGR, 2024, *The Circularity Gap Report*, Nasc.

an Treoir Réime Dramhaíola. Meastar go mbeidh gá le breis agus EUR 500 milliún chun leas a bhaint as acmhainneacht gheilleagar ciorclach na hÉireann ([107]).

Tionscal Saor ó Thruailliú

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn maidir le truailliú aeir a laghdú, rud atá díchúpláilte anois ó fhás OTI. Comhlíonadh gealltanais laghdaithe astaíochtaí 2020-2029 faoin an Treoir maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta, seachas i gcás amóinia. Tá Éire ar an mbóthar ceart chun na gealltanais laghdaithe astaíochtaí níos déine le haghaidh 2030 agus ina dhiaidh sin a chomhlíonadh, seachas i gcás comhdhúile so-ghalaithe orgánacha neamh-mheatáin. In 2023, níorbh ann d'aon sárú os cionn na dteorainnluachanna a bunaíodh leis an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh in Éirinn.

I bhfianaise chomhdhéanamh gheilleagar na hÉireann, tá Éire ar cheann de na hastaírí is ísle san Aontas i gcás truailleáin tionscail san aer agus san uisce. Tá an dara déine astaíochtaí tionsclaíocha aeir is ísle le haghaidh tionscail san Aontas ag Éirinn (EUR 2,9/míle EUR OBL, méid atá faoi bhun mheán EUR 27,5 an Aontais). Is iad na príomhearnálacha tionsclaíocha a rannchuidíonn le hastaíochtaí aeir an earnáil fuinnimh agus an tionscal mianraí. Maidir le truailliú uisce, tá Éire rangaithe i measc na mBallstát ag a bhfuil an déine astaíochtaí miotal trom is ísle (méid atá i bhfad faoi bhun mheándéine EUR 0,864 kg/billiún OBL an Aontais le haghaidh an tionscail). Is iad na nithe is mó a chuireann le hastaíochtaí san uisce an earnáil ceimiceán le haghaidh miotail throma (tocsaineacht dhaonna) agus an earnáil fuinnimh (táirgeadh leictreachais agus teasa) le haghaidh carbón orgánach iomlán.

Tá na costais a bhaineann leis an truailliú fós níos airde ná infheistíocht sa truailliú a chosc agus a rialú. In 2022 ba é mínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) ba chúis le 530 bás, dé-ocsaíd nítrigine (NO_2) ba chúis le 100 bás agus ózón ba chúis le 240 bás. Chun a cuspóirí comhshaoil maidir leis an truailliú a chosc agus a rialú (i dtreo a bheith saor ó thruailliú) a bhaint amach, meastar go mbeadh EUR 847 milliún breise de dhíth ar Éirinn in aghaidh na bliana (0,17 % de OTI), le haghaidh bearta maidir le haer glan agus torann den chuid is mó ([108]).

([107])An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol, *An Clár um measúnú ar riachtanais agus bearnaí infheistíochta comhshaoil*, nuashonrú 2025. Arna shloinneadh i bpraghsanna 2022.

([108])An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol, *An Clár um measúnú ar riachtanais agus bearnaí infheistíochta comhshaoil*, nuashonrú 2025. Arna shloinneadh i bpraghsanna 2022.

Tábla A7.1: **Príomhtháscairí maidir le tionscal glan agus maolú ar an athrú aeráide: Éire**

Strategic autonomy and technology for the green transition				Ireland						EU-27	
Net zero industry											
Operational manufacturing capacity 2023											
- Solar PV (c: cell, w: wafer, m: module), MW	-				- Electrolyzer, MW		-				
- Wind (b: blade, t: turbine, n: nacelle), MW	-				- battery, MWh		-				
Automotive industry transformation	**2017**	**2018**	**2019**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**			**2018**	**2021**
Motorisation rate (passenger cars per 1000 inhabitants), %	441	442	450	452	448	443	453	↗		539	561
New zero-emission vehicles, electricity motor, %	0.47	0.97	2.91	4.41	8.47	14.75	18.47	↗		1.03	8.96
Critical raw materials	**2017**	**2018**	**2019**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**			**2018**	**2021**
Material import dependency, %		30.7	28.6	29.3	31.5	31.5	33.5	↗		24.2	22.6
Climate mitigation				Ireland					Trend	EU-27	
Industry decarbonisation	**2017**	**2018**	**2019**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**			**2017**	**2022**
GHG emissions intensity of manufacturing production, kg/€	0.07	0.07	0.07	0.05	0.05	0.04		↘		0.34	0.27
Share of energy-related emissions in industrial GHG emissions	44.2	43.5	40.4	40.7	37.7	41.1	41.3	↘		44.8	42.5
Energy-related GHG emissions intensity of manufacturing and construction, kg/€	44.0	41.6	39.8	33.7	27.2	21.6	-	↘		158.4	132.9
Share of electricity and renewables in final energy consumption in manufacturing, %	35.9	34.0	33.8	34.2	34.2	35.7	36.2	↘		43.3	44.2
Energy intensity of manufacturing, GWh/€	0.26	0.24	0.23	0.19	0.15	0.12	0.16	↘		1.29	1.09
Share of energy-intensive industries in manufacturing production						0.7					7.3
GHG emissions intensity of production in sector [...], kg/€											
- paper and paper products (NACE C-17)	0.09	0.11	0.05	0.08	0.04	0.05	0.04	-		0.73	0.68
- chemicals and chemical products (NACE C20)	-	-	-	-	-	0.00	-	-		1.25	1.26
- other non-metallic mineral products (NACE C23)	3.67	3.53	3.26	2.99	3.59	3.35	3.00	-		2.53	2.24
- basic metals (NACE C24)	4.48	4.25	3.90	5.20	9.02	11.85	7.48	-		2.79	3.49
Reduction of effort sharing emissions		**2018**	**2019**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**			**2018**	**2023**
GHG emission reductions relative to base year, %					-2.7	-3.8	-10.3				
- domestic road transport		-5.8	-5.7	-20.4	-15.1	-10.1	-9.8	↘		1.4	5.2
- buildings		-18.3	-20.7	-17.0	-20.0	-27.7	-32.3	↘		21.4	32.9
	2005				**2021**	**2022**	**2023**	**Target**		**WEM**	**WAM**
Effort sharing: GHG emissions, Mt; target, gap, %	47.7				46.4	45.9	42.8	-42.0		-33.1	-16.6
Sustainable industry				Ireland					Trend	EU-27	
Circular economy transition		**2018**	**2019**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**			**2018**	**2021**
Material footprint, tonnes per person		16.6	23.4	19.1	13.7	14.0	11.8	↘		14.7	15.0
Circular material use rate, %		1.9	1.8	1.8	2.1	2.1	2.3	↘		11.6	11.1
Resource productivity, €/kg		2.7	2.9	3.2	3.8	4.3	4.7	↗		2.1	2.3
Zero pollution industry											
Years of life lost due to PM2.5, per 100,000 inhabitants		149	142	114	111	192	-	↗		702	571
Air pollution damage cost intensity, per thousand € of GVA					2.9						27.5
Water pollution intensity, kg weighted by human factors per bn € GVA						0.1					0.9


Foinse: **Tionscal glan-nialasachta:** An Coimisiún Eorpach: Tírdhreach an tionscail monaraíochta glan-nialasachta ar fud na mBallstát:tuarascáil chríochnaitheach, 2025. **Trasfhoirmiú an tionscail gluaisteán:** Eurostat. **Amhábhair chriticiúla:** Eurostat. **Maolú ar an athrú aeráide:** Féach na fonótaí sa roinn 'maolú ar an athrú aeráide'; astaíochtaí maidir le comhroinnt díchill a laghdú: Amharcóir sonraí Gháis ceaptha teasa EEA; An Coimisiún Eorpach, an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, 2024. **Tionscal inbhuanaithe:** Blianta beatha a cailleadh blianta de dheasca PM2,5: Eurostat agus EEA, Díobháil do shláinte an duine ó thruailliú aeir san Eoraip:stádas maidir le hualach an ghalair, 2024. Damáiste ó thruailliú aeir: EEA, Déine na gcostas a bhaineann le damáiste ó thruailliú aeir i dtionscail mhóra san Aontas, 2024. Na hastaíochtaí a chumhdaítear ann: As, beinséin, Cd, Cr, Hg, NH3, Ni, NMVOC, NOX, Pb, dé-ocsainí, PM10, PAH, SOX. Déine an truaillithe uisce: EEA, Déine an truaillithe uisce i dtionscail mhóra san Aontas, 2024. Scaoileadh isteach in uisce atá cumhdaithe ó chaidmiam, luaidhe, mearcair, nicil. Táscairí eile: Eurostat.

Leagtar amach san iarscríbhinn seo an dul chun cinn atá déanta agus na dúshláin leanúnacha atá ann maidir le hiomaíochas agus inacmhainneacht fuinnimh a fheabhsú, agus an t-aistriú chuig glan-nialasacht á chur chun cinn an tráth céanna. Déantar scrúdú ar na bearta agus na spriocanna a mholtar sna nuashonruithe críochnaitheacha ar na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAanna) le haghaidh 2030.

D'ainneoin uaillmhianta arda agus iarrachtaí substaintiúla i dtéarmaí tacaíocht a thabhairt do chur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, tá bac á chur ar mheascán fuinnimh na hÉireann mar gheall ar phróiseas ceadúcháin casta agus easpa solúbthachta eangaí. Déantar dul chun cinn maith i dtéarmaí athchóiriú foirgneamh agus téamh éifeachtúlachta fuinnimh a fhrithchothromú le méadú ar thomhaltas fuinnimh foriomlán.

Praghsanna agus costais fuinnimh


Graf A8.1: **Comhchodanna de phraghas miondíola fuinnimh do thomhaltóirí teaghlaigh agus neamhtheaghlaigh, 2024**



(i) I gcás tomhaltóirí teaghlaigh, is é DC an banda tomhaltais i gcás an leictreachais agus is é D2 an banda tomhaltais i gcás gáis. Léirítear cánacha agus tobhaigh agus VAT san áireamh.
(ii) I gcás tomhaltóirí neamhtheaghlaigh, is é ID an banda tomhaltais i gcás an leictreachais agus is é I4 an banda tomhaltais i gcás gáis. Léirítear cánacha agus tobhaigh agus gan VAT agus muirir in-aisghabhála a bheith san áireamh, ós rud é go ndéanann gnólachtaí na nithe sin a aisghabháil de ghnáth.
Foinse: Eurostat

Tháinig laghdú beag ar phraghsanna miondíola fuinnimh in 2024, seachas i gcás an phraghais leictreachais teaghlaigh, arb é sin an tríú praghas is airde san Aontas. **Bhí praghsanna miondíola le haghaidh tomhaltóirí neamhtheaghlaigh fós níos airde nó gar do mheán an Aontais**, d'ainneoin cánacha agus tobhaigh ísle (gan CBL san áireamh) a raibh 1,6 % de phraghsanna leictreachais agus 4,2 % de phraghsanna gáis i gceist leo (méid atá go mór faoi bhun mheáin 15,4 % agus 11,6 % an Aontais faoi seach). Ar an gcaoi chéanna, d'fhan praghsanna miondíola teaghlaigh os cionn mheán an Aontais freisin. Bhí sé sin fíor go háirithe maidir le leictreachas, agus méadú bliain ar bhliain i gceist leis, d'ainneoin costais líonra níos ísle ná meán an Aontais (20,6 % den phraghas deiridh i gcomparáid le 27,2 % ar mheánleibhéal an Aontais) agus leibhéal CBL níos ísle (8,6 % in aghaidh 14,6 % ar mheánleibhéal an Aontais).

Graf A8.2: **Meánphraghsanna leictreachais mórdhíola míosúla lá roimh ré agus praghsanna gáis nádúrtha tagarmhairc Eorpacha (Saoráid Aistrithe Teideal (TTF) na hÍsiltíre)**



(i) Is pointe trádála fíorúil le haghaidh gás nádúrtha san Ísiltír an tSaoráid Aistrithe Teideal (TTF). Feidhmíonn sé mar thagarmharc príomhúil do phraghsanna gáis nádúrtha na hEorpa.
(ii) Le CWE tugtar meánphraghasanna i margadh thiar láir na hEorpa (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ostair).
Foinse: S&P Platts agus ENTSO-E

Agus meánphraghas an leictreachais mórdhíola 108,7 €/MWh in 2024 ag Éirinn (agus 84,7 €/Mwh mar mheánphraghas an Aontais) ([109]) , bhí méid na bpraghsanna leictreachais mórdhíola a bhí aici ar an tríú leibhéal is airde san Aontas. Tháinig méaduithe

([109])Fraunhofer (sonraí ó ENTSO-E)

tobanna ar phraghsanna san earrach/sa samhradh, i gcomhréir le margaí níos leithne thiar láir hEorpa, i bhfianaise costais gáis nádúrtha atá ag ardú agus spleáchas leanúnach na hÉireann ar ghás chun leictreachas a ghiniúint, arb é sin an tríú sciar is mó san Aontas ag 49 % den mheascán leictreachais in 2024. San fhómhar agus sa gheimhreadh, tháinig méadú breise ar phraghsanna, rud a chuaigh in olcas mar gheall ar an Dunkelflaute (tréimhse de ghiniúint íseal gaoithe agus gréine) in iarthuaisceart na hEorpa. Mar thoradh ar éileamh méadaithe leictreachais in Éirinn - rud a tharla de bharr lárionaid sonraí agus fómhar/geimhreadh a bhí níos fuaire - bhí tomhaltas níos airde ann i rith na bliana, go háirithe ó mhí Aibreáin go mí na Nollag (+ 2.5 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023). Cé go ndearnadh an bhearna idir an soláthar agus an t-éileamh a fhritháireamh go páirteach le glanallmhairí níos airde (+ 69 %), chuir giniúint ghaoithe níos ísle (-5.8 %) ([110]) mar gheall ar dhálaí meitéareolaíocha agus solúbthacht theoranta neamhiontaise leis an mbearna idir an soláthar agus an t-éileamh. Giniúint gásadhainte nádúrtha ab ea an príomhfhoinse leictreachais, go háirithe le linn buaicuaireanta oíche sa samhradh agus i rith an lae ar fad sa gheimhreadh. Dá réir sin, agus níos mó ná mar a bhí in 2023, bhí na dálaí sin ina gcúis le harduithe tobanna comhchruinnithe le linn uaireanta oíche (18h-21h) i mí na Samhna agus i mí na Nollag, nuair a tháinig laghdú nach beag ar aschur gaoithe (-17,5 %) ([111]), agus nuair a bhí an t-éileamh fós ard ([112]).

Eangacha solúbthachta agus leictreachais

I dtéarmaí idirnascthachta, tá an acmhainneacht trasteorann fós teoranta toisc nach bhfuil Éire nasctha leis an eangach ilchríochach. Is crios tairisceana aonar é Margadh aonair leictreachais na hÉireann agus Thuaisceart Éireann nach bhfuil nasctha le haon cheann eile san Aontas faoi láthair. Chun nasc na hÉireann leis an Aontas tar éis Brexit agus chun slándáil an tsoláthair chomh maith le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite a neartú, tá sé ríthábhachtach d'Éirinn a áirithiú go gcuirfear Tionscadal leasa choitinn 700 MW an Idirnascaire Cheiltigh i gcrích go tráthúil (tá coinne leis faoi láthair go gcuirfear i gcrích é in 2026). Cruthóidh sé sin teorainn nua idir dhá chrios tairisceana idir Éire agus an Fhrainc, teorainn atá sannta don chroí-réigiún ríofa acmhainneachta ([113]). Ba cheart leanúint de mheastóireacht a dhéanamh ar thionscadail nua idirnaisc le Ballstáit den Aontas i gcomhthéacs réigiúnach chun tacú le huaillmhianta na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite. Tá tacaíocht agus rannpháirtíocht leanúnach i gcomhthéacs an ghrúpa ardleibhéil um Chomhar Fuinnimh na Mara Thuaidh tábhachtach i ndáil leis sin. D'fhéadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail nua chun an t-idirnasc leis an Ríocht Aontaithe (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann) a neartú.

Tá sé ríthábhachtach d'Éirinn leanúint dá heangach náisiúnta a nuachóiriú, ós rud é go bhfuil gá le hacmhainneacht bhreise agus níos mó solúbthachta chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus chun sprioc na hÉireann 80 % den leictreachas in-athnuaite a bhaint amach faoi 2030. Tá próiseas mear deonaithe ceadanna curtha i bhfeidhm ag Éirinn, ar a dtugtar forbairt bonneagair straitéisigh le haghaidh tionscadail bonneagair fuinnimh straitéisigh, amhail tionscadail leasa choitinn agus tionscadail leasa fhrithpháirtigh. Dá réir sin, ba cheart cinneadh a eisiúint maidir leis na tionscadail sin laistigh de thréimhse reachtúil 18 seachtaine ó dhul in éag na tréimhse chun aighneachtaí a dhéanamh nó barúlacha a thabhairt. Mar sin féin, mar gheall ar chineál agus scála na dtionscadal lena mbaineann agus ar a gcastacht, is minic nach gcomhlíontar an sprioc-am reachtúil agus d'fhéadfadh suas le 24 go 36 mhí a bheith i gceist leis an bpróiseas ceadúnúcháin. Ag deireadh 2024, d'fhógair an rialtas infheistíocht EUR 750 milliún chun bonneagar leictreachais a fhorbairt a thuilleadh.

([110])I mí Aibreán go mí na Nollag 2024, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023

([111])I mí na Samhna go mí na Nollag 2024, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023

([112])Sonraí leictreachais bliantúla, Ember (sonraí um thomhaltas agus um ghiniúint)

([113])Is é an croí-réigiún an réigiún ríofa acmhainneachta ina gcumhdaítear an Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic (agus, nuair a bheidh sí nasctha, Éire). Is éard atá i gceist le réigiún ríofa acmhainneachta grúpa tíortha a ríomhann cineálacha sreabhaidh trádála leictreachais trasteorann le chéile.

Mar thoradh ar shrianta an chórais leictreachais agus na líonraí leictreachais in Éirinn, tá méadú nach beag tagtha ar chiorruithe ar leictreachas in-athnuaite le cúpla bliain anuas. In 2023 1 124 Gwh a bhí i bhfuinneamh ciorrúcháin ó acmhainní gaoithe (8,9 % den fhuinneamh gaoithe iomlán a bhí ar fáil) agus 39 Gwh a bhí i gceist le grianacmhainní (9,5 % den ghrianfhuinneamh iomlán a bhí ar fáil) ([114]). Léirítear ciorrú 14 % i bhfuinneamh gaoithe i measatacháin le haghaidh 2024.

Tá spriocanna uaillmhianacha ag Éirinn maidir le stóráil fuinnimh agus freagairt ar an éileamh, ach tá fós easpa reachtaíocht chumasúcháin maidir le solúbthacht eangaí. Tá sé d'aidhm ag Éirinn leibhéal solúbthachta 20-30 % den éileamh ar leictreachas a bhaint amach faoi 2030, agus sprioc idirmheánach de leibhéal solúbthachta 15-20 % a bheith ann faoi 2025. Tá sé d'aidhm ag an straitéis náisiúnta maidir le héileamh ar fhuinneamh na spriocanna sin a bhaint amach trí rannpháirtíocht ghníomhach saoránach agus gnólachtaí sa mhargadh fuinnimh. Mar sin féin, maidir leis an reachtaíocht chumasúcháin is gá maidir le freagairt ar an éileamh agus stóráil chun leictreachas a dhíol agus a cheannach sna margaí lá roimh ré agus agus sna margaí ionlae ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, níl sí curtha chun feidhme go fóill. Ceadaítear rannpháirtíocht chothrom sa mhargadh cothromúcháin agus tá stóráil ceallraí i gceist leis an margadh seirbhísí coimhdeacha. Faoi láthair, níl i gceallraí ach toilleadh 1,03 GW ([115]). Tá coinne leis go mbeidh 1,7 GW i gceist le stóráil fhadtéarmach faoi 2030, ar bhonn PNFA na hÉireann.

D'ainneoin leathadh amach méadar cliste atá ag méadú, tá cumasú na saoránach agus a rannpháirtíocht sa chóras fuinnimh fós sách teoranta. In 2023 bhí méadar cliste ag 69 % de theaghlaigh na hÉireann, agus bhí rochtain acu ar shonraí tomhaltais gar d'fhíor-am ar eatraimh 30 nóiméad. Mar sin féin, ní raibh rochtain ag tomhaltóirí teaghlaigh ar chonarthaí praghais dhinimiciúil in 2023 agus ní raibh siad in ann rochtain a fháil ach ar thairiscintí margadhbhunaithe. D'fhág sé sin nach raibh tomhaltóirí in ann comparáid a dhéanamh idir conarthaí dinimiciúla trí uirlis chomparáide a úsáid. Ós rud é nár chuir Éire aon sonraí ar fáil maidir le glacadh conarthaí, léirítear nach ndéantar faireachán gníomhach air sin. Ní ghineann ach 3 % de theaghlaigh (67 GWh ar an iomlán) agus 3 % de thomhaltóirí neamhtheaghlaigh (5 GWh ar an iomlán) a leictreachas féin in Éirinn.

In 2023 24,8 % a bhí i gceist le tomhaltas fuinnimh deiridh na hÉireann (méid áirithe os cionn mheán 22,9 % an Aontais) agus tá méadú beag tagtha ar an sciar sin le 10 mbliana anuas ([116]). 27,3 % de thomhaltas fuinnimh deiridh atá i gceist le tomhaltas leictreachais teaghlaigh agus 28,0 % atá i gceist le tomhaltas leictreachais an tionscail (féach freisin an Iarscríbhinn maidir le Tionscal glan agus Maolú ar an athrú aeráide). Maidir leis an earnáil iompair, tá an sciar sin fós diomaibhseach ag 0,7 %. Bheadh tuilleadh dul chun cinn sa leictriú ar fud na n-earnálacha ríthábhachtach chun an geilleagar a dhícharbónú ar bhealach costéifeachtach agus chun na tairbhí a bhaineann le giniúint inacmhainne in-athnuaite a thabhairt do thomhaltóirí.

Foinsí fuinnimh in-athnuaite agus conarthaí fadtéarmacha

Tháinig méadú ar thoilleadh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus tá baol ann nach n-éireoidh le hÉirinn a spriocanna le haghaidh 2030 a bhaint amach. Tháinig méadú 11 % ar thoilleadh leictreachais foinsí fuinnimh in-athnuaite a bhí suiteáilte in Éirinn in 2024, ar moilliú beag sin i gcomparáid le 2023, agus baineadh amach 6606MW ([117]). Tháinig méadú seasta 51 % ar thoilleadh grianfhuinnimh suiteáilte suas le 1340 MW, agus bhí toilleadh gaoithe suiteáilte cumhachta os cionn 4 900 MW in 2024 (níorbh ann ach méadú 4,3 % i gcomparáid le 2023). Tá pleananna uaillmhianacha ag Éirinn níos mó ná 10 GW de thoilleadh gaoithe suiteáilte a bhaint amach faoi

([114]) Annual-Renewable-Constraint-and-Curtailment-Report-2023-V1.0.pdf.


([115]) Fardal stórála fuinnimh na hEorpa | JRC SES

([116]) 1,7 % a bhí ar an ráta iolraithe fáis bliantúil idir 2013 agus 2023. 20,8 % agus 24,8 % faoi seach a bhí ar na sciartha íosta/uasta.

([117]) IRENA 2025: Staitisticí maidir le toilleadh foinsí fuinnimh in-athnuaite 2025

2030. Beidh níos mó ná 5 GW den fhuinneamh sin amach ón gcósta, le tacaíocht ón Scéim Tacaíochta um Leictreachas In-athnuaite Amach ón gCósta. In 2024 tháinig 45 % de mheascán leictreachais na hÉireann ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite (i gcomparáid le sciar foriomlán foinsí fuinnimh in-athnuaite 47 % an Aontais), méid atá marbhánta i gcomparáid le 2023 ([118]). Dá bhrí sin, is dócha go gcaillfidh Éire a sprioc idirmheánach ón Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

Graf A8.3: **Toilleadh in-athnuaite suiteáilte (ar chlé) agus meascán giniúna leictreachais na hÉireann (ar dheis)**



Áirítear le 'Eile' dramhaíl chathrach in-athnuaite, bithbhreoslaí soladacha, bithbhreoslaí leachtacha, agus bithghás.
Foinse: IRENA, Ember

In 2023 agus 2024, ghlac Éire roinnt céimeanna tábhachtacha chun feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil maidir le ceadú tionscadal foinsí in-athnuaite fuinnimh. Áirítear leis sin pleanáil fuinnimh in-athnuaite a chomhdhlúthú; amlínte reachtúla a thabhairt isteach le haghaidh próisis chinnteoireachta; agus comhairliúcháin phoiblí a neartú trí bhille nua cuimsitheach Pleanála agus Forbartha a rith. Tá deis ann feabhas a chur ar chúrsaí maidir le (i) tabhairt isteach próiseas deonaithe ceadanna simplithe agus tacaíocht bheartais chun suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a athchumhachtú agus (ii) bunú boscaí gainimh rialála le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite. Tá poist folamh, ach tá sé deacrachtaí ag údaráis um cheadú baill foirne cháilithe ábhartha a earcú. Is éard a bhíonn mar thoradh air sin srianta ar acmhainní daonna. Céim sa treo ceart is ea an chéad Phlean Limistéir Ainmnithe Mhuirí le haghaidh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta i mí na Samhna 2024 (an Cósta Theas), agus táthar ag súil go mór go n-ainmneofar tuilleadh limistéar le haghaidh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta.

D'fhoilsigh Éire a sceideal de cheantanna gaoithe amach ón gcósta go dtí 2028 ar Ardán an Aontais um Fhorbairt In-athnuaite. Gheall Éire freisin toilleadh breise iomlán 3 GW gaoithe ar talamh agus 5 GW gaoithe amach ón gcósta faoi 2030 faoin bPlean Gníomhaíochta Eorpach um Chumhacht Ghaoithe. Mar sin féin, tá difríocht idir na méideanna ceantanna bliantúla a luaitear ar an dá ardán sin.

Tá comhaontuithe ceannaigh cumhachta (CCCanna) sainaitheanta ag Éirinn mar chuid thábhachtach dá huaillmhianta fuinnimh in-athnuaite. Tá an margadh CCC ag fás (laistigh de scéimeanna tacaíochta agus CCCanna corparáideacha araon) tar éis Threochlár 2022 maidir le CCCanna. Tá dearadh ceant ar tír na hÉireann bunaithe ar chonarthaí difríochta atá coinníollach ar CCC tráchtála a shíniú.

Éifeachtúlacht fuinnimh

Tá feabhas curtha ar dhéine fuinnimh na hÉireann le blianta beaga anuas, ach tháinig méadú 4 % uirthi in 2023. Tháinig laghdú 2,0 % ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil go 14,06 Mtoe in 2023 ach tháinig méadú 0,7 % ar thomhaltas fuinnimh deiridh go 12,00 Mtoe. Tháinig méadú 5,3 % ar thomhaltas fuinnimh deiridh san iompar agus méadú 4,5 % ar thomhaltas fuinnimh deiridh san earnáil seirbhísí, rud a bhí mar thoradh ar an líon méadaitheach lárionad sonraí in Éirinn, a raibh 21 % de thomhaltas leictreachais in 2023 i gceist leis sin. Tháinig laghdú 6,8 % agus 2,0 % ar thomhaltas fuinnimh deiridh sna hearnálacha cónaithe agus tionsclaíocha faoi seach. Leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ceanglaítear ar Éirinn tomhaltas fuinnimh phríomhúil 11,29 Mtoe agus tomhaltas fuinnimh deiridh 10,45 Mtoe a bhaint amach faoi 2030.

Beidh ról tábhachtach ag fuinneamh in-athnuaite agus dícharbónú an fhuaraithe i mbeartais téimh agus fuaraithe na hÉireann. Tá bearta leagtha amach ag Éirinn chun bonneagar le haghaidh comhghiniúint ardéifeachtach a fhorbairt, lena ndírítear ar théamh agus fuarú ceantair trí úsáid a bhaint as

([118])Sonraí leictreachais bliantúla, Ember.

fuíollteas agus foinsí fuinnimh in-athnuaite (lena n-áirítear san earnáil thionsclaíoch). Ar na príomhbhearta atá ann tá ionad barr feabhais um théamh ceantair a bhunú, lena dtabharfar cothrom le dáta an Scéim Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite agus lena dtugtar isteach Oibleagáid Teasa In-athnuaite. Tá sé d'aidhm ag Éirinn 680 000 teaschaidéal a shuiteáil i dteaghaisí nua agus i dteaghaisí atá ann cheana faoi 2030. Trí straitéis chuimsitheach fuinnimh gheoiteirmigh a fhorbairt, tacófar a thuilleadh leis na hiarrachtaí i dtreo an dícharbónaithe agus úsáid éifeachtúil fuinnimh. Mar sin féin, níor thug Éire fógra fós faoina measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú, lena bhféadfaí an acmhainneacht maidir le comhghiniúint ardéifeachtach agus cur i bhfeidhm téimh agus fuaraithe éifeachtúil ceantair a shainaithint i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh.

Maidir le tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh, tháinig laghdú 4 % ar shonraí 2022 maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh cónaithe idir 2018 agus 2022 (tar éis ceartúchán aeráide a chur i bhfeidhm), agus tugtar le fios le sonraí ó 2023 go bhfuil an treocht sin fós ann. Tá an méid sin comhsheasmhach leis an straitéis athchóirithe fhadtéarmach náisiúnta, lena mbeartaítear laghdú 12 % ar thomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh faoi 2030 (i gcomparáid le 2020). Tá dul chun cinn mór déanta ag Éirinn maidir le hathchóirithe fuinneamhéifeachtúla trí chláir tacaíochta rialtais. Leis an Scéim um Dheontais Fuinnimh Baile, scéim atá á bainistiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ([119]), le chéile leis an Scéim Tithe Níos Teo, cuirtear cúnamh airgeadais ar fáil d'úinéirí tí le haghaidh réimse uasghráduithe fuinnimh.

In 2022 tháinig 79 % de thomhaltas fuinnimh deiridh na hÉireann ó théamh agus fuarú, agus díoladh thart ar 33 000 teaschaidéal in 2023 (méadú 63 % ar 2022). Ceanglaíonn rialacháin tógála na hÉireann go dtiocfadh 20 % den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh i bhfoirgnimh nua, agus fágann sé sin gurb é an rogha réamhshocraithe i bhformhór na gcásanna teaschaidéil. Tá roinnt beart i bhfeidhm chun tacú le hathchóirithe fuinnimh (lena n-áirítear tacaíocht chun teaschaidéil a shuiteáil, lena gcumhdaítear suas le EUR 6 500 den chostas).

Cuireann Éire creat maoiniúcháin náisiúnta atá éifeachtach agus tacúil in úsáid lena slógtar infheistíocht éifeachtúlachta fuinnimh (go príomha i bhfoirm deontas, ionstraimí airgeadais agus dreasachtaí cánach). Lean Éire de roinnt beart maoinithe ábhartha a chur chun feidhme in 2024 (go háirithe Clár an Treo-Aimsitheora, clár a thacaíonn le réitigh inbhuanaithe san earnáil phoiblí). Chuir Éire ionstraimí airgeadais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh in úsáid go leormhaith (e.g. an Córas um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh, an Banna Glas Ceannasach agus an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh) lena dtugtar aghaidh ar gach earnáil.

Slándáil an tsoláthair agus éagsúlú

Tá dul chun cinn déanta ag Éirinn maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh, ach bhí a meascán foriomlán fuinnimh in 2023 fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise. 49,4 % agus 28,8 % d'oll-ídiú fuinnimh intíre a bhí i gceist le hola agus gás nádúrtha faoi seach ([120]). Ní raibh ach 13,9 % i gceist le foinsí fuinnimh in-athnuaite (le chéile le bithbhreoslaí) ([121]). Cuireann an spleáchas sin béim ar a thábhachtaí atá iarrachtaí leanúnacha na hÉireann (iarrachtaí a bhaineann leis an aistriú fuinnimh) chun a foinsí fuinnimh a éagsúlú agus chun slándáil fuinnimh a neartú.

Fóirdheontais breosla iontaise

In 2023 0,37 % ([122]) de OTI na hÉireann ([123]) a bhí i bhfóirdheontais breosla iontaise ([124]) atá

([119]) Fóirdheontais le haghaidh iarfheistiú éifeachtúlachta fuinnimh tithe cónaithe agus suiteáil fótavoltach gréine - Beartais - IEA.

([120]) Ní chuirtear leictreachas agus teas san áireamh chun áireamh dúbailte a sheachaint lena ndíreofar ar fhoinsí fuinnimh príomhúla.

([121]) Oll-ídiú fuinnimh intíre, 2023, Cothromaíochtaí fuinnimh - Eurostat

([122]) Tá an t-uimhreoir bunaithe ar mhéideanna a chros-seiceáiltear le húdaráis na hÉireann. I gcás na mBallstát uile, áirítear leis caiteachas poiblí T&F le haghaidh breoslaí iontaise mar a thuairiscigh IEA (Buiséid Taighde agus Forbartha agus Taispeána theicneolaíocht fuinnimh) agus ní chuirtear san áireamh leis, ar mhaithe le comhsheasmhacht

díobhálach don chomhshaol gan son deireadh a chur leo de réir a chéile roimh 2030 beartaithe, méid a bhí faoi bhun mheán ualaithe 0,49 % an Aontais. 61,9 % den mhéid sin a bhí i mbearta cánachais, agus 22,6 % agus 15,4 % a bhí i ndeontais dhíreacha agus tacaíocht ioncaim/phraghais faoi seach. Mar sin féin, EUR 54,82 in aghaidh an tona CO2 a bhí ar Mheánráta Carbóin Éifeachtach 2023 na hÉireann ([125]) , méid a bhí faoi bhun mheán ualaithe EUR 84,80 an Aontais ([126]).

mhodheolaíoch, díolúine ó cháin mháil ar cheirisín a ídítear in aerthrácht laistigh de AE27.

([123])Olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh 2023, Eurostat

([124])Fóirdheontais dhíreacha breosla iontaise lena ndreasaítear infhaighteacht breoslaí iontaise agus/nó úsáid breoslaí iontaise a choinneáil ar bun nó a mhéadú.

([125])Is éard atá sa Ráta Carbóin Éifeachtach suim na gcánacha carbóin, praghsanna ceada CTA agus cánacha máil breosla, lena léirítear an ráta carbóin éifeachtach comhiomlán a íoctar ar astaíochtaí.

([126])ECFE (2024), Astaíochtaí gás ceaptha teasa a Phraghsáil 2024.

Tábla A8.1: **Príomhthascairí Fuinnimh**

	Ireland				EU			
	2021	**2022**	**2023**	**2024**	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**
Household consumer - Electricity retail price (EUR/KWh)	**0.2847**	**0.2956**	**0.3310**	**0.3593**	**0.2314**	**0.2649**	**0.2877**	**0.2879**
Energy & supply [%]	43.0%	78.0%	116.0%	84.9%	36.6%	54.3%	55.6%	47.8%
Network costs	32.9%	34.7%	23.9%	20.6%	26.7%	25.3%	24.8%	27.2%
Taxes and levies including VAT	24.2%	-12.7%	-39.8%	-5.5%	36.7%	20.3%	19.6%	25.0%
VAT	11.3%	10.9%	11.3%	8.6%	14.5%	13.4%	13.8%	14.6%
Household consumer - Gas retail price	**0.0663**	**0.1060**	**0.1603**	**0.1312**	**0.0684**	**0.0948**	**0.1121**	**0.1128**
Energy & supply	49.0%	57.5%	68.2%	61.1%	43.7%	61.0%	64.5%	53.9%
Network costs	31.7%	27.1%	18.8%	23.6%	22.5%	17.3%	17.1%	18.3%
Taxes and levies including VAT	19.3%	15.4%	13.0%	15.4%	33.8%	21.7%	18.4%	27.8%
VAT	11.2%	9.3%	8.0%	8.2%	15.5%	11.6%	10.2%	13.6%
Non-household consumer - Electricity retail price	**0.1414**	**0.2234**	**0.2357**	**0.2217**	**0.1242**	**0.1895**	**0.1971**	**0.1661**
Energy & supply	75.1%	78.7%	83.4%	81.0%	43.0%	66.5%	63.0%	55.8%
Network costs	8.9%	10.2%	11.1%	11.1%	15.8%	10.7%	11.9%	15.5%
Taxes and levies excluding VAT	7.1%	4.2%	-1.3%	1.6%	30.4%	9.9%	11.2%	15.4%
Non-household consumer - Gas retail price	**0.0293**	**0.0545**	**0.0601**	**0.0503**	**0.0328**	**0.0722**	**0.0672**	**0.0517**
Energy & supply	62.7%	72.9%	75.5%	71.1%	66.2%	77.3%	77.3%	68.7%
Network costs	24.5%	16.4%	15.2%	18.8%	7.7%	3.8%	5.3%	7.1%
Taxes and levies excluding VAT	5.1%	4.2%	3.5%	4.2%	12.5%	6.1%	7.3%	11.6%
Wholesale electrity price (EUR/MWh)	135.8	226.8	122.1	108.4	111.0	233.2	99.1	84.7
Dutch TTF (EUR/MWh)	*n/a*	*n/a*	*n/a*	*n/a*	46.9	123.1	40.5	34.4

	2017	**2018**	**2019**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**
Gross Electricity Production (GWh)	**30,997**	**31,278**	**31,122**	**32,460**	**32,028**	**34,045**	**31,853**	-
Combustible Fuels	22,525	21,546	19,771	19,440	20,968	21,551	18,098	-
Nuclear	-	-	-	-	-	-	-	-
Hydro	895	932	1,132	1,224	1,036	948	1,238	-
Wind	7,567	8,783	10,185	11,740	9,940	11,393	11,863	-
Solar	10	18	34	55	85	149	646	-
Geothermal	-	-	-	-	-	-	-	-
Other Sources	-	-	-	-	-	4	7	
Gross Electricity Production [%]								
Combustible Fuels	72.7%	68.9%	63.5%	59.9%	65.5%	63.3%	56.8%	-
Nuclear	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	-
Hydro	2.9%	3.0%	3.6%	3.8%	3.2%	2.8%	3.9%	-
Wind	24.4%	28.1%	32.7%	36.2%	31.0%	33.5%	37.2%	-
Solar	0.0%	0.1%	0.1%	0.2%	0.3%	0.4%	2.0%	-
Geothermal	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	-
Other Sources	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	-
Net Imports of Electricity (GWh)	**-679**	**-28**	**645**	**-152**	**1,588**	**252**	**3,275**	-
As a % of electricity available for final consumption	-2.5%	-0.1%	2.3%	-0.5%	5.3%	0.8%	10.5%	-
Electricity Interconnection [%]	**7.4%**	**7.1%**	**6.3%**	**6.6%**	**0.0%**	**0.0%**	**0.0%**	**0.0%**
Share of renewable energy consumption - by sector [%]								
Electricity	30.3%	33.3%	36.5%	39.1%	37.7%	37.4%	40.4%	-
Heating and cooling	6.6%	6.4%	6.3%	6.3%	5.6%	5.5%	7.9%	-
Transport	7.4%	7.2%	8.9%	10.2%	4.6%	5.8%	7.6%	-
Overall	10.5%	10.9%	12.0%	16.2%	13.0%	13.1%	15.3%	-

	2020	**2021**	**2022**	**2023**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**
Import Dependency [%]	**71.1%**	**77.0%**	**79.2%**	**77.9%**	**57.5%**	**55.5%**	**62.5%**	**58.3%**
of Solid fossil fuels	57.9%	106.4%	126.8%	86.4%	35.8%	37.2%	45.9%	40.8%
of Oil and petroleum products	103.2%	98.4%	100.6%	99.5%	96.8%	91.7%	97.8%	94.5%
of Natural Gas	63.6%	71.3%	73.9%	77.5%	83.6%	83.6%	97.6%	90.0%
Dependency from Russian Fossil Fuels [%]								
of Natural Gas	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	41.0%	40.9%	20.7%	9.3%
of Crude Oil	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	25.7%	25.2%	18.4%	3.0%
of Hard Coal	23.6%	80.7%	35.7%	0.0%	49.1%	47.4%	21.5%	1.0%

	2017	**2018**	**2019**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**
Gas Consumption (in bcm)	**5.3**	**5.5**	**5.5**	**5.6**	**5.2**	**5.3**	**4.9**
Gas Consumption year-on-year change [%]	2.5%	3.9%	1.5%	0.3%	-6.2%	1.5%	-7.7%
Gas Imports - by type (in bcm)	**1.7**	**2.0**	**2.9**	**3.4**	**3.7**	**3.8**	**3.7**
Gas imports - pipeline	1.7	2.0	2.9	3.4	3.7	3.8	3.7
Gas imports - LNG	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
Gas Imports - by main source supplier [%]							
United Kingdom	100.0%	100.0%	100.0%	100.0%	100.0%	100.0%	100.0%

Foinse: Eurostat, ENTSO-E, S&P Platts

Tá Éire neamhchosanta ar rioscaí aeráide, agus is fiú gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun a hathléimneacht a fhorbairt. Ar an ngníomhaíocht bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann tá ullmhacht agus athléimneacht na hÉireann uisce a mhéadú agus tionchar an gheilleagair ar an dúlra a laghdú. Príomhdhúshláin i gcónaí is ea dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le tuile, truailliú i ndobharlaigh dromchla agus bithéagsúlacht a dhíghrádú. D'ainneoin an ardleibhéil infhaighteachta uisce, tá timpeallacht uisce na hÉireann faoi bhrú toisc nach bhfuil feabhas ag teacht ar cháilíocht an uisce, tá leibhéil na gcothaitheach fós ró-ard, agus tá bainistiú inbhuanaithe uisce fós ina shaincheist mhór chomhshaoil. Is iad an talmhaíocht agus truailliú séarachais an dá chúis is mó le truailliú uisce agus le díghrádú an chomhshaoil uisce ([127]). Trí éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, chuideofaí le hiomaíochas fadtéarmach na n-earnálacha tábhachtacha eacnamaíocha a choinneáil ar bun.

Oiriúnú agus ullmhacht don athrú aeráide

Tá Éire leochaileach do thionchair an athraithe aeráide, go háirithe tuilte, triomaigh agus stoirmeacha. Tá an baol ann go gcuirfidh teagmhais adhaimsire níos minice a bhíonn mar thoradh ar an athrú aeráide isteach ar chórais iompair, go ndéanfaidh siad damáiste don bhonneagar agus go gcuirfidh siad brú ar líonraí soláthair uisce. Leis an athrú aeráide, méadaítear na rioscaí a bhaineann le galair uisce-iompartha agus bia-iompartha, falscaithe agus speicis ionracha ([128]). Is féidir coinne a bheith ag Éirinn go mbeidh níos mó tréimhsí tirime agus teagmhais throma báistí ann, chomh maith le rioscaí níos mó maidir le borradh stoirme agus tuile cósta. Ba í 2024 an ceathrú bliain ba theo in Éirinn ar an taifead agus tharla 7 gcinn de na 10 mbliana ba theo ó bhí 2005 ann. In 2024 tharla tuile mar thoradh ar go leor cásanna de bháisteach throm, agus tuairiscíodh gaotha foréigneacha fórsa stoirme le linn stoirmeacha Isha (mí Eanáir 2024) agus Darragh (mí na Nollag 2024) ([129]). I mí Eanáir 2025, bhí taifid nua luais gaoithe ann in Éirinn mar gheall ar Stoirm Éowyn agus chuir sí isteach go mór ar rochtain ar chumhacht agus ar sheirbhísí níos leithne do na céadta míle duine ([130]).

Tá tionchar diúltach ag an athrú aeráide cheana féin ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann ach d'fhéadfadh réitigh oiriúnaithe na tionchair a mhaolú go mór. Idir 1980 agus 2023, thaifead Éire gur básaíodh 68 nduine agus go raibh beagnach EUR 4 bhilliún de chaillteanais eacnamaíocha ann mar gheall ar theagmhais fhoircneacha a bhain leis an aimsir agus leis an aeráid. Mar sin féin, ní raibh ach 14 % de na damáistí eacnamaíocha árachaithe, i gcomparáid le 62 % sa Danmhairg, áit a raibh an ráta cumhdaigh ab airde san Aontas ([131]). Leis an oiriúnú is féidir an éifeacht dhiúltach atá ag tionchair an athraithe aeráide ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí a laghdú go mór. Faoi 2040, d'fhéadfadh gníomhaíocht chun oiriúnú don athrú aeráide olldamáistí a laghdú ó leibhéal os cionn 2,7 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) na hÉireann go dtí leibhéal níos lú ná 1 % de OTI, agus costas 0,25 % de OTI a bheith i gceist leis ([132]).

Tá creat beartais oiriúnúcháin seanbhunaithe ag Éirinn ach tá deis ann é a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe maidir le faireachán a dhéanamh ar thionchair aeráide agus maidir le bainistiú cósta. Soláthraítear san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 an creat dlíthiúil le haghaidh aistriú na hÉireann chuig athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Cuirtear an tAcht chun feidhme é trí phleananna bliantúla gníomhaithe ar son na haeráide, agus tá caibidil amháin de na 23 chaibidil i leagan 2024 tiomnaithe don oiriúnú. Foilsíodh an creat

([127])An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, *Ireland's Environment: Water*, Nasc.

([128])An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2023, *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024*, Nasc.

([129])Met Éireann, Seirbhís mheitéareolaíoch na hÉireann, 2024, *an Ráiteas Bliantúil Aeráide le haghaidh 2024*, Nasc.

([130])Met Éireann, Seirbhís mheitéareolaíoch na hÉireann, 2025, *an Ráiteas Aeráide le haghaidh mhí Eanáir 2025*, Nasc.

([131])EEA, 2024, *Economic losses from weather- and climate-related extremes in Europe* Nasc.

([132])De Bruin, K. et al., 2024, *Policy Brief on Economic Costs of Climate Change Impacts and Adaptation in Ireland: A Sectoral Analysis on Five Climate Change Impacts*, Nasc.

náisiúnta um oiriúnú de chuid na hÉireann i mí an Mheithimh 2024, creat a cuireadh in ionad leagan 2018. Leagtar amach sa chreat an straitéis náisiúnta chun leochaileacht aeráide na hÉireann a laghdú agus leagtar amach ann cur chuige uile-rialtais agus sochaí. Tá cuspóirí agus tograí ann, lena n-áirítear treoraíocht nuashonraithe maidir le pleananna oiriúnaithe earnála a ullmhú, faireachán, meastóireacht, comhroinnt sonraí oscailte, forbairt scileanna, cistiú taighde agus infheistíochtaí spriocdhírithe oiriúnaithe don athrú aeráide a fheabhsú ([133]).

D'fhoilsigh Éire pleananna oiriúnaithe earnálacha in 2019, lena n-áirítear gníomhaíocht chun oiriúnú a chomhtháthú i mbeartais earnála, rioscaí a shainaithint, costais agus tairbhí a mheasúnú, agus acmhainneacht earnálach a fhorbairt. Tá pleananna oiriúnaithe earnálacha nua á bhforbairt faoin dara creat oiriúnaithe náisiúnta reachtúil, agus is é an sprioc-am chun na pleananna a chur i gcrích faoi dheireadh R3 2025. Tá an chéad Mheasúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide ó Éirinn le déanamh faoi mhí an Mhárta 2025. Tá sé beartaithe leis pleanáil oiriúnaithe a threorú agus measúnú riosca comhsheasmhach a áirithiú ar fud na n-earnálacha, lena gcothófar réitigh shaincheaptha chun borradh a chur faoin athléimneacht ([134]). Chun athléimneacht fhoriomlán na hÉireann in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú, d'fhéadfadh sí plean bainistithe cósta a fhorbairt chun borradh a chur faoin athléimneacht i limistéir chósta agus clár náisiúnta um an damáiste don aeráid a chruthú chun costais agus tionchair teagmhas foircneach a rianú agus freagairtí beartais a fheabhsú, mar a mhol an Chomhairle Chomhairleach um an Athrú Aeráide ([135]).

Tá cur chuige díláraithe i gceist le creat oiriúnaithe na hÉireann, cur chuige atá bunaithe ar an gcreat náisiúnta oiriúnaithe agus ar phleananna oiriúnaithe earnálacha. Mar sin féin, tá béim leagtha ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide ar laigí sa chur chuige sin, lena n-áirítear faireachán agus meastóireacht neamhleor ar chur chun feidhme pleananna oiriúnaithe earnálacha, agus acmhainní neamhleora le haghaidh oiriúnú i ranna agus gníomhaireachtaí. Léiríonn sé sin go láidir go bhfuil gá le cuntasacht láraithe níos fearr chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú ([136]). Déanann an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú, faoi chathaoirleacht na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoirseacht ar chomhordú earnálach an bheartais oiriúnúcháin. Déanann an Roinn maoirseacht ar an gcreat náisiúnta oiriúnaithe freisin. Tugann ceithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide, faoi stiúir údaráis áitiúla, aghaidh ar shaincheisteanna aeráide réigiúnacha faoi threoir na roinne agus grúpa bainistíochta údarás áitiúil ([137]).

Athléimneacht uisce

Níl in Éirinn ach leibhéil imeallacha struis maidir le huisce, agus tagann sé go príomha ó fhuarú leictreachais agus soláthar uisce poiblí, ach tá brú méadaitheach uirthi mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh. Faoi láthair, tá ceann de na rátaí is airde d'infhaighteacht uisce san Eoraip in Éirinn. Mar sin féin, tá laghdú beag tagtha ar shláinte bhitheolaíoch aibhneacha agus lochanna. Cé gur cosúil go bhfuil tiúchan cothaitheach cobhsaithe, tá leibhéil nítrigine agus fosfair in aibhneacha agus lochanna fós ró-ard chun uiscí dromchla ar ardchaighdeán agus de dhea-cháilíocht a choinneáil ar bun ([138]). Tá éagothroime ann idir na limistéir ina bhfuil infhaighteacht is mó uisce (iarthar na hÉireann) agus ina bhfuil an gá is mó le huisce (oirthear na hÉireann). Tá táirgiúlacht uisce na hÉireann i bhfad os cionn na leibhéal i mBallstáit eile, is é sin ag EUR 240 in aghaidh an m^3 d'uisce astarraingthe in 2022 agus tá sé ag dul i méid thar thréimhse 5 bliana ([139]). Baineadh

([133])An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2024, *An Creat Náisiúnta um Oiriúnú*, Nasc.

([134])An Coimisiún Eorpach, 2024, *Éire - PNFA nuashonraithe críochnaitheach 2021-2030*, lch. 183, Nasc.

([135])an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, 2024, Achoimre do Chách: Athbhreithniú bliantúil 2024, Nasc.

([136])an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, 2024, *Ag ullmhú d'Aeráid atá ag Athrú in Éirinn: Athbhreithniú bliantúil 2024*, Nasc.

([137])An Coimisiún Eorpach, 2024, *Éire - PNFA nuashonraithe críochnaitheach 2021-2030*, Nasc.

([138])GCC, 2024, *Cáilíocht an Uisce in 2023 - Tuarascáil Táscairí*, Nasc.

([139])Arna thomhas mar OTI in 2010 de réir méideanna slabhraithe thar iomlán an fhionnuisce dromchla a astarraingíodh i méadair chiúbacha.

amach 1,1 san innéacs saothraithe uisce+ (WEI+) in 2022, rud a léiríonn treocht bheag in airde le blianta beaga anuas, ach tá sé sách íseal agus cobhsaí fós. Is iad an earnáil fuinnimh agus soláthar uisce poiblí na príomhthomhaltóirí uisce. Níl mórán ró-acmhainneacht ag córas soláthair uisce na hÉireann agus tá rátaí sceite móra aige mar gheall ar thearcinfheistíocht i mbonneagar uisce. Meastar gur cailleadh beagnach 40 % den uisce ar fad a bhí le seachadadh chuig teaghlaigh agus chuig custaiméirí nach custaiméirí teaghlaigh iad in 2022 mar gheall ar sceitheadh ([140]). Tá an brú ar an gcóras soláthair uisce imithe in olcas toisc nach ngearrann soláthraithe uisce in Éirinn táillí ar theaghlaigh le haghaidh soláthar uisce ná seirbhísí fuíolluisce, agus ní léir cén uair a thabharfar isteach muirir barrachais úsáide uisce.

Is ábhar imní fós cáilíocht an uisce in Éirinn, agus tá measúnú fós le déanamh ar na sonraí is déanaí. Níor chuir Éire an tríú plean bainistíochta abhantraí (2022-2027) faoin gCreat-Treoir Uisce isteach in am (faoi mhí an Mhárta 2022) agus ní raibh an Coimisiún in ann Éire a chur san áireamh sa tuarascáil uaidh ar an measúnú ar an tríú plean chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Dá bhrí sin, níl sonraí maidir le stádas agus acmhainneacht éiceolaíoch agus cheimiceach cothrom le dáta. A bhonn an tuairiscithe agus na sonraí a bailíodh faoin dara plean a foilsíodh in 2020, tuairiscítear go bhfuil stádas maith cainníochtúil i gceist le 100 % de dhobharlaigh screamhuisce agus níor éiríodh stádas maith ceimiceach a bhaint amach i gcás 9 % díobh. Baineadh amach stádas maith éiceolaíoch i gcás 45,4 % de na dobharlaigh screamhuisce uile (agus stádas 24,7 % díobh anaithnid). Ní aicmítear ach 6,9 % díobh mar dhobharlaigh screamhuisce a bhfuil stádas maith ceimiceach i gceist leo (agus stádas 91,9 % anaithnid). D'ainneoin roinnt dul chun cinn agus glacadh reachtaíochta nua i mí an Mheithimh 2022, níor chomhlíon an tír an Chreat-Treoir Uisce. Is iad na príomh-shaincheisteanna atá ann bearnaí sa chreat dlíthiúil a bhaineann le húsáid uisce agus athruithe ar dhobharlaigh nádúrtha. Is í an phríomhfhadhb atá ag déanamh difear do cháilíocht an uisce agus le sláinte an tsaoil uiscigh in Éirinn an méadú ar thiúchaintí cothaitheach ar nós fosfar agus nítrigin ([141]). Gníomhaíochtaí daonna amhail talmhaíocht, fuíolluisce agus foraoiseacht is ea an chúis phríomhúil le láisteadh cothaitheach isteach san uisce ([142]).

Is ábhar imní ar leith cóireáil fuíolluisce na hÉireann. In go leor limistéar, ní leor cóireáil fuíolluisce chun a chosc go ndéanfar dochar do cháilíocht aibhneacha, inbhir, lochanna agus uiscí cósta mar gheall ar sceitheadh fuíolluisce. Bhí deacrachtaí móra ag Éirinn an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chur chun feidhme. Ar an iomlán, 47 % ab ea ráta comhlíontachta na hÉireann in 2020. Tá cistiú ón Aontas ar fáil agus leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta soláthraítear tacaíocht do 10 ngléasra bheaga cóireála fuíolluisce agus do staidéir indéantachta chun 20 gléasra bheaga cóireála fuíolluisce agus staidéar féidearthachta a uasghrádú, nithe a bhfuil cur chun feidhme tapa ríthábhachtach ina leith. Mar sin féin, tá deis ann bearta breise a dhéanamh agus tuilleadh tionscadal a chur chun feidhme chun ceanglais na Treorach a chomhlíonadh go hiomlán. Tá na bearnaí infheistíochta measta (féach Graf A9.2) le haghaidh cosaint uisce agus bainistiú uisce substaintiúil. Meastar go mbeidh bearna mhaoinithe EUR 954 mhilliún in aghaidh na bliana roimh Éirinn faoi 2027, agus go mbeidh gá le haon trian di le haghaidh fuíolluisce (EUR 323 mhilliún in aghaidh na bliana). Le bearta maidir le huisce óil, ceanglaítear EUR 51 mhilliún in aghaidh na bliana agus ceanglaítear le gnéithe eile den Chreat-Treoir Uisce thart ar EUR 577 milliún in aghaidh na bliana os cionn na leibhéal maoinithe atá ann faoi láthair. Beidh sé níos tábhachtaí fós infheistíocht a mhéadú toisc go ndearnadh an Treoir a athbhreithniú agus a neartú in 2024([143]). Cé go rannchuidítear le riachtanais infheistíochta na hÉireann le haghaidh chosaint agus bhainistiú an uisce trí EUR 20 milliún ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tá gá le cistiú breise. Chuideofaí le feabhas a chur ar bhainistiú uisce trí thuilleadh forbartha bonneagair amhail bailiú agus cóireáil fuíolluisce, athúsáid uisce, sceitheadh sna líonraí agus sa soláthar uisce

([140])Uisce Éireann, 2023, *An Clár Náisiúnta um Laghdú Sceite fós ar siúl i gCorcaigh agus na hUamhanna réidh le leas a bhaint as*, Nasc.

([141])De réir sonraí luatha ó GCC, tá roinnt comharthaí ann go bhfuil feabhas ag teacht ar thiúchaintí níotráití in 2024 – Tuarascáil ar thascairí luathléargas:Tiúchaintí nítrigine i móraibhneacha roghnaithe, Eanáir-Nollaig 2024..

([142])GCC, 2024, *Cáilíocht an Uisce in 2023 - Tuarascáil Táscairí*, Nasc.

([143])Treoir 2024/3019, an 27 Samhain 2024. Is é an sprioc-am le haghaidh trasuí an 31 Iúil 2027.

ginearálta a laghdú. Chuideofaí chuige sin trí infheistíocht bhreise chun feabhas a chur ar fhaireachán (cáilíocht agus cainníocht) agus chun tacú le réitigh dhúlrabhunaithe, cosc ar thuilte agus athshlánú aibhneacha.

Bithéagsúlacht agus éiceachórais

Tá staid an dúlra fós leochaileach in Éirinn, rud a laghdaíonn athléimneacht na tíre in aghaidh an athraithe aeráide. Sa tuarascáil ar Staid an Dúlra, léirítear in Éirinn go bhfuil stádas caomhantais fabhrach ag 15 % de chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga lena léirítear 'dea-riocht', méid atá beagán os cionn mheán 14,7 % an Aontais, agus tuairiscíodh in 2019 go bhfuil stádas caomhantais fabhrach ag 57 % de speicis Iarscríbhinn II([144]), méid atá i bhfad os cionn mheán 27 % an Aontais. Mar sin féin, tá stádas caomhantais foriomlán neamhfhabhrach ag formhór ghnáthóga tábhachtacha na hÉireann, go háirithe portaigh ardaithe agus bratphortaigh, córais dumhcha gainimh, eanaigh agus tailte portaigh, féarthailte nádúrtha agus coillearnach ([145]). Is ábhar imní fós é an staid maidir le gnáthóga foraoise a chosnaítear faoin Treoir maidir le Gnáthóga, ós rud é go léirítear drochstádas caomhantais in 75 % de na measúnuithe . D'ainneoin feabhsuithe ar stádas caomhnaithe roinnt gnáthóg agus speiceas, i gcás roinnt éiceachóras, lena n-áirítear gach talamh portaigh agus féarthalamh, agus formhór na ngnáthóg fionnuiscí, foraoise agus dumhcha, tá an stádas caomhantais fós neamhfhabhrach agus tá sé ag dul i laghad. Fuair roinnt beart athchóirithe cistiú ón Aontas, ach beidh gá le tuilleadh gníomhaíochta. Cuireann meascán de bhrú ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta, go háirithe truailliú aeir agus uisce ([146]), foraoiseacht agus sceitheadh ó fhuíolluisce, isteach ar athléimneacht aeráide na hÉireann. Baineann cailliúint na bithéagsúlachta an bonn de chumas na n-éiceachóras seirbhísí a sholáthar amhail timthriallta uisce a rialáil, sláinte ithreach a chothabháil agus carbón a cheapadh a chuidíonn le héifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú.


Ní bhraitheann Éire ar sheirbhísí éiceachórais an méid céanna i gcomparáid le Ballstáit eile, ach tá roinnt príomhearnálacha an-spleách. Tá leibhéal measartha spleáchais sa slabhra soláthair ag Éirinn ar sheirbhísí éiceachórais, agus sin ar leibhéal 15 % dá holl-bhreisluach, i gcomparáid leis an meán AE-27 22 %. Tá sé faoi bhun mheán an Aontais freisin i dtéarmaí spleáchas foriomlán ar sheirbhísí éiceachórais agus tá an leibhéal is ísle spleáchais aici san Aontas. Mar sin féin, tá roinnt earnálacha amhail an talmhaíocht, an fhoraoiseacht, an t-iascach, dobharshaothrú, an mhianadóireacht agus miotail, fóntais uisce tógála agus seachadtaí sláinte (féach Graf A9.1) ag brath go háirithe ar sheirbhísí éiceachórais. Tá 100 % den oll-bhreisluach a ghineann na hearnálacha sin ag brath go díreach ar sheirbhísí éiceachórais. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh costais mhóra a bheith i gceist le mainneachtain maidir le soláthar acmhainneacht na n-éiceachóras seirbhísí a choinneáil ar bun nó go bhféadfadh sé stop a chur le táirgeadh sna hearnálacha sin fiú. Trí éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, chuideofaí le hiomaíochas fadtéarmach na n-earnálacha sin a choinneáil ar bun.

([144]) Stádas caomhantais agus treochtaí a bhaineann le gnáthóga agus speicis | Leathanach baile na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil

([145]) De réir an mheasúnaithe faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga.

([146]) De réir an mheasúnaithe faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga, Nasc.

Graf A9.1: **Spleáchas díreach (1) ar sheirbhísí éiceachórais(2) den oll-bhreisluach arna ghiniúint ag an earnáil eacnamaíoch in 2022**




(1) Spleáchas bunaithe ar oibríochtaí na hearnála féin, gan oibríochtaí slabhra luacha laistigh de thíortha agus ar fud slabhraí luacha idirnáisiúnta. Léiríonn spleáchas ard go bhféadfadh neamhchosaint ard a bheith ann do shuaitheadh a bhaineann leis an dúlra nó do threochtaí atá ag dul in olcas, rud a chiallaíonn go bhféadfadh mainneachtain táirgthe agus caillteanas airgeadais tromchúiseach a bheith mar thoradh ar chur isteach ar sheirbhís éiceachórais.
(2) Is éard atá i gceist leis na seirbhísí éiceachórais rannchuidiú na n-éiceachóras leis na tairbhí a úsáidtear i ngníomhaíocht eacnamaíoch agus i ngníomhaíocht eile an duine, lena n-áirítear seirbhísí soláthair (e.g. soláthar bithmhaise nó soláthar uisce), seirbhísí rialála agus cothabhála (e.g. rialáil nó pailniú cáilíochta ithreach), agus seirbhísí cultúrtha (e.g. gníomhaíochtaí áineasa).
Foinse: Hirschbuehl et al., 2025, *The EU economy's dependency on nature*, Nasc.

Tá gníomhaíocht spriocdhírithe maidir le cosaint agus athbhunú an dúlra ríthábhachtach chun spriocanna athchóirithe dúlra na hÉireann a bhaint amach. Agus Natura 2000 agus limistéir eile atá ainmnithe go náisiúnta faoi chosaint á gcur san áireamh, cosnaíonn Éire 13,9 % dá talamh go dlíthiúil (meán an Aontais: 26 %) agus 2,3 % dá príomhlimistéir muirí (meán an Aontais: 12 %). Ghlac Éire a ceathrú plean gníomhaíochta náisiúnta um an mbithéagsúlacht le haghaidh na tréimhse 2023-2030 i mí Eanáir 2024. Leagtar amach sa phlean 194 ghníomhaíocht atá le cur i gcrích ag réimse comhlachtaí rialtais, comhlachtaí de chuid na hearnála sibhialta agus comhlachtaí de chuid na hearnála príobháidí chun 'Fís don Bhithéagsúlacht' de chuid na hÉireann a bhaint amach, i gcur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí. Leagtar amach sa 4ú gníomhaíochta náisiúnta um an mbithéagsúlacht de chuid na hÉireann gníomhaíocht faoi chúig chuspóir straitéiseacha: (i) cur chuige uile-rialtais, uile-shochaí i leith na bithéagsúlachta a ghlacadh; (ii) riachtanais phráinneacha chaomhnaithe agus athbhunaithe a chomhlíonadh; (iii) rannchuidiú an dúlra le daoine a dhaingniú; (iv) an bonn fianaise a fheabhsú le haghaidh gníomhaíocht maidir leis an mbithéagsúlacht; agus (v) rannchuidiú na hÉireann le bithéagsúlacht idirnáisiúnta a neartú.

D'fhéadfadh Éire suas le 6 297 km^2 de na gnáthóga a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga, méid a chomhfhreagróidh le suas le 8,9 % den tír ([147]). Meastar go bhfuil infheistíocht bhliantúil EUR 1,1 billiún de dhíth ar Éirinn chun a caipiteal nádúrtha a chosaint agus a athbhunú go héifeachtach, chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú, agus chun bithéagsúlacht shaibhir na tíre a choinneáil ar bun (féach Graf A9.2). Is é thart ar EUR 419 milliún in aghaidh na bliana an leibhéal maoinithe atá ann faoi láthair don bhithéagsúlacht agus do chaomhnú éiceachóras in Éirinn. Baineann an t-easnamh sin an bonn de thiomantas na tíre do chomhaontuithe bithéagsúlachta domhanda agus dá forbairt fhadtéarmach eacnamaíoch agus shóisialta.

([147])An Coimisiún Eorpach, 2022, *Measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialacháin maidir le hathchóiriú an dúlra.*

Graf A9.2: **Riachtanais agus bearnaí infheistíochta in EUR milliún, i bpraghsanna tairiseacha 2022**



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol, an Clár um measúnú ar riachtanais infheistíochta agus bearnaí comhshaoil, nuashonrú 2025.

Talmhaíocht inbhuanaithe agus úsáid talún

Maidir le haistrithe carbóin na hÉireann, níor bhaineadh amach an leibhéal uaillmhéine is gá chun a sprioc 2030 maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (ÚTAÚTF). Ó cuireadh tús le bailiú sonraí in 1990, ní raibh astaíochtaí diúltacha riamh ag Éirinn. Chun a sprioc ÚTAÚTF 2030 a bhaint amach, tá gá le -0,6 milliún tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (CO_2eq) ([148]). Léirítear sna réamh-mheastacháin is déanaí atá ar fáil bearna chuig an sprioc 1,4 milliún tona de CO_2eq le haghaidh 2030([149]). Dá bhrí sin, tá bearta breise ríthábhachtach chun sprioc 2030 a bhaint amach.

Tá talmhaíocht na hÉireann fós ina foinse astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tá tionchar aici i gcónaí ar an aer, ar an uisce agus ar ithreacha. In 2023 gineadh 20,8 milliún tona de Co2eq$_2$eq leis an talmhaíocht, is é sin 38 % de na hastaíochtaí ar fad (seachas ÚTAÚTF). Áirítear leis sin 15,5 milliún tona de Co_2eq ó choipeadh eintreach agus bainistiú aoiligh san earnáil beostoic. Tháinig laghdú ar an limistéar talmhaíochta a úsáideadh in Éirinn ó 4,5 milliún heicteár in 2012 go 4,2 milliún heicteár in 2023. D'ainneoin an laghdaithe sin, tháinig méadú ar an gcomhardú comhlán nítrigine, ar táscaire é ar chaillteanais ionchasacha cothaitheach ón talmhaíocht, ó 35,1 kg/ha in 2012 go 62,3 kg/ha in 2017 (na sonraí is déanaí atá ar fáil). De réir sonraí a bailíodh faoin Treoir maidir le Níotráití ([150]), thaifead 1,5 % de stáisiúin faireacháin screamhuisce in Éirinn meántiúchan níotráite os cionn 50 mg/l idir 2016 agus 2019 (meán an Aontais: 12,6 %), rud a sháraigh an tairseach shláintiúil do thomhaltas an duine. Ina theannta sin, thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil na hÉireann maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Níotráití (2020-2023) ([151]) go bhfuil laghdú foriomlán tagtha ar cháilíocht an uisce in Éirinn ó 2016-2019, agus go bhfuil tiúchaintí níotráite ag dul i méid i screamhuisce, in aibhneacha agus in uiscí trasdultacha. Cumhdaítear sa tuarascáil seo truailliú ó chothaithigh ó fhoinsí talmhaíochta. Cumhdaíonn an talmhaíocht 70 % den limistéar talún iomlán. Le saintréithriú na Treorach Réime maidir le hUisce, sainaithnítear an talmhaíocht mar phríomhfhoinse brú mhóir, rud a dhéanann difear do níos mó ná 1 000 dobharlach nó thart ar 60 % de na dobharlaigh uile atá i mbaol gan an cuspóir comhshaoil ina leith a bhaint amach faoin Treoir ([152]). In 2021 braitheadh lotnaidicídí in 9 % de dhobharlaigh dhromchla, méid atá faoi bhun mheán an Aontais (21 %). San anailís a rinneadh ar phlean bainistithe abhantraí na hÉireann roimhe seo, sainaithníodh cothaithigh ón talmhaíocht mar mhórfhoinse brú ar screamhuisce/uisce dromchla a lagaíonn an dea-stádas agus atá ina toisc thábhachtach maidir le mainneachtain cuspóirí na Treorach a bhaint amach. In 2022 braitheadh lotnaidicídí in 9 % de dhobharlaigh dhromchla.

([148])Spriocanna ÚTAÚTF náisiúnta na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/839.

([149])Tuarascáil 2024 ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, COM/2024/498.

([150])An Coimisiún Eorpach, 2021, *Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Threoir 81/676/CEE ón gComhairle*, Nasc.

([151])An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2024, *Airteagal 10, Tuarascáil d'Éirinn le haghaidh na Tréimhse 2020-2023*, lch. 48, Nasc.

([152])GCC, 2024, *The latest Irish report on the implementation of the Nitrates Directive (2020-2023)*, Nasc.

D'ainneoin laghdú beag ar astaíochtaí amóinia, ní chomhlíonann Éire a gealltanais laghdaithe amóinia fós. Foinsí talmhaíochta is cúis leis sin den chuid is mó, go háirithe feirmeoireacht eallaigh, rud a chruthaíonn dúshláin leanúnacha chomhshaoil. 1,41 a bhí ar an innéacs dlúis beostoic in 2020, méid atá i bhfad os cionn mheán 0,75 an Aontais. De réir na haighneachta maidir leis an bhfardal náisiúnta astaíochtaí truailleán aeir (2024) a ndearna an Coimisiún athbhreithniú air, níor chomhlíon Éire a gealltanais laghdaithe amóinia faoin Treoir maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta in 2020, 2021 ná in 2022. De réir an athbhreithnithe ar an gclár náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir a glacadh in 2024, tá baol ('meánach') ann nach gcomhlíonfaidh Éire na gealltanais laghdaithe astaíochtaí níos uaillmhianaí le haghaidh 2030 i gcás amóinia. Cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar astaíochtaí ó bhí 2018 ann, ó 141 000 tona in 2018 go 128 000 tona in 2022, bhí astaíochtaí in 2022 ([153]), fós os cionn leibhéil 2005. Is í an talmhaíocht foinse 99 % d'astaíochtaí amóinia na hÉireann, feirmeoireacht eallaigh den chuid is mó.

Tá cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe á gcur chun cinn ag Éirinn chun an tionchar mór atá ag earnáil na talmhaíochta ar an aer, ar an uisce agus ar ithreacha a laghdú. Tá an tír ag aistriú chuig córas bia inbhuanaithe trí bheartais a chur i bhfeidhm chun tionchar na talmhaíochta ar an gcomhshaol a laghdú. In 2022 bhí gnéithe tírdhreacha amhail coillte agus féarthailte neamhtháirgiúla ag 7,49 % den talamh talmhaíochta, méid a bhí os cionn mheán 5,6 % an Aontais. An fheirmeoireacht orgánach, rud a laghdaíonn úsáid leasachán sintéiseach agus lotnaidicídí, bhí 2,2 % de thalamh talmhaíochta na hÉireann i gceist léi in 2022, méadú beagnach 50 % ó bhí 2012 ann, ach tá sí ar leibhéal íseal fós. Tá sé d'aidhm ag Éirinn 7,5 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear faoin bhfeirmeoireacht orgánach a bhaint amach faoi 2030. Leag sí síos sprioc níos uaillmhianaí (10 % a bhaint amach faoi 2030) faoi phlean gníomhaithe na hÉireann ar son na haeráide ([154]).

Chun tionchar na talmhaíochta ar an gcomhshaol a mhaolú, tá roinnt beart lena ndírítear ar thart ar 32 % den talamh talmhaíochta dírithe ar cháilíocht na ndobharlach a fheabhsú. Cuimsíonn siad úsáid nítrigine ceimicí a laghdú, talmhaíocht bheacht, úsáid a bhaint as sciodar astaíochtaí ísle agus criosanna bruachánacha a chruthú chun rith chun srutha chuig sruthanna uisce a laghdú. I bplean straitéiseach an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) tá roinnt gníomhaíochtaí chun tacú le caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta, ar nós bearta chun limistéir neamhtháirgiúla agus gnéithe tírdhreacha a choinneáil ar bun, táirgeadh fairsing beostoic, agus crainn dhúchasacha agus fálta sceach a chur. Ar an iomlán, tá EUR 1,5 billiún leithdháilte ag plean straitéiseach CBT na hÉireann le haghaidh bearta éiciscéime (an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta), lena dtacaítear le cleachtais chun an bhithéagsúlacht a mhéadú agus truailliú uisce a laghdú. Cuireann sé thart ar EUR 1 bhilliún ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe i leataobh freisin le haghaidh cuspóirí comhshaoil agus aeráide faoi bhearta forbartha tuaithe ([155]). Chuir an bithgheilleagar, lena gcuimsítear táirgeadh agus próiseáil táirgí bitheolaíocha, EUR 20 billiún de bhreisluach le holltáirgeacht intíre na tíre in 2021. Ghin tionscal an bhia EUR 8 mbilliún, ghin cógaisíocht bhithbhunaithe EUR 5,5 billiún agus ghin an talmhaíocht EUR 4,1 billiún ([156]).

([153])EEA, 2024, Breathnóir sonraí maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán aeir 2005-2022 Nasc.

([154])An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2023, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024, Nasc.

([155])An Coimisiún Eorpach, Éire — Plean straitéiseach CBT, Nasc.

([156])An Coimisiún Eorpach, 2023, *Deais Chóras Faireacháin Bithgheilleagair an Aontais*, Nasc.

Tábla A9.1: **Príomhtháscairí lena rianaítear dul chun cinn maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, athléimneacht agus an comhshaol**

Climate adaptation and preparedness:	Ireland						EU-27	
	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2018	2021
Drought impact on ecosystems *[area impacted by drought as % of total]*	1.44	0.03	0.05	0.35	7.24	0	6.77	2.76
Forest-fire burnt area (1) *[ha, annual average 2006-2023]*	3 306	3 306	3 306	3 306	3 306	3 306		
Economic losses from extreme events *[EUR million at constant 2022 prices]*	-	51	210	-	-	260	24 142	62 981
Insurance protection gap (2) *[composite score between 0 and 4]*	-	-	-	-	0.88	0.88		
Heat-related mortality (3) *[number of deaths per 100 000 inhabitants in 2013-2022]*	5	5	5	5	5			
Sub-national climate adaptation action *[% of population covered by the EU Covenant of Mayors for Climate & Energy]*	49	52	52	62	63	57	41	44

Water resilience:	Ireland						EU-27	
	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2018	2021
Water Exploitation Index Plus, WEI+ (4) *[total water consumption as % of renewable freshwater resources]*	1.0	1.2	0.8	1.0	1.2	-	4.5	4.5
Water consumption *[million m^3]*	563	729	553	537	624	-		
Ecological/quantitative status of water bodies (5) *[% of water bodies failing to achieve good status]*								
Surface water bodies	-	-	-	-	-	-	-	59%
Groundwater bodies	-	-	-	-	-	-	-	93%

Biodiversity and ecosystems:	Ireland						EU-27	
	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2018	2021
Conservation status of habitats (6) *[% of habitats having a good conservation status]*	15.3	-	-	-	-	-	14.7	-
Common farmland bird index *2000=100*	0.0	0.0	-	-	-	-	72.2	74.4
Protected areas *[% of protected land areas]*	-	-	-	14	14	-	-	26

Sustainable agriculture and land use:	Ireland						EU-27	
	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2018	2021
Bioeconomy's added value (7) *[EUR million]*	17 564	16 806	17 721	20 042			634 378	716 124
Landscape features *[% of agricultural land covered with landscape features]*	-	-	-	-	7	-		
Food waste *[kg per capita]*	-	-	154	150	145	-		
Area under organic farming *[% of total UAA]*	1.7	1.6	1.7	2.0	2.2		7.99	-
Nitrogen balance *[kg of nitrogen per ha of UAA]*	-	-	-	-	-	-		
Nitrates in groundwater (8) *[$mgNO_3/l$]*	12.8	14.4	13.9	13.3	-	-		
Net greenhouse gas removals from LULUCF (9) *[Kt CO_2-eq]*	4 186	4 282	5 152	4 628	3 983	-	- 256 077	- 240 984


(1) Léirítear sna sonraí an meán le haghaidh na tréimhse 2006-2023 ar bhonn EFFIS - an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Dóiteáin Foraoise.
(2) Scála: 0 (gan bearna chosanta) - 4 (bearna an-ard). ÚEAPC, 2024, Deais maidir leis an mbearna cosanta árachais le haghaidh tubaistí nádúrtha.
(3) van Daalen, K. R. et al., 2024, *The 2024 Europe report of the Lancet Countdown on health and climate change: unprecedented warming demands unprecedented action*, The Lancet Public Health.
(4) Leis an táscaire sin tomhaistear tomhaltas uisce iomlán an uisce mar chéatadán de na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh críoch agus tréimhse ar leith. Meastar go ginearálta gur comhartha go bhfuil ganntanas uisce ann agus luachanna os cionn 20 % ann, agus léiríonn luachanna atá cothrom le 40 % nó níos mó ná sin cásanna ina bhfuil ganntanas tromchúiseach uisce.
(5) An Coimisiún Eorpach, 2024, an 7ú Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce (2000/60/CE) agus na Treorach maidir le Tuilte (2007/60/CE) (An tríú Plean Bainistithe Abhantraí, an dara Plean Bainistithe Riosca Tuilte).
(6) I gcás an táscaire sin, áirítear i meán an Aontais figiúirí le haghaidh na Ríochta Aontaithe faoin gcumraíocht roimhe sin, AE-28.
(7) An Coimisiún Eorpach, 2023, Deaiseanna Chóras Faireacháin Bithgheilleagair an Aontais.
(8) Is féidir go mbíonn níotráití fós i screamhuisce ar feadh i bhfad agus is féidir leo cruachadh ar leibhéal ard trí ionchuir ó fhoinsí antrapaigineacha (talmhaíocht den chuid is mó). Socraítear teorainn de 50 mg NO_3/L le caighdeán an Aontais um uisce óil chun bagairt do shláinte an duine a sheachaint.
(9) Léirítear glan-aistrithe i bhfigiúirí diúltacha, glanastaíochtaí i bhfigiúirí deimhneacha. Is ó thíolacadh fhardal gás ceaptha teasa 2024 a fuarthas na sonraí tuairiscithe. Luach 2030 na nglanaistrithe gás ceaptha teasa mar atá i Rialachán (AE) 2023/839 – Iarscríbhinn IIa.
Foinse: Eurostat, EEA.

Tá margadh saothair na hÉireann láidir agus tá dul chun cinn seasta léirithe ann le blianta beaga anuas, mar is léir ón bhfeabhas atá curtha ar thorthaí mhargadh an tsaothair. Agus a sprioc fostaíochta náisiúnta le haghaidh 2030 (78,2 %) sáraithe cheana féin, is é an dúshlán atá ann dul i ngleic leis na fadhbanna struchtúracha leanúnacha. Is gá (I) margadh an tsaothair a dhéanamh níos cuimsithí trí chuidiú le grúpaí faoi ghannionadaíocht rochtain a fháil ar phoist ardcháilíochta, go háirithe daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair agus pobail na Romach agus an Lucht Siúil; (II) cuidiú le mná dul i mbun oibre, go háirithe na mná sin a sholáthraíonn cúram gan íocaíocht; (III) sciar na ndaoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh gar-dhífhostaithe a laghdú a thuilleadh; (IV) ganntanas lucht saothair a laghdú; agus (V) cumhdach cómhargála agus soláthar post ardcháilíochta a mhéadú.

Tá príomhtháscairí fostaíochta mar bhonn agus mar thaca ag dea-fheidhmíocht fhoriomlán mhargadh saothair na hÉireann. Tá na rátaí fostaíochta agus rannpháirtíochta sa lucht saothair (20-64) ar leibhéil níos airde ná riamh, agus baineadh amach 79,8 % agus 83 % ina leith faoi seach, in 2024. Tá an dá ráta i bhfad níos airde ná meánrátaí an Aontais (75,8 % agus 80,3 %), agus tá an ráta fostaíochta os cionn sprioc 2030 78,2 % na tíre. Tá an ráta dífhostaíochta cobhsaí ag 4,3 % i gcomparáid le meán 5,9 % an Aontais. Bhí an dífhostaíocht i measc na hóige agus an dífhostaíocht fhadtéarmach ag 10,6 % agus 1 %, faoi seach, go mór faoi bhun mheáin 14,9 % agus 1,9 % an Aontais faoi seach. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an lucht saothair, a bhuí le daonra measartha óg, fás déimeagrafach agus glanimirce isteach([157]).

Léiríonn difríochtaí móra i rannpháirtíocht i margadh an tsaothair i measc cohóirt éagsúla go bhféadfaí lucht saothair a bhfuil géarghá leis a ghníomhachtú (féach an roinn thíos maidir le ganntanais lucht saothair). Cé go bhfuil feabhas beag ag teacht ar an staid, tá bacainní fós roimh ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste (go háirithe daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair agus an pobal Romach agus an Lucht Siúil) maidir le rochtain a fháil ar phoist (ar ardchaighdeán). Nuair a chuirtear a dtáscairí fostaíochta i gcomparáid le cohóirt faoi mhíbhuntáiste i mBallstáit eile, tugtar le fios go mbíonn bacainní níos mó rompu agus iad ag lorg oibre (féach na ranna tiomnaithe thíos). Bíonn na difríochtaí struchtúracha sin mar thoradh ar thosca éagsúla, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí (sóisialta) ar nós an oideachais, na tithíochta nó cúram leanaí agus idirdhealú ag an obair. Tá grúpaí faoi mhíbhuntáiste faoi ró-ionadaíocht i dteaghlaigh ísealdéine oibre, ach tá an céatadán foriomlán (7,4 %) faoi bhun mheán an Aontais anois (8 %). D'fhéadfadh gníomhachtú éifeachtach na gcúlchistí neamhshaothraithe sin i margadh an tsaothair cuidiú le ganntanais lucht saothair a mhaolú agus iomaíochas a mhéadú.

Graf A10.1: **Príomhtháscairí mhargadh an tsaothair**



Foinse: Eurostat, LFS [lfsi_emp_a, une_rt_a, edat_lfse_20, une_ltu_a]


Dúshlán seanbhunaithe atá i leibhéal íseal cuimsithe daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair, rud a léiríonn feabhsuithe teoranta. Ag 38,2 pointe céatadáin in 2024, tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ar cheann de na bearnaí is mó san Aontas, agus tá an bhearna ag leathnú beagán ón mbliain roimhe sin (+ 0,1 pointe céatadáin) ([158]).

([157])Toimhdí maidir le Daonra agus leis an Lucht Saothair 2023-2057 - an Phríomh-Oifig Staidrimh.

([158])Ar fud an Aontais, tá comhchoibhneas diúltach idir leitheadúlacht an mhíchumais agus méid na bearna

Cuireann go leor tosca bac ar rochtain ar obair le haghaidh an ghrúpa sin. Is príomhchumasóir é an t-oideachas agus bíonn leibhéil ísle gnóthachtála oideachais ag daoine faoi mhíchumas go ginearálta. In Éirinn, níl ach oideachas bunscoile nó oideachas meánscoile sóisearach bainte amach ag ceathrar as gach deichniúr daoine atá faoi mhíchumas - is é sin dhá oiread an sciar a bhreathnaítear sa chuid eile den daonra in aois oibre([159]). Tá ceann de na rátaí is airde de dhaoine faoi mhíchumas nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna ag Éirinn (NEETanna), is é sin 35,1 % in 2022([160]). Bacainní ar fhostaíocht atá san easpa tithíocht oiriúnach atá gar do phoist agus an easpa roghanna iompair inrochtana. Is saincheist í freisin rochtain neamhleor ar chóiríocht réasúnta([161]) ag an obair. Ó 2024 ar aghaidh, cuireann an clár nua 'Obair agus Rochtain' modhanna éagsúla tacaíochta ar fáil d'fhostaithe agus d'fhostóirí araon chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhreise iarratasóirí nó oibrithe faoi mhíchumas. Tharraing comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas aird arís agus arís eile ar an eagla go gcaillfí rochtain ar shochair shóisialta, ar chártaí leighis, nó fiú ar thithíocht shóisialta mar gheall ar an méadú ar a n-ioncam tar éis dóibh dul i mbun oibre([162]). Dá ndéanfaí coigeartú ar thairseacha ioncaim incháilitheachta na scéimeanna leasa atá ann cheana (e.g. cártaí leighis nó an liúntas míchumais), d'fhéadfaí daoine faoi mhíchumas a chuimsiú ar bhealach níos fearr i margadh an tsaothair. D'fhéadfadh íocaíochtaí buana laistigh den obair cuidiú leis na costais bhreise a bhaineann le maireachtáil faoi mhíchumas a chúiteamh.

Graf A10.2: **An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, pointí céatadáin**



Foinse: EU-SILC, [hlth_dlm200__custom_14 751 014]

Tá ráta rannpháirtíochta na n-oibrithe ban ag dul i méid i gcónaí, ach tá éagothromaíochtaí móra inscne agus bacainní fostaíochta fós ann, rud a dhéanann difear do thuismitheoirí aonair go háirithe. Tá méadú tagtha ar ráta fostaíochta na mban in Éirinn le blianta beaga anuas, agus baineadh amach 75,2 % ina leith in 2024, ráta atá i bhfad os cionn mheán an Aontais (70,8 %). Mar sin féin, tá bearna fostaíochta 9,3 pointe céatadáin idir na hinscní fós ann. Méadaíodh ráta gníomhaíochta na mban go 78,3 %, méid atá níos airde freisin ná meán an Aontais (75,3 %), ach tá sé ag titim 9 bpointe céatadáin chun deiridh ar ráta na bhfear. D'ainneoin feabhsuithe leanúnacha, is bacainní móra iad rochtain neamhleor ar chúram leanaí inacmhainne agus ar ardchaighdeán agus ualach na hoibre cúraim gan íocaíocht do mhná ar mhaith leo dul i mbun oibre. Léiríonn beagnach 40 % de na mná neamhghníomhacha uile go bhfuil siad lasmuigh den lucht saothair mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim leanaí nó daoine fásta faoi mhíchumas. Bíonn dúshláin ar leith roimh thuismitheoirí aonair, ar mná iad den chuid is mó, agus iad ag iarraidh dul isteach sa lucht saothair, a bhfuil ráta fostaíochta 69,3 % ann, ráta atá go mór faoi bhun mheán an Aontais (75,3 %). Is minic nach mbíonn rochtain acu ach ar phoist fhorbhásacha ar phá íseal. Tá a ngnóthachtáil

fostaíochta; i bhfocail eile, is gnách go dtuairiscíonn tíortha a thuairiscíonn leibhéil níos ísle míchumais bearnaí fostaíochta níos airde, agus is gnách go dtuairiscíonn tíortha a bhfuil rátaí leitheadúlachta níos airde acu bearnaí fostaíochta níos lú.

([159])ECFE (2021), *Disability, Work and Inclusion in Ireland: Engaging and Supporting Employers*, OECD Publishing, Páras.

([160])Sonraí comparáideacha Eorpacha ar dhaoine faoi mhíchumas - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

([161])An Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta (2000/78/CE).

([162])Edward Leonard(2023): *Assessing the policies to assist disabled people to access employment in Ireland, Geary Institute for Public Policy.*

oideachais íseal i gcomparáid le cohóirt eile, agus tá sé deacair filleadh ar an oideachas mar gheall ar shrianta airgeadais agus easpa tacaíochta([163]). Ba chéim sa treo ceart é an méadú a tháinig le déanaí ar fhóirdheontais faoin scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí do thuismitheoirí aonair i dtreo strus airgeadais a mhaolú, ach is féidir leis an líon neamhleor áiteanna cúraim leanaí atá ar fáil cosc a chur fós ar thuismitheoirí aonair a bheith ag obair. Is minice a oibríonn siad go páirtaimseartha, ar phá íseal, agus leibhéil níos airde bochtaineachta rompu san obair. Beidh na nithe seo a leanas ríthábhachtach chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní a dhúnadh agus chun cuidiú le tuismitheoirí aonair rochtain a fháil ar phoist ardcháilíochta: (I) tacaíocht a leathnú lena gcumasaítear go héifeachtach do thuismitheoirí aonair filleadh ar an oideachas; (II) soláthar agus inacmhainneacht cúraim leanaí a fheabhsú a thuilleadh; agus (III) deiseanna oibre níos solúbtha a chur ar fáil.

Tá bacainní fós roimh an bpobal Romach agus an Lucht Siúil i rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair. Fuarthas amach i nDaonáireamh 2022 nach bhfuil ach sciar measartha beag d'aosaigh Romacha agus aosaigh den Lucht Siúil fostaithe (18 % den Lucht Siúil agus 61 % de na Romaigh). Ar aon dul le grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste, tá baint mhór aige sin le gnóthachtáil oideachais íseal, ach tá ról mór ag an idirdhealú freisin. Fuarthas amach i dtuarascáil nua go bhfulaingíonn an Lucht Siúil agus na Romaigh na leibhéil is airde claontachta d'aon ghrúpa eitneach in Éirinn, agus chuir sé sin bac mór orthu obair a fháil([164]). I measc na mbacainní díreacha agus indíreacha eile tá deacrachtaí teanga agus litearthachta, agus rochtain ar sheirbhísí iompair agus cúraim leanaí chomh maith lena ndrochriochtaí sláinte([165]). Trí aghaidh a thabhairt ar na nithe sin le cláir spriocdhírithe, mar aon le bearta frith-idirdhealaithe agus múscailte feasachta, cuideofar le timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh. Maidir leis an dara Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach a foilsíodh in 2024, is é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Beidh a rath ag brath ar é a bheith curtha chun feidhme go héifeachtach trí acmhainní leordhóthanacha agus dianfhaireachán([166]).

Tá Éire ag dul i ngleic le ganntanais leanúnacha saothair agus scileanna, lena n-áirítear trí dhíriú ar fháilte a chur roimh oibrithe imirceacha. 1,2 % a bhí ar ráta foriomlán na bhfolúntas poist in R3-2024([167]), ar laghdú 0,4 pointe céatadáin é sin bliain ar bhliain. Mar sin féin, tá fostóirí fós ag tuairisciú deacrachtaí maidir le hearcú in earnálacha éagsúla. Feictear go bhfuil na rátaí folúntas is airde ann sa riarachán poiblí (3,3 %), i ngairmeacha gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla (2,5 %), i seirbhísí riaracháin agus tacaíochta (1,8 %), agus i bhfaisnéis agus cumarsáid (1,6 %). I measc na n-earnálacha eile a thuairiscíonn go bhfuil easpa mhór pearsanra ann tá an t-oideachas, an earnáil sláinte agus cúraim shóisialta, agus an earnáil tógála. Tá fadhbanna ar leith ag baint le ganntanais san earnáil tógála, toisc go gcuireann siad moill ar sheachadadh tithe nua, rud a bhaineann an bonn (I) den rochtain ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne, (II) d'imirce isteach an lucht saothair cháilithe is gá agus, dá bhrí sin, den iomaíochas (III). Tá méadú ag teacht ar an líon ceadanna oibre atá á n-eisiúint ag údaráis na hÉireann d'oibrithe ó lasmuigh den Aontas chun an soláthar saothair a mhéadú, agus tá méadú ag teacht ar an líon ceadanna ó thart ar 16 000 chead in 2019 go dtí os cionn 36 000 chead in 2024([168]). An tráth céanna, tacaíonn Éire le gníomhaíochtaí chun an lucht saothair a athsciliú agus a uas-sciliú (féach Iarscríbhinn 12).

Tá laghdú tagtha ar mhímheaitseálacha scileanna ach is dúshlán fós iad. Bhí an mímheaitseáil scileanna maicreacnamaíocha ([169]) fós cobhsaí in 2024 ag thart ar 19,2 %, i

([163]) *One Family (2021): Submission on the National Access Plan 2022-2026.*

([164]) Carron-Kee, E., McGinnity, F., agus Alamir, A. (2024). *Understanding attitudes to Travellers and Roma in Ireland, Jointly-published Reports 9,* Baile Átha Cliath: ESRI agus DCEDIY.

([165]) Lárionad Pavee Point don Lucht Siúil agus do na Romaigh agus Staidéar Sóisialta Feidhmeach, Ollscoil Mhá Nuad (2023) *Roma in Ireland: Access to Fair and Decent Work.*

([166]) Pavee Point: *Lessons learnt from implementation of the National Traveller and Roma Inclusion Strategy 2017-2021.*

([167]) Tuilleamh agus costais saothair R2 2024 (Críochnaitheach) R3 2024 (Réamh-mheastacháin) - An Phríomh-Oifig Staidrimh

([168]) An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta: Táblaí staitisticiúla i ndáil le cead fostaíochta agus liostuithe cuideachtaí: Staitisticí.

([169]) Leis an táscaire mímheaitseála scileanna maicreacnamaíocha tomhaistear scaipeadh na rátaí fostaíochta ar fud grúpaí scileanna (agus leibhéil cháilíochta ina n-ionad, a bhfuil leibhéal 0-2 den Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas íseal; leibhéal 3-4 de meánach agus leibhéal 5-7 de ard.

gcomhréir le meán an Aontais. Tá earnáil mhór ilnáisiúnta ardtáirgiúlachta in Éirinn lena gceanglaítear oibrithe cáilithe, agus tá an sciar is mó de dhaoine a bhfuil oideachas treasach acu san Aontas ag Éirinn. In 2023 rinne 28 % d'oibrithe a raibh dioplóma bainte amach acu cúraimí nár theastaigh a leibhéal oideachais uathu (i gcomparáid le meán 21,9 % AE), rud a d'fhág go raibh mímheaitseáil mhór scileanna i margadh an tsaothair. Mar sin féin, tá níos mó solúbthachta ag daoine a bhfuil céim bainte amach acu maidir le gairmeacha beatha a athrú, rud a bheidh níos tábhachtaí fós amach anseo. Tá rátaí rócháilíochta an-ard i roinnt earnálacha, amhail talmhaíocht (87,8 %), iompar (62,7 %), agus seirbhísí riaracháin agus tacaíochta (52,6 %).

I gcomhréir le treochtaí Eorpacha, tá laghdú tagtha ar chumhdach cómhargála le blianta fada anuas. 34 % a bhí ar sciar na n-oibrithe a cosnaíodh le comhaontuithe cómhargála in 2024([170]), ar laghdú 19 pointe céatadáin é sin ó 2003([171]). Thit dhlús na gceardchumann ('ballraíocht') go 22 % in 2024, i gcomparáid le dlús 70 % le haghaidh comhlachtaí ionadaíocha fostóirí([172]). Tháinig laghdú beag ar an sciar saothair - is é sin táscaire a léiríonn an dáileadh ioncaim idir saothar agus caipiteal - ó 2020 nuair a bhí sé ag leibhéal thart ar 60 % go 53 % in 2023([173]). Cuireann ballraíocht íseal in eagraíochtaí leasa saothair teorainn lena n-acmhainneacht dul i mbun caibidlíochta maidir le pá cothrom agus dálaí oibre cuibhiúla. In Éirinn, níl an ceart chun cómhargála ag fostaithe. Beag beann ar an líon oibrithe a ndéanann ceardchumann ionadaíocht orthu, is féidir le fostóirí diúltú dul i mbun caibidlíochta. Le Treoir an Aontais maidir le pá íosta leordhóthanach, ceanglaítear ar na Ballstáit cómhargáil a chur chun cinn i gcás ina bhfuil an ráta cumhdaigh faoi bhun 80 % agus acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú. Chuige sin, ní mór d'Éirinn plean gníomhaíochta a ullmhú in 2025. Tríd an gceart chun cómhargála a thabhairt isteach agus tús áite a thabhairt do chuideachtaí a bhíonn i mbun cómhargála le haghaidh conarthaí soláthair phoiblí, d'fhéadfaí an ráta cumhdaigh a mhéadú go héifeachtach. D'fhéadfadh na forbairtí sin an próiseas cómhargála a athbheochan ar an leibhéal náisiúnta.

De réir an chéad suirbhé mhóir ar cháilíocht na bpost in Éirinn, bhí poist ar chaighdeán íseal ag níos mó ná aon cheathrú de na hoibrithe. Fuarthas amach i dtuarascáil 2023 ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ó Institiúid Taighde Sóisialta Nevin, go raibh poist 'droch-cháilíochta' ag 27 % d'oibrithe ar an iomlán([174]). Bhí 15 % díobh i bpoist 'fhorbhásacha ar phá íseal', agus bhí 12 % díobh i bpoist 'éilitheach, forbhásacha, ardrialaithe'. Ar an taobh eile, bhí 'poist shlána ardcháilíochta' ag 21 % d'oibrithe. Is daoine óga (16-24) den chuid is mó a bhíonn i bpoist fhorbhásacha ar phá íseal, ar mná iad den chuid is mó, a mbíonn poist pháirtaimseartha nó shealadacha acu go minic. Ina theannta sin, tá níos lú ban ann a bhfuil poist ardcháilíochta acu, rud a léiríonn leithscaradh gairme na n-inscní. I measc na dtosca eile a dhéanann difear do cháilíocht na bpost tá: (I) méid an ghnólachta, a mbíonn poist fhorbhásacha ar phá níos ísle ag cuideachtaí beaga go ginearálta (0-49 bhfostaí); (II) gan céim ollscoile a bheith ag an duine; agus (III) an cineál gairme. Toradh tábhachtach eile ó thuarascáil 2023 is ea gur seans 20 pointe céatadáin níos lú atá ann go mbeidh oibrithe ar phá íosta ina gcomhaltaí de cheardchumann([175]). Ar na bearta a d'fhéadfadh feabhas a chur ar cháilíocht na bpost tá íosphá maireachtála a thabhairt isteach ó 2029 ar aghaidh. Ar dtús, beartaíodh an pá maireachtála sin a thabhairt isteach le haghaidh 2026, ach chuir an rialtas siar é sin (mar aon leis an gcinneadh maidir le rátaí pá fo-íosta don aos óg), chun cuidiú le gnólachtaí costais a laghdú ina ionad sin. Tuilleadh beart d'fhéadfadh a bheith ann is ea feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar shlándáil post in earnálacha a bhíonn forbhásach de ghnáth amhail cúram, fóillíocht agus díolacháin.

([170]) Díospóireacht ón gComhchoiste um Fhiontair, Trádáil agus Fostaíocht - Dé Céadaoin an 24 Eanáir 2024.

([171]) Geary, J. agus Belizon, M. (2022) *Employee voice in Ireland, First findings from the UCD Working in Ireland Survey, 2021, College of Business*, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

([172]) Comhdháil na gCeardchumann (2024): *Ráiteas Tosaigh don Chomhchoiste Oireachtais um Fhiontair, Trádáil agus Fostaíocht maidir leis na hathruithe rialála agus reachtacha is gá chun an Treoir maidir le Pá Íosta Leordhóthanach a thrasuí.*

([173]) *Using modified Gross National Income instead of GDP to account for the distortive effect of the large multinational sector in Ireland.* Foinse: O'Shea, D. (2024). *Estimating Ireland's labour share, QEC Research Note*, Baile Átha Cliath: An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

([174]) Geary, J., & Wilson, L. (2023). *Job quality in Ireland: First findings from the UCD Working in Ireland Survey, 2021 (NERI Report Series No 27).*

([175]) Redmond, P., Ciprikis, K., agus Staffa, E. (2023). *Job quality of minimum wage workers in Ireland, ESRI Research Series 165.*

Le himeacht ama, tá fás fíorphá fós taobh thiar do mhéadú táirgiúlachta. Bhí an fás pá sa tréimhse 2014-2024 beagán faoi bhun an mhéid a bhféadfadh coinne a bheith leis bunaithe ar fhorbairtí sna gnáthspreagthaí maicreacnamaíocha([176]). Tá an fíorphá ag téarnamh tar éis caillteanais shuntasacha, ach ó bhí 2019 ann, tá a fhás fós i bhfad faoi bhun fhorbairt na táirgiúlachta. Tháinig méadú 2,5 % ar an bpá ainmniúil in 2022, méadú 6,8 % in 2023 agus méadú 4,4 % in 2024([177]). Dá réir sin, tháinig méadú 3,0 % ar an bhfíorphá in 2024 tar éis laghdú mór in 2022 (5,0 %) agus bhí téarnamh páirteach ann in 2023 (2,3 %). Tháinig méadú 28,56 % ar an bpá íosta reachtúil idir Eanáir 2022 agus Iúil 2025, méid a chomhfhreagraíonn d'fhíormhéadú 14,43 %. An 1 Eanáir 2025 tháinig méadú air ó EUR 12,70 in aghaidh na huaire go EUR 13,50 agus tá sé le socrú ag 60 % den phá airmheánach ó 2029 ar aghaidh. Ar dtús, beartaíodh an pá maireachtála sin a thabhairt isteach le haghaidh 2026, ach chuir an rialtas siar é sin (mar aon leis an gcinneadh maidir le rátaí pá fo-íosta don aos óg), chun cuidiú le gnólachtaí costais a laghdú ina ionad sin. Tháinig méadú mór ar chostais aonad saothair in 2023 (faoi 17,0 %), tar éis méadú beag in 2022 (0,9 %). Tá sé beartaithe freisin go dtiocfaidh méadú 7,4 % ar an meán orthu in 2024. Mar sin féin, nuair a rinneadh comparáid thar thréimhse ama níos faide (2019-2024) bhí fás carnach an fhíorphá 7 bpointe céatadáin ar a laghad taobh thiar den mhéadú táirgiúlachta.

Tá an lucht saothair ag dul in oiriúint don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus tá méadú ag teacht ar an ngá atá le hoibrithe oilte in earnálacha atá ag teacht chun cinn. In 2023 ba é 0,9 % den fhostaíocht iomlán a bhí i gceist le fostaíocht i dtionscail dianfhuinnimh, agus tá méadú tagtha ar phoist sa gheilleagar glas. In 2021 baineadh amach 1,7 % den fhostaíocht iomlán le fostaíocht in earnáil na n-earraí agus na seirbhísí comhshaoil (AE: 2,7 %). Tá feabhas tagtha ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa lucht saothair na hÉireann, ar tháinig laghdú uirthi ó 28,2 tona in aghaidh an oibrí in 2015 go 22,1 tona in 2023. Léiríonn sé sin an dul chun cinn atá déanta san aistriú glas, ach tá sé fós i bhfad os cionn mheán an Aontais (12,3 tona in 2023). In 2023 níl ach 6,2 % den fhostaíocht iomlán i gceist le speisialtóirí TF, méid atá faoi bhun mheán 4,8 % an Aontais. I measc oibrithe idir 25-64 bliana d'aois, tá bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 85,5 % díobh (AE: 64,7 %), rud a léiríonn béim na hÉireann ar ullmhacht don lucht saothair a chothú. D'ainneoin na n-éachtaí sin, leanann an t-éileamh ar speisialtóirí TFC de bheith níos mó ná an soláthar, rud a cheanglaíonn tionscnaimh spriocdhírithe uas-scilithe agus comhtháthú níos láidre ar fhorbairt scileanna digiteacha i gcreataí oideachais agus oiliúna (féach Iarscríbhinn 12).

([176]) Déantar tagarmharcanna pá a thuar trí fhorbairtí sa bhoilsciú, sa táirgiúlacht, i gcomhardú na trádála agus sa ráta dífhostaíochta.

([177]) Maidir le fás pá ainmniúil, breithnítear cúiteamh in aghaidh an fhostaí. Áirítear leis sin: i) pá agus tuarastail is iníoctha le hairgead tirim nó le hábhar comhchineáil; agus ii) ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha ag fostóirí. I gcás fíor-ollphá, is é an tInnéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) an díbhoilsceoir a úsáidtear. D'fhéadfadh fíorphá ina n-úsáidtear an díbhoilsceoir sin a bheith éagsúil leis an bhfíorphá a thaispeántar in AMECO (ní a úsáideann tomhaltas príobháideach mar dhíbhoilsceoir). Tá sonraí le haghaidh 2024 agus 2025 bunaithe ar réamhaisnéis eacnamaíoch Fhómhar 2024 ón gCoimisiún Eorpach.

D'ainneoin feabhsuithe móra eacnamaíocha agus i margadh an tsaothair in Éirinn, tá dúshláin shóisialta shuntasacha fós ann. Is í an tithíocht an t-ábhar imní is mó in Éirinn le blianta anuas, agus an inacmhainneacht ag dul in olcas agus an easpa dídine ag dul i méid. Tá laghdú ag teacht ar an mbochtaineacht le 10 mbliana anuas, ach tá rioscaí díréireacha bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta fós roimh ghrúpaí leochaileacha (daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, leanaí, Romaigh agus an Lucht Siúil), mar gheall, i bpáirt, ar rochtain theoranta ar sheirbhísí sóisialta, seirbhísí a sholáthraíonn an earnáil phríobháideach nó an earnáil dheonach go minic. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, rannchuideofar leis an bhfás cuimsitheach agus leis an iomaíochas.

Tá dúshláin dhíréireacha roimh chohóirt ar ioncam íseal maidir le rochtain a fháil ar thithíocht, ar chúram leanaí agus ar chúram sláinte. Mar gheall ar bhoilsciú ard, tá an costas maireachtála tagtha chun cinn mar an dara saincheist is tábhachtaí do vótálaithe na hÉireann, tar éis na tithíochta ([178]). Le blianta beaga anuas, bhí barrachais nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i mbuiséad na hÉireann mar gheall ar ioncam mór ó chánachas corparáideach, barrachais a úsáideadh chun dul i ngleic le roinnt de na saincheisteanna (e.g. bochtaineacht fuinnimh agus bochtaineacht leanaí) trí bhearta aonuaire. Mar sin féin, beidh gá le hathchóirithe struchtúracha bunaithe ar fhoinsí cobhsaí maoinithe chun réitigh bhuana a bhaint amach.

Tá fás mór fós ar phraghsanna i margadh tithíochta na hÉireann. Tháinig méadú 3,1 % ar phraghsanna tithe in 2023, tar éis méaduithe 8,3 % agus 12,3 % in 2021 agus 2022, faoi seach. Tháinig méadú breise ar phraghsanna in 2024 (+ 9,3 % bliain ar bhliain in R4-2024). Mar sin féin, tá comharthaí ann go bhfuil feabhas tagtha ar thaobh an tsoláthair, agus tháinig méadú 84 % ar thosuithe foirgneamh in 2024. Cé gur tháinig laghdú beag ar an líon tithíocht nua a críochnaíodh in 2024, meastar go dtiocfaidh méadú breise ar an líon sin, rud a thugann le fios go bhféadfadh an soláthar tithíochta cuidiú le fás praghsanna a mheas. Mar sin féin, is dócha go gcothóidh fás ard daonra éileamh láidir ar thithíocht amach anseo.

Tá an tithíocht inacmhainne fhoriomlán ag dul in olcas a thuilleadh, de réir mar a mhéadaíonn fás an daonra ar ráta níos tapa ná an tógáil nua. Le téarnamh láidir tar éis tobchliseadh eacnamaíoch, tháinig méadú faoi dhó ar phraghsanna tithe sna 10 mbliana suas go 2024, agus sháraigh siad fás ioncaim teaghlaigh le 24 % le linn na tréimhse céanna. Mar thoradh air sin, chonaic Éire ceann de na meatha ba láidre ar a cóimheas idir praghas agus ioncam le linn na tréimhse céanna. Is é is cúis leis sin go páirteach an soláthar tithíochta neamhleor don fhás daonra 15 % le linn na tréimhse céanna. Tar éis tógáil lag le linn lár na 2010idí, tá méadú substaintiúil tagtha ar thógáil teaghaisí nua agus faoi 2024 tá leibhéal per capita níos mó ná dhá oiread mheán an Aontais bainte amach aige, cé go bhfuil sé fós i bhfad faoi bhun leibhéil na 2000idí. Mar sin féin, tá fás daonra fós níos mó ná fás na dteaghaisí, rud a fhágann go bhfuil Éire ar cheann den bheagán Ballstát ina bhfuil laghdú leanúnach ag teacht ar a stoc teaghaisí per capita. Tá leibhéil praghsanna tithe i gcomparáid le hioncaim fós ar cheann de na leibhéil is airde san Aontas, rud a d'fhéadfadh rioscaí struchtúracha a chruthú don gheilleagar intíre. Cé go bhfuil an margadh cíosa sách beag, tháinig méadú nach beag ar an gcóimheas idir praghsanna nua cíosa agus ioncaim le 10 mbliana anuas.

Tá inacmhainneacht tithíochta fós ar an dúshlán sóisialta is práinní in Éirinn. Le 10 mbliana anuas, tháinig méadú faoi dhó ar an meánchíos (ainmniúil) go EUR 1 644 in R2-2024. Tá fás an daonra agus ganntanas soláthair tithíochta, lena n-áirítear i dtithíocht shóisialta agus san earnáil cíosa phríobháidigh, ar na príomhchúiseanna leis an méadú ar chostais tithíochta. Déanann inacmhainneacht íseal difear freisin do dhaoine óga agus d'imircigh, nach leo a dteach de ghnáth, agus do dhaoine ar ioncam íseal agus do chohóirt uirbeacha a bhíonn ag brath níos mó ar láthair a fháil ar cíos. Idir an dá linn, ba é 7,7 % an ráta folúntas cónaithe (sciar na n-árasán neamhúsáidte) in 2022 (méid atá síos ó 9,1 % in 2016).

Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar thithíocht shóisialta. In 2023 bhí 58 824 theaghlach ar liostaí feithimh na n-údarás áitiúil le haghaidh tithíocht shóisialta. Is méadú é sin de bheagnach 1000 teaghlach ón mbliain roimhe sin, agus is é an chéad mhéadú ó bhí 2016 ann. Is daoine fásta aonair iad níos mó ná leath do na daoine sin atá ar liostaí feithimh, agus is

([178])De réir na pobalbhreithe a rinne Ipsos díreach tar éis olltoghchán 2024.

teaghlaigh aontuismitheora iad beagnach aon cheathrú díobh. Bhí 62 642 teaghlach eile ag brath ar scéimeanna forlíontacha cíosa chun íoc as tithíocht phríobháideach ar cíos in R3 2024. Tá tacaíocht tugtha do go leor teaghlach trí na scéimeanna sin chun an easpa dídine a sheachaint nó a fhágáil. Mar sin féin, i gcomhthéacs an tsoláthair theoranta tithíochta príobháidí ar cíos agus cíosanna atá ag ardú, tá deacrachtaí móra ag éilitheoirí teaghaisí a fháil ar cíos, rud atá ina chúis mhór leis an easpa dídine. Thuairiscigh ENRanna tithíochta go raibh eagla ar thionóntaí bogadh ó chóiríocht éigeandála go tithíocht phríobháideach ar cíos le cuidiú ón íocaíocht cúnaimh tithíochta mar gheall ar shlándáil íseal tionachta sna chéad 6 mhí. Le linn na tréimhse sin, is féidir cíosaithe a dhíbirt gan chúis. Ina dhiaidh sin, is féidir leo fanacht ar feadh tréimhse éiginnte (i dtionóntachtaí a cruthaíodh tar éis an 10 Meitheamh 2022), ach amháin má tá an tiarna talún ag iarraidh an conradh a fhoirceannadh ar chúis cheadaithe.

Tá sé ríthábhachtach soláthar na dteaghaisí atá ar fáil a mhéadú, ach tá gá le tuilleadh beart. Measann an Oifig Bhuiséideach Pharlaiminteach go bhfuil 236 000 duine ar an iomlán ann a bhfuil tithíocht shóisialta de dhíth orthu ([179]), ar leanaí 92 000 díobh. Tá sé sin i bhfad níos airde ná na figiúirí oifigiúla. In 2024 rinne an rialtas athbhreithniú ar a spriocanna 'Tithíocht do Chách' agus leag sé síos an sprioc 50 500 teach nua a thógáil gach bliain (méadú ó 33 000). Trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) tacaíonn an tAontas le seirbhísí sóisialta agus riachtanais nua a chur ar fáil do dhaoine gan dídean. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar iarrachtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna na heaspa dídine agus na hinacmhainneachta ísle, amhail na nithe seo a leanas: (i) sciar an stoic tithíochta sóisialta sa stoc tithíochta foriomlán([180]) a mhéadú, rud a mhaolódh luaineacht praghsanna tithíochta; (ii) tuilleadh anailíse a dhéanamh chun féachaint an bhféadfaí cearta tionóntaí a neartú chun cuidiú le cosc a chur ar an easpa dídine mar gheall ar dhíbirt; (iii) cumhachtaí na n-údarás áitiúil a neartú chun tithe tréigthe a fháil le haghaidh tithíocht shóisialta; agus (iv) faireachán a dhéanamh ar an líon tithe folamh agus an cháin tithe fholmha a choigeartú i gcomhréir leis na torthaí.

Tháinig laghdú le déanaí ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. 16,7 % a bhí ar ráta riosca na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta in 2024, méid atá faoi bhun mheán 21 % an Aontais. Léiríonn na trí chomhpháirt den táscaire seo príomhghnéithe an chuimsithe shóisialta: (i) chun bochtaineacht ioncaim a thomhas, ráta riosca na bochtaineachta (12,3 % vs 16,2 % i gcás an Aontais); (ii) chun rochtain ar obair a thomhas, ráta na dteaghlach ísealdéine oibre (7,4 % vs 7,9 % i gcás an Aontais); agus (iii) caighdeáin mhaireachtála ísle a thomhas, an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta (4,5 % i gcomparáid le 6,4 % don Aontas). Rinneadh roinnt feabhsuithe maidir le gach comhpháirt, a bhuí den chuid is mó le feidhmíocht láidir an mhargaidh fostaíochta agus le bearta tacaíochta aonuaire i mbuiséid le déanaí. Tháinig méadú beag ar bhochtaineacht ioncaim in 2024 (+ 0,3 pointe céatadáin). Chuir leibhéil arda praghsanna mar aon le boilsciú ard leis an mbrú airgeadais ar theaghlaigh ar ioncam níos ísle (cé gur tháinig laghdú ar an mboilsciú cheana féin). Dá ndéanfaí tagarmharcáil ar íocaíochtaí leasa de réir na gcaighdeán atá ann cheana (e.g. boilsciú, fíorphá) nó bearta tacaíochta níos spriocdhírithe, d'fhéadfaí cuidiú le hÉirinn a sprioc náisiúnta laghdaithe bochtaineachta le haghaidh 2030 a bhaint amach.

Bíonn tionchar ar leith ag an mbochtaineacht agus ag an eisiamh sóisialta ar dhaoine faoi mhíchumas. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar ráta riosca na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, tá Éire fós faoi bhun mheán an Aontais, agus ráta 30,1 % aici in 2024. Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh imní orthu go raibh an feabhas sin ann den chuid is mó a bhuí le bearta tacaíochta aonuaire a cuireadh ar fáil le blianta beaga anuas agus go rachadh an staid in olcas a luaithe a chuirfí deireadh leo sin ([181]). Tháinig laghdú in 2024 ar an líon daoine faoi mhíchumas a ndearna géardhíth shóisialta agus ábhartha difear dóibh. Fós féin, tá beagnach ceithre oiread níos mó daoine faoi mhíchumas nach bhféadfadh earraí bunúsacha a íoc (8,5 %), i

([179])Tithíocht shóisialta – An Gá Leanúnach 2023 (An Oifig Buiséid Pharlaiminteach).

([180])ECFE (2024), Bunachar Sonraí Tithíochta Inacmhainne ECFE - táscaire PH4.2. Stoc tithíochta sóisialta ar cíos (thart ar 12 %). Moltar sa Tuarascáil ón gCoimisiún Tithíochta (2024) an earnáil tithíochta sóisialta a dhúbailt.

([181])Ceartas Sóisialta Éireann – Buiséad 2025 - Anailís & Critíc Air.

gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne (2,3 %). Níl méadú tagtha ar phríomhchineál na tacaíochta airgeadais — an liúntas míchumais — i gcomhréir leis an mboilsciú. Tháinig an méadú EUR 12 ar uasráta pearsanta na n-íocaíochtaí míchumais seachtainiúla i bhfeidhm i mí Eanáir 2025. Measann Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, áfach, gurb é méadú breise EUR 20 in aghaidh na seachtaine an t-íosmhéid is gá chun an liúntas míchumais a choinneáil bord ar bhord leis an mboilsciú ([182]). Faoi láthair, ní féidir le córas cosanta sóisialta na hÉireann costais bhreise an mhíchumais a chúiteamh go leordhóthanach, a raibh thart ar EUR 10 000-15 000 in aghaidh na bliana i gceist leo in 2024 ([183]).

Tá dúshláin thromchúiseacha roimh theaghlaigh aontuismitheora maidir le cuimsiú sóisialta. Déantar ionadaíocht dhíréireach ar an ngrúpa sin i measc teaghlaigh gan dídean agus tá méadú ag teacht ar an líon teaghlach sin. Tá ráta riosca na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta níos mó ná dhá oiread ráta an phobail i gcoitinne (47,3 % vs 16,7 %). Tá díothacht ábhartha agus shóisialta an-ard freisin i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne (39,1 % vs 12,1 %). Ar an taobh dearfach, tháinig feabhas ar chás na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta le blianta beaga anuas. Fuarthas amach i staidéar a rinne an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta in 2024 go dtagann méadú mór ar an leochaileacht eacnamaíoch de bharr na tuismitheoireachta aonair, arb iad na saintréithe a bhaineann léi ioncam íseal, díth ábharach agus strus airgeadais. ([184]). Beidh bearta chun feabhas a chur ar an rochtain ar chúram leanaí, ar fhostaíocht agus ar oideachas do thuismitheoirí aonair ríthábhachtach chun cuidiú leo éalú ón mbochtaineacht agus ón eisiamh sóisialta.

Tá na mionlaigh Romacha agus an Lucht Siúil faoi mhíbhuntáiste maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sóisialta agus maidir le teacht as an mbochtaineacht. I mBaile Átha Cliath, bhí thart ar 5 % de theaghlaigh den Lucht Siúil gan dídean in 2023, i gcomparáid le 0,7 % den daonra iomlán ([185]). Tá cistiú curtha i leataobh go sonrach do chóiríocht don Lucht Siúil agus tá sé caite go hiomlán le 5 bliana anuas sa tréimhse 2020-2024. Fuarthas amach sa suirbhé is déanaí ó 2020 ar leibhéil bhochtaineacht na Romach agus an Lucht Siúil go ndeachaigh 10 % den chohórt sin a luí agus ocras air ar a laghad uair amháin sa mhí roimhe sin, agus go raibh 40 % de ag streachailt chun greim a choinneáil faoin bhfiacail. Is taithí choiteann é an t-idirdhealú don spriocghrúpa sin agus é ag iarraidh rochtain a fháil ar sheirbhísí éagsúla, amhail tithíocht, cúram sláinte, riaracháin poiblí nó fostaíocht ([186]).

Tháinig laghdú ar an riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i measc leanaí. Tháinig laghdú 3,7 pointe céatadáin ar ráta riosca na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta i gcás leanaí , is é sin le rá go raibh sé ag 20,6 % in 2024 (i gcomparáid le meán 24,2 % an Aontais). Tá rioscaí níos suntasaí ann do leanaí ó theaghlaigh aontuismitheora, do leanaí faoi mhíchumas agus do leanaí ón Lucht Siúil agus ó phobail na Romach. Chun aghaidh a thabhairt air sin, áirítear i mbuiséad 2025 roinnt méaduithe ar thacaíocht leanaí. Mar sin féin, d'fhéadfadh cosaint shóisialta níos fearr a bheith ann dá ndéanfaí bearta níos spriocdhírithe, amhail sochar linbh de réir tástáil acmhainne ar ráta níos airde. Chun tionchar na bochtaineachta ar leanaí a mhaolú, tá an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí á cur chun feidhme ag Éirinn freisin de réir a plean gníomhaíochta 2022. Léirítear i dtuarascáil cur chun feidhme 2024 go bhfuil dul chun cinn déanta i réimsí áirithe, e.g. infheistíochtaí poiblí ar na leibhéil is airde riamh sa luathoideachas agus i gcúram leanaí agus béilí te saor in aisce do dhaltaí bunscoile. Ó 2025 ar aghaidh leathnófar an scéim 'Béilí scoile te' chuig gach bunscoil Éireannach, lena gcumhdófar 3 200 scoil agus 550 000 leanbh ar an iomlán ([187]). Tacaíonn cistí bheartas comhtháthaithe an Aontais le cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí.

([182])Cónaidhm na hÉireann um Míchumas – Aighneacht Réamh-Bhuiséid 2025.

([183])Figiúirí 2021 arna gcoigeartú le boilsciú. An Tuarascáil maidir leis an gCostas a bhaineann le Míchumas in Éirinn, An Roinn Coimirce Sóisialaí.

([184])Russell, H., agus Maître, B. (2024). *Lone parent transitions, employment transitions and poverty outcomes*, *Sraith Taighde de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta 193*, Baile Átha Cliath.

([185])Dréachtchlár Cóiríochta don Lucht Siúil ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2025-2029, lch. 8.

([186])an dara Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, lch. 31.

([187])An díospóireacht maidir le clár na mBéilí Scoile i bParlaimint na hÉireann an 1 Deireadh Fómhair 2024

Tá an rochtain atá ag leanaí ar sheirbhísí sóisialta fós easnamhach, go háirithe maidir le tithíocht, oideachas agus cúram na luath-óige agus cúram sláinte. Maidir le tithíocht, d'iarr Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh in 2023 ar Éirinn 'deireadh a chur le húsáid cóiríochta éigeandála de réir a chéile' do leanaí gan dídean ([188]). Mar sin féin, tá méadú breise tagtha ar easpa dídine teaghlaigh agus leanaí (na daoine sin a fhaigheann rochtain ar chóiríocht éigeandála). Tá easpa beartais ann faoi láthair a dhíríonn ar na grúpaí sin ós rud é gur tháinig an fhadhb chun cinn den chuid is mó tar éis fhoilsiú na straitéise tithíochta in 2021, rud a léiríonn go bhfuil gá le hathbhreithniú ina leith. Maidir leis an oideachas luath-óige, le fóirdheontais a mhéadú agus an scéim náisiúnta cúraim leanaí a leathnú, tháinig laghdú mór ar chostais do theaghlaigh ar ioncam íseal agus do thuismitheoirí aonair. Mar sin féin, tá bacainní fós ann, mar a léirítear leis an ráta íseal tinrimh cúraim leanaí i gcás leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois (22,1 % vs 37,5 % i gcás an Aontais). Tá an scéim urraíochta ceaptha costais cúraim leanaí le haghaidh leanaí leochaileacha a chumhdach, ach i gcásanna áirithe, tá an deontas ró-íseal, rud a chuireann cosc ar chlárú an linbh. D'fhéadfadh an rud céanna tarlú toisc go n-áirítear an sochar linbh sa scéim náisiúnta cúraim leanaí, rud a chiallaíonn go bhféadfadh tuismitheoirí rochtain ar fhóirdheontas scéime náisiúnta cúraim leanaí níos airde a chailleadh. Tá costais arda fós le híoc ag teaghlaigh mheánioncaim ([189]). Cé go bhfuil méadú tagtha ar an líon spásanna, is fadhb fós é an easpa spásanna atá ar fáil. Léiríonn na treochtaí i sonraí Próifíle Earnála le 3 bliana anuas méadú de réir a chéile ar chlárú, laghdú ar fholúntais, agus méadú mór ar liostaí feithimh. Léiríonn sé sin go soiléir go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh nach bhfuiltear ag freastal air leis an acmhainneacht atá ann cheana san earnáil.

Níl cúram sláinte uilíoch le haghaidh leanaí fós ag Éirinn, murab ionann agus Ballstáit eile. Is féidir le leanaí atá faoi bhun 8 mbliana d'aois dul chuig an dochtúir ginearálta saor in aisce, ach ní mór dá dteaghlaigh pas a fháil i dtástáil acmhainne chun rochtain a fháil ar chárta leighis (cúram leighis foriomlán saor in aisce). Níor coigeartaíodh an tairseach ioncaim le haghaidh na tástála acmhainne ó bhí 2005 ann. Fágann sé sin go bhfuil go leor teaghlach ar ioncam íseal (nach bhfuil a n-ioncam íseal go leor chun pas a fháil sa tástáil acmhainne) ag streachailt le costais a bhaineann le cúraim sláinte. Níl aon amlíne ann go fóill maidir le cén uair a chlúdófar leanaí os cionn 8 mbliana d'aois le cuairteanna saor in aisce ar an dochtúir ginearálta. Tá bacainní neamhairgeadais ann freisin, amhail infhaighteacht seirbhísí cúraim sláinte mar gheall ar liostaí feithimh fada agus ganntanas foirne, nó an stiogma sóisialta a bhaineann le sochair de réir tástáil acmhainne a ghlacadh (e.g. an cárta leighis) ([190]). Tá moill roinnt blianta ar ospidéal náisiúnta nua na leanaí a thabhairt chun críche. Tá comhordú teoranta idir earnáil an chúraim sláinte/na seirbhísí sóisialta agus earnáil an oideachais, rud a chruthaíonn deacrachtaí do theaghlaigh, agus ualach breise ar scoileanna, go háirithe na scoileanna sin ina bhfuil cion ard mac léinn faoi mhíbhuntáiste (scoileanna faoin gclár DEIS, nó 'Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh') ([191]). Tá dúshláin fós roimh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chasta mheabhrach agus fhisiceacha acu maidir le rochtain a fháil ar chomhairleoireacht iomchuí agus ar thacaíocht ardcháilíochta mar gheall ar an ilroinnt i soláthar na seirbhísí agus ar an easpa comhordaithe idir ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha ([192]) (féach Iarscríbhinn 14 le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le sláinte).

([188])An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí: *Child poverty monitor* 2024 lch. 74.


([189])Ibid. lgh. 42 -43.

([190])Laurie Reilly et al. (2024): *European Child Guarantee: Analysing the extent to which children in Ireland have access to key services*.

([191])ECFE (2024), *OECD Review of Resourcing Schools to Address Educational Disadvantage in Ireland, Reviews of National Policies for Education*, OECD Publishing, Páras.

([192])ECFE (2024), *Together for Children and Young People in Ireland: Towards a New Governance Framework, OECD Public Governance Reviews*, OECD Publishing, Páras.

Graf A11.1: **An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, grúpaí aoise**



(1) Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta: An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (% den daonra iomlán).

Foinse: Eurostat, EU-SILC [ilc_peps01n]

Tá méadú tagtha ar an mbochtaineacht fuinnimh in Éirinn. Cé go raibh sé fós faoi bhun mheán an Aontais, tháinig méadú faoi dhó ar chéatadán na dteaghlach nach raibh in ann a n-áit chónaithe a choinneáil te go leor idir 2021 agus 2022 agus tháinig méadú breise air go 7,2 % in 2023 (meán 10,6 % an Aontais). Ba é 7,6 % céatadán na ndaoine aonair a bhí i riaráistí ar bhillí fóntais in 2023, is é sin méadú beag i gcomparáid le 2021 (+ 0,3 pointe céatadáin). Maidir le leictreachas, is ag Éirinn atá an tríú praghas is airde do thomhaltóirí teaghlaigh san Aontas. Léirítear i dtaighde go raibh tionchar mór ag an lamháltas breosla ar bhochtaineacht fuinnimh a laghdú roimh an mboilsciú fuinnimh ([193]). Níor coigeartaíodh an ráta lamháltais breosla ó bhí 2020 ann, ach méadaíodh an tairseach ioncaim sa tástáil acmhainne incháilitheachta. I mbuiséid le déanaí, is é an phríomhuirlis chun aghaidh a thabhairt ar an ardú ar chostais fuinnimh teaghlach na tacaíochtaí aonuaire: fuair gach teaghlach creidmheasanna fuinnimh bliantúla chun an strus airgeadais a mhaolú. Tugadh isteach íocaíocht chnapshuime níos spriocdhírithe, is é sin an 'Íocaíocht Riachtanas Breise', in 2022. Díríonn sé ar chohóirt ar ioncam íseal atá ag streachailt chun costais riachtanacha a íoc, agus ní mór tástáil acmhainne a rith chun bheith incháilithe. Maoiníonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa clár ar a dtugtar 'Tithe níos teo' chun tacú le húinéirí-áititheoirí tithe cónaithe atá i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh, trí dheontais a bhaineann le hiarfheistiú domhain. Teaghlaigh sa ghrúpa ioncaim is ísle agus na daoine sin a bhfuil úinéirí níos sine acu, is mó seans go luafaidh siad castacht riaracháin mar chúis le gan rochtain a fháil ar dheontais iarfheistithe ([194]). D'fhéadfadh simpliú agus/nó treoir phearsanta le linn an phróisis cuidiú le níos mó daoine rochtain a fháil ar na deontais. Dá méadófaí an liúntas breosla in ionad leas a bhaint as bearta aonuaire, agus tairbhí níos spriocdhírithe, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chost-éifeachtacht agus cuidiú le deireadh a chur leis an méadú ar bhochtaineacht fuinnimh.

([193])Arya Pillai, Miguel Tovar Reaños & John Curtis. *Páipéar oibre Uimh. 729 ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Meitheamh 2022: Fuel poverty in Ireland: an analysis of trends and profiles.*


([194])Reaños, M.T., J. Curtis, A. Pillai, agus D. Meier, *'Fuel Poverty and Financial Literacy: Evidence from Irish Home Owners', Páipéar oibre 751 ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta,* an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Tá torthaí oideachais in Éirinn os cionn mheán an Aontais, ach tá roinnt grúpaí leochaileacha ar gcúl d'ainneoin na mbeart tacaíochta atá i bhfeidhm. Tá torthaí oideachais níos ísle ag leanaí agus mic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus na Romaigh, agus mic léinn faoi mhíchumas. Tá leibhéil scileanna fós nasctha go dlúth leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta. Tá bearta nua beartais seolta ag Éirinn agus tá athbhreithniú déanta aici ar a córais chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do leanaí agus do mhic léinn leochaileacha ionas go mbeidh siad in ann barr a gcumais a bhaint amach. Tá na torthaí fós le baint amach. Mar sin féin, trí scoileanna speisialta nua a bhunú do dhaltaí faoi mhíchumas agus do dhaltaí a bhfuil ganntanas leanúnach múinteoirí acu, cruthaítear rioscaí don chuimsitheacht agus do thorthaí oideachais amach anseo ([195]). Tá sé ríthábhachtach borradh breise a chur faoi scileanna bunúsacha agus glasa, inniúlachtaí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM), go háirithe i measc mic léinn faoi mhíbhuntáiste, agus rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach chun feabhas a chur ar iomaíochas na hÉireann agus ar a cumas dul i mbun nuálaíochta.

Tá tacaíocht leanúnach do bhunscileanna agus d'inniúlachtaí ETIM ríthábhachtach chun iomaíochas agus cumas nuálaíochta na hÉireann a neartú. Cé go bhfuil Éire i measc na dtíortha is fearr feidhmíocht san Aontas ó thaobh bunscileanna de (léitheoireacht, matamaitic agus eolaíocht), tháinig méadú 3,3 pointe céatadáin ar an ráta tearcghnóthachtála sa mhatamaitic go 19 % ó bhí 2018 ann ([196]). Tá laghdú ag teacht ar chion na ndaoine is fearr sa mhatamaitic ó bhí 2012 ann, agus tá sé fós faoi bhun mheán an Aontais (7,2 % vs 7,9 %), agus tá an bhearna inscne san eolaíocht agus sa mhatamaitic go leathan i bhfabhar na mbuachaillí. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá 'Ráiteas Beartais Oideachais agus Plean Cur Chun Feidhme ETIM go dtí 2026' á chur chun feidhme ag Éirinn.

Méadaíodh an buiséad ETIM do scoileanna in 2024 ([197]), agus seoladh bearta chun an líon múinteoirí matamaitice agus fisice a mhéadú. Mar sin féin, leanann scoileanna de bheith ag tuairisciú ganntanas foirne, agus bonneagar neamhleor ábhair eolaíochta ([198]) ([199]). Chun tacú le bunscileanna, in 2024 sheol an rialtas 'Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus litearthachta digití na hÉireann 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta' chun feabhas córasach a bhaint amach sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach ó oideachas agus cúram na luath-óige go leibhéal iar-bhunscoile.

Graf A12.1: **Treocht sa tearcghnóthachtáil sa mhatamaitic de réir chúlra socheacnamaíoch na mac léinn, Clár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí (PISA) 2012-2022 (%)**



Foinse: PISA 2022, ECFE (2023)

Chun leas a bhaint as acmhainneacht grúpaí faoi mhíbhuntáiste, tá sé d'aidhm ag Éirinn feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sí do mhic léinn atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Tá ráta na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint fós íseal, agus é ag 4 % in 2023 ([200]). Tá sé fós ard, áfach, i measc grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas (10,7 %), na Romaigh agus an Lucht Siúil (70 %) ([201]) ([202]). Tá méadú fós ag teacht ar

([195])De réir Airteagal 24 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), ní mór do na Stáit is páirtithe córas oideachais cuimsitheach a áirithiú ar gach leibhéal agus leithscaradh a sheachaint. Dhaingnigh Éire UNCRPD in 2018 agus an prótacal roghnach a ghabhann leis an 8 Deireadh Fómhair 2024.

([196])ECFE (2023), *PISA 2022 Results (Volume I).*

([197])An Roinn Oideachais (2024) - Aibreán 2025 - Preaseisiúint.

([198])Casey, J. (2024). 'Rabhadh tugtha ag múinteoirí eolaíochta faoi na hathruithe ar scrúdú na hArdteiste'. Irish Examiner.

([199])ECFE (2023), *PISA 2022 Results (Volume I): The State of Learning and Equity in Education*, PISA, *OECD Publishing*, Páras, https://doi.org/10.1787/53f23881-en.

([200]) edat_lfse_14

([201])An Coimisiún Eorpach (2021), An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú. Grammenos, S.,

chion na ndaltaí meánscoile faoi mhíbhuntáiste a mbaineann tearcghnóthachtáil leo sa mhatamaitic, cé go bhfuil sé níos lú ná meán an Aontais (féach Graf A10.1). D'ainneoin feabhsuithe leanúnacha le 10 mbliana anuas, tá difríochtaí móra fós ann i dtorthaí oideachais idir na scoileanna a fhaigheann tacaíocht ón gclár 'Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh' (DEIS) agus na scoileanna sin nach gcumhdaítear, maidir le daltaí ó chúlra socheacnamaíoch níos ísle, agus maidir leis Pobal an Lucht Siúil agus na Romach. Sa suirbhé is déanaí ar scileanna matamaiticiúla ar leibhéal na bunscoile feictear torthaí i bhfad níos ísle i gcás scoileanna uirbeacha DEIS (Banda 1) ([203]).

Chun neamhionannais oideachais a laghdú, d'iarr Éire ar ECFE athbhreithniú a dhéanamh ar a leithdháileadh acmhainní ar scoileanna chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáistí oideachais ([204]). Moltar in athbhreithniú ECFE roinnt tacaíochta a leathnú chuig gach leanbh agus duine óg a shainítear a bheith faoi mhíbhuntáiste, gan beann ar an scoil ar ar fhreastail sé nó sí, chomh maith le díriú ar thacaíocht bhreise do dhaltaí atá faoin míbhuntáiste oideachais is airde. Áirítear san athbhreithniú freisin moltaí maidir le rialachas, acmhainní, fothú acmhainneachta, gníomhaíochtaí ar leibhéal na scoile agus faireachán. D'fhoilsigh Éire freisin a céad 'Straitéis Oideachais do Phobal an Lucht Siúil agus na Romach go dtí 2030' agus an scéim nua tacaíochta *'Tús comhionann'* chun cuidiú le teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh in oideachas agus cúram na luath-óige. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas do níos mó tuismitheoirí dul i mbun oibre agus rannchuidiú le hiomaíochas na tíre (féach Iarscríbhinní 10 agus 11). Tá sé tábhachtach na moltaí agus na bearta beartais nua a chur chun feidhme go héifeachtach chun tacaíocht níos éifeachtaí a áirithiú do leanaí agus do dhaltaí atá faoi mhíbhuntáiste, rud a chuirfidh ionchais oideachais agus fostaíochta níos fearr ar fáil dóibh.

Cé go leanann Éire de bhearta cuimsitheacha a chur chun feidhme, tá an baol ann go méadófar an leithscaradh laistigh den chóras oideachais trí líonra na scoileanna speisialta a leathnú. Idir scoilbhlianta 2018/19 agus 2022/23, tháinig méadú 9,1 % ar an líon daltaí i scoileanna speisialta, tháinig méadú 62.5 % ar an líon daltaí i ranganna speisialta i mbunscoileanna agus tháinig méadú 88,6 % ar an líon ndaltaí i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna ([205]). Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an líon daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu([206]), bunófar cúig scoil speisialta nua do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu in 2025, agus tá níos mó tionscadail tógála le haghaidh scoileanna speisialta ar siúl. Mar sin féin, níl scoileanna leithscartha i gcomhréir le ceanglais choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi mhíchumas.

Bíonn impleachtaí diúltacha ag leithscaradh san oideachas do dhaltaí leochaileacha iad féin agus cuireann sé feidhmíocht fhoriomlán an oideachais i mbaol freisin ([207]). Ina theannta sin, tá cothromas agus cuimsiú san oideachas ríthábhachtach le haghaidh rathúnas comhroinnte agus forbairt inbhuanaithe ([208]). Mar a mholtar san athbhreithniú ECFE thuasluaite, ba cheart seirbhísí oideachais a chomhordú ar bhealach níos fearr leis an soláthar seirbhíse sláinte agus teiripe chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do scoileanna agus do theaghlaigh chun freastal ar riachtanais speisialta na ndaltaí. D'éascódh sé sin aghaidh a thabhairt ar riachtanais speisialta leanaí i scoileanna príomhshrutha.

Tá ganntanas múinteoirí fós ann, rud a dhéanann difear do scoileanna. Cuireann dúshláin maidir le soláthar múinteoirí agus easnaimh i mbonneagar scoile teorainn le cumas scoileanna gníomhaíochtaí curaclaim agus

European comparative data on Europe 2020 and persons with disabilities: labour market, education, poverty and health analysis and trends. https://data.europa.eu/doi/10.2767/745317

([202])*European Agency for Fundamental Rights (2020), Roma Travellers in Six Countries.* https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra2020-roma-travellers-six-countries_en.pdf

([203])G. McHugh, S. Denner, A.Clerkin, G. Piccio & V.Pitsia. (2024). TIMSS 2023. *Insights into mathematics and science achievement in Ireland.*

([204])ECFE (2024): *OECD Review of Resourcing Schools to Address Educational Disadvantage in Ireland*

([205])ibid.

([206])Smyth agus Russell, 2024. https://doi.org/10.26504/rs191

([207])Comhairle na hEorpa, 2017. *Fighting school segregation in Europe through inclusive education*

([208])Grúpa an Bhainc Domhanda, 2016. *SABER Equity and inclusion*

seach-churaclaim a chur ar fáil([209]). Tá deacrachtaí ann ó thaobh múinteoirí a earcú agus a choinneáil, agus tá baill foirne á bhfostú ag bunscoileanna níos mó agus níos mó nach bhfuil cáilíochtaí teagaisc acu ([210]). Tá tionchar diúltach ag costais mhaireachtála atá ag dul i méid agus ag ualach oibre agus freagrachtaí méadaithe ar ghairm na múinteoireachta ([211]). Tá an t-oideachas agus an oiliúint i measc na n-earnálacha is mó atá thíos le ganntanais scileanna in Éirinn ([212]). Ós rud é gurb í cáilíocht an teagaisc an toisc is mó tionchar san oideachas, is gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun lucht saothair leordhóthanach cáilithe a áirithiú.

Tá earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna in Éirinn beag ach feidhmíonn sí go maith. In 2022, ghlac thart ar 88 000 dalta páirt i gcláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ([213]) ar leibhéal na meánscoile sinsearaí agus na hiar-mheánscoile neamhthreasaí. Ar an leibhéal meánscoile sinsearaí, bhí rannpháirtíocht 21,1 % sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint i measc foghlaimeoirí, méid atá i bhfad níos ísle ná meán 49 % an Aontais. Mar sin féin, leis an méadú atá ag teacht ar ráta fostaíochta na gcéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna nua, tugtar le fios go bhfuil feabhas tagtha ar ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna do mhargadh an tsaothair le 10 mbliana anuas. In 2023, baineadh ráta 81,8 % amach, ráta a bhí beagán os cionn mheán 81 % an Aontais. D'ainneoin na dtreochtaí dearfacha sin, tá an chuid is mó de na daltaí fós ag tabhairt faoin ardoideachas, lena léirítear láithreacht láidir cuideachtaí móra ilnáisiúnta agus struchtúr gheilleagar na hÉireann, rud a éilíonn lucht saothair ardcháilithe.

Tá an fhoghlaim obairbhunaithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint teoranta i gcónaí. In 2023, mhéadaigh sciar na foghlama obairbhunaithe i gcláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna go 34,8 %, ach tá sé fós i bhfad níos ísle ná meán 59,5 % an Aontais. Chun dul i ngleic leis an mbearna sin, tá an rialtas ag cur leis an tacaíocht airgeadais do phrintíseachtaí, go háirithe in earnálacha ina bhfuil ganntanas scileanna criticiúla. Sa 'Phlean Gníomhaíochta don Phrintíseacht 2021-2025', leagadh síos sprioc go gcláródh 10 000 printíseach nua gach bliain faoi 2025. De réir thuarascáil 2024 ar dhul chun cinn a ghabhann leis, tá cur chun feidhme an phlean ar an mbóthar ceart chun an sprioc a bhaint amach. Is í an Oifig Náisiúnta Printíseachta, oifig a bunaíodh in 2022, an acmhainn lárnach d'fhostóirí, do phrintísigh agus do sholáthraithe oiliúna. Cuidíonn ionstraimí iomadúla de chuid an Aontais le feabhas a chur ar sholáthar scileanna. Glacfaidh Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) ceannas ar thacaíocht a thabhairt do chúrsaí breisoideachais agus oiliúna atá á gcistiú faoi láthair ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chun na scileanna a bhfuil tóir orthu i margadh an tsaothair a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist, lena n-áirítear le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

Comhcheanglaíonn beartas Breisoideachais agus Oiliúna in Éirinn fócas ar mhargadh an tsaothair agus gné cuimsithe shóisialta. Leis an straitéis 'Future FET: Transforming Learning 2020-2024' [An Breisoideachas agus Oiliúint Amach Anseo: An Fhoghlaim a chlaochlú 2020-2024] (tá a comharba fós á forbairt), tugtar tús áite do rannpháirtíocht a mhéadú i measc foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste. Mar sin féin, tá an t-ualach airgeadais a bhaineann le filleadh ar an oideachas fós ard le haghaidh grúpaí imeallaithe.

I mbuiséad 2025 na hÉireann bhí bearta chun deiseanna forbartha scileanna a leathnú agus costais oideachais a laghdú, go háirithe san ardoideachas lánaimseartha. Mar sin féin, níor thug sé aghaidh go sonrach ar riachtanais foghlaimeoirí fásta faoi mhíbhuntáiste ná ar bhacainní airgeadais gaolmhara. Mar shampla, níor tháinig aon athrú ar liúntais fhorlíontacha le haghaidh bia, taistil agus cóiríochta do phrintísigh Breisoideachais agus oiliúna agus do phrintísigh cheardaíochta ó bhí 2002 ann. Chun na liúntais sin a choigeartú chun an méadú is mó ná 50 % ar an innéacs praghsanna do thomhaltóirí ó bhí 2002 ann a léiriú, bheadh gá le méid measta

([209]) Caroll, et al., 2024. *'Embracing diversity in all its forms': The voluntary secondary sector in Irish education*

([210]) Suirbhé ó Chumann na Meánmhúinteoirí - *School leaders' experience of teacher supply problems* [Taithí ceannairí scoile ar fhadhbanna soláthair múinteoirí]; Cumann Múinteoirí Éireann: *Another Year of Crisis in Recruitment and Retention Revealed by Primary School Survey*. [Bliain eile Géarchéime san Earcaíocht agus sa Choinneáil arna nochtadh ag Suirbhé Bunscoile].

([211]) Harford agus Fleming, 2023. *Teacher supply in Ireland: anatomy of a crisis*

([212]) OECD Skills For Jobs 2022 [ECFE - Scileanna do Phoist 2022].

([213]) Ar a dtugtar Breisoideachas agus Oiliúint in Éirinn.

EUR 9,34 milliún in aghaidh na bliana ([214]). Mar sin féin, níor fógraíodh aon mhéadú. Dá n-áiritheofaí tacaíocht airgeadais leordhóthanach, d'fhéadfaí cabhrú le níos mó daoine faoi mhíbhuntáiste dul i mbun cúrsaí gairme.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an líon na mac léinn a chláraíonn san ardoideachas. 65,2 % an ráta a bhí ann in 2024 i measc na ndaoine idir 25 agus 34 bliana d'aois, agus ba é sin an ráta ab airde san Aontas ([215]). Tháinig méadú 13 % ar chlárú mac léinn idir 2016-2022([216]). Faoin bpróiseas 'An Todhchaí a chistiú' a seoladh in 2022, bhí EUR 105,7 milliún breise leithdháilte ag an rialtas ar an earnáil go dtí 2024. Nuair a rinneadh an caiteachas oideachais a choigeartú le haghaidh an bhoilscithe, áfach, níl sé fillte ar na leibhéil a bhí ann in 2008([217]). I mbuiséad 2025, méadaíodh 'An Todhchaí a chistiú' le príomhchistiú dar luach EUR 150 milliún breise, agus EUR 650 milliún a bheidh ann san iomlán faoi 2030. Ina theannta sin, cuirfear EUR 3 000 in aghaidh na bliana le stipinní PhD, agus déanfar ranníocaíochtaí aonuaire le táillí mac léinn. 90,3 % a bhí i ráta fostaíochta na gcéimithe treasacha in 2023, ráta atá fós ard (meán an Aontais: 87,7 %). Baineann gnóthachtáil ardoideachais le heolas agus scileanna níos forbartha, a bhfuil gá leo freisin le haghaidh an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais, agus le haghaidh torthaí sóisialta níos fearr ([218]).

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn lena beartas maidir le hearnáil an oideachais fheidhmigh, agus í ag méadú a linne scileanna ETIM. Ba é 27,8 % cion na mac léinn a chláraigh i réimsí ETIM ar leibhéal 5-8 den Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas in 2022 (AE - 27,1 %), agus 37,5 % (AE - 36,2 %) a bhí i gcion na mac léinn a bhí cláraithe i réimsí 3-4 den Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar an gcion ar an leibhéal treasach, arb é an t-éileamh láidir ar áiteanna in Ollscoileanna Teicneolaíochta is cúis leis, ollscoileanna ina bhfuil os cionn 100 000 mac léinn cláraithe anois. In 2024, leithdháileadh EUR 84 mhilliún breise ar Ollscoileanna Teicneolaíochta (ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa freisin) chun a bhfeidhmeanna lárnacha taighde a neartú. Tá na hiarrachtaí beartais sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh leanúnach ar ardscileanna teicniúla, lena n-áirítear TFC.

Tá sé ríthábhachtach borradh breise a chur faoin rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú agus chun a sprioc scileanna le haghaidh 2030 a bhaint amach. Idir 2016 agus 2022, tháinig méadú beag 2,3 pointe céatadáin go 48,3 % ar sciar na ndaoine fásta idir 25 agus 64 bliana d'aois a bhí ag gabháil don fhoghlaim aosach. Tá sé sin níos mó ná meán an Aontais ach tá sé i bhfad níos lú ná an sprioc náisiúnta de 64,2 % a bhaint amach faoi 2030. Is iondúil go bhfásann an dóchúlacht go mbeidh daoine rannpháirteach san fhoghlaim aosach le haois agus leibhéal oideachais, agus is minice a ghlacann mná páirt ann ná fir. Trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, amhail an costas a bhaineann le filleadh ar an oideachas, rochtain ar chúram leanaí agus infhaighteacht iompair phoiblí iontaofa inacmhainne i gceantair thuaithe, d'fhéadfaí cuidiú le scileanna agus táirgiúlacht an lucht saothair a neartú. Leanann CSE+ de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bunscileanna do dhaoine fásta, go háirithe tríd an 'Straitéis um Litearthacht Aosach don Saol', lena soláthraítear cúrsaí saor in aisce sa litearthacht, san uimhearthacht agus i scileanna digiteacha.

Tá cistiú breise fógartha ag an rialtas le haghaidh tionscnaimh uas-scilithe. Sa bhuiséad le haghaidh 2025, chuir an rialtas cuid mhór de bharrachas EUR 1,485 billiún an Chiste Náisiúnta Oiliúna i leataobh le haghaidh cistiú lárnach agus cistiú caipitil in earnáil an ardoideachais sna 6 bliana amach romhainn. Mar sin féin, tá an buiséad agus barrachas an Chiste Náisiúnta Oiliúna dírithe go príomha ar an gcohórt fágála scoile atá ag aistriú ón ardoideachas go printíseachtaí. D'fhéadfadh saoire oiliúna íoctha agus tionscnaimh shaincheaptha chun rannpháirtíocht a fheabhsú i measc foghlaimeoirí

([214])an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, *Funding the Future – An Annual Options Paper on Reducing the Cost of Education* [An Cistiú sa Todhchaí – Páipéar ar Roghanna Bliantúla maidir le Costas an Oideachais a Laghdú] (Meán Fómhair 2024).

([215])Eurostat: edat_lfse_03.


([216])Eurostat: educ_uoe_enrt02.

([217])EUA, 2022. *Public Funding Observatory' 2021/2022* ['An Fhaireachlann um Chistiú Poiblí 2021/2022'.] Cuid 1: Sector perspectives on Funding. ['Peirspictíochtaí earnála maidir le Cistiú'].

([218])ECFE, 2024. https://www.oecd.org/content/dam/oecd/en/publications/reports/2024/03/cultivating-the-next-generation-of-green-and-digital-innovators_b23f349e/bb6e432e-en.pdf

fásta atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta cuidiú le feabhas a chur ar an gcás, rud a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar inoiriúnaitheacht an lucht saothair agus ar iomaíochas fadtéarmach na hÉireann.

Graf A12.2: **Rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint de réir leibhéal gnóthachtála oideachais**



(1) 'Oideachas agus oiliúint fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil (gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a áireamh)'
Foinse: Eurostat - suirbhé ar an oideachas aosach (AES 2022)

Tá sé d'aidhm ag tionscnaimh nua scileanna glasa a thabhairt do níos mó daoine, rud a thacóidh le haistriú na tíre chuig geilleagar ísealcharbóin. In 2024, tuairiscíodh ganntanais i roinnt gairmeacha a raibh scileanna glasa ag teastáil ina leith, lena n-áirítear innealtóirí sibhialta, bainisteoirí tógála agus pluiméirí agus feisteoirí píopaí ([219]). Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin, d'fhoilsigh Éire a céad straitéis náisiúnta bhreisoideachais agus oiliúna le haghaidh an aistrithe ghlais ('Scileanna Glasa 2030'), tar éis comhairliúcháin leathana le páirtithe leasmhara ó earnálacha eacnamaíocha ábhartha. Leagtar amach sa straitéis moltaí straitéiseacha éagsúla, lena n-áirítear an gá atá le (i) feasacht a mhúscailt maidir le cláir Bhreisoideachais agus oiliúna agus scileanna glasa a sholáthar; (ii) deiseanna gairme atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn; agus (iii) scileanna glasa agus inniúlachtaí idirdhisciplíneacha a phríomhshruthú i ngach clár Breisoideachais agus oiliúna. Bunaíodh *Skillnet Offshore Wind Academy* in 2024, rud a chuirfidh oiliúint ar oibrithe chun leas a bhaint as acmhainní fuinnimh in-athnuaite nár baineadh leas astu go dtí seo ([220]). Leis an 'bPlean Gníomhaíochta don Phrintíseacht (2021-2025)' tugadh isteach printíseachtaí nua sna réimsí glasa agus sna réimsí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Tacóidh na tionscnaimh sin le hiomaíochas na hÉireann agus cinnteoidh siad go mbeidh an lucht saothair ullmhaithe go leormhaith don aistriú glas. In 2022, chuir 52 % de fhreagróirí na hÉireann in iúl go raibh muinín acu as na cumais sin a bheith acu; sin beagán níos lú ná meán 54 % an Aontais([221]).

Tá Éire i measc na dtíortha is fearr san Aontas ó thaobh scileanna digiteacha de sa phobal i gcoitinne. Éilíonn earnáil mhór ilnáisiúnta TFC in Éirinn lucht saothair atá oilte go digiteach. 8,2 % atá ar sciar na gcéimithe TFC, agus tá sé sin i measc na sciartha is airde san Aontas (4,5 %) ([222]). In 2023, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag beagnach 73 % den daonra, méid atá i bhfad os cionn mheán 55,6 % an Aontais, agus léirigh 43,8 % de go raibh inniúlacht dhigiteach os cionn an bhunleibhéil acu. Tá cion na ndaoine óga (16-24 bliana d'aois) a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu i gcomhréir le meán an Aontais (69,6 %) ([223]). Tá deighilt dhigiteach fós ann, go háirithe i measc daoine atá 55 bliana d'aois nó níos sine agus i measc daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe. Le plean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann, tacaíodh le hiarrachtaí chun an bhearna sin a dhúnadh trí straitéisí scileanna digiteacha agus trí threalamh TFC a chur ar fáil do mhic léinn FET agus do mhic léinn ardoideachais ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

([219])Tuarascáil na Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES) 2025 ón Údarás Eorpach Saothair maidir le ganntanais agus barrachais lucht saothair 2024, ar bhonn sonraí ó Oifigí Náisiúnta Comhordúcháin EURES. Tá riachtanais scileanna agus eolais i gcomhréir leis an aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) maidir le scileanna don aistriú glas, agus déantar anailís ar shamplaí trí úsáid a bhaint as innéacs déine glaise ESCO.

([220])gov.ie - Plean Gníomhaíochta na hÉireann um Scileanna Gaoithe amach ón gCósta seolta ag Sheol an Aire O'Donovan chun spriocanna uaillmhianacha 2030 agus 2050 a bhaint amach.

([221])Eorabharaiméadar Speisialta 527: Dearcthaí cothroime ar an aistriú glas.

([222])DESI 2024.

([223])DESI 2024 (sonraí 2023).

Tábla A13.1: **Scórchlár Sóisialta na hÉireann**

Social Scoreboard for Ireland		
Equal opportunities and access to the labour market	Adult participation in learning (during the last 12 months, excl. guided on the job training, % of the population aged 25-64, 2022)	48,3
	Early leavers from education and training (% of the population aged 18-24, 2024)	2,8
	Share of individuals who have basic or above basic overall digital skills (% of the population aged 16-74, 2023)	72,9
	Young people not in employment, education or training (% of the population aged 15-29, 2024)	7,5
	Gender employment gap (percentage points, population aged 20-64, 2024)	9,3
	Income quintile ratio (S80/S20, 2024)	3,68
Dynamic labour markets and fair working conditions	Employment rate (% of the population aged 20-64, 2024)	79,8
	Unemployment rate (% of the active population aged 15-74, 2024)	4,3
	Long term unemployment (% of the active population aged 15-74, 2024)	1,0
	Gross disposable household income (GDHI) per capita growth (index, 2008=100, 2023)	111,8
Social protection and inclusion	At risk of poverty or social exclusion (AROPE) rate (% of the total population, 2024)	16,7
	At risk of poverty or social exclusion (AROPE) rate for children (% of the population aged 0-17, 2024)	20,6
	Impact of social transfers (other than pensions) on poverty reduction (% reduction of AROP, 2024)	52,9
	Disability employment gap (percentage points, population aged 20-64, 2024)	38,2
	Housing cost overburden (% of the total population, 2024)	4,7
	Children aged less than 3 years in formal childcare (% of the under 3-years-old population, 2024)	24,4
	Self-reported unmet need for medical care (% of the population aged 16+, 2024)	2,9

Critical situation	To watch	Weak but improving	Good but to monitor	On average	Better than average	Best performers


(1) Nuashonrú an 5 Bealtaine 2025. Déantar na Ballstáit a chatagóiriú ar an Scórchlár Sóisialta bunaithe ar mhodheolaíocht a chomhaontaítear leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta. Féach an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025 chun sonraí a fháil faoin modheolaíocht (https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/joint-employment-report-2025-0).

Foinse: Eurostat

Tá dúshláin roimh Éirinn maidir le hinbhuanaitheacht airgeadais agus costéifeachtacht a córais sláinte. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an mbéim neamhleor ar chúram othar seachtrach, ar liostaí feithimh fada agus ar ghanntanais dochtúirí má tá an tír le sláinte a daonra a fheabhsú agus cothroime shóisialta a áirithiú, agus borradh á chur faoi iomaíochas a geilleagair an tráth céanna.

Tháinig an t-ionchas saoil tráth breithe in Éirinn ar ais go dtí an leibhéal a bhí ann roimh COVID-19 in 2023, agus d'fhan sé os cionn mheán an Aontais. Tá ag éirí go réasúnta maith le hÉirinn chun básanna ó chúiseanna inchóireáilte a sheachaint. Ba iad galair an chórais imshruthaithe ('galair chardashoithíocha') an phríomhchúis bháis in 2022, agus ailse ina dhiaidh sin. In 2022, bhí an ráta mortlaíochta ailse (aoischaighdeánaithe) os cionn mheán an Aontais, agus bhí an ráta básmhaireachta ó ghalair chardashoithíocha faoi bhun mheán an Aontais.


Graf A14.1: **Ionchas saoil tráth breithe, blianta**



Foinse: Eurostat (Demo_mlexpec)

Tá dáileadh an chaiteachais sláinte in Éirinn fo-optamach, agus ní leor an bhéim a chuirtear ar chúram othar seachtrach. In 2022, bhí an caiteachas sláinte in aghaidh an áitritheora in Éirinn os cionn mheán an Aontais, agus méadú seasta tagtha air ó bhí 2019 ann. Caitheadh an sciar ba mhó den chaiteachas iomlán ar shláinte (aon trian) i dtreo cúram ospidéil, agus is ar chúram othar seachtrach (thart ar aon cheathrú de) a caitheadh an dara sciar ba mhó. Tá méadú tagtha ar an líon leapacha ospidéil in Éirinn le linn na 10 mbliana idir 2013-2022. Mar sin féin, tá sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, agus tá sé ar cheann de na rátaí áitíochta is airde (os cionn 80 %, ach níos ísle ná mar a bhí in 2019) ([224]). Tháinig méadú ar an infheistíocht chaipitil san earnáil sláinte le blianta beaga anuas. Mar sin féin, tá infhaighteacht reatha na príomhtheicneolaíochta diagnóisice (íomháú leighis) íseal i gcónaí.

Graf A14.2: **Mortlaíocht inchóireáilte**



Ráta báis atá aoischaighdeánaithe **(mortlaíocht a d'fhéadfaí a sheachaint trí chúram sláinte den scoth)**

Foinse: Eurostat (hlth_cd_apr)

Tá rialachas a córais sláinte á dhílárú go mall ag Éirinn, d'fhonn costéifeachtacht a fheabhsú agus rioscaí dá hinbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach a laghdú. I bhfianaise an mhéadaithe leanúnaigh ar chaiteachas sláinte agus de réir mar a réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú mór ar sciar na ndaoine scothaosta faoi 2050, fuair Éire moladh tírshonrach in 2024 chun aghaidh a thabhairt ar an méadú a mheastar a thiocfaidh ar chaiteachas a bhaineann le haois tríd an gcóras cúraim sláinte a dhéanamh níos costéifeachtaí. In 2024, sháraigh córas sláinte na hÉireann a bhuiséad arís go mór, agus bhí comhaontú lár na bliana ag teastáil chun breisiú aonuaire a chur ar fáil. Mar sin féin, tugadh gealltanas sa chomhaontú sin bearta sonracha a thabhairt isteach chun costéifeachtacht chóras sláinte na hÉireann a fheabhsú (féach Iarscríbhinn 1), agus cuireadh tascfhórsa ar bun chun na críche sin. Roinnt beart chun feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht an chórais sláinte atá i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann, cuireann siad feabhas ar chostéifeachtacht freisin.

([224])ECFE/an Coimisiún Eorpach (2024), *Health at a Glance: Europe 2024 - State of Health in the EU Cycle* [Sracfhéachaint ar an tSláinte: Eoraip 2024 - 'Staid na Sláinte i dTimthriall an Aontais'], lch. 201. Tá méadú tagtha ar acmhainneacht na leapacha géarchúraim in 2024, áfach.

Tá sé d'aidhm ag Éirinn dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gclár athchóirithe Sláintecare, **ar cuireadh moill air, go háirithe trí fheabhas a chur ar phleanáil agus ar chomhtháthú seirbhísí cúraim sláinte ar an leibhéal réigiúnach.** Beart cláir amháin is ea na Líonraí Sláinte Pobail a oibríochtú, rud a thacóidh le pleanáil agus soláthar seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil ar bhealach struchtúrtha. Tá 96 Líonra Sláinte Pobail san iomlán curtha ar bun ar fud na hÉireann, agus seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil á soláthar ag gach ceann acu do dhaonra thart ar 50000. Thairis sin, in 2024, tháinig sé 'réigiún sláinte' i bhfeidhm, agus ceapadh Oifigeach Feidhmiúcháin Réigiúnach amháin i ngach ceann acu. Tá coinne leis go gcuirfidh iarrachtaí athstruchtúrúcháin na hÉireann seirbhísí cúraim sláinte níos logánta agus níos freagrúla ar fáil atá saincheaptha do riachtanais shonracha pobal aonair, chomh maith le faireachán agus bainistiú feidhmíochta níos fearr. Thairis sin, dírítear i mbeartas náisiúnta um chúram maolaitheach d'aosaigh 2024 ar rochtain ar chúram maolaitheach a fheabhsú agus ar chúram duinelárnach cothrom, agus comhtháthú agus rialachas seirbhíse neartaithe a sholáthar.

Éiríonn go maith le hÉirinn maidir le galair a chosc ach d'fhéadfaí feabhas a chur ar thomhaltas antaibheathach a shrianadh. In 2022, bhí sciar an chaiteachais ar chosc in Éirinn beagán níos ísle ná meán an Aontais. I measc na mbeart chun cosc a neartú agus rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú, sheol na hairí an plean gníomhaíochta um shláinte na mban le haghaidh 2024-2025 (Céim 2), lena n-áirítear scéim frithghiniúna saor in aisce leathnaithe agus lena méadaítear an acmhainneacht chun clinicí meanapáis agus gínéiceolaíochta a bhunú, chomh maith le cláir don mheánaois agus do mhná scothaosta, chun dlús na gcnámh agus sláinte chardashoithíoch a fheabhsú. Cuimsítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann freisin bearta chun níos mó othar a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár bainistithe galar ainsealach. Glacann Éire páirt i roinnt gníomhaíochtaí comhpháirteacha faoi EU4Health atá dírithe ar shaincheisteanna ailse, amhail EUnetCCC JA (Líonra an Ionaid Chuimsithigh Ailse Eorpaigh) agus JANE-2 ([225]) agus EUCanScreen ([226]). Glacann sé páirt freisin in JACARDI ([227]) a thacaíonn le tíortha Eorpacha ina n-iarrachtaí galair chardashoithíocha agus diaibéiteas a chosc agus a bhainistiú. In 2022, bhí an ráta básmhaireachta inchoiscthe in Éirinn i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, agus ba í an ailse scamhóg an phríomhchúis le bás inchoiscthe. Mar sin féin, tá laghdú an-mhall ag teacht ar thomhaltas antaibheathach in Éirinn. Tháinig méadú 30 % air idir 2021 agus 2022, i gcomhréir le treocht uile-Aontais tar éis thús COVID-19, agus d'fhan sé os cionn mheán an Aontais in 2023. Ar an iomlán, níl ach laghdú 2 % tagtha ar úsáid antaibheathach ó bhí 2019 ann, agus is é an sprioc náisiúnta an tomhaltas a laghdú 27 % faoi 2030 ([228]). Ardaíonn sé sin imní mhór don tsláinte phoiblí maidir le méadú ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

([225]) JANE-2: Shaping the EU Networks of Expertise on cancer! ['Líonraí Saineolais an Aontais maidir le hailse a mhúnlú!']

([226]) Implementation of cancer screening programmes - EUCanScreen | ['Cláir scagthástála ailse a chur chun feidhme — EUCanScreen'] Knowledge for policy ['Eolas le haghaidh beartais'].

([227]) JACARDI: Joint Action on CARdiovascular diseases and Diabetes ['Gníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Galair Chardashoithíocha agus Diaibéiteas'].

([228]) Sprioc náisiúnta a leagtar síos leis an Moladh ón gComhairle maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac i gcur chuige na hAon Sláinte Amháin, 2023/C 220/01.

Tábla A14.1: **Príomhthascairí sláinte**

	2019	2020	2021	2022	2023	EU average* (latest year)
Cancer mortality per 100 000 population	261.5	255.5	248.0	248.2	n.a.	234.7 (2022)
Mortality due to circulatory diseases per 100 000 population	258.4	245.3	248.2	266.5	n.a.	336.4 (2022)
Current expenditure on health, purchasing power standards, per capita	3 491	3 674	3 892	4 136	n.a.	3 684.6 (2022)
Public share of health expenditure, % of current health expenditure	74.3	78.0	77.4	77.4	77.4	81.3 (2022)
Spending on prevention, % of current health expenditure	2.7	3.2	5.9	4.7	4.7	5.5 (2022)
Available hospital beds per 100 000 population**	255	257	257	258	n.a.	444 (2022)
Doctors per 1 000 population*	3.3	3.5	4.0	3.3	n.a.	4.2 (2022)*
Nurses per 1 000 population*	n.a.	n.a.	12.7	13.1	n.a.	7.6 (2022)*
Mortality at working age (20-64 years), % of total mortality	16.6	16.3	16.4	15.5	15.6	14.3 (2023)
Number of patents (pharma / biotech / medical technology)	133	153	122	128	171	29 (2023)***
Total consumption of antibacterials for systemic use, daily defined dose per 1 000 inhabitants****	22.8	18.6	17.8	23.1	22.4	20.0 (2023)

*Déantar meán an Aontais a ualú le haghaidh gach táscaire seachas dochtúirí agus altraí in aghaidh daonra 1 000 duine, a n-úsáidtear meán simplí an Aontais ina leith bunaithe ar shonraí 2022 (nó sonraí is déanaí 2021) seachas Lucsamburg (2017). Tagraíonn sonraí faoi dhlús dochtúirí do dhochtúirí atá i mbun cleachtais i ngach tír seachas an Ghréig, an Phortaingéil (ceadúnaithe chun cleachtadh) agus an tSlóvaic (gníomhach go gairmiúil). Dlús altraí: tagraíonn sonraí d'altraí i mbun cleachtais (cáilíocht atá aitheanta ag an Aontas) i bhformhór na dtíortha seachas an Fhrainc agus an tSlóvaic (gníomhach go gairmiúil) agus an Ghréig (ospidéal amháin). **Cumhdaítear le 'leapacha ospidéil atá ar fáil' cúram sómatach, seachas cúram síciatrach. ***Úsáidtear Airmheán an Aontais Eorpaigh le haghaidh paitinní.
Foinse: Bunachar sonraí Eurostat; Oifig Eorpach na bPaitinní; ****An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) le haghaidh 2023.

Cuireann cumhdach poiblí teoranta agus liostaí feithimh fada teorainn le hinfhaighteacht cúraim sláinte agus rochtain chothrom air. Bhí an sciar den chaiteachas sláinte a chumhdaítear le cistí poiblí in Éirinn beagán faoi bhun mheán an Aontais in 2022. Ina theannta sin, níl aon chumhdach uilíoch ar chúram príomhúil in Éirinn - is í an t-aon tír amháin san Aontas í ina bhfuil sé sin amhlaidh. Idir 2023 agus earrach 2024, leathnaigh Éire an teidlíocht ar sheirbhísí cúraim sláinte poiblí saor in aisce i roinnt céimeanna, agus cuireadh cuairteanna ar dhochtúirí ginearálta (DGanna) gan táille ar fáil do bheagnach 2 250 000 duine. Ina theannta sin, in earrach na bliana 2023 cuireadh deireadh le muirir úsáideora ar gach othar cónaitheach in ospidéil phoiblí. In 2024, an sciar de dhaonra na hÉireann a thuairiscigh gá le cúram leighis nár sásaíodh, bhí sé os cionn mheán an Aontais (féach Iarscríbhinní 11 agus 15). Is iad amanna feithimh is mó is cúis leis an ngá le cúram leighis nach sásaítear, agus ar bhonn níos lú ar chúiseanna airgeadais. Mar sin féin, is iad na grúpaí ar ioncam íseal is mó a bhíonn thíos leis. Tá íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha teaghlaigh mar sciar de na costais sláinte iomlána in Éirinn níos ísle ná meán an Aontais, ach gineann íocaíochtaí deonacha árachais sláinte beagnach 11 % den chaiteachas iomlán ar shláinte, méid atá i bhfad os cionn mheán an Aontais. Is minic a thógann daoine in Éirinn amach árachas sláinte príobháideach chun na liostaí feithimh sa chóras poiblí a sheachaint. Tá an baol ann go gcuirfidh an staid sin leis an neamhionannas sláinte, ós rud é nach féidir le hothair níos boichte íoc as seirbhísí sláinte príobháideacha.

Tá baint ag liostaí feithimh fada le córas cúraim sláinte atá fós ró-ospidéal-láraithe, ach le ganntanas dochtúirí freisin. In 2022, bhí dlús réasúnta ard altraí ag Éirinn go fóill, méid a bhí i bhfad os cionn mheán an Aontais. Mar sin féin, bhí dlús na n-altraí grádaithe an-íseal. In 2023, is ar an gcoigríoch a cuireadh oiliúint ar thart ar 52 % d'altraí agus 43 % de dhochtúirí in Éirinn, agus sin mar thoradh ar insreabhadh foirne eachtracha faoi oiliúint agus eis-sreabhadh foirne Éireannacha faoi oiliúint, iad á mealladh le pá níos fearr agus dálaí oibre níos fearr thar lear ([229]). Tháinig méadú mór ar dhlús na ndochtúirí le 10 mbliana anuas, d'ainneoin laghdú aon chúigiú idir 2021 agus 2022.

Cuireann córas sláinte na hÉireann leis an nuálaíocht agus leis an bhforbairt thionsclaíoch in earnáil leighis an Aontais, cé go bhféadfaí feabhas a chur air. Tá ról tábhachtach ag infheistíocht dhíreach choigríche isteach in earnáil na sláinte (féach Iarscríbhinn 3). Tá Éire ar cheann de na Ballstáit a bhfuil an caiteachas poiblí is ísle ar thaighde agus forbairt sláinte acu, ach tá méid cothrom infheistíochta príobháidí ann i dtaighde agus forbairt chógaisíochta, mar a thuairiscigh comhaltaí Chónaidhm Eorpach na dTionscal agus na gComhlachas Cógaisíochta ([230]). Ó thaobh buiséid T&F atá leithdháilte ar thíortha bunaithe ar shuíomh ceanncheathrúna corparáide, tá Éire i

([229])*Health at a Glance: Europe 2024* ['Sracfhéachaint ar an tsláinte': Eoraip 2024], lch. 45.
([230])Féach EFPIA.

measc na dtíortha a bhfuil na leibhéal is airde san Aontas acu freisin. Léirítear é sin i líon ard paitinní Eorpacha a dheonaítear i réimsí comhcheangailte na cógaisíochta, na mbith-theicneolaíochtaí agus na bhfeistí leighis: 171 in 2023, i dteicneolaíocht leighis den chuid is mó ([231]). Mar sin féin, tá teorainn le gníomhaíocht trialach cliniciúla in Éirinn ([232]).

Tá feabhas tagtha ar ghlacadh na ríomhshláinte agus ar dhigitiú foriomlán an chórais sláinte. Tháinig méadú mór ar sciar na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte ar líne (seachas ar an nguthán) in áit comhairliúcháin ar an láthair in Éirinn idir 2020 agus 2024, rud a d'fhág go raibh sé i gcomhréir le meán an Aontais. Mar sin féin, bhí sciar na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar a dtaifid sláinte pearsanta ar líne fós íseal - thart ar leath de mheán an Aontais, d'ainneoin ardleibhéal ginearálta litearthachta digití in Éirinn (bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 72,9 % díobh in 2023 vs meán 55,6 % an Aontas (féach Iarscríbhinn 12)). Tá sé d'aidhm ag na cistí uile atá curtha in áirithe don earnáil sláinte faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann bonneagar sláinte digiteach na tíre a neartú ([233]). Baineann an infheistíocht is mó le córas comhtháite bainistíochta airgeadais a chur chun feidhme agus le córais ríomhchógaisíochta a chur in úsáid ar fud na n-ospidéal in Éirinn. A luaithe a chuirfear an córas sin in úsáid, cuirfidh sé ar a gcumas d'údaráis na hÉireann faireachán a dhéanamh ar úsáid agus costais cógas, agus córas seachadta cúraim níos idir-inoibrithí a fhorbairt ina mbeidh sonraí oidis nasctha le taifid leictreonacha othar. Ina theannta sin, sheol an Aireacht Sláinte straitéis sláinte digití le haghaidh 2024-2030. Príomhbheart ab ea an Bille um Fhaisnéis Sláinte, bille a foilsíodh i samhradh 2024, lena soláthraítear bunús dlí le haghaidh taifid sláinte dhigiteacha agus forálacha dlíthiúla maidir le comhroinnt sonraí othar le haghaidh cúraim agus cóireála. Ag deireadh 2024, cuireadh an chéad aip othar de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil le haghaidh 1 500 othar ar bhonn trialach. Ar deireadh, faigheann Éire roinnt deontais dhíreacha faoi EU4Health, deontais a bhaineann, mar shampla, le MyHealth@EU ([234]) nó le rochtain othar ar a sonraí sláinte ([235]).

([231]) Oifig Eorpach na bPaitinní, Sonraí le híoslódáil | epo.org.

([232]) EMA (2024), Monitoring the European clinical trials environment ['Faireachán a dhéanamh ar thimpeallacht na dtrialacha cliniciúla Eorpacha'], lch. 9.

([233]) Beartaítear le plean leasaithe téarnaimh agus athléimneachta 2024 EUR 48 milliún breise faoi RePowerEU, le haghaidh gníomhaíochtaí iarfheistithe in eastáit de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

([234]) Comhroinnt sonraí trí r-Sheachadadh in HealthData@EU:MoShláinte@AE (MyHealth@EU).

([235]) Rochtain othar ar a gcuid sonraí sláinte a chumasú.

San Iarscríbhinn seo déantar measúnú ar dhul chun cinn na hÉireann maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) i dtaca le gnéithe an iomaíochais, na hinbhuanaitheachta, na cothroime sóisialta agus na cobhsaíochta maicreacnamaíche. Is creat beartais faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe iad na 17 SFIanna agus na táscairí gaolmhara a ghabhann leo. Is é is aidhm dóibh deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta, na héagothroimí a chomhrac agus dul i ngleic leis an athrú aeráide agus leis an ngéarchéim chomhshaoil, gan aon duine a fhágáil ar lár. Tá an tAontas agus a chuid Ballstát tiomanta don chreat-chomhaontú stairiúil domhanda seo agus do ról gníomhach a bheith acu maidir leis an dul chun cinn ar SFIanna a uasmhéadú. Tá an graf thíos bunaithe ar thacar táscairí SFI an Aontais a forbraíodh chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na SFIanna san Aontas.

Cé go bhfuil Éire ag feabhsú i leith roinnt SFIanna maidir le *hiomaíochas* (SFIanna 4 agus 8), ní mór di teacht suas le meán an Aontais i leith SFIanna eile (SFI 9 - Tionsclaíocht, nuálaíocht agus bonneagar). Tá céatadán na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha acu ar a laghad (SFI 4; 72,9 % in 2023) os cionn mheán an Aontais (55,6 %), cé go bhfágann sé sin nach bhfuil bunscileanna digiteacha ag beagnach aon trian den daonra idir 16 agus 74 bliana d'aois. Maidir le SFI 8 (Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch), thit céatadán na ndaoine óga idir 15-29 mbliana d'aois nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna ó 11.4 % in 2018 go 7.5 % in 2024 agus tá sé faoi bhun mheán an Aontais (11 % in 2024). Mar sin féin, tá Éire ar gcúl i leith mheán an Aontais maidir le SFI 9 (Tionsclaíocht, nuálaíocht agus bonneagar). Ní dhéantar dóthain infheistíochta i gcóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann, mar a léirítear leis an ollchaiteachas intíre ar T&D (SFI 9; 1,58 % de OTI in 2023 i gcomparáid le meán 2,24 % an Aontais). Mar sin féin, nuair a bhreathnaítear ar an ollioncam náisiúnta modhnaithe (OIN*), bhí caiteachas T&F (2,77 % de OIN*) ([236]) os cionn mheán an Aontais. Cuimsíonn Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann athchóirithe agus infheistíochtaí suntasacha arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi scileanna nuálaíochta agus digiteacha. Go háirithe, spreagann an clár Mórdhúshláin Náisiúnta an nuálaíocht i réitigh ghlasa, aeráide agus dhigiteacha.

Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar Éirinn i leith fhormhór na SFIanna a bhaineann le *hinbhuanaitheacht*, tá sí ag imeacht ó SFI 6 (Uisce glan agus sláintíocht), SFI 11 (Cathracha agus pobail inbhuanaithe). Tá feabhas beag ag teacht ar Éirinn maidir le SFI 15 (Beatha ar talamh) agus ní mór di teacht suas le meán an Aontais i roinnt réimsí, i leith SFI 13 (Gníomhaíocht ar son na haeráide) go háirithe. Tá dul chun cinn déanta ag Éirinn maidir le maolú ar an athrú aeráide (SFI 13), lena n-áirítear maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa (ó 13.4 tona *per capita* in 2018 go 11.1 tona in 2023). Mar sin féin, tá sé fós os cionn mheán an Aontais (6.8 tona *per capita* in 2023). Tháinig laghdú beag ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht (ó 57,1 tona CO_2 eq. in aghaidh an km^3 in 2018 go 55,7 tona in 2023) ach tá siad fós i bhfad níos airde ná meán an Aontais (-47 thona in aghaidh an km^3 in 2023). Is amhlaidh atá in ainneoin na spriocanna uaillmhianacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide (Féach Roinn 3). Maidir le giniúint agus bainistiú dramhaíola (SFI 12), tháinig méadú beag ar an ráta úsáide ábhair chiorclaigh ó 1.9 % in 2018 go 2.3 % in 2023, ach tá sé fós i bhfad níos ísle ná meán an Aontais (11.8 % in 2023). Tháinig laghdú ar lorg ábhartha na hÉireann (ó 16.6 tona in aghaidh an áitritheora in 2018 go 11.8 tona in 2023), lorg a bhí faoi bhun mheán an Aontais (14.2 tona in 2023).

Maidir le SFI 11 (Cathracha agus pobail inbhuanaithe), tá Éire ag imeacht ón sprioc mar gheall ar mheath ar cháilíocht na beatha i gcathracha agus i bpobail araon. Tháinig méadú beag ar an ráta diandíothachta tithíochta ó 1,2 % den daonra in 2015 go 1,3 % in 2020, cé go bhfuil sé sin níos ísle ná meán an Aontais arbh é 4 % in 2023. Tá céatadán níos beagán airde den

([236])Eisiann OIN* éifeachtaí an domhandaithe agus léiríonn sé ar bhealach níos cruinne ná OTI caighdeáin ioncaim chónaitheoirí na hÉireann. Féach an Phríomh-Oifig Staidrimh, OIN leasaithe chun tuilleadh sonraí a fháil.


daonra a thuairiscíonn coireacht, foréigean nó loitiméireacht ina gceantar (10,8 % in 2020; i gcomparáid le meán 10 % an Aontais in 2023). Chomh maith leis sin, tá céatadán níos ísle de dhaonra na hÉireann nasctha ar a laghad le cóireáil fuíolluisce tánaisteach (SFI 6; 64,3 % in 2021 i gcomparáid le meán 80,9 % an Aontais in 2022), cé go bhfuil méadú tagtha air sin ó 2016 (61,2 %). Tá feabhas beag ag teacht ar Éirinn maidir leis an sprioc le haghaidh SFI 15 (Beatha ar talamh), ós rud é go bhfuil feabhas tagtha ar thionchar an triomaigh ar éiceachórais (ó 1.4 % in 2018 go 0 % in 2023). Tháinig feabhas beag ar chéatadán an limistéir talún iomláin a chumhdaítear le foraoisí ó 11 % in 2017 go 11.6 % in 2022. Mar sin féin, tá sé sin fós go mór faoi bhun an mheáin Eorpaigh arb é 38.7 %.

Cé go n-éiríonn go maith le hÉirinn maidir le SFIanna a bhaineann leis an *gcothroime shóisialta* (SFIanna 4, 7, 8, 10), tá sí ag imeacht ó SFI 1 (Díothú na bochtaineachta) agus SFI 3 (Sláinte mhaith agus dea-bhail) agus ní mór di breith suas le meán an Aontais i réimsí áirithe, amhail SFI 5 (Comhionannas inscne). Feidhmíonn Éire níos fearr ná meán an Aontais agus tá dul chun cinn á dhéanamh aici maidir le roinnt táscairí a bhaineann leis an neamhionannas, leis an bhfás cuimsitheach agus leis an oideachas, ach tá feidhmíocht na bochtaineachta agus na sláinte agus na folláine tar éis dul in olcas. Tá ag éirí go maith le hÉirinn maidir leis an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta (SFI 1) a thit ó 6,1 % den daonra in 2018 go 6 % in 2023 i gcomparáid le meán 6,8 % an Aontais in 2023. Mar sin féin, tháinig méadú beag ar ráta riosca nax bochtaineachta lucht oibre ó 4,8 % in 2018 go 5,5 % in 2023 (faoi bhun mheán 8,3 % an Aontais) agus tháinig méadú ar an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta ó 3.4 % in 2018 go 4.7 % in 2023 (atá fós faoi bhun mheán 8,8 % an Aontais in 2023). Tá feabhas curtha ag an tír ar roinnt táscairí a bhaineann leis an gcothroime shóisialta amhail luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (SFI 4; 2,8 % in 2024, i gcomparáid le 5,1 % in 2019). Tháinig laghdú ar chéatadán an daonra nach raibh in ann a dtithe a choinneáil te go leor (SFI 7; 7,2 % in 2023, i gcomparáid le 4,4 % in 2018, i gcomparáid le meán 10,6 % an Aontais in 2023) agus na riachtanais leighis nach ndéantar freastal orthu arna bhféintuairisciú (SFI 3; 2,7 % in 2023, i gcomparáid le 2 % in 2018), agus tháinig feabhas ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (SFI 8; 1 % in 2024, i gcomparáid le 1.6 % in 2019). Thairis sin, tháinig méadú ar sciar ioncaim an 40 % is daibhre den daonra (SFI 10) go 23.4 % den ioncam in 2023 ó 22.3 % in 2018.

Éiríonn go maith le hÉirinn i leith SFIanna a bhaineann leis an *gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch* (SFIanna 8 agus 16). Tá fás mór tagtha ar fhíor-OTI *per capita* in Éirinn (SFI 8; ó EUR 71 800 in 2019 go EUR 85 700 in 2023). Maidir le rochtain ar cheartas (SFI 16), tá feabhas tagtha ar chaiteachas iomlán an rialtais ghinearálta ar chúirteanna dlí, caiteachas a méadaíodh ó EUR 138.4 per capita in 2018 go EUR 154.5 in 2023 (ba é EUR 121.7 meán an Aontais in 2023).

Ós rud é gur creat uileghabhálach iad na SFIanna, mínítear nó léirítear aon nasc leis na SFInna ábhartha le deilbhíní sna hIarscríbhinní eile.

Graf A15.1: **Dul chun cinn na hÉireann i dtreo SFIanna**



Féach an tuarascáil bhliantúil ó Eurostat '*Sustainable development in the European Union* ' [An fhorbairt inbhuanaithe san Aontas Eorpach] le haghaidh tacair shonraí mhionsonraithe SFIanna éagsúla; le haghaidh mionsonraí maidir le sonraí fairsinge a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith maidir le dul chun cinn gearrthéarmach na mBallstát: Príomhthorthaí – Táscairí forbartha inbhuanaithe – Eurostat (europa.eu). Ní chiallaíonn ardstádas go bhfuil tír gar do SFI ar leith a bhaint amach, ach léiríonn sé go bhfuil ag éirí níos fearr léi ná an t-Aontas ar an meán. Is dearbhbheart é an scór dul chun cinn atá bunaithe ar threochtaí na dtáscairí le 5 bliana anuas. Ní chuirtear aon spriocluach san áireamh sa ríomh toisc nach bhfuil an chuid is mó de spriocanna beartais an Aontais bailí ach do leibhéal comhiomlán an Aontais. Ag brath ar infhaighteacht sonraí le haghaidh gach sprice, ní thaispeántar gach ceann de na 17 SFIanna i gcás gach tíre.

Foinse: Eurostat, an nuashonrú is déanaí an 28 Aibreán 2025. Tagraíonn na sonraí don tréimhse 2018-2023 nó 2019-2024 den chuid is mó. D'fhéadfadh sonraí maidir le SFIanna a bheith éagsúil ar fud na tuarascála agus na n-iarscríbhinní a ghabhann léi mar gheall ar scoithdhátaí éagsúla.

Tá dúshláin struchtúracha roimh Éirinn i raon leathan réimsí beartais, mar a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha atá dírithe ar an tír mar chuid den Seimeastar Eorpach. Tagraíonn siad, i measc nithe eile, don chóras pinsean agus d'aosú gníomhach, beartas comhshaoil agus bainistiú acmhainní, fuinneamh in-athnuaite, bonneagar agus gréasáin fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar, timpeallacht ghnó, tithíocht agus oideachas.

Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar na moltaí tírshonracha ó 2019-2024 i bhfianaise na gníomhaíochta a rinne Éire go dtí seo agus na ngealltanas atá ina plean téarnaimh agus athléimneachta a mheas. Ag an gcéim seo, tá ar a laghad 'roinnt dul chun cinn' déanta ag Éirinn maidir le 91 % de na moltaí tírshonracha ([237]), agus 'dul chun cinn teoranta' maidir le 9 % (Tábla A16.2).

Cuireann ionstraimí cistiúcháin an Aontais acmhainní suntasacha ar fáil d'Éirinn trí thacú le hinfheistíochtaí agus le hathchóirithe struchtúracha chun iomaíochas, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus cothroime shóisialta a mhéadú, agus an tráth céanna cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha. Sa bhreis ar an gcistiú dar luach EUR 1,2 billiún ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) in 2021-2026, tá EUR 1 bhilliún á chur ar fáil ag cistí bheartas comhtháthaithe an Aontais ([238]) d'Éirinn (EUR 2,1 billiún le cómhaoiniú náisiúnta) le haghaidh 2021-2027 ([239]) chun borradh a chur faoin iomaíochas agus fás réigiúnach. Soláthraíonn tacaíocht ó na hionstraimí sin le chéile thart ar 0,4 % de OTI 2024 ([240]). Leagtar amach rannchuidiú na n-ionstraimí sin le cuspóirí beartais éagsúla i nGraif A16.1 agus A16.2. Tagann an tacaíocht shubstaintiúil sin ón Aontas sa bhreis ar mhaoiniú a cuireadh ar fáil d'Éirinn faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020, lenar maoiníodh tionscadail go dtí 2023 agus lenar bhain tairbhí móra do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann. Tá dul chun cinn déanta maidir le roghnú na dtionscadal faoi chláir an bheartais chomhtháthaithe 2021-2027 agus tá dlús curtha le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.

Tá 19 n-infheistíocht agus 11 leasú in Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann chun fás inbhuanaithe agus infheistíochtaí atá dírithe ar an aistriú glas agus digiteach a spreagadh. Bliain roimh dheireadh thréimhse na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, tá gá le hiarrachtaí méadaithe chun a áirithiú go gcuirfear bearta uile an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026, agus 28 % de na cistí eisíoctha. Faoi láthair, tá 34 % de chlocha míle agus spriocanna a plean téarnaimh agus athléimneachta comhlíonta ag Éirinn ([241]).

Faigheann Éire cistiú ó roinnt ionstraimí eile de chuid an Aontais freisin, lena n-áirítear na hionstraimí sin a liostaítear i dtábla A16.1. Go háirithe, cuireann an comhbheartas talmhaíochta (CBT) ranníocaíocht EUR 7,5 billiún ón Aontas ar fáil d'Éirinn faoin bplean straitéiseach CBT le haghaidh 2023-2027 ([242]). Thairis sin, síníodh oibríochtaí dar luach EUR 351,2 milliún ([243]) faoin ionstraim InvestEU a bhfuil ráthaíocht AE mar thaca léi, rud a chuireann feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú le haghaidh oibríochtaí a bhfuil riosca níos mó ag baint leo in Éirinn.

([237])Cuireadh 13 % de mholtaí tírshonracha 2019-2024 chun feidhme ina n-iomláine, cuireadh 20 % chun feidhme go substaintiúil agus tá roinnt dul chun cinn déanta i gcás 58 %.

([238])In 2021-2027, cuimsítear i gcistí an bheartais chomhtháthaithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an Ciste um Aistriú Cóir. Tá an fhaisnéis maidir leis an mbeartas comhtháthaithe a chuimsítear san iarscríbhinn seo bunaithe ar chláir a glacadh le scoithdháta an 5 Bealtaine 2025.

([239])Déantar cláir um chomhar críochach Eorpach (CCE) a eisiamh ón bhfigiúr.


([240])Cuimsítear idir dheontais agus iasachtaí i maoiniú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcás inarb infheidhme. Tá figiúirí OTI bunaithe ar shonraí Eurostat le haghaidh 2024.

([241])Ó lár mhí na Bealtaine 2025, tá 2 iarratas ar íocaíocht cinn curtha isteach ag Éirinn.

([242])Tá forléargas ar straitéis na hÉireann, atá formheasta go foirmiúil, chun comhbheartas talmhaíochta an Aontais a chur chun feidhme go náisiúnta le fáil ag: https://agriculture.ec.europa.eu/cap-my-country/cap-strategic-plans/ireland_ga


([243])Léiríonn na sonraí an staid mar a bhí an 31.12.2024.

Graf A16.1: **Dáileadh chistiú RRF in Éirinn de réir réimse beartais**



(1) Cuidíonn gach beart den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta chun aidhmeanna de dhá cheann de shé cholún beartais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a bhaint amach. Léirítear an ranníocaíocht phríomhúil sa chiorcal amuigh agus an ranníocaíocht thánaisteach sa chiorcal istigh. 100 % de chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta atá i ngach ranníocaíocht. Dá bhrí sin, 200 % de chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a leithdháileadh, sin an ranníocaíocht iomlán do gach colún a léirítear ar an ngraf sin.
Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Graf A16.2: **Dáileadh chistiúchán an bheartais comhtháthaithe ar chuspóirí beartais in Éirinn**



Foinse: An Coimisiún Eorpach

Tá sé d'aidhm ag cistí an bheartais chomhtháthaithe táirgiúlacht agus iomaíochas ghnólachtaí na hÉireann a mhéadú agus an timpeallacht ghnó a fheabhsú. Díríonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) ar na naisc idir fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) intíre agus ollscoileanna teicniúla a neartú chun a áirithiú gur féidir le bonn fiontair gach réigiúin feabhas a chur ar a chumas iomaíochais agus nuálaíochta. Meastar go dtacóidh cláir CFRE le comhoibriú breis agus 10 000 gnólacht le hollscoileanna teicneolaíochta sna trí réigiún Éireannacha chun aistriú eolais a chumasú agus chun táirgiúlacht an líonra fiontar dúchasach a fheabhsú. Ar an taobh eile, tacaíonn CSE+ le forbairt scileanna ar fud na leibhéal oideachais agus cuireann sé deireadh le bacainní ar ghrúpaí leochaileacha. Tugann sé aghaidh ar ghanntanais scileanna trí chláir sholúbtha uas-scilithe agus athscilithe atá ailínithe le riachtanais mhargadh an tsaothair. Leithdháiltear EUR 131 mhilliún (25 % de chistiú CSE+) ar na tionscnaimh sin.

Tá cistí eile ag cur leis an iomaíochas in Éirinn, mar shampla trí ghlaonna oscailte. Mhaoinigh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa infheistíochtaí straitéiseacha, mar shampla, i mbonneagar iarnróid agus i mbonneagar muiriompair, agus i ndícharbónú an chórais iompair de bhóthar freisin. Tacaíonn sé le príomhthionscadail bhonneagair a fhorbairt lenar féidir comhtháthú an mhargaidh fuinnimh, dícharbónú an chórais fuinnimh agus slándáil an tsoláthair fuinnimh, agus go háirithe idirnascacht leictreachais a bhaint amach; chomh maith le hacmhainneacht, athléimneacht agus slándáil an bhonneagair cnámh droma a mhéadú trí chábláí fomhuirí a chur in úsáid a nascann Éire leis an bhFrainc, leis an bPortaingéil agus leis an Spáinn. Thacaigh Fís Eorpach le taighde agus nuálaíocht, idir fhionnachtana eolaíocha agus nuálaíochtaí a uas-scálú, agus is iad an Chomhairle Dhigiteach, an Tionscal agus an Spás agus an Chomhairle Taighde Eorpach na príomhthosaíochtaí in Éirinn. Tá an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) in Éirinn dírithe ar mhalartú faisnéise cánach agus comhlíontacht i ngeilleagar na n-ardán a fheabhsú agus ar chumais IS a chur chun cinn ag Banc Ceannais na hÉireann.

Tá bearta uaillmhianacha in plean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann freisin chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus ar an iomaíochas. Mar chuid de na bearta a chumhdaítear leis an dara hiarratas ar íocaíocht a cuireadh isteach le bliain anuas, tá athchóiriú curtha chun feidhme ag Éirinn lena leathnaítear raon feidhme na Tástála FBM chun bacainní rialála ar fhiontraíocht a laghdú.

Tá ról mór ag cistí an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus aistriú glas a chur chun cinn in Éirinn le linn bhuiséad reatha seacht mbliana an Aontais (an creat airgeadais ilbhliantúil). Tá CFRE ag tacú le húinéirí-áititheoirí tithe cónaithe atá i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh trí ghníomhaíochtaí iarfheistithe doimhne. Tacóidh cláir an Aontais le

níos mó ná 5000 úinéir tí den sórt sin chun a dtithe a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh agus chun na méideanna a chaitear ar fhuinneamh a laghdú. Faoi phlean straitéiseach CBT na hÉireann le haghaidh 2023-2027, tacaíonn EUR 2,5 billiún i gcistiú ón Aontas le feirmeoireacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, bithéagsúlacht agus laghdú astaíochtaí - lena gcuimsítear EUR 1 bhilliún ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus EUR 1,5 billiún ó éiciscéimeanna an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta.

Tá sraith chuimsitheach athchóirithe agus infheistíochtaí le haghaidh an aistrithe ghlais i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Cuimsítear ar na bearta a chumhdaítear leis an dara hiarratas ar íocaíocht infheistíochtaí in iompar inbhuanaithe trí chonarthaí a dhámhachtain le haghaidh oibreacha spriocdhírithe lena gcumasófar leictriú Iarnród Comaitéireachta Chorcaí amach anseo agus seoladh an Chiste Infheistíochta um Laghdú Astaíochtaí Fiontar chun cabhrú le gnólachtaí imeacht ó bhreoslaí iontaise i dtreo roghanna malartacha níos inbhuanaithe.

Ar phríomhthosaíochtaí mhaoiniú an Aontais in Éirinn tá cothroime, comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a fheabhsú. Díríonn breis agus 50 % de mhaoiniú CSE+ (EUR 242 mhilliún) ar chuimsiú sóisialta in Éirinn, agus béim á leagan ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar imircigh. Cuimsítear leis sin cineálacha nuálacha cur chuige a fhorbairt agus a thástáil chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a lánpháirtiú. Leithdháiltear EUR 68 milliún sa bhreis ar chúnamh bia agus ábhartha do na daoine is díothaí. Tá CFRE ag tacú le scéim EUR 120 milliún chun bailte beaga agus meánmhéide a athbheochan, rud a fheabhsóidh comhtháthú sóisialta. Cuidíonn sé le húdaráis áitiúla lár bailte a athshamhlú agus foirgnimh oidhreachta fholmha a chlaochlú trí athchóiriú agus athúsáid oiriúnaitheach, lena ndéantar iad a ailíniú le luachanna Bauhaus Eorpach Nua: inbhuanaitheacht, aeistéitic agus cuimsiú. Leagtar béim sa scéim ar chur chuige pleanála agus deartha atá dírithe ar an saoránach agus faoi stiúir an phobail.

Tá roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann a bhaineann le cothroime agus beartais shóisialta. Mar chuid de na bearta a chumhdaítear leis an dara hiarratas ar íocaíocht, tá roinnt athchóirithe tábhachtacha curtha chun feidhme ag Éirinn amhail Líonraí Sláinte Pobail a chur ar bun chun cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú agus cuíchóiriú thírdhreach na bpinsean ar mhaithe le simplíocht agus comhsheasmhacht níos fearr. In 2024, chuidigh an ionstraim um thacaíocht theicniúil le creataí cuntasachta agus dea-chleachtais a dhearadh le haghaidh beartas meabhairshláinte agus córais uchtaithe, chomh maith le feabhas a chur ar bheartais chóiríochta d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.

Tábla A16.1: **Cistí roghnaithe de chuid an Aontais le leithdháiltí glactha — sonraí achoimre (EUR milliún)**

Instrument/policy	Allocation 2021-2026		Disbursed since 2021 (1)
RRF grants (including the RepowerEU allocation)	1 153.8		323.8
RRF loans	0		0
Instrument/policy	**Allocation 2014-2020 (2)**	**Allocation 2021-2027**	**Disbursed since 2021 (3)** (covering total payments to the Member State on commitments originating from both 2014-2020 and 2021-2027 programming periods)
Cohesion policy (total)	1 028.7	988.6	611.3
European Regional Development Fund (ERDF)	470.8	395.7	214.5
European Social Fund (ESF, ESF+) and the Youth Employment Initiative (YEI)	694.3	508.4	370.6
Just Transition Fund (JTF)		84.5	26.2
Fisheries			
European Maritime, Fisheries and Aquaculture Fund (EMFAF) and the European Maritime and Fisheries Fund (EMFF)	147.6	142.4	71.9
Migration and home affairs			
Migration, border management and internal security - AMIF, BMVI and ISF (4)	66.0	74.9	32.7
The common agricultural policy under the CAP strategic plan (5)	**Allocation 2023-2027**		**Disbursements under the CAP Strategic Plan (6)**
Total under the CAP strategic plan	7 534.6		2 821.2
European Agricultural Guarantee Fund (EAGF)	5 976.4		2 321.0
European Fund for Agricultural Development (EAFRD)	1 558.2		500.2

(1) Is é an 31 Bealtaine 2025 an scoithdháta le haghaidh sonraí maidir le heisíocaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
(2) Ar leithdháiltí an bheartais chomhtháthaithe 2014-2020 tá leithreasuithe REACT-EU a gealladh in 2021-2022.
(3) Ní bhaineann na méideanna sin ach le heisíocaíochtaí a rinneadh ó 2021 ar aghaidh agus ní chuimsítear leo íocaíochtaí a rinneadh leis an mBallstát roimh 2021. Dá bhrí sin, ní chuimsíonn na figiúirí iomlán na n-íocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do leithdháileadh 2014-2020. Is é an 29 Aibreán 2025 an scoithdháta le haghaidh sonraí maidir le heisíocaíochtaí faoi CEMID agus CEMI. Is é an 5 Bealtaine 2025 an scoithdháta le haghaidh sonraí maidir le heisíocaíochtaí faoi chistí an bheartais comhtháthaithe, AMIF, IBTV agus CSI.
(4) AMIF - An Ciste Tearmainn, agus Imirce; IBTW - An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Beartas Víosaí; CSI - Ciste Slándála Inmheánaí.
(5) Ní chuimsítear caiteachas lasmuigh den phlean straitéiseach CBT.
(6) Is é an 5 Bealtaine 2025 an scoithdháta le haghaidh sonraí maidir le heisíocaíochtaí faoi CETFT. Tá an fhaisnéis maidir le heisíocaíochtaí CERT bunaithe ar dhearbhuithe ó na Ballstáit go dtí mí an Mhárta 2025. Cuireadh tús le heisíocaíochtaí le haghaidh na nÍocaíochtaí Díreacha (CERT) in 2024.
Foinse: An Coimisiún Eorpach

Tábla A16.2: **Tábla achoimre maidir le moltaí tírshonracha 2019-2024**

Ireland	Assessment in May 2025*	Relevant SDGs
2019 CSR 1	**Some progress**	
Achieve the medium-term budgetary objective in 2020. Use windfall gains to accelerate the reduction of the general government debt ratio.	No longer relevant	SDG 8, 16
Limit the scope and number of tax expenditures, and broaden the tax base.	Limited progress	SDG 8, 10, 12
Continue to address features of the tax system that may facilitate aggressive tax planning, and focus in particular on outbound payments.	Some progress	SDG 8, 16
Address the expected increase in age-related expenditure by making the healthcare system more cost-effective and by fully implementing pension reform plans.	Some progress	SDG 3, 8
2019 CSR 2	**Some progress**	
Provide personalised active integration support and facilitate upskilling, in particular for vulnerable groups and people living in households with low work intensity.	Some progress	SDG 4, 8, 10
Increase access to affordable and quality childcare.	Substantial progress	SDG 4, 5
2019 CSR 3	**Some progress**	
Focus investment-related economic policy on low carbon and energy transition, the reduction of greenhouse gas emissions,	Substantial progress	SDG 7, 9, 10, 11, 13
sustainable transport,	Some progress	SDG 10, 11
water,	Some progress	SDG 6, 10, 11, 12, 15
digital infrastructure	Substantial progress	SDG 9, 10, 11
and affordable and social housing, taking into account regional disparities.	Some progress	SDG 1, 2, 8, 10, 11
Implement measures, including those in the Future Jobs strategy, to diversify the economy and improve the productivity of Irish firms – small and medium enterprises in particular - by using more direct funding instruments to stimulate research and innovation	Some progress	SDG 8, 9
and by reducing regulatory barriers to entrepreneurship.	Some progress	SDG 8, 9
2020 CSR 1	**Some progress**	
Take all necessary measures, in line with the general escape clause of the Stability and Growth Pact, to effectively address the COVID-19 pandemic, sustain the economy and support the ensuing recovery. When economic conditions allow, pursue fiscal policies aimed at achieving prudent medium-term fiscal positions and ensuring debt sustainability, while enhancing investment.	No longer relevant	SDG 8, 16
Improve accessibility of the health system and strengthen its resilience, including by responding to the health workforce's needs and ensuring universal coverage for primary care.	Some progress	SDG 3
2020 CSR 2	**Substantial progress**	
Support employment through developing skills.	Some progress	SDG 4
Address the risk of digital divide, including in the education sector.	Full implementation	SDG 4
Increase the provision of social and affordable housing.	Some progress	SDG 1, 2, 8, 10
2020 CSR 3	**Some progress**	
Continue to provide support to companies, in particular SMEs, especially through measures ensuring their liquidity.	Substantial progress	SDG 8, 9
Front-load mature public investment projects	Full implementation	SDG 8, 16
and promote private investment to foster the economic recovery.	Substanional progress	SDG 8, 9
Focus investment on the green and digital transition, in particular on clean and efficient production and use of energy,	Substantial progress	SDG 7, 9, 13
sustainable public transport,	Some progress	SDG 11
water supply and treatment,	Some progress	SDG 6, 12, 15
research and innovation	Some progress	SDG 9
and digital infrastructure.	Substanional progress	SDG 9
2020 CSR 4	**Some progress**	
Broaden the tax base.	Limited progress	SDG 8, 10, 12
Step up action to address features of the tax system that facilitate aggressive tax planning, including on outbound payments.	Some progress	SDG 8, 16
Ensure effective supervision and enforcement of the anti-money-laundering framework as regards professionals providing trust and company services.	Some progress	SDG 8, 16

(Ar leanúint ar an gcéad leathanach eile)

Tábla (ar leanúint)

2021 CSR 1	**No longer relevant**	
In 2022, pursue a supportive fiscal stance, including the impulse provided by the Recovery and Resilience Facility, and preserve nationally financed investment.	No longer relevant	SDG 8, 16
When economic conditions allow, pursue a fiscal policy aimed at achieving prudent medium-term fiscal positions and ensuring fiscal sustainability in the medium term.	No longer relevant	SDG 8, 16
At the same time, enhance investment to boost growth potential. Pay particular attention to the composition of public finances, on both the revenue and expenditure sides of the national budget, and to the quality of budgetary measures in order to ensure a sustainable and inclusive recovery. Prioritise sustainable and growth-enhancing investment, in particular investment supporting the green and digital transition.	No longer relevant	SDG 8, 16
Give priority to fiscal structural reforms that will help provide financing for public policy priorities and contribute to the long-term sustainability of public finances, including, where relevant, by strengthening the coverage, adequacy and sustainability of health and social protection systems for all	No longer relevant	SDG 8, 16
2022 CSR 1	**Substantional progress**	
In 2023, ensure that the growth of nationally financed primary current expenditure is in line with an overall neutral policy stance, taking into account continued temporary and targeted support to households and firms most vulnerable to energy price hikes and to people fleeing Ukraine. Stand ready to adjust current spending to the evolving situation.	No longer relevant	SDG 8, 16
Expand public investment for the green and digital transitions, and for energy security taking into account the REPowerEU initiative, including by making use of the Recovery and Resilience Facility and other Union funds.	No longer relevant	SDG 8, 16
For the period beyond 2023, pursue a fiscal policy aimed at achieving prudent medium-term fiscal positions.	No longer relevant	SDG 8, 16
Address the expected increase in age-related pension expenditure by ensuring the fiscal sustainability of the state pension system.	Substantional progress	SDG 8
2022 CSR 2		
Proceed with the implementation of its recovery and resilience plan, in line with the milestones and targets included in the Council Implementing Decision of 8 September 2021.	RRP implementation is monitored by assessing RRP payment requests and analysing reports published twice a year on the achievement of the milestones and targets. These are to be reflected in the country reports.	
Submit the 2021-2027 cohesion policy programming documents with a view to finalising their negotiations with the Commission and subsequently starting their implementation.	Progress on the cohesion policy programming documents is monitored under the EU cohesion policy.	
2022 CSR 3	**Limited progress**	
Focus efforts on boosting the circular economy. In particular, develop both infrastructure and policies to prevent waste and increase reused and recycled content, and develop a more effective system for the separate collection of recyclable waste, including biodegradable waste.	Limited progress	SDG 6, 12, 15
Promote safer and cleaner waste water circuits.	Limited progress	SDG 6, 12, 15
2022 CSR 4	**Some progress**	
Reduce overall reliance on fossil fuels.	Some progress	SDG 7, 9, 13
Accelerate the deployment of renewable energy, in particular offshore wind, including by introducing reforms to improve the efficiency of the planning and permit system, particularly by reducing the duration of procedures.	Some progress	SDG 7, 8, 9, 13
Upgrade energy infrastructure, including for storage and enhance the stability of the grid.	Some progress	SDG 7, 9, 13
Ensure the fast implementation of deep building retrofits.	Some progress	SDG 7
Accelerate the electrification of transport, including by installing charging facilities.	Some progress	SDG 11
2023 CSR 1	**Substantial progress**	
Wind down the emergency energy support measures in force, as soon as possible in 2023 and 2024. Should renewed energy price increases necessitate new or continued support measures, ensure that these are targeted at protecting vulnerable households and firms, fiscally affordable, and preserve incentives for energy savings	Full implementation	SDG 8, 16
While maintaining a sound fiscal position in 2024,	Full implementation	SDG 8, 16
preserve nationally financed public investment and ensure the effective absorption of RRF grants and other EU funds, in particular to foster the green and digital transitions.	Full implementation	SDG 8, 16
For the period beyond 2024, continue to pursue investment and reforms conducive to higher sustainable growth and preserve a prudent medium-term fiscal position.	Full implementation	SDG 8, 16
Ensure the fiscal sustainability of the state pension system by specifying its financing arrangements.	Substanional progress	SDG 8, 10, 12
2023 CSR 2		
Significantly accelerate the implementation of its recovery and resilience plan, also by ensuring sufficient resources, and swiftly finalise the addendum and the REPowerEU chapter with a view to rapidly starting its implementation. Proceed with the speedy implementation of cohesion policy programmes, in close complementarity and synergy with the recovery and resilience plan.	RRP implementation is monitored by assessing RRP payment requests and analysing reports published twice a year on the achievement of the milestones and targets. These are to be reflected in the country reports. Progress on the cohesion policy programming documents is monitored under the EU cohesion policy.	

(Ar leanúint ar an gcéad leathanach eile)

Tábla (ar leanúint)

2023 CSR 3	**Limited progress**	
Accelerate investments to speed up the circular economy. Further develop both waste treatment infrastructure associated with the higher steps of the waste hierarchy and economic instruments to prevent waste and increase reused, remanufactured and recycled content. Develop a more effective system for the separate collection of recyclable waste, including biodegradable waste. Divert waste from landfilling and incineration, with a particular focus on plastic and biowaste.	Limited progress	SDG 12
Increase efforts to accelerate investments in the drinking water and wastewater infrastructure.	Limited progress	SDG 6
2023 CSR 4	**Some progress**	
Reduce overall reliance on fossil fuels	Some progress	SDG 7, 9, 13
Focus efforts on improving flexibility in the electricity system and improving energy system integration. Design and implement a dedicated strategy for the development of demand-side response and accelerate the roll-out of smart metering infrastructure and smart grid technologies.	Some progress	SDG 7, 8, 9, 13
Streamline the planning and permitting framework for renewables, storage and grid connectors.	Some progress	SDG 7, 9, 11, 13
Implement additional measures that support energy efficiency in private and public buildings to reduce energy bills and energy system costs.	Some progress	SDG 7, 9, 13
Accelerate the installation of public charging points for zero-emission vehicles.	Some progress	SDG 7, 9, 13
Step up policy efforts aimed at the provision and acquisition of skills and competences needed for the green transition.	Some progress	SDG 4
2024 CSR 1	**Substantial progress**	
Submit the medium-term fiscal-structural plan in a timely manner.	Full implementation	SDG 8, 16
Address the expected increase in age-related expenditure by making the healthcare system more cost-effective.	Some progress	SDG 8, 16
2024 CSR 2		
Address relevant challenges to allow for continued, swift and effective implementation of the recovery and resilience plan, including the REPowerEU chapter once adopted, ensuring completion of reforms and investments by August 2026. Accelerate the implementation of cohesion policy programmes. In the context of their mid-term review, continue focusing on the agreed priorities, while considering the opportunities provided by the Strategic Technologies for Europe Platform initiative to improve competitiveness.	RRP implementation is monitored through the assessment of RRP payment requests and analysis of the bi-annual reporting on the achievement of the milestones and targets. Progress with the cohesion policy is monitored in the context of the Cohesion Policy of the European Union.	
2024 CSR 3	Limited progress	
Increase investments in drinking water and wastewater infrastructure to improve water quality and reduce leakages.	Limited progress	SGD 12, 6, 15
2024 CSR 4	Some progress	
Increase efforts to improve the flexibility of the electricity system and modernise and expand grid capacity. Develop and implement a strategy to promote demand-side response	Some progress	SGD 7, 9, 13
and streamline planning and permitting for electricity storage facilities and grid connectors.	Some progress	SGD 7, 8, 9, 13
Increase efforts to improve energy performance of private buildings to reduce energy bills and energy system costs.	Some progress	SGD 7

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Tá fás láidir eacnamaíoch na hÉireann le 10 mbliana anuas tar éis éagothromaíochtaí réigiúnacha a spreagadh, rud a d'fhág go bhfuil limistéir sa dá chathair is mó in Éirinn, Baile Átha Cliath agus Corcaigh, agus timpeall orthu, tar éis léim chun tosaigh ar an gcuid eile den tír. Tá fás níos cothroime beartaithe faoin gcreat pleanála náisiúnta athbhreithnithe a bhfuil sé d'aidhm aige earnáil na ngnólachtaí dúchasacha a neartú, poist a chruthú, agus áiseanna, bonneagar iompair agus tithíocht a fhorbairt i líonra níos leithne d'ionaid uirbeacha agus lonnaíochtaí beaga agus timpeall air.

Tá geilleagar na hÉireann ag fás go leanúnach le 10 mbliana anuas. Bhí an fás OTI is láidre san Aontas ann idir 2014 agus 2024. Tháinig méadú ar OTI na tíre ag meánráta bliantúil 7,1 %, méid a bhí go mór os cionn mheán 1,4 % an Aontais. In 2024, díol suntais a bhí in OTI na hÉireann in aghaidh an duine i gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) toisc go raibh sé 211 % níos mó ná meán an Aontais.

Tá fás láidir tagtha ar an daonra de réir mar atá fás eacnamaíoch tarlaithe, cé go raibh sé sin míchothrom ar fud na tíre. Ar an iomlán, tháinig méadú 13,4 ar an daonra in aghaidh 1 000 cónaitheoir in aghaidh na bliana idir 2014 agus 2023. Mar sin féin, cé gurbh é 16 in aghaidh gach 1 000 cónaitheoir in aghaidh na bliana an ráta fáis daonra i réigiún NUTS 3 Bhaile Átha Cliath, ní raibh sa ráta fáis i réigiún teorann NUTS 3 ach 11 in aghaidh gach 1 000 cónaitheoir, rud a mhéadaigh comhchruinniú an daonra i gceantair uirbeacha agus timpeall orthu. Sainaithnítear an patrún sin i ndréachtchreat pleanála náisiúnta athbhreithnithe na hÉireann agus tá sé d'aidhm aige fás daonra níos tapúla a bhaint amach lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath faoi 2040.

Tá geilleagar na hÉireann an-spleách ar chuideachtaí ilnáisiúnta atá ag cur leis an bhfás agus leis an táirgiúlacht. In 1995 is thart ar 20 % den oll-bhreisluach foriomlán a bhí in oll-bhreisluach (OBL) na n-earnálacha ina raibh an lámh in uachtar ag fiontair ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach ach in 2024, bhí níos mó ná 45 % den oll-bhreisluach foriomlán i gceist leis.

Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha móra in Éirinn agus tá difríochtaí idir beagnach 1 go 2 cheann idir na trí réigiún. In 2023, 225 % agus 245 % faoi seach de mheán an Aontais a bhí san OTI in aghaidh an duine in CCC le haghaidh réigiún an Deiscirt agus réigiún an Oirthir agus Lár Tíre , cé go raibh OTI réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ag leibhéal 100 % de mheán an Aontais in aghaidh an duine sa bhliain chéanna.

Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha níos airde fós ar leibhéil níos ísle comhiomlánaithe chríochaigh (leibhéal NUTS 3). Ar an leibhéal sin in 2023, tá na héagothromaíochtaí idir na réigiúin NUTS 3 is uirbí – limistéar Bhaile Átha Cliath (réigiún an Oirthir agus Lár Tíre) agus limistéar Chorcaí (réigiún an Deiscirt) agus limistéir eile níos airde fós: 366 % de mheán an Aontais a bhí san OTI in aghaidh an duine i limistéar Bhaile Átha Cliath agus 360 % de mheán an Aontais a bhí san OTI in aghaidh an duine i limistéar Chorcaí, ach 75 % agus 96 %, faoi seach, de mheán an Aontais a bhí sna leibhéil OTI in aghaidh an duine i Lár na Tíre agus san Oirdheisceart . Léiríonn sé sin éagothromaíochtaí loma laistigh den dá réigiún NUTS 2 is saibhre.


Tá feidhmíocht láidir eacnamaíoch na hÉireann le 10 mbliana anuas tar éis éagothromaíochtaí réigiúnacha seachas cóineasú a bhaint amach. Cé gur fhás gach réigiún sa tír in 2014-2023, is ag réigiún an Iarthuaiscirt, réigiún a bhí tite ar gcúl cheana féin, a bhí an ráta fáis ba lú sna trí réigiún. Ar leibhéal comhiomlánaithe críochach níos ísle, léirítear tuilleadh difríochtaí agus tá an ráta fáis is ísle sa tréimhse chéanna ag an dá réigiún NUTS 3 a bhfuil na leibhéil OTI is ísle acu (Lár na Tíre agus an Teorainn) (Graf A.17.1).

Tábla A17.1: **Rogha táscairí ar an leibhéal réigiúnach – Éire**

	GDP per head (PPS)	Real GDP per head growth	Productivity - GDP per hour worked (PPS)	Real productivity growth (per hour worked)	Patent applications to the EPO	Employment in knowledge-intensive services	Employment in high-technology sectors	Population growth	Population aged 30-34 with high educational attainment	Household income per capita (PPS)	Transport performance by car	Passenger rail transport performance	Access to alternative fuel infrastructure	Greenhouse gas emissions
	Index EU-27 = 100	Average annual % change	Index EU-27 = 100	Average annual % change	per million inhabitants	% of total employment	% of total employment	Average annual change per 1000 residents	% of population aged 30-34	Index, EU27 = 100	% of population within 1h30min reach (1)	% of population within 1h30min reach (1)	Number of electric vehicles charging points within 10 km	tCO2eq. per person
	2023	2014-2023	2022	2013-2022	2018-2019	2024	2024	2014-2023	2024	2022	2021	2019	2022	2023
European Union (27 MS)	100	1.6	100	0.9	126	41.5	5.2	1.7	44.8	100	77	15.7	287	7.1
Ireland	213	6.7	219	5.6	154	49.6	10.1	13.4	66.4	97	77	9.5	73	10.9
Northern and Western	100	4.5	99	1.4	124	44.4	6.9	11.6	57.0	92	58	0.9	9	13.6
Southern	225	9.8	280	10.2	113	44.4	9.3	10.7	63.7	101	67	1.7	18	15.2
Eastern and Midland	245	5.4	222	3.6	193	54.6	11.7	14.0	70.5	96	91	17.9	132	7.1

(1) An sciar den daonra i bhfoisceacht 120-km is féidir a bhaint amach laistigh de 1h30 (%).
Foinse: Eurostat agus JRC

Graf A17.1: **Meánfhás OTI in aghaidh an duine vs OTI in aghaidh an duine in 2013**




Ais X: OTI in aghaidh an duine, 2013 (CCC, innéacs AE-27 = 100).
Y-ais: Meánfhás iarbhír bliantúil OTI in aghaidh an duine, 2014-2023 (EUR, praghsanna 2015, %). Méid bolgáin: Daonra, 2023.
Foinse: ARDECO (JRC)

Iomaíochas

Tá próifíl láidir iomaíochais ag gach ceann de na trí réigiún Éireannacha ar an iomlán. De réir Innéacs Iomaíochais Réigiúnaigh 2.0, scóráil Éire 12 phointe céatadáin os cionn mheán an Aontais in 2022. Baineann na trí réigiún scór ard amach ó thaobh cháilíocht na n-institiúidí agus an bhonneagair, na cobhsaíochta eacnamaíche, an oideachais bhunúsaigh agus na sláinte de, rud a léiríonn go gcomhlíontar na coinníollacha bunúsacha don iomaíochas i ngach ceann de na trí réigiún.

Baineann difríochtaí i bpróifílí iomaíochais réigiúnaigh go príomha le bonneagar fisiceach agus caipiteal daonna. Fuair réigiún an Iarthuaiscirt, agus go pointe níos lú, réigiún an Deiscirt go mór faoi bhun réigiún an Oirthir agus Lár Tíre maidir le táscairí bonneagair agus oideachais: ardoideachas, foghlaim ar feadh an tsaoil, agus margadh an tsaothair ([244]). Léiríonn staitisticí maidir le gnóthachtáil oideachais freisin comhchruinniú dearlaice caipitil dhaonna timpeall ar chathracha móra.

Léarscáil A17.1: **Innéacs Iomaíochais Réigiúnaigh 2.0, eagrán 2022, fo-innéacs Éifeachtúlachta**




Foinse: AS REGIO, JRC bunaithe ar Eurostat

([244])San fho-innéacs sin, bhí scór réigiún an Iarthuaiscirt faoi bhun 90, agus shroich réigiúin an Deiscirt agus réigiún an Oirthir agus Lár Tíre 101.7 agus 115.6, faoi seach.

Tá gach ceann de na trí réigiún Éireannacha gníomhach in earnálacha iomaíocha, amhail tionscail ardteicneolaíochta agus seirbhísí dianeolais ach tá na tionscail sin scaipthe go míchothrom ar fud na tíre. Tá na sciartha fostaíochta in earnálacha ardteicneolaíochta agus dianeolais os cionn mheán an Aontais i ngach réigiún ach tá an comhchruinniú fostaíochta is airde sna hearnálacha sin i mBaile Átha Cliath agus timpeall air (réigiún an Oirthir agus Lár Tíre). Is i réigiúin Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí freisin atá an táirgiúlacht saothair is airde (Graf A17.2).

Graf A17.2: **Táirgiúlacht saothair in aghaidh na huaire**



Aonad: An fíor-OTI in aghaidh na huaire a oibríodh (EUR, praghsanna 2015)
Foinse: ARDECO (JRC)

Léiríonn difríochtaí sna leibhéil táirgiúlachta idir réigiúin an bhearna táirgiúlachta atá ag dul i méid in Éirinn idir gnólachtaí dúchasacha agus corparáidí móra ilnáisiúnta. Tá táirgiúlacht saothair i ngnólachtaí atá faoi úinéireacht Éireannach ceithre huaire níos ísle ná táirgiúlacht saothair i gcuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach agus tá an bhearna idir leibhéil táirgiúlachta an dá chineál gnólachta ag dul i méid. Cé gur bhain gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach 37.2 % de na leibhéil táirgiúlachta saothair amach agus a bhí ag gnólachtaí eachtracha in 2013, ní raibh ann ach 19.5 % in 2021 ([245]). Léirítear na difríochtaí sin sna leibhéil táirgiúlachta ar an leibhéal réigiúnach, agus tá táirgiúlacht an-ard in aghaidh na huaire (OTI (CCC)) ag réigiúin an Oirthir agus an Deiscirt, arb é 222 % agus 280 %, faoi seach, níos mó ná meán an Aontais, agus ní raibh réigiún an Iarthuaiscirt ach 99 % níos mó ná meán an Aontais in 2021.

Tá caiteachas suntasach ar thaighde ag na trí réigiún Éireannacha, ach is é an caiteachas ar T & F an caiteachas is airde i gcathracha móra na hÉireann. Ba é an caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt i dtéarmaí ainmniúla an caiteachas ab airde sa réigiún Oirthir agus Lár Tíre. Bhí sé 2.7 uair níos mó i réigiún an Deiscirt i gcomparáid le réigiún an Iarthuaiscirt, agus bhí taighde agus forbairt ghnó trí huaire níos mó i réigiún an Deiscirt i gcomparáid le réigiún an Iarthuaiscirt. Mar sin féin, leagtar béim i bplean fioscach agus struchtúrach meántéarmach na hÉireann ar an mbearna nuálaíochta idir gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach agus gnólachtaí dúchasacha agus ar an ngá atá le borradh a chur faoi éiceachórais nuálaíochta ar mhaithe le gnólachtaí dúchasacha. Tá tacaíocht a thabhairt d'éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha ar cheann de phríomhfhócas an dá chlár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa in Éirinn.

Cothroime shóisialta

Tá dálaí mhargadh an tsaothair níos fearr ná meán an Aontais i réigiúin uile na hÉireann, ach níl an treocht dhearfach sin i margadh an tsaothair gan dúshláin do gach réigiún. In 2024, bhí an ráta dífhostaíochta ar fud réigiúin na hÉireann níos ísle ná meán an Aontais. Bhí an dífhostaíocht i measc na hóige níos ísle ná meán an Aontais freisin. Mar sin féin, tá dúshláin ag baint leis an treocht dhearfach sin i margadh an

([245])Lároifig Staidrimh na hÉireann - PIA18 Táirgiúlacht Saothair ag Praghsanna Seasta de réir Úinéireacht Intíre agus Eachtrach.

tsaothair: tá dúshláin mhóra roimh cheantair uirbeacha a bhaineann le tithíocht agus leis an gcostas maireachtála, agus tá leibhéil níos airde bochtaineachta agus díothachta roimh cheantair thuaithe.

Tá tithíocht inacmhainne fós ina dúshlán in Éirinn, go háirithe i gceantair uirbeacha. Tá an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta ([246]) dhá oiread níos airde i gcathracha, i gcomparáid le ceantair thuaithe, rud a chuireann ualach suntasach ar chónaitheoirí laistigh de chathracha. Ar an meán, bhí ró-ualach costais tithíochta ar 4.7 % den daonra in 2024, agus tháinig méadú suntasach ar an sciar idir 2021 agus 2023. Tá an tithíocht ar cheann de na príomhthosaíochtaí straitéiseacha i gcreat pleanála náisiúnta na hÉireann.

Tá méadú tagtha ar an mbearna i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta idir ceantair thuaithe agus limistéir uirbeacha. In 2024, bhí 19.3 % de dhaonra tuaithe na tíre i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, i gcomparáid le 16.7 % i mbailte agus i mbruachbhailte, agus 13.0 % i gcathracha. Cé gur thit an riosca i gceantair thuaithe i gcomparáid le 2022 (-5.1 pointe céatadáin), tháinig méadú mór air i gceantair eile. Is é réigiún an Iarthuaiscirt is mó atá thíos leis, agus 21.2 % den daonra i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2024.

Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann maidir le hinrochtaineacht ar sheirbhísí fíor-riachtanacha. I réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, is féidir 91 % den daonra laistigh de gha 120 km a bhaint amach i gcarr laistigh de 90 nóiméad. Is é sin 67 % i réigiún an Deiscirt agus níl ann ach 58 % den daonra i réigiún an Iarthuaiscirt. Tá inrochtaineacht ar thraein níos míchothroime fós ar fud na tíre. Is é an toradh a bhíonn air sin difríochtaí i dtéarmaí rochtain ar sheirbhísí bunúsacha (amhail ospidéil) ([247]). Tá inrochtaineacht ar cheann de na réimsí ar tharraing Éire aird orthu ina creat pleanála náisiúnta athbhreithnithe agus tá maoiniú mór curtha ar leataobh ag rialtas na hÉireann le haghaidh inrochtaineacht réigiúnach níos fearr.

Inbhuanaitheacht

Tá gach ceann de na trí réigiún Éireannacha tearcfheidhmiúil i gcomparáid le meán an Aontais i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) per capita. Chuir an gnáthchónaitheoir Éireannach 10.9 tona d'astaíochtaí coibhéise CO_2 in 2022, i gcomparáid le 7.1 tona i gcás an ghnáthchónaitheora san Aontas. Is iad réigiúin an Deiscirt agus an Iarthuaiscirt na hastaíochtaí is airde per capita, is é sin 15.2 tona agus 13.6 tona per capita, faoi seach, i gcomparáid le 7.1 tona per capita i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Tugann tábhacht choibhneasta na n-earnálacha astaithe gás ceaptha teasa sa mheascán réigiúnach míniú ar fheidhmíocht na dtrí réigiún maidir le hastaíochtaí. Is iad na hearnálacha atá freagrach as formhór na n-astaíochtaí an talmhaíocht, agus ina dhiaidh sin iompar, tionscail fuinnimh agus an earnáil chónaithe. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar astaíochtaí a bhaineann le tionscail fuinnimh agus leis na hearnálacha cónaithe le 20 bliain anuas, tá astaíochtaí a bhaineann le talmhaíocht agus iompar fós gan athrú. Dá bhrí sin, is tearcfheidhmiúil iad limistéir ina bhfuil earnálacha agus réigiúin láidre talmhaíochta ina bhfuil líon ard comaitéirí.

Tá an t-iompar inbhuanaithe ag titim chun deiridh i ngach réigiún. Cé is moite de Bhaile Átha Cliath, tá an líon pointí luchtaithe feithiclí leictreacha i bhfoisceacht 10 km ([248]) ar leibhéal NUTS 3 i bhfad níos ísle ná meán 287 an Aontais, ó 7 go 23. Tá an t-iompar poiblí (go háirithe iompar d'iarnród) tearcfhorbartha freisin. Tá an tsoghluaisteacht inbhuanaithe luaite ag Éirinn freisin ina creat pleanála náisiúnta agus ina plean forbartha náisiúnta mar cheann de thosaíochtaí na tíre suas go dtí 2040.

([246])Is ionann an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta agus an céatadán den daonra atá ina gcónaí i dteaghlaigh ina ngineann na costais tithíochta iomlána (costas 'glan' na liúntas tithíochta) níos mó ná 40 % den ioncam indiúscartha (costas 'glan' na liúntas tithíochta)

([247])Níl ach 22 % de dhaonra na tuaithe ina gcónaí laistigh de thuras tiomána 10 nóiméad ón ospidéal is gaire.

([248])Tá táscairí maidir le rochtain ar bhonneagar breoslaí malartacha bunaithe ar ríomhanna ó AS REGIO agus an JRC, agus sonraí ón bhFaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha (EAFO), Eurostat, TomTom agus Éiceaghluaiseacht á n-úsáid.

Tá laghdú tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an earnáil chónaithe, ach tá dúshláin fós ann. Is iad breoslaí iontaise an phríomhfhoinse fuinnimh le haghaidh téimh i gcónaí. Tá an úsáid a bhaintear as leictreachas le haghaidh téimh fós íseal, ó thart ar 17 % i mBaile Átha Cliath go dtí 7 % i réigiún na Teorann ([249]). Tá éifeachtúlacht fuinnimh fós ina réimse atá le feabhsú ar fud na réigiún, agus tá níos mó ná leath dá stoc cónaithe fós ag beagnach gach réigiún a bhfuil rátáil fuinnimh idir C agus G acu ([250]). Tá an dá chlár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa in Éirinn ag infheistiú i nglacadh na héifeachtúlachta fuinnimh ar fud na tíre.

([249])Foinse: Daonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh: https://www.cso.i.e./en/census/census2016reports/census2016smallareapopulationstatistics/.

([250])Léiríonn na staitisticí maidir le limistéar NUTS 3 go rachadh sé chun tairbhe do na réigiúin uile roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Tugtar tuilleadh tacaíochta dó sin leis an rátáil fuinnimh foirgneamh sna réigiúin. Feidhmíonn na réigiúin go cothrom, cé is moite de réigiún an Lár-Oirtheir a fhaigheann scór beagán níos fearr, agus rátáil fuinnimh A nó B ag níos mó ná leath de na foirgnimh ansin.